


An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

TUARASCÁIL FORMHAOIRSEACHTA AR

# CHLÁIR NA dTOGHTHÓIRÍ

BEALTAINE 2025

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Bealtaine 2025
ISBN: 978-1-911722-11-3

**An Coimisiún Toghcháin,**
**Caisleán Bhaile Átha Cliath,**
**Baile Átha Cliath 2,**
**D02 X8X8.**

@ElecCommIRL

# An Clár Ábhar


An Brollach 1

Achoimre Feidhmiúcháin 3

Moltaí 7

Cuid a hAon: An Comhthéacs 11

1. Réamhrá 12
2. Córas Chlár na dToghthóirí faoi Láthair 16
3. Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS) nua 21

Cuid a Dó: An Léargas Náisiúnta 25

4. Bainistíocht agus Cothabháil Chláir na dToghthóirí 26
5. Cruinneas Chláir na dToghthóirí 40
6. Cruinneas na gClár a Mheasúnú le ‘Táscairí Cruinnis’ 44
7. Iomláine Chláir na dToghthóirí 55

Cuid a Trí: Measúnuithe ar na hÚdaráis Áitiúla 57

Measúnuithe ar Chláir Toghthóirí na nÚdarás Áitiúil 58

Aguisín 176

Suirbhé na nÚdarás Áitiúil 176

# An Brollach



Cuireann an Coimisiún Toghcháin an tuarascáil seo i láthair i bhfeidhmiú a chumhachtaí reachtúla faoi alt 64 agus alt 69 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* chun tacú le hiomláine, cruinneas agus cothabháil chláir na dtoghthóirí a fheabhsú agus moltaí a dhéanamh ina leith. Creideann an Coimisiún go bhfuil feidhmiú, cruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí riachtanach don phróiseas daonlathach, agus chuige sin chinn sé a chumhacht reachtúil a fheidhmiú chun taighde agus measúnú a dhéanamh ar stádas reatha na gclár a choinnítear sa Stát. Is í an tuarascáil seo an chéad mheasúnú dá leithéid agus an chéad uair a tugadh cumhacht do chomhlacht reachtúil neamhspleách le ról maoirsithe, taighde agus comhairleach i dtaobh bhainistiú agus chothabháil chláir na dtoghthóirí. Is cúram suntasach agus tábhachtach é seo. Is ceann casta é freisin toisc go bhfuil 31 údarás clárúcháin ann, ceann don 31 údarás áitiúil atá againn, agus iad ar fad freagrach as clár na dtoghthóirí ina gceantar féin.

Ceadaítear don Choimisiún faoi alt 64 d'Acht 2022 tabhairt faoi thaighde ar nós imeachta toghcháin, i measc nithe eile, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ábhartha agus faoin Rialtas de réir mar is cuí leis. Anuas air sin, de bhun alt 69 d'Acht 2022, tá cumhacht shonrach ag an gCoimisiún tabhairt faoi thaighde ar chruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí a choinníonn na húdaráis chlárúcháin. Féadfar an chumhacht sin a fheidhmiú i leith thiomsú, chothabháil agus fheidhmiú an chláir, agus i leith na ngníomhaíochtaí a dhéanann údarás clárúcháin.

Foráiltear le halt 69 d'Acht 2022 go ndéanfaidh an Coimisiún gach bliain, de bhun na faisnéise a thugann na húdaráis chlárúcháin dó, tuarascáil a fhoilsiú agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ina leagtar amach a mheasúnú ar stádas agus feidhmiú chláir na dtoghthóirí a choinníonn na húdaráis chlárúcháin, agus aon taighde a rinne sé i dtaobh chruinneas, iomláine, fheidhmiú agus chothabháil na gclár. Féadfaidh an Coimisiún moltaí dá leithéid a chur faoi bhráid an Aire ábhartha freisin agus faoi bráid na n-údarás chlárúcháin ar leith a mheasann sé is gá chun sláine chláir na dtoghthóirí agus an phróisis clárúcháin a chothabháil nó a fheabhsú, lena n-áirítear i dtaobh athruithe reachtacha a d'fhéadfadh a bheith inmhianta nó riachtanach chuige sin.

Ní bhíonn aon ról ag an gCoimisiún i mbainistíocht chláir na dtoghthóirí ó lá go lá, agus ní féidir leis athruithe a dhéanamh ná a ordú ar an gcaoi a ndéantar iad a chothabháil. Tá na húdaráis áitiúla freagrach as an mbainistíocht agus an chothabháil sin a dhéanamh ar chláir na dtoghthóirí agus tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta freagrach as bainistíocht éifeachtach imeachtaí toghcháin agus is uirthi siúd a thiteann an fhreagracht bheartais sa réimse seo. Tá machnamh agus cur i bhfeidhm na moltaí a mholann an Coimisiún sa tuarascáil seo, dá bhrí sin, ag baint le sainchúram eagraíochtaí eile den chuid is mó.

Chuir taighde agus rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, an 31 údarás áitiúil go háirithe, bonn eolais faoin tuarascáil seo. Aithníonn an Coimisiún gur tréimhse dhúshlánach a bhí in 2024 d'fhoireann na n-údarás áitiúil ar fad de bharr gur reáchtáladh níos mó imeachtaí toghcháin náisiúnta agus áitiúla sa bhliain sin ná in aon bhliain eile ó bunaíodh an Stát – na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram ar an 8 Márta, na toghcháin áitiúla agus toghcháin Pharlaimint na hEorpa (agus toghchán Mhéara Luimnigh) ar an 7 Meitheamh agus toghchán

na Dála ar an 29 Samhain. Ba mhaith leis an gCoimisiún obair na bhfoirne toghchórais sna húdaráis áitiúla ar fad a admháil. Mar ghrúpa, chonacthas dúinn go raibh siad díograiseach agus tiomanta dá gcuid oibre chun cabhrú le daoine vóta a chaitheamh.

Is í an tuarascáil seo ár gcéad mheasúnú ar chláir na dtoghthóirí agus ar an gcaoi a mbainistítear iad. Sainaithnímid dúshláin roimh chothabháil na gclár, agus an chaoi a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu. Tá sé i gceist againn gurb é seo an chéad chéim i dtreo caighdeáin a leagan síos le haghaidh feabhas ar chruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí agus bunús le haghaidh measúnuithe amach anseo ar an gcruinneas agus iomláine sin.

Mar a fheicfear, is údar mór imní é stádas na gclár. Creideann an Coimisiún go bhfuil sé riachtanach go gcuirfí tuilleadh acmhainní ar fáil ionas gur féidir idir chruinneas agus iomláine na gclár a fheabhsú go suntasach. Tá sé sin tábhachtach agus práinneach.

Leagtar an tuarascáil seo faoi bhráid an Oireachtais. Ach chuir an Coimisiún i dtoll a chéile í agus lucht léitheoireachta níos leithne i gceist. I bhfianaise na cumhachta reachtúla moltaí a chur faoi bhráid údarás clárúcháin, cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid phríomhfheidhmeannaigh agus lucht ardbhainistíochta na n-údarás áitiúil, an 949 comhairleoir contae, cathrach agus cathrach agus contae tofa, páirtithe polaitíochta agus aon duine ag a bhfuil spéis i gcúrsaí polaitíochta, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, rannóg toghchórais na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), an Chumainn Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA), iriseoirí, taighdeoirí agus lucht léinn.

Anuas air sin, tá súil againn go léifidh an pobal an tuarascáil seo, iad siúd atá ag iarraidh tuilleadh eolais a fhoghlaim faoin ngné thábhachtach seo, nach dtuigtear i gceart go minic, den chóras daonlathach agus toghcháin.

An Breitheamh Uasal Marie Baker
Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin

# Achoimre Fheidhmeach

## An Réamhrá

Is í seo an chéad Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí ón gCoimisiún Toghcháin. Baineann sí leis an tréimhse 2023–2024 – cuirfear tuarascálacha i dtoll a chéile go bliantúil ina dhiaidh seo. Is iad aidhmeanna na tuarascála seo a lucht léitheoireachta a chur ar an eolas faoin gcaoi a ndéantar cláir na dtoghthóirí a bhainistiú agus a chothabháil, measúnú a thabhairt ar chomh cruinn agus chomh hiomlán agus atá cláir na dtoghthóirí agus, ar deireadh, sláine fhoriomlán chláir na dtoghthóirí a chinntiú. Dá réir sin, leagtar amach sa tuarascáil seo an bonn le haghaidh measúnuithe sa todhchaí agus déantar moltaí suntasacha do na blianta beaga amach romhainn.

Is iad cláir na dtoghthóirí an taifead críochnúil orthu siúd atá i dteideal vóta a chaitheamh in imeacht toghcháin. Dá bhrí sin, tá cruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí, chomh maith leis an gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú agus a chothabháil, ina gcuid bhunúsach den phróiseas daonlathach.

Níl clár toghthóirí amháin in Éirinn. Ina áit sin, tá 31 clár na dtoghthóirí ann a bhainistíonn an 31 údarás áitiúil. Ní bhíonn aon ról ag an gCoimisiún i mbainistíocht dhíreach na gclár toghthóirí sin.

Tá an creat dlí le haghaidh bhainistíocht chláir na dtoghthóirí in Éirinn leagtha amach sna hAchtanna Toghcháin 1992 go 2022, le leasuithe suntasachta leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* (féach thíos) agus freisin *an tAcht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024*.

Tugtar faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil seo ar an gcaoi a mbainistítear cláir na dtoghthóirí, tionchair na n-athruithe a tugadh isteach leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, na príomhréimsí imní dar leis an gCoimisiún (cruinneas na gclár go háirithe), soláthar acmhainní agus an tús áite a thugtar d'fheidhm chlár na dtoghthóirí sna húdaráis áitiúla agus measúnuithe ar leith ar an 31 clár toghthóirí sna húdaráis áitiúla.

Tá an anailís a thugtar sa tuarascáil seo bunaithe den chuid is mó ar fhaisnéis a thug an 31 údarás áitiúil a bhainistíonn cláir na dtoghthóirí. Chuaigh an Coimisiún i mbun plé le páirtithe leasmhara eile freisin, ina measc an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) (atá freagrach as na feidhmeanna toghchórais agus rialtais áitiúil araon), an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA), Bord Tionscadail Chóras Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS), an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), chomh maith le páirtithe leasmhara eile.

Baineann an ghníomhaíocht sa tuarascáil seo le 2024, an bhliain aonair ba mhó d'imeachtaí toghcháin i stair an stáit, le dhá reifreann, toghcháin áitiúla (toghchán Mhéara Luimnigh ina measc), toghchán Eorpach agus toghchán Dála.

## *An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*

Baineann an tuarascáil seo le tréimhse d'athrú ollmhór a d'eascair as forálacha an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022* a thabhairt isteach.

Thug an tAcht clárú an duine aonair isteach, agus anois tá gach duine freagrach as clárú le vótáil agus as a chinntiú go bhfuil a sonraí ceart. Éascaíodh é sin le clárú ar líne trí *voter.ie* agus

*checktheregister.ie* a úsáideann formhór mór na dtoghthóirí anois. Is cláir 'rollacha' iad an 31 clár toghthóirí anois agus bíonn siad beo ó cheann ceann na bliana, rud nach raibh i gceist leis an gcóras roimhe seo nuair a bhíodh an ghníomhaíocht dírithe ar thréimhsí socraithe ar leith den bhliain go hiondúil. Foráladh do réamhchlárú daoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.

Foráladh do bhunú bunachair sonraí cláir toghthóirí náisiúnta chomhroinnte leis an Acht. Tugtar Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS) air sin. Beartaítear LGERS a chur i bhfeidhm go náisiúnta in 2026. Is céim an-tábhachtach é sin chun bainistíocht éifeachtach chláir na dtoghthóirí a mhéadú amach anseo. Déanfaidh an Coimisiún tuairisciú níos cuimsithí ar LGERS i dtuarascálacha amach anseo.

Go dtí go mbunaítear an córas sin, níl ach na ceithre chlár in údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath in ann 'labhairt' le chéile. Is cláir astu féin an 27 clár eile atá ag na húdaráis áitiúla. Nuair a bhunófar LGERS éascófar, i measc rudaí eile, an cumas iontrálacha dúblacha a sheiceáil ar fud chláir na dtoghthóirí ar fad. Ach ní chreideann an Coimisiún go dtabharfadh LGERS ann féin aghaidh ar an gceist thromchúiseach oidhreachta, a théann siar cúpla scór bliain, a bhaineann le cruinneas chláir na dtoghthóirí.

## Cruinneas

Tá an-imní ar an gCoimisiún faoi na leibhéil chruinnis ar chláir na dtoghthóirí. Is léir go bhfuil líon anaithnid, ach a d'fhéadfadh a bheith suntasach, d'iontrálacha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó ar an 31 clár toghthóirí. Baineann siad sin, den chuid is mó, le daoine atá cláraithe níos mó ná uair amháin i gceantar údaráis áitiúil amháin nó níos mó, daoine a chuaigh ar imirce agus daoine a fuair bás. Eascraíonn na míchruinnis sin as ceisteanna oidhreachta den chuid is mó. Go dtí go ndéantar iniúchtaí cruinnis, mar a mholann an Coimisiún, níl aon bhealach le leibhéil chruinnis aon cheann den 31 clár a thomhas go críochnúil.

Is uirlis thábhachtach a bheidh i dtabhairt isteach bhunachar sonraí LGERS a éascóidh cruinneas níos fearr; ach caithfear tacú leis sin le plean spriocdhírithe. Níl RTRÁO, an earnáil údaráis áitiúil ná Bord Tionscadail LGERS tar éis a leithéid de phlean a chur i dtoll a chéile go dtí seo. Ní chreideann an Coimisiún gur imir na míchruinnis sin tionchar ar shláine ár n-imeachtaí toghcháin. Ach d'fhéadfadh na míchruinnis sin an bonn a bhaint den mhuinín as an gcóras toghcháin. I bhfianaise leibhéal anaithnid na míchruinneas, agus na leibhéal éagsúil míchruinneas ar fud an 31 clár toghthóirí, ní féidir meastachán críochnúil a dhéanamh ar líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin áitiúla ná náisiúnta.

Chun críocha na tuarascála seo, rinne an Coimisiún measúnú ar leibhéil chruinnis chláir na dtoghthóirí le 'táscairí cruinnis'. Is iad sin na sonraí ba cheart a bheith bainteach le gach iontráil ar chlár toghthóirí, agus bailíonn na húdaráis áitiúla iad chun daoine a shainaithint agus chun cruinneas a gclár a fheabhsú. Tá Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSPanna), dátaí breithe agus Éirchóid ina measc. Is cosúil gurb é líon na UPSPanna taifeadta an bealach is éifeachtaí chun cruinneas a thomhas, ach níl UPSPanna ach ag 22.0% de na hiontrálacha go náisiúnta. Creideann an Coimisiún gurb é an táscaire is éifeachtaí, faoi láthair, chun cruinneas a thomhas ná na hiontrálacha sin ar chláir na dtoghthóirí lena ngabhann dáta breithe agus Éirchód araon.

San anailís a thugtar sa tuarascáil seo, is cosúil go bhfuil comhchoibhneas soiléir idir leibhéil ísle de tháscairí cruinnis agus rátaí clárúcháin a bhfuil cuma ard orthu.

Creideann an Coimisiún go bhfuil na rátaí clárúcháin sin ard mar gheall ar iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó.

I Nollaig 2024, thuairiscigh 11 údarás áitiúla go raibh figiúirí chláir na dtoghthóirí le haghaidh toghchán áitiúil (a bhfuil an leibhéal incháilitheachta is leithne acu) ag os cionn 100% den daonra incháilithe measta ar a gcláir. I gcás gach ceann díobh siúd, seachas ceann amháin, bhí líon na dtoghthóirí a raibh dátaí breithe agus Éirchóid araon taifeadta dóibh faoi bhun an mheáin náisiúnta.

Os a choinne sin, bhí deich gcinn den 11 údarás áitiúla ag a raibh na rátaí clárúcháin is ísle a taifeadadh ar na cinn a raibh na leibhéil is airde acu de thoghthóirí le dátaí breithe agus Éirchóid. Creideann an Coimisiún go bhfuil na rátaí clárúcháin níos ísle ag eascairt go páirteach as baint éifeachtach iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó i measc na n-údarás áitiúil sin.

## Cothabháil agus Bainistíocht na nÚdarás Áitiúil agus Cistiú RTRÁO

Bhunaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na cláir ar fhaisnéis agus sonraí a thug na húdaráis áitiúla den chuid is mó, agus bhí siad an-chabhrach ina leith sin. Is léir go gcaitheann foireann na n-údarás áitiúil a dhéanann an clár a bhainistiú agus a chothabháil go dáiríre leis an bhfeidhm sin, agus léiríonn siad tiomantas mór dá gcuid oibre. Is léir freisin ón bhfaisnéis a tugadh i leith soláthar acmhainní agus gníomhaíochtaí go dtugann údaráis áitiúla leibhéil an-difriúil tosaíochta d'fheidhm chlár na dtoghthóirí sna húdaráis áitiúla. Go ginearálta, is iad na cinn a thugann leibhéil níos airde de thús áite dá gcláir toghthóirí na cinn sin ina bhfuil na táscairí cruinnis is airde.

Ní chreideann an Coimisiún go bhfuil sé inghlactha go mbeadh cáilíocht cláir toghthóirí duine ag brath go mór ar an gceantar údaráis áitiúil ina gcónaíonn siad. Cé gur thug cúpla údarás áitiúil dóthain acmhainní agus tosaíochta dá gcláir toghthóirí, is léir nár thug a bhformhór mór.

Thug *an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* isteach roinnt athruithe suntasacha ar an gcaoi a gcláraíonn daoine le vótáil agus ar bhainistiú chláir na dtoghthóirí. D'athraigh sé sin riachtanais na n-údarás áitiúil i dtaobh an chaoi a mbainistíonn siad a gcláir toghthóirí. Ní chreideann an Coimisiún gur thug na húdaráis áitiúla ná an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a ndóthain le haghaidh phroifisiúnú fheidhm chláir na dtoghthóirí sna húdaráis áitiúla sa chomhthéacs nua seo.

Aithníonn an Coimisiún freisin go bhfuil forálacha an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022* tar éis ualaí breise riaracháin a leagan ar údaráis áitiúla agus go gcaithfear cistiú RTRÁO a mhéadú ar bhonn leanúnach.

## Iomláine

Tá an Coimisiún freagrach freisin as tuairisciú ar iomláine an 31 clár toghthóirí. Is tomhas í iomláine chláir na dtoghthóirí ar cé mhéad díobh siúd ar toghthóirí incháilithe iad atá cláraithe ar gach clár toghthóirí. Tá sé d'uaillmhian ag an gCoimisiún go mbeadh gach duine atá incháilithe le vótáil cláraithe. Ach i bhfianaise leibhéal anaithnid na míchruinneas ar gach clár faoi láthair, ní féidir tomhas ná meastachán a dhéanamh ar iomláine an 31 clár toghthóirí. Ní féidir ach an oiread an líon daoine nár ghlac an chéim dhaonlathach is bunúsaí chun clárú le vótáil a thomhas. Teastaíonn cláir chruinne chun tomhas cruinn a dhéanamh ar iomláine.

## Measúnú ar Gach Údarás Áitiúil ar Leith

Tugtar measúnú sa tuarascáil seo ar fheidhm cláir toghthóirí gach údaráis áitiúil ar leith. Tá siad sin bunaithe ar shonraí a thug údaráis áitiúla, agus tugtar moltaí freisin. Is léir ó na measúnuithe sin go bhfuil an-difríocht idir cáilíocht chláir na dtoghthóirí, na hacmhainní a chuirtear ar fáil do chláir na dtoghthóirí agus an tús áite a thugtar d'fheidhm chlár na dtoghthóirí sa 31 údarás áitiúil. Is údar mór imní é sin.

## Moltaí

Rinne an Coimisiún moltaí dearfacha le haghaidh plean cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna cruinnis oidhreachta roimh an gcéad bhabhta eile d'imeachtaí toghcháin in 2029, plean a bheidh údaráis áitiúla agus an Rialtas in ann a chur i bhfeidhm.

Tá an Coimisiún go láidir den tuairim go mbeidh cruinneas gach ceann den 31 clár toghthóirí, faoin gcéad bhabhta eile d'imeachtaí toghcháin atá le tosú in 2029, ar chaighdeán idirnáisiúnta agus deimhnithe ag iniúchtaí. Is corpas suntasach oibre é sin a éilíonn tiomantas gach údaráis áitiúil, tacaíocht RTRÁO agus rannpháirtíocht ghníomhach gach toghthóra incháilithe.



# Moltaí

Tá na moltaí seo bunaithe ar an anailís ar an bhfaisnéis a thug gach údarás áitiúil don Choimisiún. Leagtar amach an anailís sin i bpríomhchorp na tuarascála seo. Tá achoimre ar an bhfaisnéis a thug gach údarás áitiúil i gCuid a Trí.

Toisc gurb í seo an chéad tuarascáil formhaoirseachta bhliantúil ar oibríocht na gclár, níl sé beartaithe ag an gCoimisiún tréimhsí sonracha a leagan síos le haghaidh freagraí ná gníomhartha ó na comhlachtaí éagsúla a ndírítear an tuarascáil seo orthu. Coinnímid an ceart chugainn féin a bheith forordaitheach ina leith sin i dtuarascálacha amach anseo.

## Na príomh-mholtaí don Oireachtas de bhun alt 69(2)(b) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*

Is léir don Choimisiún go gcaithfear an cistiú agus an tacaíocht a thairgtear do gach údarás áitiúil a mhéadú go práinneach chun a chur ar a gcumas a gcláir a chothabháil, a thabhairt cothrom le dáta agus a cheartú, toisc gurb é sin an t-aon bhealach atá acu chun a sláine agus a gcáilíocht a chinntiú.

Go praiticiúil, caithfear cistiú sonrach agus acmhainní riachtanacha eile a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil dóthain foirne atá gairmiúil, oilte agus lánaimseartha i ngach údarás áitiúil. Is léir don Choimisiún, cé go bhfuil difríochtaí idir an 31 údarás áitiúil, nach leor an tsamhail soláthair acmhainní agus foirne atá ag na rannóga toghchórais faoi láthair chun na riachtanais a bhaineann le clár toghthóirí nua-aimseartha a chomhlíonadh.

Ba cheart do na húdaráis áitiúla agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) soláthar acmhainní do na feidhmeanna toghchórais atá ann faoi láthair a athbhreithniú láithreach chun an riachtanas sin a chomhlíonadh. Ba cheart an cistiú sin a athbhreithniú go bliantúil, nó de réir mar is cuí. Ba cheart do RTRÁO an cistiú sin a chur ar fáil ar bhonn ilbhliantúil chun tacú le bainistíocht chuí agus éifeachtach na gclár, iniúchtaí cruinnis agus cur i gcrích pleananna gnímh chun aghaidh a thabhairt i gceart ar na húdair imní a tharraingítear anuas sa tuarascáil seo. Ag an am céanna, caithfidh na húdaráis áitiúla, go ginearálta, an leibhéal tosaíochta a thugann siad dá bhfeidhm cláir toghthóirí a mhéadú, agus a mhéadú go mór in go leor cásanna.

## Moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na míchruinnis i gcláir na dtoghthóirí

Déantar na moltaí seo i gcomhthéacs imní mhór an Choimisiúin i leith chruinneas chláir na dtoghthóirí, go háirithe i bhfianaise na n-iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a chonacthas agus a tuairiscíodh.

Is léir ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don tuarascáil seo go dteastaíonn i bhfad níos mó sonraí agus anailís ina dhiaidh sin chun go dtuigfear leibhéal na míchruinneas ar gach clár toghthóirí agus chun pleananna a chur i bhfeidhm freisin chun cruinneas gach cláir a fheabhsú go suntasach. Chuige sin, teastaíonn cistiú breise ilbhliantúil agus tiomanta. Caithfidh údaráis áitiúla (idir an lucht ardbhainistíochta agus na comhaltaí tofa) tús áite ar ardleibhéal a thabhairt dá gcláir toghthóirí dá réir. Mura gcuirtear é sin i bhfeidhm go práinneach agus go gairmiúil, ní réiteofar na míchruinnis ar na cláir amach anseo. Ní féidir glacadh leis sin i stát daonlathach nua-aimseartha.

Toisc go bhfuil aon phlean ag an rialtas láir ná an 31 údarás áitiúil, molann an Coimisiún, i bhfeidhmiú a chumhachtaí reachtúla, an plean céimnithe seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na míchruinnis ar na cláir. Ba cheart é sin a dhéanamh roimh na chéad toghcháin áitiúla agus Eorpacha eile in 2029, agus aitheantas á thabhairt don obair shuntasach atá le déanamh, a laghad ama atá roimh thoghchán an uachtaráin agus an tionscadal reatha chun bunachar sonraí cláir toghthóirí náisiúnta comhroinnte a chruthú.

### Céim 1: Dul chun cinn ar thionscadal LGERS – 2025-2026

Aithníonn an Coimisiún go mbeidh gá le sonraí na n-údarás áitiúil a chaighdeánú chun go n-éireoidh leo sonraí a gclár a aistriú chuig bunachar sonraí toghthóirí náisiúnta comhroinnte Chóras Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS), atá le tarlú in 2026. Beidh próiseas glanta sonraí, réimsí a chaighdeánú, gnásanna comhsheasmhacha a úsáid, logainmneacha bailte fearainn a aistriú go Gaeilge, srl., i gceist leis sin. Chun a chinntiú go n-éiríonn leis an gcéad chéim de thionscadal LGERS, tá sé riachtanach go mbeadh dóthain ball foirne tiomanta ar fáil i ngach údarás áitiúil, leis an tacaíocht cistithe chuí ó RTRÁO. Is suntasach iad na rioscaí a bhaineann leis an scéal mura gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil don chéim riachtanach seo d'fhorbairt an tionscadail, agus chuirfí moill dá bharr ar ascnamh gach cláir go dtí an bunachar sonraí náisiúnta comhroinnte faoin spriocdháta sceidealaithe i nDeireadh Fómhair 2026.

Molann an Coimisiún go rachadh Bord Tionscadail LGERS i gcomhairle le hArd-Stiúrthóir na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO), mar a bhforáiltear dó faoi alt 31(2) den *Acht Staidrimh, 1993* i dtaobh na sonraíochta teicniúla, ceisteanna caighdeán sonraí, aicmithe, sreafaí, rialachais agus bainistíochta, agus gach údarás áitiúil a chur ar an eolas faoi na sonraíochtaí agus gnásanna coiteanna dá chuid a theastaíonn.

Molann an Coimisiún go n-iarrfadh Bord Tionscadail LGERS ar CSO tabhairt faoi mheasúnú staitistiúil ar shampla de na chéad chláir toghthóirí a ascnaítear go dtí bunachar sonraí comhroinnte LGERS. Ba cheart don mheasúnú sin bearnaí sonraí agus dúblaigh a shainaithint, agus d'fhéadfadh sé cabhrú le tuiscint ar na chéad chéimeanna eile a theastaíonn a fhorbairt.

Molann an Coimisiún gur cheart do Bhord Tionscadail LGERS na tairbhí féideartha a bhainfeadh le comhroinnt sonraí faoi fhorálacha an *Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019* a shainaithint agus a mheasúnú láithreach.

### Céim 2: Iniúchtaí cruinnis – ag tosú in 2026

Tá sé i gceist go n-ascnófar cláir na n-údarás áitiúil i gcéimeanna i rith 2026. A luaithe a ascnaítear clár go dtí an bunachar sonraí nua, ba cheart do gach údarás áitiúil tabhairt faoi iniúchadh cruinnis ar a chlár toghthóirí. Ní fhéadfaí barraíocht béime a chur ar thábhacht na n-iniúchtaí ar na cláir ag an gcéim seo. Ba cheart do Chomhlacht Formhaoirseachta Chlár na dToghthóirí a bheartaítear (féach thíos), nó comhlacht ainmnithe eile dá leithéid, comhordú a dhéanamh ar an bpróiseas iniúchta, agus ba cheart do RTRÁO é a chistiú. Ba cheart na hiniúchtaí ar fad a chur i gcrích laistigh de bhliain amháin den aistriú chuig an mbunachar sonraí nua. Ba cheart go mbeadh na hiniúchtaí sin ar chaighdeán idirnáisiúnta agus go mbeadh a modheolaíocht mar an gcéanna ar fud na n-údarás áitiúil. Ba cheart go mbeidís indeimhnithe go neamhspleách agus ba cheart an raon feidhme agus na téarmaí tagartha a chomhaontú leis an gCoimisiún sula gcuirtear tús leo. Measann an

Coimisiún, i bhfianaise a shainordaithe reachtúil chun caighdeáin a leagan síos le haghaidh an phróisis clárúcháin agus chothabháil an chláir, go mbeidh sé ag plé go leanúnach leis na hiniúchtaí sin agus i mbun athbhreithniú ar an dul chun cinn.

Ba cheart tabhairt faoi iniúchtaí eile ar an gcaighdeán céanna in 2028/9 ar gach clár, roimh na toghcháin atá le reáchtáil in 2029. Is dóigh go gcuirfidh torthaí iniúchtaí 2028/9 bonn eolais faoi sceidealú na n-iniúchtaí amach anseo. Ba cheart torthaí gach iniúchta a fhoilsiú agus a chur i láthair chomhaltaí tofa an údaráis áitiúil ábhartha agus a sholáthar don Choimisiún.

Tá gach údarás áitiúil freagrach faoin reachtaíocht as a gclár agus féadfaidh an Coimisiún moltaí a chur faoi bhráid an 31 údarás áitiúil. Is cúis áthais don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe 'Comhlacht Formhaoirseachta Chlár na dToghthóirí' a bhunú nuair a thugtar Bord Tionscadail LGERS chun críche. Ba cheart don Chomhlacht sin, nó do chomhlacht eile dá leithéid a bhunóidh nó a ainmneoidh RTRÁO agus CCMA, an ról riachtanach ceannaireachta a chomhlíonadh chun an clár uaillmhianach bunathraithe seo a threorú sna blianta amach romhainn. Oibreoidh an Coimisiún leis na húdaráis áitiúla agus an Comhlacht Formhaoirseachta, nó comhlacht eile dá leithéid a bhunófar, chun caighdeáin mhionsonraithe a cheapadh le haghaidh chláir na dtoghthóirí.

### Céim 3: Feachtas náisiúnta – 2026-2027

I ndiaidh cruinneas gach cláir ar LGERS a dheimhniú trí na hiniúchtaí, ba cheart aird a dhíriú ar iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a bhaint agus taifeadadh sonraí le haghaidh gach toghthóra ar an mbunachar sonraí a mhéadú, .i. dátaí breithe, Éirchóid, UPSPanna agus sonraí teagmhála, chun cruinneas agus sláine an chláir a neartú.

Reáchtálfaidh agus cisteoidh an Coimisiún feachtas mór náisiúnta chun tacú leis an bpróiseas sin. Spreagfaidh an Coimisiún daoine lena sonraí féin a thaifeadadh ar an gclár freisin trínár dtionscnaimh leanúnacha oideachais agus rannpháirtíochta leis an bpobal.

### Céim 4: Caighdeáin chruinnis – 2028/9

I ndiaidh LGERS a bhunú agus a leabú, agus iniúchtaí a dhéanamh chun bonnlínte cruinnis a chinntiú, measann an Coimisiún go mbeidh sé in ann moltaí sonracha eolacha a dhéanamh agus caighdeáin a leagan síos le haghaidh chothabháil agus bhainistíocht chláir na dtoghthóirí.

## Moltaí a dhírítear go sonrach ar údaráis áitiúla faoi alt 69(3) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*

Molann an Coimisiún go ndéanfadh gach údarás áitiúil pleananna ilbhliantúla do chlár na dtoghthóirí a fhorbairt agus a fhoilsiú, chomh maith le pleananna gnímh bliantúla ina leagfar amach gníomhaíochtaí agus na torthaí a bhfuil súil leo chun cruinneas, iomláine agus cáilíocht chlár na dtoghthóirí trí chéile a fheabhsú i gcaitheamh a bplean.

Ba cheart an tús áite a éilítear anois do bhainistíocht agus cothabháil chlár na dtoghthóirí a léiriú i ráitis straitéise agus pleananna corparáideacha gach údaráis áitiúla.

Molann an Coimisiún monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus torthaí a fhoilsiú mar chuid dár bpróiseas measúnaithe bliantúil, nó de réir mar is cuí.

Moltar go ndéanfadh na húdaráis áitiúla machnamh gníomhach ar oibrithe allamuigh a úsáid chun tabhairt faoi obair spriocdhírithe chun cruinneas agus iomláine na gclár a mhéadú.

Ba cheart do na húdaráis áitiúla tacú le feachtais cumarsáide náisiúnta an Choimisiúin a bhaineann le cláir na dtoghthóirí.

Ba cheart d'ionadaí, nó ionadaithe, ar na húdaráis áitiúla a bheith ar Fhóram Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail dár gcuid chun léargais, comhairle agus smaointe a thabhairt faoin gcaoi a bhféadfadh na húdaráis áitiúla cabhrú le rannpháirtíocht an lucht vótála a mhéadú. Tá moltaí sonracha do na húdaráis áitiúla féin i gCuid a Trí den tuarascáil seo.

## Moltaí a dhírítear go sonrach ar Bhord Tionscadail LGERS

I bhfianaise na tábhachta ollmhóire a bhaineann le cláir na dtoghthóirí a chosaint ar chibearbhagairtí, molann an Coimisiún go n-ainmneofaí an t-eintiteas a sholáthraíonn LGERS agus *voter.ie* mar Eintiteas Fíor-Riachtanach faoi NIS 2 (Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais) toisc go bhfuil an tseirbhís riachtanach chun gníomhaíocht ríthábhachtach shochaíoch a chothú agus go bhféadfadh cur isteach ar an tseirbhís baol suntasach córasach a chruthú don phróiseas toghcháin.

Toisc go bhfuil saoránacht ina príomhchritéar incháilitheachta le haghaidh imeachtaí toghcháin áirithe, ba cheart do Bhord Tionscadail LGERS a chinntiú go n-áirítear próiseas deimhnithe saoránachta láidir sa chóras nua.

Ba cheart do Bhord Tionscadail LGERS tuairisc a thabhairt go ráithiúil ar dhul chun cinn an tionscadail agus an Coimisiún a chur ar an eolas freisin faoi aon fhadhbanna suntasacha de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tá an Coimisiún buíoch as an deis freastal ar chruinnithe an Líonra Athraithe Toghchánaíochta agus is mian leis leanúint ag freastal orthu.

## Moltaí eile

Roimh thoghchán uachtaráin 2025, ba cheart d'iarratais ar *checktheregister.ie* agus *voter.ie* ríomhphost admhála a ghiniúint do gach iarratasóir chun clárúcháin dhúblacha gan ghá a laghdú.

Cé go dtuigtear go bhfuil sé i gceist scor de *checktheregister.ie* agus go ndéanfar *voter.ie* mar atá a athfhorbairt go suntasach mar chuid den phlean ascnaimh in 2026, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh agus feidhmiúlacht an dá shuíomh roimh an toghchán uachtaráin ó thaobh thaithí an úsáideora agus na hinrochtaineachta.

Molann an Coimisiún gur cheart do RTRÁO, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus aon chomhlacht ábhartha eile, aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhaineann le rochtain a fháil ar fhorbairtí ilaonad ar nós pobail gheataithe agus ionaid árasán chun críche chlár na dtoghthóirí.

Ba cheart prótacail a bhunú i ngach údarás áitiúil, mura bhfuil siad i bhfeidhm cheana féin, chun a chinntiú go gcomhlíontar na forálacha reachtacha a bhaineann le rochtain ar chláir na dtoghthóirí agus a n-úsáid. Ba cheart rochtain slándála ar na cláir a bhainistiú go dlúth chun a chinntiú nach mbíonn rochtain ach ag an bhfoireann ábhartha, ag tréimhsí ábhartha, ar na cláir.

# Cuid a hAon: An Comhthéacs

# 1. An Réamhrá

***'Féadfaidh bunú agus cothabháil clár vótálaithe cruinn ar an leibhéal náisiúnta, nó liostaí vótálaithe ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil, a bheith ar cheann de na gnéithe is deacra agus, uaireanta, is conspóidí de phróiseas toghcháin.'***[1]

Lámhleabhar ESCE faoin mBreathnóireacht Toghcháin

Is iad cláir na dtoghthóirí an taifead críochnúil orthu siúd atá i dteideal vóta a chaitheamh in imeacht toghcháin. Is é an clárú vótálaithe, agus aon nuashonrú a dhéantar ina dhiaidh sin ar chláir, a dheimhníonn incháilitheacht daoine le vóta a chaitheamh i dtoghcháin Dála/olltoghcháin, toghcháin uachtaráin, Eorpacha, mhéara agus áitiúla, chomh maith le reifrinn agus pobalbhreitheanna. Dá bhrí sin, tá cruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí, chomh maith leis an gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú agus a chothabháil, ina gcuid bhunúsach den phróiseas daonlathach.

Leagtar amach an creat dlí le haghaidh bhainistíocht chláir na dtoghthóirí in Éirinn sna h*Achtanna Toghcháin 1992* go *2022*, le leasuithe suntasacha de bharr an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022* (féach thíos) agus san *Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024* freisin.

In Éirinn, níl clár toghthóirí náisiúnta amháin ann. Tá 31 clár toghthóir ar leith ann a dhéanann an 31 údarás áitiúil ar leith a bhainistiú agus a chothabháil. Faoin reachtaíocht, éilítear ar na húdaráis chlárúcháin ar fad cláir na dtoghthóirí a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach trí shonraí a chur leo, a bhaint díobh nó a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá chun cláir toghthóirí atá iomlán agus cruinn a chinntiú. Éilítear orthu freisin tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun tacú le cruinneas agus iomláine na gclár agus na cláir toghthóirí ábhartha atá i bhfeidhm ina gceantar a fhoilsiú roimh gach imeacht toghcháin.

Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* don Choimisiún tuairisciú go bliantúil don Oireachtas ar a mheasúnú ar stádas agus feidhmiú chláir na dtoghthóirí, agus sa chás go ndearna sé taighde, i dtaobh iomláine agus chruinneas na gclár, ar thoradh an taighde sin. Foráiltear freisin sa reachtaíocht don Choimisiún caighdeáin a leagan síos le haghaidh údaráis chlárúcháin i dtaobh chothabháil chláir na dtoghthóirí, agus aon mholtaí a dhéanamh a mheasann sé a bheith riachtanach chun sláine chláir na dtoghthóirí nó an phróisis clárúcháin a chothabháil agus a fheabhsú.

Féadfar moltaí a dhéanamh d'aon cheann den 31 údarás clárúcháin faoi chothabháil a gclár, don údarás clárúcháin ainmnithe (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) faoina ról i bhforbairt bunachair sonraí chomhroinnte ar a dtugtar Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS) nó don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i dtaobh athruithe reachtacha a bhaineann le clár na dtoghthóirí agus an próiseas clárúcháin.

Uaidh seo amach sa tuarascáil seo, tagraítear d'údaráis chlárúcháin mar údaráis áitiúla.

Is í seo an chéad Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí ón gCoimisiún. Is é seo an chéad uair freisin a cuireadh tuarascáil i dtoll a chéile

[1] An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, Election Observation Handbook, 6ú heagrán, 2010, lch 58: https://www.osce.org/files/f/documents/5/e/68439.pdf

ina dtugtar forléargas ar ár gcláir toghthóirí ar bhonn comhchoiteann agus aonair araon. Leagtar an bunús sa tuarascáil seo le haghaidh measúnuithe amach anseo agus déantar moltaí chun cruinneas, go háirithe, agus iomláine agus cothabháil na gclár a fheabhsú.

Tá ábhar na Tuarascála Formhaoirseachta seo bunaithe den chuid is mó ar fhaisnéis a thug na húdaráis áitiúla don Choimisiún i ndiaidh iarratas faoi alt 13B agus alt 20A den *Acht Toghcháin, 1992*. Iarradh an fhaisnéis trí shuirbhé mionsonraithe, agus trí cheisteanna agus plé ina dhiaidh sin. Fuarthas tacaíocht ó thaighde a rinne an Coimisiún faoi alt 69 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.

Sular eisíodh an suirbhé tosaigh, chuaigh an Coimisiún i mbun plé le húdaráis áitiúla lena chinntiú go raibh an fhaisnéis a iarraidh sa suirbhé agus sceidealú an tsuirbhé oiriúnach.

Clúdaítear tréimhse fhairsing sa tuarascáil seo agus lear mór gníomhaíochta i measc na n-údarás áitiúil. Tosaítear i bhFeabhra 2023, nuair a chuir gach údarás áitiúil an chéad tacar sonraí i dtoll a chéile faoin gcóras nua clárúcháin ar líne, agus críochnaítear i Nollaig 2024, i ndiaidh an olltoghcháin. Chomh maith leis na hathruithe móra reachtacha dá bhforáiltear faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* a bhí ar na húdaráis áitiúla a chur i bhfeidhm, ba cheart a aithint gurb é 2024 an bhliain is mó gníomhaíocht toghcháin ó bunaíodh an stát, le dhá reifreann, toghcháin áitiúla (chomh maith le toghchán Mhéara Luimnigh), toghchán Eorpach agus toghchán Dála.

## Taighde a chuir bonn eolais faoin tuarascáil seo

Foráiltear leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* gur féidir leis an gCoimisiún faisnéis a iarraidh ar na húdaráis áitiúla chun tabhairt faoina thaighde féin.

Bhuail baill foirne ó fhoireann Oibríochtaí Toghcháin an Choimisiúin le naoi n-údarás áitiúla astu féin – Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Dún na nGall, Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cill Dara, Lú, Tiobraid Árann agus Cill Mhantáin go mall in 2023. Roghnaíodh na contaetha sin toisc go raibh meascán ann de chontaetha uirbeacha/tuaithe, contaetha móra/beaga agus contaetha ag a raibh raon acmhainní tiomanta do chúraimí clárúcháin. Thug na cuairteanna sin léargais luachmhara ó bhunfhoinse ar obair na bhfoirne toghchórais ó shampla ionadaíoch d'údaráis áitiúla.

Reáchtáladh cruinnithe le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) a cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar an t-údarás clárúcháin ainmnithe chun bunachar sonraí comhroinnte a bhunú agus a bhainistiú, thar ceann na n-údarás áitiúil ar fad, ina mbeidh clár toghthóirí ar leith gach údaráis áitiúil. Tugtar Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS) air sin, agus tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe air i Rannóg a Trí. Bainistíonn DCC tairseach *voter.ie* faoi láthair chomh maith leis an mbunachar sonraí toghthóirí comhroinnte atá ag údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath.

Chuir na húdaráis áitiúla formhór na faisnéise sa tuarascáil seo ar fáil i dtuairisceáin dá bhforáiltear faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Eisíodh suirbhé mionsonraithe chuig na húdaráis áitiúla ar fad ina raibh ceisteanna a bhain le cruinneas agus iomláine chlár na dtoghthóirí a chothabháil, chomh maith le gníomhaíochtaí a rinne siad chun iad a fheabhsú. Tá cóip den suirbhé sin san Aguisín. Ach ba cheart a bheith cáiréiseach faoi na sonraí a thug na húdaráis áitiúla faoina gcláir toisc nach ndearnadh cruinneas na faisnéise faoi na cláir a iniúchadh go neamhspleách.

Rinne gach príomhfheidhmeannach an fhaisnéis sna suirbhéanna a fhaomhadh agus a shíniú. Baineann na suirbhéanna sin leis an tréimhse go Márta 2024, agus fuarthas in Iúil 2024 iad. In Eanáir 2025, iarradh tuilleadh faisnéise ar na húdaráis áitiúla a bhain leis an tréimhse idir na reifrinn agus deireadh 2024. Fuarthas freagraí ó bhformhór na n-údarás áitiúil ar an iarratas sin. Tugtar measúnú agus achoimre ar na príomhthorthaí agus measúnú an Choimisiúin ar gach údarás áitiúil ar leith, moltaí ina measc, i gCuid a Trí.

Chomh maith leis sin, thug DCC agus RTRÁO faisnéis faoina gcomhthiomsú ar shonraí an chláir ó na húdaráis áitiúla ar fad.

Is é seo an t-amchlár a bhain le táirgeadh na tuarascála seo:

- 22 Márta 2024 – sheol Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin suirbhéanna chuig na húdaráis áitiúla ar fad, le spriocdháta an 22 Aibreán.
- 8 Bealtaine – fuarthas na suirbhéanna ó na húdaráis áitiúla ar fad.
- 14 Meitheamh – seachtain amháin i ndiaidh na dtoghchán áitiúil agus Eorpach, scríobh an Coimisiún chuig gach údarás áitiúil ag lorg soiléiriú agus/nó tuilleadh faisnéise faoi na freagraí a fuarthas. D'iarr an Coimisiún go gcuirfeadh príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil a n-ainm leis na freagraí suirbhé deiridh. Tugadh spriocdháta an 5 Iúil. Chuathas i dteagmháil le gach údarás áitiúil ar an bhfón chun cabhrú le haon deacrachtaí a bhí acu i gcomhlánú an tsuirbhé a shoiléiriú.
- 24 Iúil – fuair an Coimisiún freagraí ó na húdaráis áitiúla ar fad.
- Deireadh Fómhair – d'fhostaigh DCC conraitheoir tríú páirtí chun tionscadal aistrithe sonraí LGERS a bhainistiú.
- Eanáir 2025 – iarradh ar údaráis áitiúla faisnéis fhorlíontach a thabhairt faoi ghníomhaíocht an chláir a tharla idir Márta agus Samhain 2024.
- An tseachtain dar tús an 27 Eanáir – thug 27 údarás áitiúil faisnéis fhorlíontach faoi ghníomhaíochtaí idir Márta agus Samhain 2024.
- 4 Feabhra – thug DCC figiúirí an chláir le haghaidh Nollaig 2024 le haghaidh gach cláir toghthóirí don Choimisiún.

## Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile

Tá gach údarás áitiúil freagrach go dlíthiúil as bainistíocht chláir na dtoghthóirí. Ach ní oibríonn siad astu féin. Anuas ar an rannpháirtíocht dhíreach le foireann na n-údarás áitiúil, bhuail an Coimisiún le príomhpháirtithe leasmhara eile i dtaobh chláir na dtoghthóirí.

D'fhreastail Príomhfheidhmeannach agus Ceannasaí Oibríochtaí Toghcháin an Choimisiúin ar imeacht líonraithe d'fhoirne toghchórais Chlár na dToghthóirí a d'óstáil RTRÁO. Bhuail an Príomhfheidhmeannach agus baill foirne Oibríochtaí Toghcháin le Líonra Rialachais Chorparáidigh CCMA i Meán Fómhair 2023, agus chuir siad ról an Choimisiúin i láthair chomhaltaí an líonra. Ba iad sin na chéad chéimeanna i gcaidreamh leanúnach oibre a fhorbairt leis an 31 údarás áitiúil agus aon cheist a thagann chun cinn a phlé.

Maoirsíonn Bord Tionscadail LGERS bunú an bhunachair sonraí toghcháin nua, atá á bhainistiú ag DCC. I ndiaidh comhfhreagras tosaigh, bhuail an Coimisiún cúpla uair le DCC, an t-údarás ainmnithe do thionscadal LGERS, agus le Cathaoirleach Bhord Tionscadail LGERS.

Bhunaigh Bord Tionscadail LGERS an Líonra Athraithe Toghchánaíochta, faoi chathaoirleacht DCC. Is líonra earnála é an Líonra Athraithe Toghchánaíochta a bunaíodh faoi choimirce Choiste Corparáideach CCMA in 2022 agus a thuairiscíonn ar ais don choiste sin. Tá baill

foirne shinsearacha ó gach údarás áitiúil ar an Líonra; is iad na baill foirne sin a bhainistíonn cláir na dtoghthóirí ó lá go lá. Is fóram é seo inar féidir le húdaráis áitiúla monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar chruthú bunachair sonraí náisiúnta chomhroinnte amháin den 31 clár toghthóir. D'fhreastail baill foirne ón gCoimisiún ar sheacht gcruinniú a bhí ag an Líonra sular foilsíodh an tuarascáil seo (Samhain 2023; Márta, Meitheamh, Meán Fómhair, Nollaig 2024; Feabhra agus Aibreán 2025).

Tá freagracht bheartais ar Rannóg Toghchórais RTRÁO as ceisteanna toghcháin. Áirítear orthu sin freagracht as reachtaíocht toghcháin a athbhreithniú agus reachtaíocht nua a fhorbairt. Cuireann sí faisnéis agus comhairle ar fáil d'údaráis áitiúla agus cinntíonn sí ullmhacht do reáchtáil toghchán agus reifreann. Tá freagracht fhoriomlán uirthi freisin as tionscadal nuachóirithe chlár na dtoghthóirí, tacú le seachadadh LGERS ina measc. Bíonn rannpháirtíocht leanúnach ag an gCoimisiún leis an Rannóg Toghchórais, chomh maith le cruinnithe a sceidealaítear go rialta inar féidir ceisteanna a bhaineann le cláir na dtoghthóirí a phlé.

Bhí an Coimisiún ag plé leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) freisin. Déanann LGMA córais inmheánacha TFC a úsáidtear san earnáil rialtais áitiúil, clár na dtoghthóirí ina measc, a fhorbairt, a fháil agus a chothabháil, agus cuireann sé tacaíocht ar fáil dóibh.

D'fhorbair sé an tairseach *checktheregister.ie* freisin, chomh maith leis an gcóras cúloifige iReg atá in úsáid ag an 27 údarás áitiúil taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath faoi láthair, agus cuireann sé tacaíocht ar fáil dóibh.

Fuair an Coimisiún tuiscint bhreise freisin ar cheisteanna éagsúla trí theagmhálacha díreacha ón bpobal, na meáin agus ionadaithe polaitiúla i rith na n-imeachtaí toghcháin a tharla sa tréimhse inar cuireadh an tuarascáil seo i dtoll a chéile.

## Ról an Choimisiúin Toghcháin

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil ról tábhachtach aige freisin i gcáilíocht chláir na dtoghthóirí a fheabhsú. Óna thaobh féin de, leanfaidh sé ag spreagadh daoine le clárú le vótáil agus a sonraí a thabhairt cothrom le dáta roimh imeachtaí toghcháin agus ag amanna eile.

Déanfaidh an Coimisiún, trí Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail dá chuid agus lena chomhpháirtithe, feasacht a ardú agus daoine a spreagadh ar fud gach earnála den tsochaí chun clárú le vótáil agus vóta a chaitheamh. Cuirfear bonn eolais faoi thionscnaimh an Choimisiúin trí rannpháirtíocht dhíreach le húdaráis áitiúla chomh maith leis an bpobal, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachtaí oideachais, ionadaithe tofa, agus a Chlár Taighde le haghaidh 2024-2026.

# 2. Córas Chlár na dToghthóirí faoi Láthair

***'Tugann cláir toghthóirí an taifead cinntitheach ar cé atá in ann páirt a ghlacadh i dtoghchán agus, dá bhrí sin, is cuid lárnach den chleachtas daonlathach iad.'*** [2]

Bainistíonn gach údarás áitiúil a chlár toghthóirí féin. Déanta na fírinne, tá ceithre chlár toghthóirí dhifriúla ann a chuireann gach údarás áitiúil i dtoll a chéile le haghaidh imeachtaí toghcháin difriúla. Tá na cláir sin bunaithe ar chritéir incháilitheachta dhifriúla (cé go n-éilíonn gach ceann go mbeadh an toghthóir os cionn 18 mbliana d'aois agus gnáthchónaí a bheith orthu in Éirinn).

Is iad sin:
- Clár na dtoghthóirí rialtais áitiúil a úsáidtear le haghaidh toghcháin áitiúla agus mhéara (aon duine ar a bhfuil gnáthchónaí i dtoghlimistéar áitiúil).
- Clár na dtoghthóirí Dála a úsáidtear le haghaidh toghcháin Dála/olltoghchán (saoránaigh Éireannacha agus Bhriotánacha).
- Clár na dtoghthóirí Eorpacha a úsáidtear le haghaidh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa (saoránaigh Éireannacha agus Bhallstáit an Aontais Eorpaigh).

| Catagóir | Áitiúil | Dáil | Eorpach | Uachtarán agus Reifreann |
|---|---|---|---|---|
| **Saoránaigh Éireannacha** | Tá | Tá | Tá | Tá |
| **Saoránaigh Bhriotanacha** | Tá | Tá | Níl | Níl |
| **Comhshaoránaigh Bhriotanacha agus AE (gan Éire)** | Tá | Tá | Tá | Níl |
| **Saoránaigh AE** | Tá | Níl | Tá | Níl |
| **Saoránaigh neamh-AE** | Tá | Níl | Níl | Níl |
| **Eile** | Tá | Níl | Níl | Níl |

- Clár na dtoghthóirí uachtaráin a úsáidtear le haghaidh toghcháin uachtaráin agus reifreann (saoránaigh Éireannacha os cionn 18 mbliana d'aois).

Is é clár na dtoghthóirí rialtais áitiúil an clár a bhfuil an líon is mó daoine incháilithe dó. Toisc gurb é sin an ceann is fearr le cur i gcomparáid leis an daonra incháilithe measta freisin, is é an clár sin a úsáidtear mar bhunús foriomlán na tuarascála seo. Mura ndeirtear a mhalairt, is é clár na dtoghthóirí rialtais áitiúil i ngach údarás áitiúil atá i gceist nuair a thagraítear do 'an clár' sa tuarascáil seo.

## Cé a bhíonn i mbun na hoibre?

Tá eagraíochtaí difriúla a rialaíonn agus a chabhraíonn leis na húdaráis áitiúla cláir na dtoghthóirí a bhainistiú.

Is é **an t-údarás áitiúil** an t-údarás clárúcháin ainmnithe le haghaidh a cheantair féin. Laistigh de gach údarás áitiúil, bíonn rannóg toghchórais nó chlár na dtoghthóirí go hiondúil, ina mbíonn baill foirne (lánaimseartha, páirtaimseartha nó lánaimseartha agus páirtaimseartha) ar a sanntar dualgais agus freagrachtaí mar údarás clárúcháin. Cinneann gach údarás áitiúil ar leith a mhéid acmhainní a shanntar ar fheidhm chlár na dtoghthóirí.

Tá freagracht bheartais ar Rannóg Toghchórais **RTRÁO** as ceisteanna toghcháin. Áirítear orthu sin freagracht as reachtaíocht toghcháin a athbhreithniú agus reachtaíocht nua a fhorbairt. Cuireann sí faisnéis agus comhairle ar fáil d'údaráis áitiúla agus cinntíonn sí ullmhacht do reáchtáil toghchán agus reifreann. Tá freagracht uirthi as tionscadal nuachóirithe chlár na dtoghthóirí, lena n-áirítear tacú le

2 James, T. S. agus Garnett, H. A. (2023) 'The Determinants of Electoral Registration Quality: A Cross-National Analysis', *Representation*, 60(2), lgh 279–302. doi: 10.1080/00344893.2023.2207194.

seachadadh an chórais cláraithe toghthóirí náisiúnta chomhroinnte (LGERS), atá á stiúradh ag DCC.

Tá freagracht fhoriomlán ar RTRÁO freisin as 'rialtas áitiúil neamhspleách, daonlathach, freagrúil, nuálach agus éifeachtach' a chumasú. Go stairiúil, ní bhíodh aon chistiú lárnach díreach rialta ar fáil go sonrach don fheidhm údaráis clárúcháin sna húdaráis áitiúla. Ach in 2023 agus 2024, chuir RTRÁO cistiú ar fáil do gach údarás clárúcháin chun tacú le gníomhaíochtaí a d'fheabhsódh cáilíocht na sonraí ar an gclár. Ní raibh an cistiú sin ceaptha teacht in áit gnáthchistiú agus leithdháileadh acmhainní a bhain leis na freagrachtaí i dtaobh clárú toghthóirí a chomhlíonadh.

Déanann **an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)** clár na dtoghthóirí sa 27 údarás áitiúil taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath agus *checktheregister.ie*, suíomh gréasáin agus córas cúloifige iReg, a fhorbairt, a fháil agus a chothabháil, agus cuireann sé tacaíocht ar fáil dóibh. Cuireann siad sin ar chumas an phobail a gclárú toghthóra a sheiceáil agus iarratas a dhéanamh ar an gclár nó athruithe a dhéanamh ar a sonraí ar an gclár (féach thíos).

Déanann **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC)** an suíomh gréasáin *voter.ie* a fhorbairt agus a chothabháil, agus cuireann sí tacaíocht ar fáil dó. Is féidir le toghthóirí a chónaíonn i ngach ceann de cheithre cheantar údaráis áitiúil Bhaile Átha Cliath (Cathair Bhaile Átha Cliath, Áth Cliath Theas, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Fine Gall) a gclárú toghthóra a sheiceáil ar an suíomh, iarratas a dhéanamh ar chlárúchán, agus a sonraí ar an gclár a athrú.

Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta DCC mar an t-údarás clárúcháin ainmnithe chun córas clárúcháin toghthóirí náisiúnta LGERS a bhunú agus a bhainistiú thar ceann an 31 údarás áitiúil sa tír.

Tá **Bord Tionscadail LGERS** ag bainistiú thionscadal LGERS chun an córas nua clárúcháin toghthóirí a fhorbairt, chomh maith le huasghrádú agus athfhorbairt chóras reatha *voter.ie*.

## Athruithe a tugadh isteach leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*

Foráladh d'athruithe éagsúla ar chlárú toghthóirí leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Tosaíodh na codanna den Acht atá ábhartha do chláir na dtoghthóirí i nDeireadh Fómhair 2022; ba é sin an t-athrú is suntasaí i stair an stáit ar an gcaoi a mbainistítear cláir na dtoghthóirí. Dá bhrí sin, tá an tuarascáil seo á cur i dtoll a chéile i ré lena mbaineann athrú ollmhór do na húdaráis áitiúla i dtaobh an chaoi a ndéantar a gclár toghthóirí a bhainistiú agus a chothabháil, agus don phobal i dtaobh an phróisis clárúcháin.

Tugtar breac-chuntas anois ar na príomhathruithe atá ábhartha don tuarascáil seo.

## Clárú an duine aonair

Thug *an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* isteach 'clárú an duine aonair' mar a thugtar air. Ba é sin an t-athrú ba shuntasaí le haghaidh na dtoghthóirí agus na n-údarás áitiúil.

Roimh Dheireadh Fómhair 2022, bhíodh cláir na dtoghthóirí bunaithe ar chóras 'cláraithe teaghlaigh'. Faoin gcóras sin, d'fhéadfadh aon duine i dteaghlach daoine eile sa teaghlach sin a chlárú. Ba chlárú tríú páirtí sin go bunúsach. Theastaigh ainm, seoladh agus dáta breithe chun duine a chlárú. Go minic, thugtaí faoi nuashonrú agus ceartú an chláir trí leas a bhaint

as oibrithe allamuigh an údaráis áitiúil a théadh ó theach go teach.

Faoi chlárú an duine aonair, mar a thugann an t-ainm le fios, tá gach duine freagrach anois as iad féin a chlárú ar chlár na dtoghthóirí agus, nuair atá siad ar an gclár, a chinntiú go bhfuil a sonraí ar fad, a n-ainm, seoladh, saoránacht, srl., cruinn agus cothrom le dáta. Is 'córas gníomhach' é seo a éilíonn gníomhartha an duine aonair.[3]

Éascaíodh an t-athrú sin ó chlárú teaghlaigh go clárú an duine aonair le suíomhanna gréasáin clárúcháin – *voter.ie* agus *checktheregister.ie* – a fheidhmíonn mar thairseacha ar líne le haghaidh chláir na dtoghthóirí.

Dóibh siúd nach dteastaíonn uathu iarratas a dhéanamh ar líne, is féidir leo clárú le foirm iarratais ar pháipéar. Ach caithfidh ball den Gharda Síochána nó oifigeach ón údarás áitiúil ábhartha a bheith ina bhfinné ar an bhfoirm, agus is próiseas níos casta é dá bharr sin. Is léir gur thosaigh formhór mór na ndaoine ag úsáid clárúchán ar líne go tapa mar an gnáthmhodh clárúcháin agus chun sonraí a thabhairt cothrom le dáta.

## Clárú ar líne agus sonraí a leasú: *voter.ie* agus *checktheregister.ie*

Thug an tairseach clárúcháin *voter.ie* clárú ar líne isteach in 2019 le haghaidh údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath. Bainistíonn DCC é sin. I nDeireadh Fómhair 2022, chuir LGMA tairseach dá leithéid,*checktheregister.ie*, agus a chóras cúloifige ar a dtugtar iReg, ar fáil le haghaidh an 27 údarás áitiúil eile. Ó Dheireadh Fómhair 2022, is iad *voter.ie* agus *checktheregister.ie* an chaoi a ndéanann formhór na ndaoine clárú le vótáil nó a sonraí a leasú.

Is féidir le haon duine a sonraí a sheiceáil ar *voter.ie* nó *checktheregister.ie* trína n-ainm agus seoladh/Éirchód a chuardach ar an tairseach. Ach chun clárú nó sonraí a leasú ar líne, caithfidh an duine aonair an fhaisnéis a leanas a thabhairt:

- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)
- Dáta breithe
- Éirchód

Nuair a thugtar an fhaisnéis sin, bíonn an t-údarás áitiúil in ann tabhairt faoi sheiceáil deimhnithe leictreonach, trí Chomhéadan Feidhmchláir (API), leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun an duine aonair a shainaithint nuair a chuirtear isteach den chéad uair iad agus chun a dheimhniú nár úsáid duine ar bith eile an UPSP ar chlár toghthóirí. Nuair a dheimhníonn an fhoireann toghchórais san údarás áitiúil ábhartha í, aistrítear an fhaisnéis sin chuig córas 'cúloifige' ina stóráiltear faisnéis chlár na dtoghthóirí ar fhreastalaithe slána.

Mar gheall ar an bpróiseas deimhnithe sin, ní gá do dhaoine a dhéanann iarratas ar líne a n-aitheantas a dhearbhú ag stáisiún Gardaí ná údarás áitiúil.

## Difríochtaí idir *voter.ie* agus *checktheregister.ie*

Tá difríochtaí idir roinnt de na príomhghnéithe den chaoi a n-oibríonn an dá thairseach do chláir na dtoghthóirí.

- Is é *voter.ie* an suíomh gréasáin faoi láthair le haghaidh na gceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath, agus baineann *checktheregister.ie* leis an 27 údarás áitiúil eile.
- Tugann *voter.ie* rochtain dhíreach ar a dtaifead toghthóra do dhaoine a úsáideann MyGovID, agus bíonn siad

[3] Cás amháin ina bhféadfadh tríú páirtí a bheith páirteach in athruithe a dhéanamh ar shonraí duine ná nuair a fuair duine bás nó nuair a bhog siad ó áit chónaithe ar leith agus go gcuireann tríú páirtí é sin in iúl don údarás áitiúil. Caithfidh an t-údarás áitiúil na próisis deimhnithe ábhartha a chomhlíonadh ansin chun stádas tuairiscithe an toghthóra a dhearbhú.

in ann a dtaifead a chur in eagar go díreach iad féin, seachas iarratas a chur isteach a chaithfear a cheadú. Níl an tsaoráid sin ar fáil ar *checktheregister.ie*.

- I gcóras *voter.ie* tá rochtain 'inléite amháin' ag údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath ar an bhfaisnéis ar chláir na n-údarás eile. Bítear in ann cros-seiceáil a dhéanamh le haghaidh dúblach ar fud chláir toghthóirí Bhaile Átha Cliath dá bharr sin. Níl aon rochtain ar na cláir ar chóras *checktheregister.ie*. Níl rochtain ag na húdaráis áitiúla ar *checktheregister.ie* ach ar a gclár toghthóirí féin. Níl siad in ann cros-seiceáil a dhéanamh ar chlár ar bith eile.
- Toisc gur féidir na ceithre chlár toghthóirí i mBaile Átha Cliath a chros-seiceáil, feabhsaítear an cruinneas mar go ndéantar iontrálacha dúblacha a shainaithint agus a bhaint de na ceithre chlár sin. Éascaítear aistriú taifead toghthóirí i ndiaidh seoladh a athrú freisin. Ní féidir leo siúd ar *checktheregister.ie* ach dúblaigh a chuardach ar a gclár féin.
- Má cheadaíonn foireann an údaráis áitiúil iad, déantar na clárúcháin nó iarratais leasaithe ar fad ar *voter.ie* a chur leis an gclár go leictreonach trí phróiseas uathoibrithe. Caithfear an fhaisnéis ar *checktheregister.ie* a aistriú de láimh, is é sin caithfidh ball foirne an fhaisnéis a chuirtear ar an suíomh gréasáin a chur isteach ar an gcóras cúloifige. Tá an próiseas sin dian ar acmhainní agus, toisc go ndéantar an fhaisnéis a aistriú de láimh, d'fhéadfadh earráid dhaonna tarlú. Is fíor sin go háirithe i gcás tréimhsí gnóthacha roimh imeacht toghcháin.

## Taifeadadh sonraí a fheabhsú

Mar atá thuasluaite, chun clárú ar líne nó faisnéis duine a thabhairt cothrom le dáta ar líne, is gá don duine sin sonraí a thabhairt a fheidhmíonn mar aitheantóirí pearsanta. Anuas ar ainm, seoladh agus saoránacht, is iad sin:

› UPSP
› Dáta breithe
› Éirchód

Níor thug formhór mór na dtoghthóirí ar chláir na dtoghthóirí UPSPanna fós. Níor tugadh é sin isteach go náisiúnta ach i nDeireadh Fómhair 2022 agus níl an figiúr is deireanaí le haghaidh chéatadán na dtoghthóirí a bhfuil UPSP bainteach lena gclárúchán ach ag 22.0% go náisiúnta.

Tugann soláthar dátaí breithe agus Éirchód bealach eile d'údaráis áitiúla ar *checktheregister.ie* duine a shainaithint agus dúblaigh a chuardach ina gclár, agus i gcás údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath, na ceithre chlár i mBaile Átha Cliath a sheiceáil. Tá tábhacht faoi leith leis sin i dtaobh cabhrú leis an gcruinneas a fheabhsú, mar a phléifear go mionsonraithe i Rannóga a Cúig agus a Sé, agus sna measúnuithe ar gach údarás áitiúil ar leith i gCuid a Trí.

## Clár agus cláir leanúnacha nó rollacha le haghaidh imeachtaí toghcháin

Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* do chlár leanúnach 'beo' nó 'rollach' a thugtar cothrom le dáta go leanúnach i rith na bliana, agus suas go dtí an spriocdháta reachtúil le haghaidh aon imeacht toghcháin. Tagann na cláir rollacha in áit an cheanglais bhliantúil a bhíodh ar na húdaráis áitiúla 'Dréacht-Chláir' agus 'Cláir Dheiridh' a fhoilsiú, agus ansin 'Cláir Fhorlíontacha' a fhoilsiú roimh na toghcháin.

Tá go leor buntáistí ag baint leis na cláir leanúnacha, ina measc sin go gcoinnítear an clár cothrom le dáta agus nuashonraithe go rialta agus gur féidir le daoine clárú aon uair is mian leo. Ach dearbhaíonn tuairisceáin a sheol údaráis áitiúla chuig

an gCoimisiún dearcadh an Líonra Eolais Toghcháin[4] go bhfuil impleachtaí soláthair acmhainní, oiliúna agus buiséadaithe ag cothabháil na gclár rollach toisc gur cúram ó cheann ceann na bliana é an sreabhadh oibre a bhaineann le clár 'beo'. Pléitear é sin i Rannóg a Ceathair.

## Réamhchlárú

Foráiltear do réamhchlárú daoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Cuirtear na clárúcháin sin ar fad ar liosta na dtoghthóirí ar feitheamh san údarás áitiúil ábhartha. Cuirtear na toghthóirí ar feitheamh sin ar an gclár go huathoibríoch nuair a shlánaíonn siad 18 mbliana d'aois.

## Córas clárúcháin toghthóirí nua

Tuigtear don Choimisiún go mbeidh an córas clárúcháin toghthóirí nua, LGERS, go hiomlán bunaithe in 2026. Tiocfaidh an córas sin in áit an chórais *voter.ie* i mBaile Átha Cliath agus an chórais *checktheregister.ie* agus iReg sa 27 údarás áitiúil eile. Tabharfar breac-chuntas ar an gcóras nua sin sa chéad rannóg eile.

## Conclúid

Bainistíonn gach údarás áitiúil a chlár toghthóirí féin, agus cuirtear cláir shonracha i dtoll a chéile le haghaidh imeachtaí toghcháin éagsúla bunaithe ar chritéir incháilitheachta. Thug *an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* isteach roinnt athruithe suntasacha ar an gcaoi a mbainistítear cláir na dtoghthóirí agus a gcláraíonn daoine le vótáil agus a dtugann siad a sonraí cothrom le dáta.

Tugadh clárú an duine aonair isteach, rud a fhágann go bhfuil gach duine freagrach anois as a gclárú féin agus as a chinntiú go bhfuil a sonraí cothrom le dáta. Éascaítear é sin leis na tairseacha ar líne *voter.ie* i gceantair údaráis áitiúil Bhaile Átha Cliath agus *checktheregister.ie* sa chuid eile den tír. Éascaítear é freisin le soláthar píosaí tábhachtacha faisnéise le haghaidh gach toghthóra chun a n-aitheantas a dheimhniú agus iontrálacha dúblacha a chuardach. Mar sin féin, cé go bhfuil leibhéal maith comhtháthú sonraí i measc údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath, níl aon chomhtháthú idir aon chuid de na cláir ar chóras *checktheregister.ie*.

Tá córas clárúcháin toghthóirí nua á bhforbairt faoi láthair agus tá sé le bheith i bhfeidhm faoi dheireadh 2026.

4 Compiling Registration Data (aceproject.org)

# 3. Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS) nua

Foráladh san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* d'fhorbairt bunachair sonraí náisiúnta chomhroinnte d'fhaisnéis chlár na dtoghthóirí agus cuireadh ar chumas an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 'Údarás Clárúcháin Ainmnithe' a fhorordú chun bunachar sonraí comhroinnte a bhunú, a bhainistiú agus a chothabháil. Ar an 20 Meán Fómhair 2023, shínigh an tAire Ionstraim Reachtúil inar forordaíodh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) mar an t-údarás clárúcháin ainmnithe chun an bunachar sonraí comhroinnte náisiúnta nua, ar a dtugtar Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS), a bhunú, a bhainistiú agus a chothabháil. Éilítear ar DCC ina ról mar údarás ainmnithe tuairisc a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain ar fheidhmíocht a feidhmeanna ina thaobh sin, chomh maith le bainistíocht a cláir toghthóirí féin.

Dar le faisnéis a thug DCC:

> ***'Tá athchóiriú an chórais chun vótálaithe a chlárú ar chlár oibre rialtais uile na hÉireann ó 2007[5]. Forbraíodh na moltaí is deireanaí chun an próiseas clárúcháin toghthóirí a nuachóiriú in 2017 bunaithe ar obair Thuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais ar an gCoimisiún Toghcháin Molta (2016)[6]. Príomh-mholadh dá gcuid ab ea bunachar sonraí cláir toghthóirí náisiúnta amháin a fhorbairt lena mbainfeadh aitheantóirí uathúla. Sonraíodh i dTuarascáil an Chomhairliúcháin Phoiblí ar Nuachóiriú Chlár na dToghthóirí[7] in Éirinn, a foilsíodh in 2019, go raibh siad sin a chuir aighneachtaí isteach i bhfách moladh dá leithéid.'***

Forbraíodh Tionscadal LGERS le cúpla bliain anuas. Bhí an fhorbairt sin casta, agus roinnt eagraíochtaí difriúla páirteach ann.

Tuigtear don Choimisiún gur bhunaigh RTRÁO, bunaithe ar an gcinneadh chun bunachar sonraí comhroinnte náisiúnta LGERS a fhorbairt, Bord Tionscadail Clárúcháin Toghthóirí Náisiúnta Ar Líne a mhol go mbunófaí bord tionscadail earnála chun forbairt, soláthar agus cur i bhfeidhm an chórais nua a mhaoirsiú. Bunaíodh Bord Tionscadail LGERS ina dhiaidh sin, ar a bhfuil ionadaithe ó na húdaráis áitiúla agus RTRÁO freisin.

Tháinig Bord Tionscadail LGERS le chéile go foirmiúil den chéad uair i Meán Fómhair 2021. Mhol an Bord Tionscadail an Líonra Athraithe Toghchánaíochta mar shásra comhordaithe earnála an Rialtais Áitiúil do thionscadail clárúcháin toghthóirí a thagann le tionscadal an bhunachair sonraí chomhroinnte náisiúnta. Ghlac an Bord Tionscadail leis an gCás Gnó do thionscadal LGERS i Samhain 2022 agus dhearbhaigh an Bord Clárúcháin Toghthóirí Náisiúnta Ar Líne é in 2023. I nDeireadh Fómhair 2024, shínigh DCC conradh le tríú páirtí chun cur i bhfeidhm céimnithe ascnamh na sonraí cláir ó gach údarás áitiúil go dtí an bunachar sonraí náisiúnta nua a bhainistiú.

Dar le Cathaoirleach Bhord Tionscadail LGERS, tá sé beartaithe go mbeadh sonraí a gcláir ascanta ag na húdaráis áitiúla ar fad

5 An Bille um Athchóiriú Toghcháin, 2022 (oireachtas.ie)
6 109314_626249ca-282d-4b8a-915d-fc00aa3af6af.pdf
7 109314_626249ca-282d-4b8a-915d-fc00aa3af6af.pdf

go dtí bunachar sonraí náisiúnta nua faoi dheireadh 2026. Ach tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird, cé go gcruthófar clár toghthóirí náisiúnta leis sin, go mbeidh gach údarás áitiúil fós freagrach go dlíthiúil as bainistíocht agus cothabháil a gclár féin. Toisc go mbeidh leagan leasaithe agus athraithe den suíomh gréasáin *voter.ie* mar atá faoi láthair in úsáid mar an tairseach le haghaidh na n-iarratas agus leasaithe uile ar líne, ní bheidh feidhm níos mó le *checktheregister.ie*.

Sonraítear i gcáipéisí tionscadail LGERS go n-áirítear ar na riachtanais nua:

- Bunachar sonraí toghthóirí lárnach a bhainisteoidh DCC a chuirfidh tacaíocht ar fáil d'údaráis áitiúla eile freisin chun a gcláir toghthóirí a bhainistiú.
- Bunachar sonraí náisiúnta cuíchóirithe.
- Rialacha coinneála sonraí comhsheasmhacha ar fud chláir na n-údarás áitiúil.
- Cúnamh d'údaráis áitiúla chun ullmhú le haghaidh toghchán.
- Tacaíocht do phróisis nua bainistíochta le haghaidh toghcháin mhéara agus toghcháin réigiúnacha eile.
- Feabhas ar chruinneas tuairiscí reatha agus nua, feidhmeanna nua tuairiscithe a cheadú ina measc.
- Éascú comhfhreagrais le toghthóirí.
- Cuíchóiriú agus athdhearadh an phróisis iarratais ar líne, uimhreacha rianaithe le haghaidh ceisteanna ina measc.
- An tairseach *voter.ie* a dhéanamh inrochtana do na húsáideoirí ar fad.
- Comhtháthú le córais Éirchód, UPSP agus MyGovID.
- Ascnamh an tionscadail go Tionóntacht Néil Phoiblí Azure de chuid DCC.
- Córas a bheidh freagrúil, inscálaithe agus a thacóidh le líon ard úsáideoirí.

Agus iad ag ullmhú don ascnamh go dtí LGERS, tá údaráis áitiúla i mbun iarrachtaí, ar leibhéil dhifriúla, chun an líon sonraí a bhaineann le gach toghthóir ar na cláir a mhéadú, ina measc UPSPanna, dátaí breithe agus Éirchóid, chun cruinneas a mhéadú trí iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint. Tacaíodh leis sin le cistiú breise ó RTRÁO.

In 2025 agus 2026, ullmhóidh údaráis áitiúla don ascnamh go dtí LGERS. Dar le DCC, is é an phríomhbhéim go ndéanfadh na húdaráis áitiúla na sonraí atá ar a 31 clár faoi láthair a chaighdeánú sula dtugtar an fhaisnéis ar fad le chéile i mbunachar sonraí náisiúnta amháin. Dá bhrí sin, caithfidh gach údarás áitiúil tabhairt faoi ghlanadh sonraí agus athfhormáidiú iontrálacha ar a gcláir mar chuid den ullmhúchán don ascnamh. Tá an próiseas sin á bhainistiú idir DCC, na húdaráis áitiúla eile agus an conraitheoir.

Tuigtear don Choimisiún, i ndiaidh an bunachar sonraí a bhunú agus an 31 clár a ascnamh, go ndíscaoilfear Bord Tionscadail LGERS agus go gcruthófar comhlacht nua ar a dtabharfar 'Comhlacht Formhaoirseachta Chlár na dToghthóirí'. Níor tugadh comhdhéanamh an chomhlachta bheartaithe sin chun críche go fóill. Baineann dréacht-téarmaí tagartha an chomhlachta le rialachas den chuid is mó.

Déantar cur síos orthu faoi láthair mar:

1. Athbhreithniú ar rioscaí, rialuithe, comhlíontacht, agus tuairisciú.
2. Cuntasacht airgeadais agus maoirseacht ar sholáthar acmhainní a sholáthar.
3. Athbhreithniú agus ceadú iarrataí ar athruithe/tionscadail bhreise, próisis soláthair agus a gcistiú.
4. A chinntiú go gcuireann an córas [nua clárúcháin] luach ar airgead ar fáil.
5. Athbhreithniú ar cheanglas na moltaí ón gCoimisiún Toghcháin nó athruithe reachtacha beartaithe.

Molann an Coimisiún ina mholtaí gur cheart don Chomhlacht Formhaoirseachta a bheith freagrach as a chinntiú go ndéantar

leibhéil chruinnis na sonraí ar an gcóras nua a fheabhsú go suntasach, agus ansin go ndéantar monatóireacht agus cothabháil orthu. Ba cheart don Chomhlacht Formhaoirseachta tuairisciú go bliantúil don Choimisiún freisin ar chruinneas agus rialachas an bhunachair sonraí.

## Ceist oidhreachta i dtaobh cruinnis

Tugtar breac-chuntas i Rannóg a Cúig den tuarascáil seo ar cheisteanna suntasacha oidhreachta a bhaineann le cruinneas chláir na dtoghthóirí. Baineann sé sin go háirithe le líon anaithnid, ach a d'fhéadfadh a bheith suntasach, d'iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó ar chláir na dtoghthóirí ar fud na tíre. Cé go gcreideann an Coimisiún go bhfuil roinnt clár níos cruinne ná a chéile, ní chreideann sé gur féidir a rá go bhfuil aon cheann acu ar leibhéal inghlactha cruinnis faoi láthair. Creideann an Coimisiún go dteastaíonn obair shuntasach ó na húdaráis áitiúla, le tacaíocht RTRÁO, sular féidir dul i ngleic go sásúil leis na ceisteanna oidhreachta sin. Tá sé sin riachtanach le haghaidh bhainistíocht agus cothabháil cuí an 31 clár toghthóirí.

Is údar mór imní don Choimisiún a fhoghlaim ó Bhord Tionscadail LGERS, RTRÁO agus DCC nár leagadh aon spriocanna cruinnis síos le haghaidh na n-údarás áitiúil roimh ascnamh fhaisnéis a gclár go dtí an bunachar sonaí nua. Ina bhfreagraí ar cheisteanna faoi chruinneas na gclár, dúirt siad ar fad gur faoin 31 údarás áitiúil ar leith é cruinneas na gclár. Níl aon phlean ag an earnáil ach an oiread chun aghaidh a thabhairt ar mhíchruinnis ar na cláir i ndiaidh an t-ascnamh go dtí LGERS a chur i gcrích. Ní chreideann an Coimisiún gurb é ascnamh shonraí chláir na dtoghthóirí an réiteach ar na heasnaimh a bhaineann le stádas reatha na gclár. Cé gur céim é bunachar LGERS a theastaíonn, caithfidh grinnscrúdú agus iniúchadh mionsonraithe ar gach clár toghthóirí a theacht ina dhiaidh, agus caithfear pleananna a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó faoi 2029. Tugtar aghaidh sách mion air sin inár moltaí.

Mar a fheicfear i Rannóg a Cúig agus sna measúnuithe ar gach údarás áitiúil ar leith i gCuid a Trí, is údar mór imní trí chéile na ceisteanna oidhreachta a bhaineann le cruinneas chláir na dtoghthóirí. Cé gur thug go leor údaráis áitiúla, le tacaíocht ó RTRÁO, faoi obair chun cruinneas a gclár a fheabhsú, tá difríochtaí móra idir cruinneas agus cáilíocht chláir na dtoghthóirí i measc na n-údarás áitiúil.

Nuair a chruthaítear bunachar sonraí náisiúnta amháin faoi LGERS, is dóigh go sainaithneofar roinnt iontrálacha dúblacha i rith an ullmhúcháin don bhunachar sonraí aonair agus i rith an aistrithe chuige. Ach ní chreideann an Coimisiún go dtabharfaidh sé sin aghaidh mar is cuí ar na ceisteanna stairiúla móra a bhaineann le cruinneas. Níl sé sin inghlactha agus teastaíonn moltaí agus gníomhartha níos praiticiúla ar bhonn práinne chun na míchruinnis a leigheas i ndáiríre.

In éagmais plean chun aghaidh a thabhairt ar cheist an chruinnis, chinn an Coimisiún ar mholtaí sonracha agus mionsonraithe a dhéanamh do na céimeanna a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar chruinneas na gclár roimh an gcéad timthriall toghcháin eile atá le tosú in 2029.

## An fhéidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as tacair sonraí náisiúnta eile

Is dúshlán é feabhas na leibhéal chruinnis don 31 clár. Ach creideann an Coimisiún go bhféadfadh go bhfuil deiseanna ann chun leas a bhaint as tacair sonraí eile sa stát chun aghaidh a thabhairt air sin. Is é an t-aon tacar sonraí a úsáidtear go córasach faoi láthair ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí chun aitheantas duine

a dheimhniú. Tuigtear go gcomhtháthófar LGERS le córas foilsithe Death Events. Fáiltítear roimhe sin toisc go gcabhróidh sé le toghthóirí a fhaigheann bás a bhaint de chláir na dtoghthóirí. Molann an Coimisiún gur cheart do RTRÁO agus Bord Tionscadail LGERS na tairbhí féideartha a bhainfeadh le comhroinnt sonraí faoi fhorálacha an *Achta um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019* a shainaithint agus a mheasúnú láithreach.

## Conclúid

Is tionscadal cinniúnach é tionscadal LGERS i stair chláir na dtoghthóirí. Tá sé riachtanach agus tábhachtach agus éascaíonn sé bainistíocht agus cothabháil níos fearr chláir na dtoghthóirí i ngach údarás áitiúil. Teastóidh acmhainní tiomanta i ngach údarás áitiúil dá bhunú agus don bhainistíocht amach anseo. Éacht ar leith a bheidh in LGERS. Is céad chéim riachtanach é i dtreo cláir níos láidre, agus ba cheart go gcabhródh sé go mór le cruinneas na gclár a chinntiú amach anseo. Ach ní thabharfaidh sé aghaidh ar cheist na míchruinneas oidhreachta ar chláir na dtoghthóirí ina hiomláine. Dar le RTRÁO, Bord Tionscadail LGERS agus DCC níor leagadh aon chaighdeán cruinnis síos le haghaidh an 31 clár toghthóirí roimh ascnamh na gclár go dtí bunachar sonraí LGERS. Cé go dteastaíonn go leor oibre chun sonraí na gclár a chaighdeánú, tá an easpa plean chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna suntasacha oidhreachta a bhaineann le cruinneas, roimh an ascnamh go dtí LGERS ná ina dhiaidh, míshásúil dar leis an gCoimisiún. Is chuige sin a dtugtar moltaí suntasacha sa tuarascáil seo chun aghaidh a thabhairt ar an gceist cruinnis go cuimsitheach roimh an gcéad timthriall toghcháin sceidealaithe eile in 2029.

Ba cheart an fhéidearthacht a bhaineann le leas a bhaint as tacair sonraí náisiúnta eile chun cruinneas chláir na dtoghthóirí a fheabhsú a fhiosrú freisin.



# Cuid a Dó:
# An Léargas Náisiúnta

# 4. Bainistíocht agus Cothabháil Chláir na dToghthóirí

Is iad bainistíocht agus cothabháil chláir na dtoghthóirí na gníomhaíochtaí laethúla a dhéanann foirne toghchórais na n-údarás áitiúil. Ón bhfaisnéis a bailíodh don tuarascáil formhaoirseachta seo, is léir go bhfuil an-difríocht i bhfeidhmíocht an 31 údarás áitiúil. Braitheann chomh maith agus atá do chlár cuid mhór ar an gceantar údaráis áitiúil ina bhfuil tú cláraithe agus an leibhéal acmhainní a chuirtear ar fáil don fheidhm toghchórais. Ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh go héasca idir na húdaráis áitiúla de bharr méideanna, comhdhéanamh agus buiséid fhoriomlána éagsúla. Ach is léir go bhfuil fiú údaráis áitiúla ag a bhfuil daonraí agus buiséid chosúla tar éis tús áite ar leibhéil dhifriúla a thabhairt dá gcláir toghthóirí. Tá sé sin an-soiléir de bharr na heaspa iomláine tuairiscithe ar an bhfeidhm toghchórais, nó leibhéal íseal uaillmhéine di, i bpríomhcháipéisí corparáideacha na n-údarás áitiúil ar nós pleananna corparáideacha nó tuarascálacha bliantúla ar sheachadadh seirbhísí. Ní eol don Choimisiún gur chuir aon údarás áitiúil plean foirmiúil ar leith i dtoll a chéile d’fheidhm chlár na dtoghthóirí dá chuid, ná dá ról níos leithne chun tacú leis an daonlathas áitiúil trína fheidhmeanna cláir toghthóirí nó toghchán.

Chomh maith leis sin, ní raibh aon athrú arbh fhiú trácht air i mbainistíocht ná soláthar acmhainní na gclár i ndiaidh rith an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Bhí an easpa tosaíochta soiléir inár n-anailís ar na sonraí faoin líon foirne, a mhéid acmhainní airgeadais a cuireadh ar fáil agus a mhéid a raibh údarás áitiúil réamhghníomhach in iarracht a dhéanamh cáilíocht a chláir a fheabhsú.

Is é dearcadh an Choimisiúin go n-eascraíonn sé sin den chuid is mó as an leibhéal tosaíochta agus soláthair acmhainní a thugtar don fheidhm toghchórais laistigh de gach údarás áitiúil ar leith agus an gá le cistiú breise ó RTRÁO chun tacú leis na húdaráis áitiúla ceanglais an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022* a chomhlíonadh.

Is é an phríomhchonclúid agus an príomh-mholadh maidir le bainistíocht agus cothabháil chláir na dtoghthóirí go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní na n-údarás áitiúil go práinneach, agus iad a fheabhsú, i dtaobh leithdháileadh foirne agus buiséid araon, agus go dteastaíonn foireann agus acmhainní airgeadais ainmnithe. Áirítear orthu sin acmhainní agus scileanna cuí a chur ar fáil do DCC chun an bunachar sonraí náisiúnta nua a bhainistiú. Caithfear aghaidh a thabhairt air sin, ní hamháin ar leibhéal an údaráis áitiúil, ach teastaíonn ceannaireacht agus tacaíocht RTRÁO freisin i bhfianaise chomh mór agus atá an t-athrú atá ag teastáil.

## Acmhainní foirne chláir toghthóirí na n-údarás áitiúil

I gcomhthéacs thabhairt isteach nósanna imeachta agus próiseas nua, an ullmhúcháin do LGERS agus an ghá feabhas a chur ar chruinneas na gclár, chomh maith le tabhairt isteach cláir rollaigh, is údar imní ar leith é ceist na n-acmhainní foirne. Teastaíonn measúnú riachtanas ceart i ngach údarás áitiúil, agus gníomhartha leantacha dá réir, ar na hacmhainní a theastaíonn chun go mbeidh foirne toghchórais in ann tabhairt faoina n-obair toghchórais ghinearálta go leordhóthanach agus na foirne a theastaíonn chun éilimh imeachtaí toghcháin tréimhsiúla a chomhlíonadh.

Ní aonaid ghnó fhoirmiúla a bhíonn tiomanta go sonrach d'obair lánaimseartha ar chlár na dtoghthóirí iad na haonaid toghchórais go hiondúil. Bíonn siad lonnaithe laistigh de rannáin chorparáideacha na n-údarás áitiúil agus tuairiscíonn siad raon leathan feidhmeanna eile a chomhlíonadh, i dteannta a ról ar bhainistíocht chlár na dtoghthóirí. Áirítear orthu siúd, i measc cúraimí eile, eagrú cruinnithe comhairle agus tacaíocht dóibh, fodhlíthe corrthrádála, táillí agus costais cróinéirí, riarachán costas comhairleoirí, clúdach don deasc fáiltithe, sábháilteacht uisce, soláthar, bainistíocht stáiseanóireachta agus béilí scoile.

Go stairiúil, bhíodh an ghníomhaíocht a bhain le bainistíocht chlár na dtoghthóirí thuas seal thíos seal go bliantúil, de réir imeachtaí toghcháin sceidealaithe agus neamhsceidealaithe. Ach de bharr athruithe ar phróisis clárúcháin agus cúraimí breise a éilítear le forálacha an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, chomh maith leis an obair a bhaineann le hullmhú d'imeachtaí toghcháin, agus a theastaíonn go ginearálta chun tacú le bainistíocht an chláir, ní bhíonn aon tréimhsí fada gan mórán gníomhaíochta ann níos mó i gcás chláir na dtoghthóirí. Anuas air sin, ní féidir glacadh leis an easpa cruinnis sna cláir ar leith i sochaí dhaonlathach agus caithfear féachaint ar fheabhas ar bhonn práinne.

Is pobal idirnáisiúnta ar líne agus taisclann eolais toghcháin é ACE, an Líonra Eolais Toghcháin, a shonraíonn roinnt dúshlán i soláthar acmhainní a chruthaíonn bainistíocht cláir rollaigh, lena n-áirítear an gá a bhíonn le líon níos mó de bhaill foirne bhuana agus buiséad níos mó.[8] Teastaíonn ardscileanna agus oiliúint ó go leor den fhoireann toghchórais, saineolas teicniúil ina measc, agus teastaíonn oiliúint agus forbairt leanúnach. Ach d'ainneoin athruithe suntasacha ar an gcaoi a mbainistítear an próiseas clárúcháin, an clárú ar líne agus an clár rollach ina measc, agus an mhéadaithe ar dhaonra an Stáit, ní dhearnadh aon mhéadú arbh fhiú trácht air ar líon na mball foirne le haghaidh feidhmeanna toghchórais in go leor údaráis áitiúla lasmuigh d'imeachtaí toghchórais.

Foilsíodh taighde Oireachtais i rith dhréachtú an *Bhille um Athchóiriú Toghcháin, 2022* inar sainaithníodh an teip cistiú sách mór a thabhairt don fheidhm toghchórais mar phríomhghné a chuireann le míchruinnis agus neamhiomláine na gclár. Is údar mór imní é sin don Choimisiún. Rinneadh moltaí éagsúla chun a chinntiú go dtugtar dóthain acmhainní d'fheidhmeanna toghchórais na n-údarás áitiúil chun tabhairt faoi na róil dá bhforáiltear sa reachtaíocht. D'fhéadfadh go n-éileodh sé sin ath-leithdháileadh acmhainní sna húdaráis áitiúla chomh maith le cistiú breise ó RTRÁO chun a chinntiú go ndéantar feidhm chlár na dtoghthóirí a bhainistiú i gceart agus go gairmiúil i ngach údarás áitiúil amach anseo.

## Nósanna imeachta agus cleachtais don chlárúchán


Ní próiseas simplí bainistíochta sonraí é bainistíocht agus cothabháil cláir, ach ceann óna dteastaíonn tascanna teicniúla mionsonraithe éagsúla, atá fréamhaithe i reachtaíocht agus a éilíonn méideanna éagsúla teagmhála dírí leis an bpobal chomh maith le húdaráis áitiúla eile.

I nDeireadh Fómhair 2023, chuir an Líonra Athraithe Toghchánaíochta an cháipéis *Preparing and Maintaining the Register of Electors: Guidelines for Registration Authorities* i dtoll a chéile. Tá 111 leathanach sa lámhleabhar seo ina leagtar amach na próisis agus na nósanna imeachta atá le comhlíonadh ag an bhfoireann toghchórais, ina measc:


8 Continuous Register- Disadvantages (aceproject.org)

- Measúnú ar incháilitheacht le haghaidh clárú (réamhchlárú, saoránacht, ceisteanna cónaitheachta, vótaí poist, vótálaithe speisialta, toghthóirí anaithnide, toghthóirí gan áit chónaithe sheasta)
- Bainistíocht ar an bpróiseas clárúcháin ón iarratas tosaigh go dtí aon achomharc a chuirtear faoi bhráid chláraitheoir an chontae.
- Socruithe a dhéanamh le haghaidh na gcatagóirí éagsúla de vótáil speisialta agus postvótáil.
- Nuashonrú clár agus cláir na dtoghthóirí agus bainistíocht toghchán.





IARRATAS ISTEACH
An bhfuil sé istigh 15 lá ar a laghad roimh imeacht toghcháin?
(gan an Domhnach, laethanta saoire poiblí ná Aoine an Chéasta san áireamh)
NÍL
Abair leis an iarratasóir go bpróiseálfar an t-iarratas nuair a athosclaíonn an clár
Próiseáil an t-iarratas tar éis an imeachta toghcháin
TÁ
Cruthaigh comhad PDF/ scanadh an t-iarratas – chun nótaí a bhreacadh
An bhfuil an t-iarratas comhlánaithe go hiomlán agus sínithe i gceart?
NÍL
Diúltaigh don iarratas (agus cuir in iúl don iarratasóir é i gcás iarratas ar pháipéar)
TÁ
DEIMHNIGH INCHÁILITHEACHT
CÉ
Aois
NÍL
An bhfuil an toghthóir ag an aois incháilithe vótála/ réamhchláraithe?
TÁ
SEACHAIN DÚBLAIGH
Cuardaigh an t-ainm ar an gcóras (leaganacha/litrithe difriúla ar an ainm ina measc)
faightear taifid
TÉIGH GO NUA-SHONRÚ
ní fhaightear
An bhfuil an toghthóir níos sine ná luath sna 20idí?
TÁ
An bhfuil seoladh roimhe seo ar fáil?
NÍL
Téigh i dteagmháil leis an toghthóir chun seoladh roimhe seo a fháil/an chúis a bhfuil siad ag clárú den chéad uair a fhoghlaim
An bhfuil an toghthóir tar éis bogadh go dtí an ceantar seo óúdarás áitiúil difriúil?
TÁ
Cuir na sonraí chuig an údarás áitiúil sin lena seiceáil agus a gclár a leasú dá réir*
NÍL
TÁ
NÍL
*Má chuirtear seoladh roimhe seo in iúl ar CTR, seolfaidh ancóras na sonraí ar aghaidh go huathoibrioch




**Fíor 1: Léaráid sreafa oibre a úsáideann an 27 údarás áitiúil a úsáideann an tairseach *checktheregister.ie* agus iReg faoi láthair. Léirítear ann an líon céimeanna a chaithfear a chomhlíonadh chun gach iarratas nua a chlárú. Aistriúchán é an léaráid seo ar léaráid ó *Preparing & Maintaining the Register of Electors: Guidelines for Registration Authorities*.**

Chomh maith leis sin, tá treoir 42 leathanach ar leith ann do phróiseas iarratais *voter.ie* le haghaidh údaráis Bhaile Átha Cliath agus treoir theicniúil níos faide ina bhfuil thart ar 300 leathanach.

Bíonn ar bhaill foirne toghchórais ar leith tabhairt faoi sheiceálacha éagsúla chun sonraí a dheimhniú ar iarratais a fhaightear sula nglactar le clárú nó sula dtugtar iontráil reatha cothrom le dáta (féach Fíor 1). Tugann siad faoi ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta leis an bpobal freisin chun iomláine agus cruinneas an chláir a fheabhsú (féach Rannóg a Sé agus na measúnuithe ar leith i gCuid a Trí). Anuas air sin, leanann an fhoireann toghchórais ag cur athchóirithe ar an bpróiseas clárúcháin a tugadh isteach faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* i bhfeidhm, clárú ar líne agus an clár rollach ina measc. Bíonn orthu tabhairt faoi obair riachtanach chun na sonraí ar a gcláir a chaighdeánú roimh an ascnamh go dtí an bunachar sonraí cláir toghthóirí náisiúnta nua in 2026, chomh maith leis na moltaí sa tuarascáil seo. Caithfidh siad freisin ról ceannaireachta a ghlacadh in aghaidh a thabhairt ar mhíchruinnis stairiúla ar a gclár. Ach caithfear na hacmhainní cuí a thabhairt dóibh chun an obair riachtanach seo ar fad a dhéanamh.

Sna tréimhsí roimh na himeachtaí toghcháin éagsúla in 2024, fuair foirne toghchórais tacaíocht ó bhaill foirne a tógadh ó réimsí eile i ngach údarás áitiúil chun cabhrú le próiseáil an líon mór iarratas ar chlárú agus ar shonraí a thabhairt cothrom le dáta. I mbeagnach gach údarás áitiúil, b'éigean do bhaill foirne ragobair a dhéanamh chun oiliúint a fháil ar an gcóras clárúcháin agus ansin na clárúcháin agus na nuashonruithe a bhainistiú.

Cé gur féidir a bheith ag súil leis gur tháinig athrú ar an ualach oibre mar gheall ar líon na n-imeachtaí toghcháin, i bpáirt, is éard a thuigtear as go ginearálta gur beag pleanáil a rinneadh roimh ré le haghaidh líon na n-imeachtaí toghcháin a bhí ar bun in 2024.

Ina Thuarascáil ar na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, mhol an Coimisiún síneadh ar na spriocdhátaí do ghairm reifreann. Is údar imní freisin é an fógra gearr chun olltoghchán a ghairm. I Samhain 2024, ní raibh ach cúig lá ag daoine le clárú chun vótáil i ndiaidh an t-olltoghchán a ghairm go hoifigiúil agus gan ach dhá lá, ag deireadh seachtaine, ag daoine le hiarratas a dhéanamh ar vóta poist. Cé gur spreag an Coimisiún daoine le clárú nó a sonraí clárúcháin a sheiceáil ina fheachtais roimhe sin, thuairiscigh na húdaráis chlárúcháin ar fad borradh ar iarratais ag an nóiméad deireanach agus tuairiscíodh go raibh sé dúshlánach iad ar fad a phróiseáil. Creideann an Coimisiún gur cheart go mbeadh pleananna teagmhasacha le haghaidh imeachtaí toghcháin i bhfeidhm i ngach údarás áitiúil, toisc gur ghá iad a ghairm ar fhógra gearr uaireanta. Teastaíonn pleanáil láidir don lucht saothair don obair toghchórais leanúnach agus d'obair a bhaineann le himeachtaí toghcháin.

Tá na hacmhainní foirne a leithdháiltear ar an bhfeidhm toghchórais sách beag. Chuir formhór na n-údarás áitiúil in iúl gur príomhdhúshlán é leibhéal soláthair acmhainní na foirne toghchórais roimh bhainistíocht agus cothabháil cláir iomláin agus chruinn. Thuairiscigh sé údarás áitiúla nach raibh aon bhall foirne ag obair go lánaimseartha ar na cláir in 2023. Tuairiscíodh go náisiúnta gur oibrigh 130 ball foirne lánaimseartha agus/nó páirtaimseartha ar chláir na dtoghthóirí in 2023, líon a mhéadaigh go breis agus 175 in 2024. Ach tá an Coimisiún ag caitheamh leis na figiúirí sin go cáiréiseach toisc go raibh difríochtaí sa chaoi ar thuairiscigh na húdaráis áitiúla a bhfigiúirí agus, i gcásanna áirithe, níor léir cé mhéad a d'oibrigh an fhoireann sin i gcaitheamh na bliana iomláine. Leasóidh an Choimisiún an chaoi a gcuireann sé an cheist seo i suirbhéanna na n-údarás áitiúil amach anseo chun a chinntiú go mbeidh na freagraí níos iomláine agus mionsonraithe.

Ó na tuairisceáin suirbhé, tá difríochtaí i raon taithí na foirne a oibríonn i bhfeidhm toghchórais agus ar imeachtaí toghcháin. Téann sé ó easpa taithí go hoibriú ar gach imeacht toghcháin ó 1995. Ní raibh aon bhall foirne a d'oibrigh ar imeacht toghcháin roimhe sin ar roinnt de na foirne toghchórais a bhí i bhfeidhm do reifrinn an Mhárta. Tá coinneáil eolais chorparáidigh agus comhroinnt taithí idir údaráis áitiúla riachtanach i rith ré seo an nuachóirithe agus an athchóirithe. Teastaíonn pleanáil uaidh sin freisin.

Sonraíodh ar gach tuairisceán ó na húdaráis áitiúla gur éirigh leo na hiarratais ar fad ar an gclár a phróiseáil faoin spriocdháta le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin, iad siúd ar ghá a sonraí a thabhairt cothrom le dáta le go bhféadfaidís vóta a chaitheamh ina measc. Ach thuairiscigh go leor gur coinníodh athruithe a cuireadh isteach ar na córais ar leataobh le déileáil leo i ndiaidh an imeachta toghcháin mura mbeadh tionchar acu ar chumas duine vóta a chaitheamh san imeacht toghcháin sin. Thuairiscigh roinnt údaráis áitiúla nár glanadh dúblaigh a gineadh ar an gcóras (féach thíos agus na measúnuithe ar gach údarás áitiúil ar leith i gCuid a Trí) go dtí i ndiaidh imeacht toghcháin, rud a mhéadaigh tuilleadh an míchruinneas ar na cláir. Mhéadódh sé sin líon 'na dtoghthóirí incháilithe' go saorga don imeacht sin, agus laghdófaí líon na vótálaithe a tuairiscíodh a chaith vóta freisin.

## Soláthar acmhainní airgeadais

I bhfianaise an ualaigh bhreise oibre dá bhforáiltear faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* don chroífheidhm seo, tá sé de dhualgas ar na húdaráis áitiúla agus RTRÁO araon a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ann chun an obair thábhachtach seo a dhéanamh. Teastóidh acmhainní breise chun an clár a bhainistiú má chuirtear moltaí an Choimisiúin i bhfeidhm freisin. Mar a phléitear i Rannóg a Cúig agus i gCuid a Trí, is gá do go leor údaráis áitiúla aghaidh a thabhairt ar mhíchruinnis stairiúla an chláir chomh maith le clár toghthóirí rollach beo leanúnach a bhainistiú agus a chothabháil go leordhóthanach.

Dar le tuarascálacha buiséid na n-údarás áitiúil, meastar gur caitheadh €4.6 milliún dá mbuiséid in 2023 i measc na n-údarás áitiúil ar fad ar chostais chlár na dtoghthóirí. In 2024, leithdháileadh caiteachas €5.2 milliún. Chuir RTRÁO cistiú breise €1.7m ar fáil an dá bhliain. Bhí an cistiú breise sin ceaptha cur le caiteachas gach údaráis áitiúil ar an gclár, ní teacht ina áit. Tugadh neamhspleáchas réasúnta do gach údarás áitiúil chun a chinneadh cén cineál gníomhaíochtaí ar cheart an cistiú a chaitheamh orthu (tugtar tuilleadh eolais ar ghníomhaíochtaí na n-údarás clárúcháin thíos). Tugadh €1.6m in 2024 – baineadh úsáid as an gcistiú sin le haghaidh costais foirne den chuid is mó i rith na bliana.

Dá bhrí sin, tuairiscíodh i measc na n-údarás áitiúil gur caitheadh €6.1 milliún ar ghníomhaíochtaí chlár na dtoghthóirí in 2023, agus meastar gur caitheadh €6.8m in 2024.

Meastar go raibh 3,874,627 duine cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár na dtoghthóirí rialtais áitiúil ag deireadh Nollaig 2024 go

| Costais chláir i mbuiséad ÚÁ – olltoradh measta 2023 | Costais chláir i mbuiséad ÚÁ – buiséad ceadaithe 2024 | Cistiú RTRÁO 2023 | Cistiú RTRÁO 2024 | Cistiú ÚÁ + RTRÁO iomlán 2023 | Cistiú ÚÁ + RTRÁO iomlán 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| 4,584,359 | 5,229,431 | 1,542,018 | 1,565,152 | 6,127, 143 | 6,794,583 |

**Tábla 1: Caiteachas iomlán ar chláir na dtoghthóirí in 2023 agus 2024.**

náisiúnta; tugann sé sin le fios nach raibh sa chaiteachas measta ar gach toghthóir ach €1.75 i mbliain ina raibh an líon is airde d'imeachtaí toghcháin riamh i stair an stáit. Is ríléir ón bhfaisnéis a thug na húdaráis áitiúla agus cáilíocht chláir na dtoghthóirí nach leor an cistiú seo, ná an leibhéal tosaíochta in go leor údaráis áitiúla, ar chor ar bith chun dul i ngleic leis na cúraimí a theastaíonn.

## Cistiú LGERS

Dar le figiúirí a chuir RTRÁO ar fáil idir 2021 agus 2024, caitheadh €3.5m san iomlán ar fhorbairt thionscadal LGERS, ina measc foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, forbairt an chórais, tacaíocht dhlíthiúil agus soláthair agus uasghráduithe ar an tairseach *voter.ie*.

Cuirfidh LGERS costas breise leis a thabhóidh údaráis áitiúla ó 2027. Dar le DCC, clúdóidh na costais sin 'tacaíocht, ídiú néalríomhaireachta agus seirbhísí tacaíochta bainteacha agus foireann Oifig an Chórais Clárúcháin Toghcháin (13 bhall foirne)'.

In 2022, tuaradh go mbeadh €3,118,880 san iomlán ar na costais sin go náisiúnta. Roinnfí sin idir na húdaráis áitiúla ar bhonn per capita (sin an caighdeán do sheirbhísí comhroinnte). Is figiúirí móra iad sin (féach Tábla 2) agus i gcás go leor de na húdaráis áitiúla, bheadh céatadán suntasach den leithdháileadh toghchórais reatha i gceist leis. Bheadh an caiteachas breise sin ar bharr na n-acmhainní breise eile a theastaíonn chun clár rollach a bhainistiú agus na hacmhainní a theastaíonn chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm. Léiríonn sé sin ar fad an gá atá ann go ndéanfadh na húdaráis áitiúla agus RTRÁO athbhreithniú ar chistiú bhainistíocht chláir na dtoghthóirí sna húdaráis áitiúla.

| Údarás áitiúil | Leithdháileadh táillí € |
|---|---|
| Ceatharlach | 37,699.62 |
| An Cabhán | 49,429.96 |
| An Clár | 77,564.51 |
| Cathair Chorcaí | 135,342.07 |
| Contae Chorcaí | 218,474.08 |
| Dún na nGall | 101,245.55 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 358,078.51 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 142,113.64 |
| Fine Gall | 200,406.80 |
| Cathair na Gaillimhe | 50,802.66 |
| Contae na Gaillimhe | 117,482.97 |
| Ciarraí | 94,511.11 |
| Cill Dara | 150,343.75 |
| Cill Chainnigh | 63,116.78 |
| Laois | 55,794.90 |
| Liatroim | 21,358.71 |
| Cathair agus Contae Luimnigh | 125,061.13 |
| An Longfort | 28,387.79 |
| Lú | 84,675.16 |
| Maigh Eo | 83,537.43 |
| An Mhí | 134,102.07 |
| Muineachán | 39,465.56 |
| Uíbh Fhailí | 50,322.97 |
| Ros Comáin | 42,608.47 |
| Sligeach | 42,501.33 |
| Áth Cliath Theas | 182,494.74 |
| Tiobraid Árann | 102,061.26 |
| Cathair agus Contae Phort Láirge | 77,361.19 |
| An Iarmhí | 58,341.24 |
| Loch Garman | 99,544.75 |
| Cill Mhantáin | 94,649.29 |
| **Iomlán** | **3,118,880.00** |

**Tábla 2: Leithdháileadh tháille bhliantúil LGERS le híoc ag gach údarás áitiúil.**

## Gníomhaíochtaí a rinne údaráis áitiúla

D'iarr an Coimisiún ar na húdaráis áitiúla sonraí a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus feachtais áitiúla ar thug siad fúthu sa tréimhse ó Eanáir 2023 go Nollaig 2024 chun cruinneas agus iomláine a gcláir toghcháin a fheabhsú. Ba ghníomhaíochtaí iad sin a bhí sa bhreis ar an gcothabháil agus bainistíocht laethúil thuasluaite. Iarradh orthu freisin faisnéis níos mionsonraithe a thabhairt ar aon ghníomhaíocht nó nuálaíocht a d'fhéadfadh iarrachtaí chun cáilíocht an chláir a thaispeáint, agus foghlaim a chur ar fáil don earnáil freisin.

I gcás go leor údaráis áitiúla, ba réimse nua gníomhaíochta í an rannpháirtíocht réamhghníomhach leis an bpobal chun tacú le hiarrachtaí chun cruinneas agus iomláine a mhéadú. Chuathas i ngleic leis na dúshláin sin ar leibhéil dhifriúla ar fud an chórais agus le tionscnaimh dhifriúla. Is féidir iad sin a fheiceáil nuair a athbhreithnítear na measúnuithe ar gach údarás áitiúil ar leith, ina dtarraingítear aird ar chleachtais ar éirigh leo i roinnt measúnuithe, ach ina dtuairiscítear iarrachtaí teoranta i gcinn eile.

Mar a phléitear sa rannóg ar sholáthar acmhainní airgeadais, chuir RTRÁO €1.7m ar fáil d'údaráis áitiúla in 2023 chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin, agus caitheadh €1.5m de. Bhí íosmhéid €33,000 ar fáil do gach údarás clárúcháin, agus cuireadh cistiú breise ar fáil i gcomhréir le daonra an údaráis áitiúil, suas go €125,000 ar a mhéid. Áiríodh leis na míreanna caiteachais fógraíocht, feachtais spriocdhírithe agus ghinearálta phoist inar iarradh ar dhaoine sonraí a thabhairt cothrom le dáta/faisnéis bhreise a thabhairt, freastal ar imeachtaí náisiúnta agus áitiúla chun gníomhaíochtaí clárúcháin a chur chun cinn, logainmneacha bailte fearainn a aistriú go Gaeilge (rud a theastaigh don ascnamh go dtí LGERS) agus priontáil agus scaipeadh bileoigíní.

Tugann an fhaisnéis a tugadh difríochtaí in iúl i gcur chuige agus scála na n-údarás áitiúil. Bhí an líon gníomhaíochtaí in 2023 idir ceann amháin i gcás Chomhairle Contae Cheatharlach agus cúpla ceann i Muineachán agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Dhearbhaigh 13 údarás áitiúla go raibh straitéis cumarsáide nó rannpháirtíochta leis an bpobal i bhfeidhm acu, agus chuir ceithre údarás áitiúla eile in iúl go raibh sé i gceist acu straitéis cumarsáide a chur i bhfeidhm i ndiaidh thoghcháin an Mheithimh. I bhfianaise thábhacht an róil rannpháirtíochta phoiblí sin, molann an Coimisiún go ndéanfadh gach údarás áitiúil plean gnímh bliantúil a fhorbairt ina leagfar amach gníomhaíochtaí a fheabhsóidh cruinneas agus iomláine chlár na dtoghthóirí.

### Forléargas ar ghníomhaíochtaí chlár na dtoghthóirí in 2023 agus 2024 i measc údaráis áitiúla

In 2024, níor thug formhór na n-údarás áitiúil faoi ghníomhaíochtaí breise suntasacha chun cruinneas ná iomláine a gclár a fheabhsú. Dhírigh siad ina áit sin ar na cláir a bhainistiú le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin i Márta, Meitheamh agus Samhain.

In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, ba iad na gníomhaíochtaí ba choitianta a rinne na húdaráis áitiúla bileoga a scaipeadh (scaip 19 n-údarás áitiúla os cionn 500,000 bileog) agus feachtais áitiúla ar an raidió agus nuachtáin (18 n-údarás áitiúla). I measc na ngníomhaíochtaí leathana eile bhí feachtais ar na meáin shóisialta (9) agus seastáin ag imeachtaí agus suíomhanna poiblí (14). Bhí 11 údarás áitiúla ag plé go díreach le meánscoileanna, go háirithe i dtaobh réamhchlárú, agus bhuail deich n-údarás áitiúla le grúpaí pobail nó d'fhreastail siad ar imeachtaí pobail, agus ghlac cúig cinn páirt i ngníomhaíochtaí chun mic léinn tríú

leibhéal a chlárú. Bhí trí údarás áitiúla ag plé go díreach le tithe altranais, a mbíonn a gcónaitheoirí i dteideal vótáil speisialta.

Bhí an spriocphobal le haghaidh na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta sin leathan, go ginearálta, agus níor díríodh na feachtais ar ghrúpaí ná déimeagrafaic faoi leith. Anuas air sin, mar gheall ar na hathruithe suntasacha a tugadh isteach le deireanaí ar an gcóras clárúcháin, theastaigh feachtais eolais, do na himeachtaí toghcháin a bhí ar bun in 2024 go háirithe.

Ba ghné eile an leibhéal acmhainní a sannadh ar fhoirne toghchórais laistigh de na húdaráis áitiúla. Mar a pléadh roimhe seo, ní raibh aon fhoireann lánaimseartha thiomanta ag roinnt de na húdaráis áitiúla, rud a rachadh i bhfeidhm cinnte ar a gcumas taighde a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus iad a phleanáil, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm chun cruinneas agus iomláine a gclár a fheabhsú.

Bhí sé deacair tuiscint shoiléir a fháil ar thionchar na ngníomhaíochtaí a rinneadh ar líon na gclárúchán nua agus athruithe ar an gclár. Cé gur thuairiscigh beagnach gach údarás áitiúil méaduithe ar chlárúcháin agus athruithe ar an gclár de thoradh na bhfeachtas sin, ní raibh ach sonraí measta ar an tionchar ar fáil go minic. Tuigtear don Choimisiún go raibh dhá chúis leis sin:

- Ní raibh údaráis áitiúla in ann idirdhealú a dhéanamh idir tionchar na bhfeachtas clárúcháin a rith RTRÁO agus an Coimisiún go náisiúnta agus tionchar na dtionscnamh áitiúil.

- Ní dhearnadh sonraí an chláir a chomhthiomsú ná a thomhas tráth ar tharla an ghníomhaíocht ná díreach ina diaidh.

Ach, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, is cosúil nuair a dhéantar iarracht dul ag plé leis an bpobal chun cruinneas agus iomláine a fheabhsú, go mbíonn freagra maith air i dtéarmaí clárúchán agus nuashonruithe. Tagann an leibhéal spéise sin i measc an phobail le taithí an Choimisiúin i rith a fheachtas clárúcháin roimh gach imeacht toghcháin in 2024. Is údar mór spreagtha é sin.

## Iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a bhaint

Tá iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a bhaint riachtanach le haghaidh bhainistíocht éifeachtach chláir na dtoghthóirí agus méadaíonn sé a gcruinneas. Cinntíonn sé sin nach féidir le toghthóir ach vótáil uair amháin in imeacht toghcháin, agus bíonn an measúnú ar líon na dtoghthóirí a chaith vóta níos cruinne.

Is ceist chasta í baint chruinn iontrálacha de chláir na dtoghthóirí agus ceist a chruthaigh go leor cur agus cúiteamh. Ó ritheadh *an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, tá sé de fhreagracht ar gach toghthóir ar leith a chinntiú go gcuireann siad a n-údarás áitiúil ar an eolas faoi aon athruithe ar a gcúinsí atá ábhartha don chlár, ar nós má bhog siad ó cheantar údaráis áitiúil amháin go ceann eile, nó má d'athraigh a saoránacht. Is léir nár tharla sé sin ar chúiseanna éagsúla, agus tá roinnt toghthóirí cláraithe i gceantair údaráis áitiúil dhifriúla inar chónaigh siad cheana. Is cohórt ábhartha eile, a d'fhéadfadh a bheith suntasach, iad toghthóirí a d'fhág an stát nó a fuair bás.

Mar atá thuasluaite, tá líon anaithnid d'iontrálacha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó ar chláir na dtoghthóirí ar fad. D'fhéadfadh nach bhfuil a fhios ag daoine go bhfuil siad fós ar chlár na dtoghthóirí i gceantar údaráis áitiúil eile agus go gcaithfidh siad gníomhú chun go mbainfear den chlár sin iad. Níor ritheadh aon fheachtas faisnéise chun daoine a chur ar an eolas faoi sin. Beidh sé níos éasca iontrálacha dúblacha a bhainistiú le


bunachar sonraí cláir toghthóirí náisiúnta amháin. Éascóidh sé aistriú uathoibríoch toghthóirí, nó aistriú réasúnta éasca ar a laghad.

Is ceist eile é toghthóirí a fhaigheann bás a bhaint den chóras. Baineann údaráis áitiúla, ar leibhéil éagsúla, leas as an liosta oifigiúil seachtainiúil Death Events a fhoilsíonn an Phríomh-Oifig Chlárúcháin, fógraí báis a fhoilsítear nó rip.ie chun toghthóirí a fuair bás a shainaithint.

Dá bhrí sin, tá baint ghníomhach iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó de chlár toghthóirí ina chuid riachtanach agus thábhachtach den bhainistíocht, ach ceann a mbíonn mórán oibre i gceist leis agus a bhíonn mall. Tuairiscíonn na húdaráis áitiúla go mbíonn siad an-chúramach agus cáiréiseach faoi iontráil a bhaint de chlár, agus nach mbaintear toghthóir go dtí go bhfuil siad tar éis a chinntiú dóibh féin go bhfuil an bhaint bailí. Is diúltú tromchúiseach don cheart vótála é duine a bhaint de chlár de bharr earráide nó gan údar. Faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, d'fhéadfadh údaráis áitiúla trí iarracht thuairiscithe a dhéanamh ar dhul i dteagmháil le toghthóir sula mbaintear den chlár iad. Ní fhéadfar toghthóir a bhaint den chlár seachas má tá cruinnmheaitseáil sonraí indeimhnithe lena bhfuil ar an gclár, ainm agus dáta breithe mar shampla. I gcásanna áirithe, féadfar a iarraidh ar dhuine muinteartha dobrónach deimhniú báis a chur ar fáil chun an toghthóir a bhaint.

Cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi líon beag cásanna inar baineadh daoine den chlár de bharr earráide. Tá sé sin thar a bheith mí-ámharach agus coscrach do na daoine sin, ach ní cosúil gur fadhb fhorleathan é.

I ndiaidh comparáid ghairid ar na toghthóirí le haghaidh na gclár i reifrinn, toghcháin áitiúla agus toghcháin Dála 2024 agus imeachtaí toghcháin dá leithéid in 2019 agus 2020, is cosúil go léirítear gníomhaíocht shuntasach i measc údaráis áitiúla ar fud na tíre chun iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a ghlanadh de na cláir. Léiríonn na figiúirí a chuir údaráis áitiúla ar fáil go meastar go ndearnadh os cionn 43,000 scrios ar na cláir in 2023 amháin. Tugtar breac-chuntas ar chuid den obair a rinneadh chun líon na n-iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a laghdú sna measúnuithe ar gach údarás áitiúil ar leith i gCuid a Trí.




**Cairt 1: Treochtaí comhcheangailte chlár na dtoghthóirí le haghaidh gach cineál imeachta toghcháin 2019-2024.**

Dearbhaíonn figiúirí a chuir na húdaráis áitiúla ar fáil gur leanadh leis an scriosadh iontrálacha in 2024, ach ba mhó i bhfad líon na gclárúchán, a dúradh a bhí ar scála nach bhfacthas riamh cheana. Tuairiscítear go ndearnadh os cionn 145,000 scrios ar na cláir i rith 2024. D'ainneoin an leibhéil iontrálacha a baineadh, is léir go bhfuil líon mór iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó fós ar na cláir.

Is cosúil go léiríonn comparáid ghairid idir chláir na dtoghthóirí le haghaidh toghcháin áitiúla, olltoghchán agus reifreann idir 2019/2020 agus 2024 i gCairt 1 go ndearna na húdaráis áitiúla roinnt obair shuntasach chun iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a bhaint den chlár.

## Cruthú clárúchán dúblach gan ghá ar *voter.ie* agus *checktheregister.ie*

Leanfaidh 27 údarás áitiúil ag úsáid *checktheregister.ie* go dtí tar éis an toghcháin uachtaráin atá le reáchtáil i nDeireadh Fómhair 2025. Tharraing beagnach gach ceann den 27 údarás áitiúil atá ar chóras *checktheregister.ie* faoi láthair raon leathan fadhbanna anuas ina dtuairisceáin a bhaineann le feidhmiúlacht na tairsí seo a chruthaigh ualaí breise riaracháin dóibh. Cé go n-aithnítear an gá le caiteachas ar shuíomh gréasáin a scorfar dá úsáid a chothromú, molann an Coimisiún go ndéanfadh LGMA an tairseach seo a athbhreithniú agus a athrú de réir mar is cuí, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, in am don bhuaicthréimhse clárúcháin roimh an toghchán uachtaráin.

Tá dhá ábhar imní ar leith a thuairiscigh beagnach gach údarás áitiúil le haghaidh *checktheregister.ie* agus *voter.ie* araon as a n-eascraíonn go leor iarratais dhúblacha gan ghá is cosúil:

- Ní ghineann ceachtar tairseach cásuimhir ná ríomhphost admhála don iarratasóir. Bíonn tréimhse ansin idir an t-iarratas agus an clárúchán nó faisnéis a thabhairt cothrom le dáta ar an gclár nuair a chomhlíontar nósanna imeachta chun sonraí an iarratasóra a dhearbhú. I rith na tréimhse sin, má chuardaíonn an t-iarratasóir a n-ainm, ní aimseoidh siad a n-ainm ar *checktheregister.ie* ná *voter.ie*. Déanann go leor díobh clárú arís ansin, toisc go gcreideann siad nach bhfuarthas a gcéad iarratas.
- Tuairiscíodh go mbíonn go leor daoine a dhéanann iarracht a gclárúchán a sheiceáil ar an dá chóras nach mbíonn in ann iad féin a aimsiú uaireanta de bharr litriú mícheart nó difriúil, úsáid uaschamóg, Éirchóid mhíchearta nó deacrachtaí eile. Dá bharr sin, creideann siad nach bhfuil siad ar an gclár agus cláraíonn siad arís.

Cruthaíonn na fadhbanna sin iontrálacha dúblacha agus cuireann siad an-mhearbhall ar an toghthóir, cruthaíonn siad ualaí suntasacha riaracháin do na húdaráis áitiúla, i rith buaicphointí gníomhaíochta go minic, agus is léir go gcuireann siad isteach ar chruinneas na gclár.

Ní rabhamar in ann an cheist seo a thomhas. Ach is cosúil go bhfuil sí suntasach. Mheas DCC go raibh thart ar 13% de na hiarratais ar fad roimh cheann de na himeachtaí toghcháin ag baint leis na hiarratais dhúblacha/a cuireadh isteach níos mó ná uair amháin sin. Thuairiscigh roinnt údaráis áitiúla gur cuireadh baint na n-iontrálacha dúblacha siar go dtí tar éis an toghcháin mar gheall ar shrianta ama agus an gá ollmhór a bhí lena chinntiú go raibh siadsan a bhí i dteideal vótáil ar an gclár. I gcás amháin, bhí 1,300 clárúchán breise i gceist leis sin.

Caithfidh LGMA agus DCC aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin roimh an toghchán uachtaráin, más féidir.

## Oibrithe allamuigh

Thuairiscigh na húdaráis áitiúla ar fad gur fostaíodh oibrithe allamuigh roimhe seo chun tabhairt faoi obair ar ullmhúchán agus bainistíocht chláir na dtoghthóirí. Théadh na hoibrithe allamuigh sin chuig teaghlaigh chun sonraí chlár na dtoghthóirí a sheiceáil, a dheimhniú agus a thabhairt cothrom le dáta. Bhainidís leas as eolas áitiúil chun tacú le cruinneas an chláir, agus iomláine a fheabhsú freisin. Léiríonn faisnéis a thug na húdaráis áitiúla nár fhostaigh ach cúig cinn den 31 oibrithe allamuigh le deireanaí i gcáil ar bith. Ba iad sin Ros Comáin, Tiobraid Árann, Lú, Muineachán agus an Cabhán, agus thuairiscigh siad ar fad go raibh tionchar maith ag a gcuid oibre. Thug an 26 údarás áitiúil eile cúiseanna difriúla lena gcinneadh gan oibrithe allamuigh a úsáid níos mó. Ina measc sin bhí costas/luach ar airgead, an t-aistriú ó fhoirmeacha clárúcháin teaghlaigh ar pháipéar go dtí próiseas clárúcháin an duine aonair ar líne, ceisteanna cosanta sonraí agus éifeachtacht beart eile chun tacú le clárúchán, ar nós na meán sóisialta.

Tuairiscíonn na cúig údarás áitiúla a lean orthu ag fostú oibrithe allamuigh gur chruthaigh siad luach i dtéarmaí sonraí a bhailiú, feasacht a ardú agus clárúcháin agus leasuithe ar an gclár a mhéadú. Mar shampla, thuairiscigh Ros Comáin gur mhéadaigh úsáid na n-oibrithe allamuigh an cion Éirchód a taifeadadh ar an gclár ó 53.0% go 86.0%. Ach is cosúil go bhfuil oibrithe allamuigh ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí lasmuigh den obair thraidisiúnta a bhain le dul ó dhoras go doras, agus ag feidhmiú mar chúnamh breise don fhoireann toghchórais. Chuir Tiobraid Árann in iúl gur chabhraigh na hoibrithe allamuigh (ar Bailitheoirí Ioncaim iad freisin) leis an bhfoireann toghchórais i rith 2024 le glanadh sonraí, ina measc toghthóirí a fuair bás a bhaint den chlár agus sonraí Éirchóid, UPSP agus dátaí breithe a thabhairt cothrom le dáta. Bhain Muineachán úsáid as oibrithe allamuigh le haghaidh gníomhaíochtaí ardaithe feasachta ar nós ceardlanna scoile. Dúshlán sonrach amháin a sainaithníodh le húsáid na n-oibrithe allamuigh chun tacú le cruinneas agus iomláine na gclár ab ea rochtain ar árasáin, nó forbairtí ilaonad. Léiríonn sonraí ó Dhaonáireamh 2022 go raibh thart ar 240,000 árasán ar fud na tíre ag an am sin. Is ceist é seo a gcaithfear aghaidh a thabhairt air agus baineann ceann de na moltaí sa tuarascáil seo leis.

## Oiliúint agus tacaíocht

Cuirtear oiliúint agus tacaíochtaí ar fáil d'fhoirne toghchórais, go háirithe roimh imeachtaí toghcháin. Cuireann RTRÁO seisiúin eolais ar fáil faoi athruithe reachtacha agus beartais a bhaineann le clár na dtoghthóirí. Cuireann LGMA seisiúin oiliúna ar fáil d'fhoirne toghchórais taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath ar bhainistíocht oibríochta *checktheregister.ie* agus iReg. Cuireann an Líonra Athraithe Toghchánaíochta deis ar fáil do stiúrthóirí seirbhíse agus foirne toghchórais sna húdaráis áitiúla chun taithí ar imeachtaí toghcháin a bhainistiú a roinnt agus an scéal is deireanaí a fháil faoi LGERS.

I bhfianaise a mhéid athruithe a tharla do phróisis agus bainistíocht clárúcháin ó ritheadh *an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, agus imeachtaí toghcháin 2024, díríodh ar an obair phraiticiúil agus theicniúil a bhí le déanamh ag foirne toghchórais i rith 2023 agus 2024. Beidh sé tábhachtach idir imeachtaí toghcháin, agus i ndiaidh an bunachar sonraí náisiúnta comhroinnte a chur i bhfeidhm, go leanfar leis na deiseanna líonraithe agus roinnte saineolais.

## Rochtain ar na cláir

Is é an t-aon fhaisnéis a thaispeántar ar *voter.ie* nó *checktheregister.ie* ná an chéad ainm agus sloinne, seoladh, agus Éirchód má tá fáil air, a stáisiún vótála sannta,

saoránacht, na cineálacha imeachtaí toghcháin inar féidir leo vóta a chaitheamh agus a n-uimhir ar an gclár (ar a dtugtar an uimhir thoghthóra) agus an teanga a roghnaíodh don chumarsáid (Gaeilge nó Béarla). Ní thaispeánfar sonraí pearsanta duine, ar nós UPSP agus dáta breithe, ar an gclár foilsithe riamh, bíodh an chóip chrua nó ar líne i gceist.

Leagtar síos sna hAchtanna Toghcháin na forálacha i dtaobh rochtain ar chlár toghthóirí agus a úsáid. Fúthu sin, ní fhéadfar cláir na dtoghthóirí a úsáid ach chun críocha toghcháin nó reachtúla eile, ar nós na Seirbhíse Cúirteanna chun painéil ghiúiré a chruthú. Ba cheart prótacail a bhunú i ngach údarás áitiúil, mura bhfuil siad i bhfeidhm cheana féin, chun a chinntiú go gcomhlíontar na forálacha reachtacha.

## Conclúid

Is iad bainistíocht agus cothabháil chláir na dtoghthóirí na gníomhaíochtaí laethúla a dhéanann foirne toghchórais na n-údarás áitiúil. Is léir go bhfuil an-difríocht i bhfeidhmíocht an 31 údarás áitiúil a bhraitheann go mór ar an leibhéal acmhainní agus sa tús áite a thugtar don fheidhm toghchórais.

Thug *an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* athruithe suntasacha ar an bpróiseas clárúcháin toghthóirí isteach, rud a d'athraigh agus a leathnaigh ról na n-údarás áitiúil i dtaobh bhainistíocht agus chothabháil chláir na dtoghthóirí. Ach ní cosúil go léirítear an t-athchóiriú ar an bpróiseas in athruithe ar sholáthar acmhainní. Caithfear athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar acmhainní na n-údarás áitiúil agus iad a fheabhsú chun go mbeidh dóthain foirne i ngach údarás áitiúil chun a gcláir toghthóirí a bhainistiú ar an gcaighdeán a theastaíonn.

Thug na húdaráis áitiúla, ar leibhéil dhifriúla, faoi ghníomhaíochtaí chun cruinneas agus iomláine a gcláir toghthóirí a fheabhsú. Ach caithfidh na húdaráis áitiúla pleananna ilbhliantúla a fhorbairt.

Tá iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a bhaint ina chuid thábhachtach de chothabháil chláir na dtoghthóirí. Thug na húdaráis áitiúla, ar leibhéil dhifriúla, faoi iontrálacha oidhreachta nach bhfuil feidhm leo níos mó agus dúblacha a scriosadh.



# 5. Cruinneas Chláir na dToghthóirí

Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* don Choimisiún tuairisciú ar chruinneas chláir na dtoghthóirí. Is dúshlán suntasach é aghaidh a thabhairt ar chruinneas na gclár, mar a bhfuil níos mó ná 3.8m iontráil ar 31 clár toghthóirí ar leith agus nach ndearnadh aon iniúchtaí cruinnis orthu.

Chun críche na tuarascála seo, is ionann clár toghthóirí cruinn agus ceann nach bhfuil aon iontrálacha bréagacha, dúblacha ná míchearta air, a bhfuil na sonraí ar fad d'iontráil cruinn agus nach bhfuil aon duine cláraithe níos mó ná uair amháin ar an gclár ná ar chlár toghthóirí Éireannach eile a bhainistíonn údarás áitiúil. Is údar mór imní é cruinneas chláir na dtoghthóirí. Ní chreideann an Coimisiún go bhfuil cruinneas aon cheann de na cláir ar leibhéal sách maith. Cé go gcreidtear go bhfuil roinnt díobh níos fearr ná a chéile, teastaíonn tuilleadh faisnéise agus sonraí chun measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar gach ceann. Déanann an Coimisiún moltaí cuimsitheacha chun tuiscint níos fearr a chothú ar an bhfadhb i ngach údarás áitiúil ar leith agus chun plean a chur i bhfeidhm trína bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an gceist roimh an gcéad timthriall toghcháin eile. Déanann an Coimisiún moltaí do gach údarás áitiúil ar leith freisin sna measúnuithe i gCuid a Trí.

Tá cruinneas chláir na dtoghthóirí ina chuid bhunúsach den chóras toghcháin. Tá an cruinneas sin ag brath ar ghníomhartha na n-údarás áitiúil chun a gcláir a chothabháil agus a bhainistiú i gceart, agus ag brath chomh mór céanna ar dhaoine aonair a chinntiú go bhfuil na sonraí a bhaineann lena n-iontráil ar an gclár ceart. Aithnítear nach féidir clár atá 100.0% cruinn a bhaint amach i gcóras clárúcháin ghníomhaigh. Ach ba cheart go mbeadh cruinneas ina phríomhchuspóir de bhainistíocht an chláir.

Is féidir cruinneas a roinnt ina dhá réimse.

**Taifid dhúblacha agus taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó**

Is féidir cruinneas a mheasúnú trí líon na n-iontrálacha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó atá ar an gclár a chinneadh. Eascraíonn na hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó as toghthóirí atá cláraithe níos mó ná uair amháin sa cheantar údaráis áitiúil céanna agus/nó i gceantair údaráis áitiúil dhifriúla, daoine a bhog ó cheantar údaráis áitiúil agus toghthóirí a fuair bás.

Níl an Coimisiún in ann tuairisciú go críochnúil ar an gcruinneas faoi láthair toisc nach bhfuil aon sonraí ar fáil a thomhaiseann na hiontrálacha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó. Glactar leis go forleathan go bhfuil líon anaithnid, ach a d'fhéadfadh a bheith suntasach, d'iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó ar chláir na dtoghthóirí. Creidtear gur ceisteanna oidhreachta iad formhór na gceisteanna sin a bhaineann le bainistíocht na gclár roimh na hathchóirithe le deireanaí. Ach ní hamháin go leanfaidh an fhadhb ar aghaidh, d'fhéadfadh sí méadú fiú, go dtí go mbunaítear bunachar sonraí náisiúnta faoi LGERS. Is amhlaidh freisin nach réiteoidh bunú LGERS an cheist oidhreachta seo.

Creideann an Coimisiún go dtugann na príomhshonraí a thug na húdaráis áitiúla, leibhéil iontrálacha UPSPanna, dátaí breithe agus Éirchód go sonrach, dóthain faisnéise chun measúnuithe áirithe a dhéanamh ar chruinneas coibhneasta chláir na dtoghthóirí. Tacaítear go ginearálta leis sin leis an bhfaisnéis a thug na húdaráis áitiúla faoi na hacmhainní a tugadh d'fheidhmeanna toghchórais agus na gníomhaíochtaí a rinne siad.

Dá bhrí sin, dírítear sa tuarascáil seo ar an bhféidearthacht a bhaineann le hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas coibhneasta chlár toghthóirí gach údaráis áitiúil. Déantar plé air sin go mion thíos. Ach ní féidir tuiscint iomlán a fháil ar an leibhéal cruinnis i dtaobh iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó go dtí go dtugtar faoi na hiniúchtaí a mholtar sa tuarascáil seo.

**Cruinnis na dtaifead aonair**

Ba cheart go mbeadh an t-ainm, seoladh, saoránacht, Éirchód, dáta breithe, srl., ceart le gach taifead ar chlár toghthóirí. Ach gan iniúchadh ar aon cheann acu, ní féidir leis an gCoimisiún aon chonclúid a mholadh faoi chruinneas taifid na n-iontrálacha ar aon cheann de na cláir. Dar le DCC, tá na húdaráis áitiúla ag tabhairt faoi obair ghlantacháin ar shonraí sula n-ascnaíonn an t-údarás áitiúil sonraí a chláir toghthóirí go dtí LGERS. Ba cheart go dtabharfadh sé sin aghaidh ar go leor ceisteanna. Ach ní féidir tuiscint a fháil ar an leibhéal cruinnis go dtí go dtugtar faoi na hiniúchtaí a mholtar sa tuarascáil seo.

## Cén fáth a bhfuil an cruinneas tábhachtach?

Tá cruinneas cláir toghthóirí tábhachtach ar chúiseanna difriúla. Ba cheart do chlár cruinn:

- Ceart daonlathach duine a chosaint trína chinntiú go bhfuil daoine atá i dteideal vóta a chaitheamh cláraithe i gceart.
- Sláine gach imeachta toghcháin a chosaint trína chinntiú nach bhfuil daoine nach bhfuil i dteideal vóta a chaitheamh san imeacht sin ar na cláir ábhartha.
- Sláine na gclár a chosaint trína chinntiú nach gcláraítear duine le vótáil ach uair amháin, agus nach bhfuil siad ach ar chlár toghthóirí amháin.
- A fhágáil gur féidir an líon toghthóirí a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin a chinneadh.
- A fhágáil gur féidir an líon daonra incháilithe fhéideartha nach bhfuil ar chlár na dtoghthóirí a chinneadh.

**1. Cearta daonlathacha a chosaint**

Tugann cumarsáid leis an gCoimisiún agus tuairiscí sna meáin i rith imeachtaí toghcháin 2024 le fios go bhfuil líon anaithnid iontrálacha míchearta ar na cláir, agus go ndéantar scrios uaireanta, de bharr earráid dhaonna. Is údar imní é sin agus ceann ar cheart aghaidh a thabhairt air trí sholáthar dóthain acmhainní, iniúchtaí cruinnis agus glantachán sonraí mar chuid den ullmhúchán don ascnamh go dtí LGERS agus ina dhiaidh. Ba cheart daoine a chur ar an eolas freisin gurb iadsan atá freagrach as a chinntiú go bhfuil a sonraí ar an gclár ceart.

**2. Sláine imeachta toghcháin a chosaint**

Is léir go bhfuil líon anaithnid daoine cláraithe níos mó ná uair amháin ar chlár toghthóirí amháin nó níos mó. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh duine vóta a chaitheamh níos mó ná uair amháin in imeacht toghcháin, cé go mbeadh sé in aghaidh an dlí, sa toghlach céanna nó i dtoghlaigh dhifriúla.

Ba cheart a thabhairt ar aird nár chuir aon údarás áitiúil ná ceann comhairimh an Coimisiún ar an eolas faoi fhadhbanna a bhain le sláine aon imeachta toghcháin mar gheall ar dhaoine atá cláraithe le vótáil níos mó ná uair amháin nó a bhfuil vóta acu nach bhfuil siad ina theideal. Ach tá sé riachtanach go méadófaí an cruinneas trí aghaidh a thabhairt ar cheist na n-iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó agus le próisis níos

láidre. Is é sin an príomhúdar imní sa rannóg seo den tuarascáil agus an chúis leis na moltaí is tábhachtaí.

**3. An líon toghthóirí a vótáil a chinneadh**

Tairbhe amháin a bhaineann le clár toghthóirí cruinn is ea gur féidir é a úsáid chun an líon vótálaithe a chaith vóta in imeacht toghcháin a thomhas. Is tomhas caighdeánach a aithnítear go hidirnáisiúnta é chun a chinneadh cén céatadán de na toghthóirí a chaith vóta. Cabhraíonn figiúirí cruinne faoin líon toghthóirí a chaith vóta le heolas a thabhairt dúinn faoi shláinte daonlathais agus a mhéid rannpháirteachais agus rannpháirtíochta a bhíonn ag daoine leis an bpróiseas daonlathach. Gan cláir toghthóirí chruinne, ní féidir meastachán fiú a dhéanamh ar an bhfíorlíon toghthóirí a vótáil inár n-imeachtaí toghcháin. Is fadhb shuntasach é sin a bhaineann lenár n-imeachtaí toghcháin faoi láthair.

**4. Iomláine a thomhas**

Is é iomláine cláir an tomhas ar a mhéid daoine atá incháilithe le bheith ar chlár toghthóirí atá ar an gclár toghthóirí. Trí iomláine na gclár a chinneadh, beifear in ann meastachán a dhéanamh ar an méid daoine nach raibh ag plé leis an gcóras toghcháin go dtí seo. Cabhróidh tuiscint ar an leibhéal iomláine le cláir a fhorbairt chun na codanna sin den daonra a spreagadh le clárú le vótáil le nach mbeidh siad faoi ghannionadaíocht ar na cláir.

## Ceisteanna oidhreachta i dtaobh cruinnis

Ba cheart go gcabhrófaí go mór le cruinneas na gclár a fheabhsú amach anseo mar gheall ar na hathchóirithe a cuireadh i bhfeidhm de bharr an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, ina measc clárúchán ar líne a éilíonn go dtabharfadh duine UPSP, dáta breithe agus Éirchód dá gcuid agus cruthú bhunachar sonraí cláir toghthóirí náisiúnta LGERS in 2026. Ach tá ceist shuntasach stairiúil fós ann agus creideann an Coimisiún go gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi chun cruinneas a mhéadú.

Tá na húdair imní fhadbhunaithe sin, a luaigh ionadaithe tofa, na meáin, an lucht acadúil agus daoine eile leis na scórtha blianta anuas, bainteach go háirithe le daoine atá cláraithe níos mó ná uair amháin sna ceantair clárúcháin chéanna, nó dhifriúla, agus daoine a bhog, a chuaigh ar imirce nó a fuair bás ach atá ar chlár go fóill.

Is tuarascáil idirnáisiúnta é *The Electoral Integrity Global Report: 2019-2021*[9], a foilsíodh in 2022, agus ina dtugtar léargas ar staid na sláine toghcháin i dtíortha ar fud na cruinne. Ag úsáid olltoghchán 2020 mar an bunús chun measúnú a dhéanamh ar shláine chóras toghcháin na hÉireann, sonraíodh gur bhain an scór is ísle a bhí ag Éirinn as na catagóirí ar fad – dlíthe, nósanna imeachta, na meáin, maoiniú, vótáil, comhaireamh, torthaí agus boird bainistíochta toghcháin ina measc – le cláir na dtoghthóirí agus go raibh an scór i bhfad níos ísle ná na catagóirí eile. Bhí scóir fhoriomlána na hÉireann idir 50 agus 92 as 100, seachas i gcás chláir na dtoghthóirí. Fuair cláir na dtoghthóirí scór 30 as 100, díreach os cionn scór Háítí (29) agus díreach faoi bhun Bhairéin (31).[10]

Creideann an Coimisiún go bhfuil feabhas ar an staid sin, go háirithe ó tosaíodh ag cur forálacha an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022* i bhfeidhm agus de

9 https://www.electoralintegrityproject.com/globalreport2019-2021

10 Holly Ann Garnett, Toby S. James agus Madison MacGregor. 2022. Year in Elections Global Report: 2019-2021. The Electoral Integrity Project, lgh 18–20.

bharr obair go leor de na húdaráis áitiúla. D’ainneoin na gníomhaíochta sin, tá go leor oibre le déanamh fós sula mbeidh cláir na dtoghthóirí ar an leibhéal/caighdeán cruinnis ba cheart a bheith ag súil leis. Tá níos mó oibre le déanamh ag roinnt údaráis áitiúla ná a chéile. Is amhlaidh atá, den chuid is mó, mar gheall go ndearna roinnt de na húdaráis áitiúla níos mó oibre ar bhainistíocht a gclár go dtí seo.

## Fianaise ar iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó ar chlár na dtoghthóirí

Is léir don Choimisiún go bhfuil líon mór d’iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó ar chláir na dtoghthóirí. Tagann an tuairim sin ón bhfaisnéis a thug údaráis áitiúla a rinne iarracht aghaidh a thabhairt ar iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó, tuairiscí sna meáin agus cumarsáid starógach agus dhíreach ón bpobal a thuairiscigh cártaí vótaíochta ag teacht go seoltaí do dhaoine a bhog nó a fuair bás.

Baineann an fhianaise is soiléire ar mhíchruinnis ar chlár toghthóirí le cláir ina bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná líon na ndaoine sa daonra incháilithe féideartha. Úsáideadh clár na dtoghán áitiúil – ag a bhfuil an incháilitheacht is leithne – don bhunús sin agus léiríodh gur cosúil go bhfuil níos mó daoine ar chlár na dtoghchán áitiúil ná daoine atá os cionn 18 mbliana d’aois i gceantar údaráis áitiúil. Is cosúil go dtugann sé sin le fios go soiléir go bhfuil líon mór d’iontrálacha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó ar na cláir sin. Ach gan iniúchtaí a dhéanamh ar gach clár, ní féidir tuairisciú go díreach ar chruinneas na gclár.

Chun críche na tuarascála seo, mheasúnaigh an Coimisiún a mhéid a bhailigh na húdaráis áitiúla aitheantóirí uathúla do na hiontrálacha ar a gcláir chun iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó féideartha a shainaithint. Measann an Coimisiún gur ‘táscairí cruinnis’ úsáideacha iad sin is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas cláir toghthóirí. Pléitear é sin go mion i Rannóg a Sé agus sna measúnuithe ar gach údarás áitiúil ar leith i gCuid a Trí.

## Conclúid

Tá tábhacht bhunúsach dár ndaonlathas le cruinneas chláir na dtoghthóirí. Cosnaíonn cláir chruinne cearta daonlathacha, sláine toghchán, fágann siad gur féidir an líon toghthóirí a chaith vóta a chinneadh d’imeachtaí toghcháin agus gur féidir iomláine na gclár a thomhas.

Glactar leis go forleathan go bhfuil líon anaithnid, ach a d’fhéadfadh a bheith suntasach, d’iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó ar chláir na dtoghthóirí. Is ceist shuntasach oidhreachta é ceist na n-iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó. Níl an Coimisiún in ann tuairisciú go críochnúil ar an gcruinneas faoi láthair toisc nach bhfuil aon sonraí ar fáil a thomhaiseann na hiontrálacha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó.

Go dtí go ndéantar iniúchtaí ar gach clár toghthóirí, mar a mholtar sa tuarascáil seo, measann an Coimisiún gur féidir ‘táscairí cruinnis’ a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na cláir a bhainistíonn gach údarás áitiúil.

# 6. Cruinneas na gClár a Mheasúnú le 'Táscairí Cruinnis'

Mar a phléitear sa rannóg roimhe seo, níl aon bhealach críochnúil faoi láthair chun cruinneas chláir na dtoghthóirí a thomhas. Ach creideann an Coimisiún gur féidir úsáid a bhaint as roinnt tacair sonraí a thug na húdaráis áitiúla mar *tháscairí* úsáideacha ar chruinneas chláir na dtoghthóirí go dtí go ndéantar iniúchtaí cruinnis. Is tacair sonraí iad na táscairí sin a úsáideann údaráis áitiúla chun aitheantas duine a shainaithint agus/nó chun cabhrú le hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint. Dá bhrí sin, creideann an Coimisiún gur dóigh go bhfuil clár ar a bhfuil céatadán ard de na táscairí sin bainteach le toghthóirí níos cruinne ná clár ag a bhfuil céatadáin i bhfad níos ísle.

Is iad na táscairí cruinnis a mheas an Coimisiún:

- Céatadán na n-iontrálacha ar chlár lena ngabhann UPSP.
- Céatadán na n-iontrálacha ar chlár lena ngabhann dáta breithe.
- Céatadán na n-iontrálacha ar chlár lena ngabhann Éirchód.
- Céatadán na n-iontrálacha ar chlár lena ngabhann dáta breithe i dteannta Éirchóid.

Creideann an Coimisiún gur féidir breathnú ar na figiúirí a thug na húdaráis áitiúla faoi gach ceannteideal thuas mar tháscairí cruinnis bailí. Ach ní mheastar gur leor iad in áit iniúchtaí cearta ar chláir na dtoghthóirí mar a mholtar sa tuarascáil seo. Ná ní féidir glacadh go hiomlán leis na figiúirí a thug na húdaráis áitiúla faoi na ceannteidil seo toisc go mbeidh líon iontrálacha míchearta nach féidir a chinneadh faoi láthair ina dtuairisceáin.

## UPSPanna mar tháscaire cruinnis


B'fhorbairt thábhachtach tabhairt isteach an phróisis deimhnithe UPSP ar líne de bharr an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Foráiltear do chlárú duine aonair ar líne agus deimhniú leis. Amach anseo, beidh úsáid UPSPanna ar an bpríomhtháscaire cruinnis. Ach tá líon na n-iontrálacha lena ngabhann UPSP a thuairiscítear sách íseal faoi láthair. Níor tuairiscíodh go raibh UPSP ach le 22.0% de na clárúcháin ar fad go náisiúnta. Dá bhrí sin, tá a úsáideacht chun cruinneas a mheasúnú an-teoranta faoi láthair. Anuas air sin:

- Nuair a sholáthraíonn toghthóir UPSP, ní féidir cros-seiceáil a dhéanamh ach ar iontrálacha eile a thug UPSP cheana féin dá sonraí ar chlár na dtoghthóirí.
- Níor thug aon toghthóir a cláraíodh roimh Dheireadh Fómhair 2022 agus nár thug a sonraí chothrom le dáta ó Deireadh Fómhair 2022 a UPSP. Cé gur féidir na daoine sin a spreagadh lena UPSP a thabhairt, ní gá dóibh é a dhéanamh agus ní bhíonn aon drochthionchar air seachas nach mbeidh an toghthóir in ann na tairseacha ar líne a úsáid.
- Is cosúil go mbíonn níos mó drogaill ar na húdaráis áitiúla UPSPanna a iarraidh ar thoghthóirí, i gcomparáid, mar shampla, le dátaí breithe.
- Ní gá UPSP a thabhairt agus féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar chlárú nó ar a sonraí a athrú ar chóras ar pháipéar gan UPSP a thabhairt.

Ag tosú le bonnlíne 0.0% i nDeireadh Fómhair 2022, ba é 22.0% meán na

gcéatadán UPSPanna ar chláir na dtoghthóirí go náisiúnta i Nollaig 2024 (féach Cairt 2). Ba iad na húdaráis áitiúla a thuairiscigh an céatadán UPSPanna is airde ná Cathair na Gaillimhe agus Liatroim, ag 30.0% agus 34.7% faoi seach. Thuairiscigh Ros Comáin an céatadán is ísle ag 17.6%. Is éacht é an méadú náisiúnta ar bhailiú UPSPanna ó 2022. Ach spreagadh é sin den chuid is mó ag clárúcháin nua nó toghthóirí a chuaigh ar líne agus a thug a sonraí cothrom le dáta, roimh imeachtaí toghcháin 2024. Níl ach imeacht toghcháin amháin beartaithe idir seo agus 2029, mar sin is dóigh go dtiocfaidh moill shuntasach ar ráta méadaithe na UPSPanna mura ndéantar iarracht mhór eile ina leith.

Go dtí go bhfuil UPSPanna bainteach le i bhfad níos mó iontrálacha, caithfear cruinneas a mheasúnú le sonraí eile a tugadh.




**Cairt 2: UPSPanna mar chéatadán na dtoghthóirí go náisiúnta idir Samhain 2023 agus Nollaig 2024.**

| | Údarás áitiúil | UPSPanna toghthóirí a thaifead údaráis áitiúla Nol-24 |
|---|---|---|
| 1 | Liatroim | 34.7% |
| 2 | Cathair na Gaillimhe | 30.0% |
| 3 | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 27.5% |
| 4 | Cill Dara | 26.2% |
| 5 | Fine Gall | 26.0% |
| 6 | Cathair Bhaile Átha Cliath | 25.0% |
| 7 | Cill Mhantáin | 24.2% |
| 8 | Cathair Chorcaí | 24.0% |
| 9 | An Longfort | 24.0% |
| 10 | An Mhí | 24.0% |
| 11 | Laois | 23.2% |
| 12 | An Iarmhí | 22.4% |
| 13 | Cathair agus Contae Phort Láirge | 22.0% |
| 14 | An Clár | 21.0% |
| 15 | Áth Cliath Theas | 21.0% |
| 16 | Lú | 20.5% |
| 17 | Ceatharlach | 20.0% |
| 18 | An Cabhán | 20.0% |
| 19 | Cill Chainnigh | 20.0% |
| 20 | Tiobraid Árann | 20.0% |
| 21 | Contae Chorcaí | 19.9% |
| 22 | Ciarraí | 19.7% |
| 23 | Cathair agus Contae Luimnigh | 19.6% |
| 24 | Loch Garman | 19.5% |
| 25 | Sligeach | 19.1% |
| 26 | Contae na Gaillimhe | 19.0% |
| 27 | Uíbh Fhailí | 19.0% |
| 28 | Dún na nGall | 18.5% |
| 29 | Maigh Eo | 18.2% |
| 30 | Muineachán | 18.0% |
| 31 | Ros Comáin | 17.6% |
| | **An Meán** | **22.0%** |

**Tábla 3: Céatadán UPSPanna bunaithe ar fhigiúirí ó Nollaig 2024 le haghaidh gach údaráis áitiúil.**

## Éirchóid, dátaí breithe, agus Éirchóid i dteannta dátaí breithe mar tháscairí cruinnis

Is sonraí iad Éirchóid agus dátaí breithe a bhfuil níos mó díobh ar chláir na dtoghthóirí ná UPSPanna. Is faisnéis é freisin a ndearnadh níos mó údaráis áitiúla, ar leibhéil dhifriúla, iarracht ghníomhach a bhailiú chun cruinneas a gclár a fheabhsú.

Cabhraíonn líon na n-iontrálacha ar chlár na dtoghthóirí lena ngabhann Éirchóid agus dátaí breithe, agus an líon toghthóirí a bhfuil Éirchóid i dteannta dáta breithe ar a dtaifid, leis na húdaráis áitiúla iontrálacha féideartha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint. Dá bhrí sin, is féidir leas a bhaint astu mar tháscairí cruinnis úsáideacha.

## Éirchóid

Is píosa tábhachtach faisnéise é seoladh ar leith do gach toghthóir is féidir a úsáid chun idirdhealú idir toghthóirí – iad siúd a bhfuil an t-ainm céanna orthu mar shampla.

I gceantair údaráis áitiúla ina bhfuil daonra níos uirbí, bíonn Éirchóid bainteach le seoladh a thugann toghthóir sách simplí go hiondúil. Is amhlaidh atá mar go mbíonn seoltaí i gceantair uirbeacha sonrach go hiondúil. Ach is féidir le Éirchód bainteach le toghthóirí a bheith dúshlánach d'údaráis áitiúla ina bhfuil ceantair mhóra thuaithe toisc go mbíonn seoltaí neamhshonracha ag go leor iontrálacha. D'fhéadfadh nach mbeadh ach ainm baile fearainn i seoladh mar shampla. Chuir go leor údaráis áitiúla Éirchód isteach iad féin, go háirithe i gceantair uirbeacha, toisc nach dteastaíonn comhoibriú an toghthóra dó sin.

Ón bhfaisnéis a tugadh ar a dtuairisceáin, bhí na húdaráis áitiúla ag a bhfuil céatadáin arda Éirchód an-réamhghníomhach chun é sin a bhaint amach. I measc na ngníomhaíochtaí spriocdhírithe a rinneadh údaráis áitiúla ó 2022 chun an leibhéal Éirchód a taifeadadh a mhéadú, bhí:

- Thug Comhairle Contae Mhuineacháin faoi thionscadal nua in 2023 ina ndearnadh anailís chuimsitheach chainníochtúil agus cháilíochtúil ar shonraí chlár an chontae as ar eascair freagra struchtúrtha, straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a sainaithníodh.
- In 2023, d'fhostaigh Ros Comáin oibrithe allamuigh ar feadh bliana, agus d'ardaigh Éirchóid ó 53.0% go 86.0% dá bharr.
- I Lú, de bharr tionscadal Éirchód a thosaigh in 2022, tá Éirchóid taifeadta ag 96.0% den chlár.
- Thug Cill Mhantáin faoi chor poist dírithe ar 3,500 toghthóir nach raibh Éirchód ar a dtaifid. Seoladh 94.0% de na litreacha sin ar ais le faisnéis a bhí ar iarraidh roimhe sin.
- Idir Meitheamh agus Nollaig 2023, dhírigh tionscadal glantacháin sonraí i Loch Garman ar shonraí Éirchód a dheimhniú agus a chur isteach. Cuireadh Éirchóid le taifid beagnach 4,000 duine faoi dheireadh na bliana dá bharr.

Go luath in 2024, chistigh RTRÁO tionscadal chun céatadán na nÉirchód a mhéadú ar chláir na 18 n-údarás áitiúla ag a raibh an céatadán is ísle d'Éirchóid. Tháinig méadú 34,000 ar líon iomlán na nÉirchód mar gheall air.

Mhéadaigh an meán náisiúnta d'iontrálacha le hÉirchóid bhainteacha ó 63.0% a tuairiscíodh le haghaidh Nollaig 2023 go 69.8% a tuairiscíodh le haghaidh Nollaig 2024. Fágann sé sin an tríú cuid beagnach de na toghthóirí ar fad nach bhfuil Éirchód ar a dtaifead. Mar a fheictear i dTábla 4, tá difríocht mhór idir na húdaráis áitiúla.

Tá sé suntasach go dtagann cuid de na cláir a bhfuil Éirchód le níos mó ná 90.0% de na hiontrálacha ó cheantair údaráis

áitiúil uirbeacha, nó atá uirbeach den chuid is mó. Áirítear ina measc siúd na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath, Cathair na Gaillimhe agus Cathair Chorcaí. D'fhéadfadh go mbaineann sé sin le chomh héasca agus atá sé Éirchóid a shainaithint i dtimpeallachtaí uirbeacha, agus le níos mó acmhainní. Ach ní ceist shimplí uirbeach/tuaithe é seo.

Nuair a bhaintear amach na húdaráis áitiúla sin atá 'uirbeach' den chuid is mó, tá seacht gcinn eile ann a bhain amach níos mó ná 75.0% d'iontrálacha le hÉirchóid agus trí cinn – Lú, an Iarmhí agus Cill Mhantáin – os cionn 95.0%. Ar an taobh eile den scála, tá trí údarás áitiúla – Maigh Eo, Dún na nGall agus Contae na Gaillimhe – a bhfuil Éirchóid ag gabháil le níos lú ná 50.0% dá n-iontrálacha.

| | **Údarás áitiúil** | **Éirchóid toghthóirí a thaifead údaráis áitiúla Nol-24** |
|---|---|---|
| 1 | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 99.4% |
| 2 | An Iarmhí | 99.0% |
| 3 | Lú | 98.7% |
| 4 | Cill Mhantáin | 98.4% |
| 5 | Áth Cliath Theas | 98.2% |
| 6 | Cathair Chorcaí | 98.0% |
| 7 | Cathair Bhaile Átha Cliath | 97.0% |
| 8 | Fine Gall | 96.8% |
| 9 | Cathair na Gaillimhe | 95.2% |
| 10 | Ros Comáin | 87.0% |
| 11 | Cathair agus Contae Phort Láirge | 81.0% |
| 12 | Cill Dara | 77.5% |
| 13 | An Mhí | 77.0% |
| 14 | An Cabhán | 64.0% |
| 15 | Loch Garman | 62.0% |
| 16 | Cathair agus Contae Luimnigh | 61.4% |
| 17 | An Clár | 60.0% |
| 18 | Contae Chorcaí | 57.2% |
| 19 | Liatroim | 57.0% |
| 20 | An Longfort | 57.0% |
| 21 | Sligeach | 55.3% |
| 22 | Ceatharlach | 55.0% |
| 23 | Cill Chainnigh | 53.0% |
| 24 | Tiobraid Árann | 53.0% |
| 25 | Muineachán | 52.5% |
| 26 | Laois | 52.1% |
| 27 | Uíbh Fhailí | 52.0% |
| 28 | Ciarraí | 50.0% |
| 29 | Maigh Eo | 43.6% |
| 30 | Dún na nGall | 41.4% |
| 31 | Contae na Gaillimhe | 33.0% |
| | **An Meán** | **69.8%** |

**Tábla 4: Céatadán na dtoghthóirí le hÉirchóid bunaithe ar fhigiúirí ó Nollaig 2024 le haghaidh gach údaráis áitiúil.**

## Dátaí breithe

Is píosa tábhachtach sonra é dáta breithe a úsáideann údaráis áitiúla ní hamháin chun incháilitheacht aoise duine chun vótála a dheimhniú. Nuair a úsáidtear iad i dteannta sonraí eile, is píosaí tábhachtacha faisnéise iad a úsáideann údaráis áitiúla chun cabhrú le hiontrálacha féideartha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint.

Níl aon bhealach ag údaráis áitiúla le dáta breithe duine a dheimhniú, seachas nuair a thugann toghthóir é. Dá bhrí sin, tá an próiseas chun céatadán na ndátaí breithe ar an gclár a fheabhsú ag brath go hiomlán ar thoghthóirí ag tabhairt a ndátaí breithe. Ach is cosúil gur éirigh go han-mhaith le roinnt údaráis áitiúla an fhaisnéis sin a fháil ó thoghthóirí.

Faoin gcóras 'clárúcháin teaghlaigh' a bhí i bhfeidhm roimh Dheireadh Fómhair 2022, thugadh na toghthóirí faisnéis theoranta nuair a chláraigh siad. Iarradh dátaí breithe faoin gcóras clárúcháin sin, ach is léir nár tugadh iad i bhformhór na gcásanna nó nár coinníodh an taifead. Fiú i ndiaidh do roinnt údaráis áitiúla an líon iontrálacha ar a gcláir le dátaí breithe a fheabhsú, níl an meán náisiúnta a taifeadadh ach ag 72.4% fós. Níl dáta breithe toghthóra ag níos mó ná an ceathrú cuid de na taifid ar fad.

Arís, ach oiread leis na hÉirchóid, tá difríocht mhór idir na húdaráis áitiúla i dtaobh chéatadán na n-iontrálacha a bhfuil dáta breithe bainteach acu (féach Tábla 5). D'éirigh le hocht n-údarás clárúcháin os cionn 80.0% d'iontrálacha le dátaí breithe a bhaint amach, agus tá dátaí breithe ag Lú, Ros Comáin agus Cill Mhantáin le haghaidh níos mó ná 98.0% dá dtoghthóirí. Ar an taobh eile den scála, tá Dún na nGall, an Cabhán agus Ciarraí ag 50.0% nó faoina bhun.

| | Údarás áitiúil | Dátaí breithe toghthóirí a thaifead údaráis áitiúla Nol-24 |
|---|---|---|
| 1 | Cill Mhantáin | 99.5% |
| 2 | Ros Comáin | 99.0% |
| 3 | Lú | 98.3% |
| 4 | Liatroim | 91.7% |
| 5 | Cathair Bhaile Átha Cliath | 90.0% |
| 6 | Cathair na Gaillimhe | 86.0% |
| 7 | Cill Chainnigh | 85.0% |
| 8 | Laois | 82.5% |
| 9 | Muineachán | 78.4% |
| 10 | Tiobraid Árann | 78.0% |
| 11 | Uíbh Fhailí | 76.0% |
| 12 | Cill Dara | 75.5% |
| 13 | An Clár | 74.0% |
| 14 | Cathair Chorcaí | 74.0% |
| 15 | Loch Garman | 73.7% |
| 16 | Maigh Eo | 71.0% |
| 17 | Áth Cliath Theas | 71.0% |
| 18 | An Mhí | 69.0% |
| 19 | Cathair agus Contae Phort Láirge | 69.0% |
| 20 | An Longfort | 68.0% |
| 21 | An Iarmhí | 66.7% |
| 22 | Contae na Gaillimhe | 65.0% |
| 23 | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 64.8% |
| 24 | Fine Gall | 62.5% |
| 25 | Ceatharlach | 61.0% |
| 26 | Contae Chorcaí | 60.0% |
| 27 | Sligeach | 58.0% |
| 28 | Cathair agus Contae Luimnigh | 57.2% |
| 29 | Ciarraí | 50.0% |
| 30 | An Cabhán | 48.0% |
| 31 | Dún na nGall | 40.5% |
| | **An Meán** | **72.4%** |

**Tábla 5: Céatadán na dtoghthóirí le dátaí breithe bunaithe ar fhigiúirí ó Nollaig 2024 le haghaidh gach údaráis áitiúil.**

## Dátaí breithe i dteannta Éirchód

Ó na sonraí a thug na húdaráis áitiúla (agus go dtí go dtagann méadú suntasach ar chéatadán na UPSPanna a thugtar), creideann an Coimisiún gurb é an mhéadracht is úsáidí is féidir a úsáid faoi láthair mar tháscaire chun cruinneas cláir

toghthóirí a mheasúnú ná an céatadán d'iontrálacha ar chlár a bhfuil dáta breithe agus Éirchód araon bainteach leo.

Mar a léirítear i dTábla 6, ní raibh an meán náisiúnta d'iontrálacha ar gach clár le dátaí breithe i dteannta Éirchód i Nollaig 2024 ach ag 56.0%. Bhain Cathair na Gaillimhe, Ros Comáin, Cathair Bhaile Átha Cliath, Lú agus Cill Mhantáin níos mó ná 85.0% amach. Ba iad na cinn ab ísle, a bhí faoi bhun 40.0%, Dún na nGall, Contae na Gaillimhe, Ciarraí, an Cabhán agus Maigh Eo.

| | Údarás áitiúil | Dátaí breithe i dteannta Éirchód toghthóirí a thaifead údaráis áitiúla Nol-24 |
|---|---|---|
| 1 | Cill Mhantáin | 97.9% |
| 2 | Comhairle Contae Lú | 97.1% |
| 3 | Cathair Bhaile Átha Cliath | 88.0% |
| 4 | Ros Comáin | 86.0% |
| 5 | Cathair na Gaillimhe | 82.7% |
| 6 | Cathair Chorcaí | 74.0% |
| 7 | Áth Cliath Theas | 69.8% |
| 8 | An Iarmhí | 66.1% |
| 9 | Cill Dara | 63.2% |
| 10 | Fine Gall | 62.0% |
| 11 | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 61.6% |
| 12 | An Mhí | 60.0% |
| 13 | Cathair agus Contae Phort Láirge | 60.0% |
| 14 | Liatroim | 54.9% |
| 15 | Loch Garman | 49.4% |
| 16 | An Clár | 48.0% |
| 17 | Comhairle Contae an Longfoirt | 48.0% |
| 18 | Cill Chainnigh | 47.0% |
| 19 | Laois | 46.8% |
| 20 | Muineachán | 45.2% |
| 21 | Uíbh Fhailí | 45.0% |
| 22 | Tiobraid Árann | 45.0% |
| 23 | Cathair agus Contae Luimnigh | 44.7% |
| 24 | Contae Chorcaí | 43.3% |
| 25 | Ceatharlach | 41.0% |
| 26 | Sligeach | 40.3% |
| 27 | Maigh Eo | 38.3% |
| 28 | An Cabhán | 38.0% |
| 29 | Ciarraí | 35.3% |
| 30 | Contae na Gaillimhe | 29.0% |
| 31 | Dún na nGall | 28.8% |
| | **An Meán** | **56.0%** |

**Tábla 6: Céatadán na dtoghthóirí le dátaí breithe agus Éirchóid bunaithe ar fhigiúirí ó Nollaig 2024 le haghaidh gach údaráis áitiúil.**

## Comhchoibhneas dátaí breithe i dteannta Éirchód le céatadán ar chlár na dtoghthóirí

Éiríonn an tairbhe a bhaineann le dáta breithe i dteannta Éirchóid a mheas mar tháscaire cruinnis níos soiléire nuair a chuirtear na sonraí i gcomparáid leis an gcéatadán den daonra incháilithe ar an gclár. Mar a fheictear i dTábla 7, is cosúil go léiríonn an chomparáid sin gaol idir céatadáin thuairiscithe choibhneasta níos ísle den táscaire cruinnis seo agus céatadáin mheasta an-ard daoine ar chlár na dtoghthóirí. Léirítear iad sin i ndearg. Os a choinne sin, is cosúil go bhfuil gaol freisin idir céatadáin thuairiscithe choibhneasta níos airde den táscaire cruinnis seo, a léirítear i nglas, agus céatadáin níos ísle daoine ar chlár na dtoghthóirí, a léirítear i nglas freisin.

Chun críche an mheasúnaithe seo, tá an daonra incháilithe measta bunaithe ar mheastachán na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) don daonra os cionn 18 mbliana d'aois do gach ceantar údaráis áitiúil a foilsíodh in Aibreán 2024.[11] Cé gur meastachán é sin, creideann an Coimisiún go dtugann sé léargas níos fírinne ar an staid reatha ná figiúirí Dhaonáireamh Aibreán 2022 a úsáid.

As an 11 chlár toghthóirí leis an leibhéal is airde de rátaí clárúcháin tuairiscithe – níos mó ná 100.0% dá ndaonra os cionn 18 mbliana d'aois ar an gclár – bhí céatadán tuairiscithe níos lú ná an meán náisiúnta d'iontrálacha le dátaí breithe i dteannta Éirchód acu ar fad, seachas ceann amháin.

As an 11 chlár toghthóirí leis an leibhéal is ísle de rátaí clárúcháin tuairiscithe – níos lú ná 95.0% dá ndaonra os cionn 18 mbliana d'aois ar an gclár – bhí céatadán tuairiscithe níos mó ná an meán 56.0% de thoghthóirí tuairiscithe le dátaí breithe i dteannta Éirchód acu ar fad, seachas ceann amháin.

Is cosúil go dtugann an anailís sin le fios go láidir dá airde is ea an céatadán tuairiscithe d'iontrálacha le dátaí breithe i dteannta Éirchód ar chláir na dtoghthóirí, is é is ísle céatadán foriomlán na gclárúchán. Creidtear gurb amhlaidh atá mar go n-éascaíonn céatadán níos airde de na táscairí cruinnis sin níos mó iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a bhaint. Os a choinne sin, níl údaráis áitiúla le leibhéil níos ísle den táscaire cruinnis sin in ann iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó ar a gclár a shainaithint chomh maith céanna, agus mar sin is dóigh go mbeidh leibhéil níos ísle cruinnis acu agus rátaí clárúcháin a bhfuil cuma níos airde orthu.

Bhí tacaíocht ghinearálta don mhéid sin nuair a mheas an Coimisiún tuairisceáin aonair na n-údarás áitiúil. Ba iad na húdaráis áitiúla a thug an tosaíocht is airde do chláir na dtoghthóirí iad sin ag a raibh na leibhéil is airde de tháscairí cruinnis agus rátaí measta clárúcháin níos ísle. Na húdaráis áitiúla nár chosúil a thug tús áite d'fheidhm chlár na dtoghthóirí, bhí na rátaí clárúcháin is airde acu go hiondúil agus na leibhéil is ísle de tháscairí cruinnis.

Ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuil go leor de na húdaráis áitiúla leis na leibhéil is ísle de tháscairí cruinnis i measc na n-údarás áitiúil is lú. D'fhéadfadh go dtugann sé sin brú acmhainní le fios sna húdaráis sin a chaithfeadh RTRÁO a mheas. Ach ba cheart a thabhairt ar aird freisin go bhfuil cuid de na húdaráis áitiúla is lú ina measc siúd leis na táscairí cruinnis is airde. Dá bhrí sin, is léir gur gné thábhachtach é an tosaíocht choibhneasta a thugtar d'fheidhm chláir na dtoghthóirí freisin.

Ach ní féidir a rá go bhfuil dearbh-chomhchoibhneas i gceist toisc go

11 Sholáthair an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) na meastacháin chontae le haghaidh foilseachán dá cuid in 2024, Population and Migration Estimates. https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-pme/populationandmigrationestimatesapril2024/data/

bhféadfadh go bhfuil cúinsí eile ag baint leis freisin. Mar shampla, tá leibhéil sách ard d'Éirchóid agus dátaí breithe ag cláir Liatroma agus na hIarmhí, ach tá céatadáin arda de thoghthóirí incháilithe féideartha ar na cláir acu freisin. D'fhéadfadh sé sin fíor-rátaí an-ard clárúcháin a thabhairt le fios. Ní bheifear in ann é seo a thuiscint i gceart go dtí go mbeidh sonraí níos cruinne ar fáil.

Tá úsáid na dtáscairí cruinnis sin, go háirithe na dátaí breithe i dteannta Éirchód, mar bhonn faoin measúnú ar chruinneas gach cláir toghthóirí sna measúnuithe ar gach údarás áitiúil ar leith i gCuid a Trí.

| | Cláir na dtoghchán áitiúil i Nollaig 2024 mar % de dhaonra measta Aib-24 | % de chlárúcháin thuairiscithe le DB agus Éirchód Nol-24 |
|---|---|---|
| **Sligeach** | 111.8% | 40.3% |
| **Dún na nGall** | 107.5% | 28.8% |
| **Liatroim** | 106.2% | 54.9% |
| **An Longfort** | 105.3% | 48.0% |
| **Muineachán** | 104.1% | 45.2% |
| **Contae na Gaillimhe** | 101.8% | 29.0% |
| **Contae Chorcaí** | 101.4% | 43.3% |
| **An Iarmhí** | 101.2% | 66.1% |
| **Ceatharlach** | 101.0% | 41.0% |
| **An Cabhán** | 100.9% | 38.0% |
| **Maigh Eo** | 100.4% | 38.3% |
| **An Mhí** | 99.9% | 60.0% |
| **Tiobraid Árann** | 99.6% | 45.0% |
| **Laois** | 97.9% | 46.8% |
| **Loch Garman** | 97.9% | 49.4% |
| **Ciarraí** | 97.7% | 35.3% |
| **An Clár** | 96.3% | 48.0% |
| **Cathair agus Contae Luimnigh** | 96.2% | 44.7% |
| **Uíbh Fhailí** | 96.2% | 45.0% |
| **Cathair agus Contae Phort Láirge** | 95.8% | 60.0% |
| **Cill Chainnigh** | 94.4% | 47.0% |
| **Ros Comáin** | 94.1% | 86.0% |
| **Cill Dara** | 92.5% | 63.2% |
| **Lú** | 92.5% | 97.1% |
| **Cill Mhantáin** | 92.5% | 97.9% |
| **Áth Cliath Theas** | 91.0% | 69.8% |
| **Cathair Chorcaí** | 90.5% | 74.0% |
| **Dún Laoghaire-Ráth an Dúin** | 86.5% | 61.6% |
| **Cathair na Gaillimhe** | 84.0% | 82.7% |
| **Fine Gall** | 83.3% | 62.0% |
| **Cathair Bhaile Átha Cliath** | 76.1% | 88.0% |

Tábla 7: Dátaí breithe i dteannta Éirchód agus % den daonra measta ar chlár na dtoghthóirí.

## Conclúid

Níl aon bhealach críochnúil faoi láthair chun cruinneas chláir na dtoghthóirí a thomhas. Ach creideann an Coimisiún gur féidir úsáid a bhaint as tacair sonraí a thug na húdaráis áitiúla mar *tháscairí* ar chruinneas chláir na dtoghthóirí. Is iad na táscairí sin UPSPanna, dátaí breithe agus Éirchóid a úsáideann údaráis áitiúla chun aitheantas duine a dheimhniú agus/nó chun cabhrú le hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint. Is dóigh go bhfuil clár ar a bhfuil céatadán ard de na táscairí sin bainteach le toghthóirí níos cruinne ná clár ag a bhfuil céatadáin níos ísle.

Cé go bhfuil an leibhéal UPSPanna bainteach le toghthóirí fós íseal, tá dátaí breithe agus Éirchóid, agus dátaí breithe i dteannta Éirchód, níos úsáidí. Tá raon mór sa leibhéal d'iontrálacha ar an gclár lena ngabhann na píosaí sonraí sin idir na húdaráis áitiúla. Rinne roinnt díobh iarracht mhór leibhéal na dtáscairí sin a mhéadú. Is cosúil go léiríonn údaráis áitiúla ag a bhfuil leibhéil ísle de tháscairí cruinnis leibhéil arda chlárúcháin, le 11 ag tuairisciú clárú os cionn 100.0%. Creidtear go n-eascraíonn sé sin as cláir mhíchruinne ar a bhfuil go leor iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó. Léiríonn údaráis áitiúla ag a bhfuil leibhéil arda de tháscairí cruinnis ar an gclár leibhéil chlárúcháin sách íseal. Creidtear gurb amhlaidh atá, i bpáirt, mar gheall gur baineann iontrálacha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó dá gcláir cheana féin.

Is léir gur gné thábhachtach é an tosaíocht choibhneasta a thugtar d'fheidhm chláir na dtoghthóirí i dtaobh leibhéil na dtáscairí cruinnis.

Cuireann na táscairí cruinnis sin bonn faoi na measúnuithe ar gach údarás áitiúil ar leith i gCuid a Trí.

# 7. Iomláine Chláir na dToghthóirí

Is féidir iomláine cláir toghthóirí a thomhas lena mhéid a bhfuil gach duine atá i dteideal a bheith ar chlár toghthóirí ar an gclár toghthóirí sin.

Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* don Choimisiún taighde a dhéanamh ar iomláine chláir na dtoghthóirí. Cé go dtomhaiseann an líon toghthóirí a vótáil rannpháirteachas na ndaoine ar chlár na dtoghthóirí in imeacht toghcháin, tomhaiseann iomláine céatadán na ndaoine atá incháilithe le bheith ar chlár toghthóirí agus atá ar an gclár sin. Is tomhas eile ar bheocht daonlathais é an 'ráta clárúcháin' sin. Ar an drochuair, ní chreideann an Coimisiún gur féidir meastachán ceart a thabhairt ar an ráta clárúcháin in aon cheann dár n-údaráis áitiúla fad agus atá líon anaithnid, ach a d'fhéadfadh a bheith suntasach, d'iontrálacha dúblacha nó nach bhfuil feidhm leo níos mó ar na cláir.

Ba bhliain ar leith é 2024 le haghaidh toghchán agus an mhéadaithe ar chlárúcháin ar chláir na dtoghthóirí in Éirinn. I rith 2024, mhéadaigh líon na ndaoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh in Éirinn ó 3.51 milliún (Nollaig 2023) go 3.87 milliún (Nollaig 2024). Ach d'fhéadfaí feabhas mór a bhaint amach fós.

I gcóras clárúcháin ghníomhaigh, agus nuair nach bhfuil an vótáil éigeantach, níl sé réalaíoch a bheith ag ceapadh go mbainfear clárúchán 100% amach. I dtíortha ar nós na Danmhairge agus na Fionlainne, cuirtear daoine ar chlár na dtoghthóirí go huathoibríoch trí chomhtháthú an chláir le bunachair sonraí náisiúnta, rud a chinntíonn go gcláraítear vótálaithe agus go ndéantar a sonraí a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach. I dtíortha ar nós na hAstráile, ina bhfuil an vótáil éigeantach, teastaíonn clárú mar thoghthóir chun an ceanglas dlí vóta a chaitheamh a chomhlíonadh.

In Éirinn, caithfidh daoine clárú dá ndeoin féin chomh maith lena sonraí a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá. Faoi chóras dá leithéid, beidh céatadán den daonra ann i gcónaí nach gcláróidh le vótáil. Is toradh é sin ar roinnt cúiseanna éagsúla. D'fhéadfadh gur rogha chomhfhiosach é, d'fhéadfadh nach gcreidtear gur tosaíocht é, d'fhéadfadh nach raibh an deis fós ag toghthóir incháilithe clárú, d'fhéadfadh go gcreideann duine go mícheart nach bhfuil siad i dteideal vóta a chaitheamh, nó go gcreideann siad go gclárófar go huathoibríoch iad.

Is é sprioc Choimisiún Toghcháin na hAstráile a chinntiú go bhfuil 95% ar a laghad d'Astrálaigh incháilithe ar an bpainéal toghthóirí i gcónaí (tá córas clárúcháin agus vótála éigeantaí ag an Astráil). Thug sonraí ón staidéar is deireanaí ar chruinneas agus iomláine ó Choimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe le fios go bhfuil iomláine idir 83% agus 86%[12] ar fud na Ríochta Aontaithe (córais clárúcháin ghníomhaigh). Ach imríonn go leor cúinsí tionchar ar dhuine atá cláraithe le vóta a chaitheamh nó gan vótáil, agus is dóigh go bhfuil difríochtaí eatarthu, go pointe, ó thír go tír.

Cá bhfuil Éire i dtéarmaí iomláine agus an ráta clárúcháin? Déanta na fírinne, níl a fhios againn faoi láthair, ar leibhéal náisiúnta ná in aon cheann de na húdaráis áitiúla ar leith. Is amhlaidh freisin nach bhfuil a fhios againn céard iad na rátaí clárúcháin difriúla le haghaidh na gclár difriúil a bhainistíonn na húdaráis áitiúil – toghcháin áitiúla, Dála, Eorpacha nó uachtaráin/reifreann. Ní bheimid in ann

12 2023 report: Electoral registers in the UK | UK Electoral Commission

na ceisteanna sin a fhreagairt go dtí go mbeidh cláir againn atá sách cruinn.

Bunaithe ar na tuairisceáin a thug na húdaráis áitiúla, agus na figiúirí daonra nuashonraithe a thug CSO, meastar gurb é 93.4% an meán náisiúnta faoi láthair de chéatadán na ndaoine incháilithe féideartha ar chláir na dtoghthóirí. Ach, mar a pléadh i Rannóg a Sé, de bharr leibhéal na míchruinneas ar fud chláir na dtoghthóirí, ní féidir iomláine a thomhas. Ní bheidh an Coimisiún in ann tuairisciú go mbeidh na leibhéil chruinnis níos airde, agus, i gcás go leor díobh, i bhfad níos airde, ná mar atá siad faoi láthair.

De bharr na leibhéal míchruinneas a pléadh sa rannóg roimhe seo, níl bealach ar bith leis an ráta clárúcháin a chinneadh in aon údarás áitiúil, ná go náisiúnta.

## Liosta na dtoghthóirí ar feitheamh: Réamhchlárú daoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois

Foráiltear leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* do dhaoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois réamhchlárú sula sroicheann siad 18 mbliana d'aois trí dhul ar 'liosta na dtoghthóirí ar feitheamh' mar a thugtar air. Cuirtear gach duine ar liosta na dtoghthóirí ar feitheamh ar chlár na dtoghthóirí go huathoibríoch nuair a shlánaíonn siad 18 mbliana d'aois. Toisc gur catagóir nua é sin nár cuireadh ar fáil ach i nDeireadh Fómhair 2022 agus go ndearnadh na hiarratais ar fad ar líne trí UPSPanna, dátaí breithe, Éirchóid agus faisnéis eile a thabhairt, is féidir meastachán réasúnta a dhéanamh ar iomláine an chohóirt seo.

Measann CSO go raibh 145,741 duine 16 agus 17 mbliana d'aois in Éirinn in Aibreán 2024. Léiríonn na figiúirí a thug na húdaráis áitiúla go raibh 2,769 toghthóir ar feitheamh ar chláir na dtoghthóirí i Márta 2024, thart ar 1.9% díobh siúd sa chohórt daonra sin. Mhéadaigh sé sin go 2,961 i Nollaig 2024 nó 2.0%. Cé go bhfuil na figiúirí sin an-íseal, míníonn tabhairt isteach na saoráide seo le deireanaí faoin reachtaíocht agus an phoiblíocht theoranta a rinneadh air an leibhéal íseal clárúcháin faoi láthair.

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an-deis ann chun réamhchlárú daoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois a mhéadú go suntasach trí thionscnaimh spriocdhírithe na n-údarás áitiúil le tacaíocht ó fheachtas náisiúnta a stiúrfadh an Coimisiún. D'fhéadfadh sé sin tionchar dearfach fadtéarmach a imirt ar an líon clárúchán, an ráta clárúcháin agus rannpháirtíocht ghinearálta leis an gcóras toghcháin.

## Conclúid

Tá iomláine chláir na dtoghthóirí a thomhas tábhachtach mar thomhas ar rannpháirtíocht na dtoghthóirí. De bharr na leibhéal anaithnide, ach a d'fhéadfadh a bheith sách ard, de mhíchruinnis ar chláir na dtoghthóirí, tá sé dodhéanta iomláine a thomhas ná meastachán a dhéanamh ar iomláine. Fáiltítear roimh an líon ard de chlárúcháin nua in 2024 a thugann le fios go bhfuil daoine ag iarraidh a bheith páirteach sa phróiseas toghcháin. Ach ní bheifear in ann iomláine a thuiscint go dtí go mbeidh na leibhéil chruinnis ar chaighdeán sách maith.

# Cuid a Trí:
# Measúnuithe ar na hÚdaráis Áitiúla

# Measúnuithe ar Chláir Toghthóirí na nÚdarás Áitiúil

Tugtar measúnú an Choimisiúin sa chuid seo den tuarascáil ar chlár toghthóirí gach údaráis áitiúil. Tá béim ar leith ar an gcruinneas. Tugtar achoimre sa rannóg seo freisin ar an gcaoi a ndéantar clár gach údaráis áitiúil a bhainistiú agus a chothabháil, lena n-áirítear na hacmhainní a shanntar agus na gníomhaíochtaí agus na tionscnaimh a rinneadh chun cáilíocht an chláir a neartú. Ní féidir iomláine chlár toghthóirí gach údaráis áitiúla a chinneadh go dtí go bhfeabhsaítear an cruinneas.

Tugtar figiúirí i ngach measúnú don líon daoine a chláraigh i ngach údarás áitiúil le haghaidh toghcháin uachtaráin agus reifreann agus toghcháin Dála, Eorpacha agus áitiúla don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léiríonn sé sin treochtaí clárúcháin i mbliain gan toghchán agus i mbliain ina raibh go leor imeachtaí toghcháin. Mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn an téarma “clár toghthóirí” nó “clár na dtoghthóirí” don chlár le haghaidh na dtoghchán áitiúil, toisc gurb é sin an clár is leithne agus is ionchuimsithí.

Tugtar sonraí i ngach measúnú freisin ar na dátaí breithe, Éirchóid, dátaí breithe i dteannta Éirchód, agus UPSPanna a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar chlár gach údaráis áitiúil sa tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Laghdaíonn taifeadadh na faisnéise sin an baol a bhaineann le hiontrálacha dúblach, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Tá taifeadadh na sonraí sin, dá bhrí sin, riachtanach do shláine chlár na dtoghthóirí. Tugtar táscairí cruinnis ar na sonraí sin.


Tháinig na sonraí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (mar an príomhúdarás áitiúil le haghaidh thionscadal LGERS) nó ó na húdaráis áitiúla. Tógadh faisnéis faoi chistiú údaráis áitiúil ar fheidhmeanna cláir toghthóirí ó shonraí foilsithe bhuiséid cheadaithe na n-údarás áitiúil ar a suíomhanna gréasáin. Tá sonraí an daonra bunaithe ar mheastacháin CSO.

Níl an Coimisiún in ann cáilíocht na sonraí a tugadh a dheimhniú, mar shampla, ní féidir linn a mhéid atá na dátaí breithe a taifeadadh le haghaidh gach toghthóra ceart a dheimhniú. Chun críocha an mheasúnaithe tosaigh seo, táimid ag glacadh leis na sonraí mar ar tugadh dúinn iad. D’úsáideamar na sonraí freisin chun rangú na n-údarás áitiúil a chur i láthair, i dtaobh a dtaifeadta ar na táscairí cruinnis. Toisc go mbaineann na sonraí a tugadh leis an gclár rollach, tugtar ar aird go mbeidh difríochtaí ann ag brath ar an am nó dáta a n-asbhaintear iad.

| Sonraí | Foinse Sonraí |
|---|---|
| **Sonraí Chlár na dToghthóirí** | • Freagraí suirbhé na n-údarás áitiúil.<br>• Sonraí comhthiomsaithe RTRÁO.<br>• Sonraí comhthiomsaithe DCC. |
| **Táscairí Cruinnis** | • Freagraí suirbhé na n-údarás áitiúil.<br>• Sonraí comhthiomsaithe RTRÁO.<br>• Sonraí comhthiomsaithe DCC. |
| **Sonraí an daonra 18+ mbliana d’aois**<br><br>**Sonraí an daonra 16 agus 17 mbliana d’aois** | Sholáthair an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) na meastacháin chontae le haghaidh foilseachán dá cuid in 2024, Population and Migration Estimates. Meastar na meastacháin bhliantúla daonra ar NUTS3 agus cinntear an contae go comhréireach bunaithe ar fhaisnéis ón Daonáireamh roimhe sin. Ní bheidh na meastacháin chontae chomh hiontaofa céanna níos deireanaí sa tréimhse idir na daonáirimh. |
| **Acmhainní airgeadais** | • Faisnéis RTRÁO ar shuimeanna a tharraing údaráis áitiúla anuas ón gcistiú a bhí ar fáil.<br>• Leabhair Bhuiséid Ghlactha na n-údarás áitiúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 – Costais Chlár na dToghthóirí. |

# Forléargas ar Cheatharlach

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Cheatharlach le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Cheatharlach le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 44,059 | 44,168 | 46,175 | 48,559 | 49,621 |
| **Dáil** | 42,494 | 42,565 | 44,475 | 46,081 | 47,088 |
| **Eorpach** | 42,970 | 43,052 | 45,049 | 46,801 | 47,800 |
| **Reif/ Uacht** | 41,991 | 42,052 | 43,927 | 45,466 | 46,436 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Cheatharlach don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 12.6% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad réasúnta seasmhach.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 4.5% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 9.9% agus 8.7% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 10.6% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCeatharlach – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCeatharlach – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 53.9% | 62.6% | 59.5% | 61.0% |
| **Éirchód** | 41.3% | 46.3% | 48.9% | 55.0% |
| **DB + Éir** | 26.2% | 37.2% | 35.4% | 41.0% |
| **UPSP** | 2.4% | 10.6% | 15.6% | 20.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 101.0% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Contae Cheatharlach chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**49,621** — Líon ar an gclár Nol 2024

**49,127** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**101.0%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**5,562 +12.6%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**3.1% (59)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 30,087 | **61.0% [25ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 27,471 | **55.0% [22ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 20,501 | **41.0% [25ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 9,755 | **20.0% [17ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Feachtas ar na meáin áitiúla
- Póstaeir/meirgí in oifigí na comhairle agus i leabharlanna

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i gCeatharlach, ag 101.0%, ar an naoú ceann is airde sa tír. I gcomhthéacs na leibhéal íseal de tháscairí cruinnis, tugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár Cheatharlach le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 20.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. I gcás na nÉirchód, tá an 55.0% a bailíodh i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 69.8%. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 41.0%, go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 61.0%, go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%.

Tuairiscíodh gur measadh gur baineadh 968 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024, rinneadh 1,572 scrios agus 5,010 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal íseal de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá níos mó ná an líon daoine incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Contae Cheatharlach leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú chun tacú le hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint.

Thuairiscigh an chomhairle gurbh é an príomhdhúshlán sna tréimhsí roimh na himeachtaí toghcháin in 2024 an méadú ollmhór ar iarratais a rinneadh trí *checktheregister.ie*. Chun go bhféadfaí na hiarratais ar fad a phróiseáil laistigh de na tréimhsí socraithe roimh gach imeacht toghcháin, d'oibrigh baill foirne ó rannóga eile go mall tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine chun freastal ar an éileamh. Fiú le grúpa de 20 ball foirne, tuairiscíodh gur dhúshlán é a chinntiú go ndeachthas i ngleic le gach iarratas.

Shonraigh an chomhairle go raibh moill ar nuashonrú an chláir mar gheall ar an riaráiste iarratas ón bpobal agus dá bhrí sin gur chláraigh go leor daoine arís tar éis cúpla lá. Bhí mearbhall ar an bpobal freisin nuair nach raibh siad in ann iad féin a aimsiú ar *checktheregister.ie*, mar gur ghlac siad leis gur baineadh iad dá bharr agus ghlaoigh roinnt daoibh ar an gcomhairle agus cantal orthu. Bhí líon ard dúblála ann a bhí le seiceáil.

Mhol Comhairle Contae Cheatharlach gur cheart fógraí faoi chlár na dtoghthóirí a rith go náisiúnta agus go rialta, ní díreach roimh imeacht toghcháin, .i. le go dtabharfadh daoine a sonraí cothrom le dáta (athrú ar sheoladh, bás duine, athrú ar ainm) chun cabhrú le bainistiú an ualaigh oibre.

**Iomláine**

Tháinig méadú 5,562 duine ar chlár Cheatharlach idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 12.6% é sin, méadú atá ar cheann de na cinn is airde sa tír. B'éacht mór na daoine sin ar fad a chlárú le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár beagnach mar an gcéanna leis an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 101.0% den daonra incháilithe measta, an naoú ráta is airde sa tír, agus na leibhéil ísle de tháscairí cruinnis, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár seo.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na táscairí cruinnis, ní bheifear in ann iomláine chláir toghthóirí Cheatharlach a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**

Bhí Comhairle Contae Cheatharlach ar cheann de sheacht n-údarás áitiúla a thuairiscigh nár oibrigh aon bhall foirne lánaimseartha ar chlár na dtoghthóirí i rith 2023. B'amhlaidh an scéal go tús 2024 nuair a thug beirt bhall foirne pháirtaimseartha faoi obair thoghchórais. Leag an chomhairle béim ina tuairisceán ar a tiomantas do chothabháil an chláir, ach tarraingíodh aird freisin ar na dúshláin a bhaineann le soláthar acmhainní, coinneáil eolais agus oiliúint foirne. Tuairiscíodh, fiú le 20 ball foirne ag obair beagnach gach tráthnóna agus deireadh seachtaine, gur dhúshlán a bhí ann a chinntiú go ndeachthas i ngleic le gach iarratas sna tréimhsí roimh na himeachtaí toghcháin – ba dhéine an dúshlán sin roimh an olltoghchán.

Mheas Comhairle Contae Cheatharlach gur leithdháileadh €80,600 ar chostais an chláir in 2023. Ceadaíodh caiteachas €67,000 le haghaidh 2024. Níor tharraing an chomhairle anuas aon chuid den chistiú ó RTRÁO le haghaidh gníomhaíochtaí chun tacú leis an gclár in 2023. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €37,649 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**

Thuairiscigh Comhairle Contae Cheatharlach sna freagraí suirbhé tosaigh go raibh seastán aici ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2023 chun cruinneas agus iomláine an chláir a mhéadú. Ba é sin an t-aon ghníomhaíocht a tuairiscíodh. D'fhéadfadh an easpa gníomhaíochta sin, an ceann ab ísle a tuairiscíodh i rith na suirbhéanna tosaigh, a bheith nasctha leis an líon íseal acmhainní a cuireadh ar fáil don fheidhm toghchórais.

Thuairiscigh an chomhairle gur rith sí fógraí ar na meáin shóisialta agus sa nuachtán áitiúil i rith Mheitheamh agus Nollaig 2024. Cuireadh meirgí aníos in airde i limistéar fáiltithe oifigí na comhairle agus crochadh póstaer i leabharlanna.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár toghthóirí Chomhairle Contae Cheatharlach sula mbíonn na táscairí cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha fiú, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, molann an Coimisiún gur cheart an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Cheatharlach agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar an gCabhán

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí an Chabháin le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí an Chabháin le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 57,880 | 58,192 | 59,545 | 62,016 | 63,089 |
| **Dáil** | 55,923 | 56,161 | 57,440 | 59,130 | 60,117 |
| **Eorpach** | 55,620 | 55,848 | 57,114 | 58,772 | 59,726 |
| **Reif/ Uacht** | 55,214 | 55,438 | 56,696 | 58,330 | 59,288 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae an Chabháin don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 9.0% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár an Chabháin. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad sách seasmhach, ag ardú thart ar 0.5%.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.3% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 6.6% agus 5.2% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 7.0% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe sa Chabhán – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe sa Chabhán – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 38.9% | 42.5% | 45.3% | 48.0% |
| **Éirchód** | 56.6% | 60.0% | 61.9% | 64.0% |
| **DB + Éir** | 25.7% | 30.3% | 34.1% | 38.0% |
| **UPSP** | 3.9% | 10.3% | 15.7% | 20.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 100.9% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Chontae an Chabháin chun cruinneas a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**63,089** — Líon ar an gclár Nol 2024

**62,506** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**100.9%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**5,209 +9.0%** — Méadú ar an gClár Fea 2023–Nol 2024

**2.4% (57)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 30,466 | **48.0% [30ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 40,689 | **64.0% [14ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 23,880 | **38.0% [28ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 12,860 | **20.0% [18ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Bileoga i gcláir cluichí CLG
- Feachtas ar na meáin áitiúla
- Imeacht/aonach áitiúil

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i gCeatharlach, ag 100.9%, ar an deichiú ceann is airde sa tír. I gcomhthéacs an leibhéil ísil thuairiscithe de tháscairí cruinnis, is cosúil go dtugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár an Chabháin le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 20.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 48.0%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%. Tá Éirchóid, ag 64.0%, níos ísle ná an meán náisiúnta de 69.8%. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 38.0%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0%.

Tuairiscíodh gur baineadh 2,070 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 1,842 scrios agus 8,162 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal íseal de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá níos mó ná an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Chontae an Chabháin leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

Shonraigh an chomhairle roinnt fadhbanna, toghthóirí ag cur iarratais isteach níos mó ná uair amháin nó ag cur iarratais dhúblacha isteach ina measc. Thug an fhoireann faoi deara gur chuir go leor daoine isteach ar an gclár mar iarratas céaduaire cé go raibh siad cláraithe cheana féin ag seoladh eile sa chontae. Toisc nach raibh dátaí breithe ag gabháil le go leor díobh chun iad a shainaithint, b'éigean don fhoireann tabhairt faoi phróiseas fadálach chun a sheiceáil an clárúchán nua a bhí ann nó ar cheart clárúchán nuashonraithe a dhéanamh.

**Iomláine**
Tháinig méadú 5,209 duine ar chlár an Chabháin idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 100.9% den daonra incháilithe measta, an deichiú ráta is airde sa tír, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chláir toghthóirí an Chabháin a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Bhí Comhairle Chontae an Chabháin ar cheann de sheacht n-údarás áitiúla a thuairiscigh nach raibh aon bhall foirne lánaimseartha toghchórais ann in 2023. Go luath in 2024, bhí beirt bhall foirne lánaimseartha agus beirt bhall foirne pháirtaimseartha ag obair sa réimse sin. Cé gur theastaigh foireann bhreise mar gheall ar na himeachtaí toghcháin, shonraigh an chomhairle gur thóg sé am an fhoireann nua a chur faoi oiliúint i ngach gné den phróiseas clárúcháin. Ní rabhthas in ann baill foirne a thógáil ó rannóga eile, mar sin rinne an fhoireann toghchórais ragobair chun a chinntiú gur próiseáladh na hiarratais.

Tá Comhairle Chontae an Chabháin ar cheann den líon beag de chúig údarás áitiúla a fhostaíonn oibrithe allamuigh. Úsáideadh iad chun bileoigíní a scaipeadh agus Éirchóid a bhailiú. Tá deis ann chun leas a bhaint as oibrithe allamuigh ar bhealach níos dírithe chun cruinneas agus iomláine an chláir a fheabhsú.

Mheas an chomhairle gur caitheadh €132,341 ar chostais an chláir in 2023. Ceadaíodh caiteachas €277,230 le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle €40,891 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. Tharraing an chomhairle anuas €40,907 den chistiú a bhí ar fáil in 2024.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Chontae an Chabháin faoi roinnt gníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu i rith 2023 chun feasacht a ardú ar an gclár, agus ar an bpróiseas clárúcháin. D'fhreastail sí ar Thaispeántas Talmhaíochta Achadh an Iúir. Thug sí faoi fheasacht ar na meáin áitiúla i nuachtáin agus ar an raidió, agus scaipeadh bileoga ar gach teaghlach sa chontae. Baineadh úsáid as cláir fógraí agus comharthaí bóithre chun fógraíocht a dhéanamh ar an gclárúchán. Scaipeadh bileoigíní go forleathan. Níor tugadh sonraí ar thionchar na ngníomhaíochtaí sin, ach tuairiscíodh gur tugadh méadú suntasach ar iarratais faoi deara.

I dtaobh na ngníomhaíochtaí idir Meitheamh agus Nollaig 2024, thuairiscigh Comhairle Chontae an Chabháin gur sheol an fhoireann toghchórais ríomhphoist chuig na baill foirne reatha agus ar scor ar fad ag iarraidh orthu a sonraí a dheimhniú agus a thabhairt cothrom le dáta; seoladh ríomhphoist freisin chuig Bord Contae an CLG, oifigí agus ospidéil FSS, oifigí ranna rialtais sa Chabhán, monarchana agus eagraíochtaí móra eile ag iarraidh orthu a iarraidh ar a gcomhaltaí a sonraí a dheimhniú.

Thug an fhoireann toghchórais cuairt ar gach gnólacht, scoil agus oifig i mbaile an Chabháin agus chroch siad póstaeir. Chuir siad deasc chlárúcháin ar bun ar feadh lá amháin san oifig phoist áitiúil i mbaile an Chabháin. Bhí dhá chlinic clárúcháin siúil isteach acu i nDeireadh Fómhair 2024.

Thug siad cuairt ar dhá scoil agus tuairiscíonn siad go bhfuil sé i gceist acu é a dhéanamh arís go luath. Seoladh litreacha chuig roinnt ceantair bhardasacha.

Rith siad fógraí ar an raidió áitiúil agus i nuachtáin áitiúla.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Chontae an Chabháin sula mbíonn na táscairí cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Chontae an Chabháin agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar an gClár

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí an Chláir le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí an Chláir le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 91,332 | 92,261 | 96,381 | 99,327 | 100,881 |
| **Dáil** | 88,495 | 89,271 | 92,954 | 94,736 | 96,196 |
| **Eorpach** | 87,722 | 88,519 | 92,289 | 94,241 | 95,663 |
| **Reif/ Uacht** | 86,688 | 87,416 | 91,028 | 92,719 | 94,079 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae an Chláir don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 10.5% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár an Chláir. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú beag ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 4.1% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 6.5% agus 6.1% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 7.8% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe sa Chlár – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe sa Chlár – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 69.3% | 69.8% | 72.7% | 74.0% |
| **Éirchód** | 51.0% | 53.1% | 57.0% | 60.0% |
| **DB + Éir** | 37.9% | 40.7% | 45.2% | 48.0% |
| **UPSP** | 4.9% | 10.7% | 17.0% | 21.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 96.3% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair le déanamh ag Comhairle Contae an Chláir chun cruinneas a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**100,881** — Líon ar an gclár Nol 2024

**104,803** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**96.3%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**9,549 +10.5%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.8% (68)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 74,630 | **74.0% [13ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 60,450 | **60.0% [17ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 48,529 | **48.0% [16ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 21,234 | **21.0% [14ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar gach teaghlach
- Feachtas ar na meáin áitiúla

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá 96.3% den daonra incháilithe measta sa Chlár cláraithe le vóta a chaitheamh. Ach i bhfianaise na leibhéal sách íseal de na táscairí cruinnis, is dóigh go bhfuil an figiúr sin boilscithe de bharr iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó ar an gclár.

Léiríonn na sonraí a tuairiscíodh go bhfuil Comhairle Contae an Chláir faoi bhun an mheáin i dtaobh thaifeadadh na dtáscairí cruinnis, seachas i gcás na ndátaí breithe. Tá Éirchód sannta ag 60.0% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe ag 74.0% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 48.0% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 21.0% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta).

Idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, baineadh 3,077 iontráil den chlár, toghthóirí a fuair bás nó daoine a bhog amach as an gcontae den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 5,695 scrios agus 7,985 nuashonrú ar an gclár sin.

Ba cheart béim níos mó a chur ar bhailiú sonraí méadaithe i gcás na gceannteideal ar fad chun cruinneas agus cáilíocht an chláir a fheabhsú.

**Iomláine**

Tháinig méadú 9,549 duine ar chlár na dtoghthóirí idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024.

Ní gá go dtugtar leibhéil arda chlárúcháin le fios leis an ráta sách ard clárúcháin de 96.3% i gcomparáid leis an daonra incháilithe measta, go háirithe nuair a bhreathnaítear air i dteannta na dtáscairí cruinnis.

Ní féidir measúnú éifeachtach a dhéanamh ar iomláine chlár Chomhairle Contae an Chláir go dtí go bhfeabhsaítear na táscairí cruinnis.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae an Chláir gur oibrigh ball foirne amháin go lánaimseartha ar chlár na dtoghthóirí in 2023 agus 2024, le ball foirne páirtaimseartha amháin in 2023, a mhéadaigh go ceathrar go luath in 2024.

D'úsáid Comhairle Contae an Chláir cistiú RTRÁO chun íoc as ragobair chun a chinntiú gur próiseáladh na hiarratais ar fad ar an gclár. Ba cheart don chomhairle a chinntiú gur leor an leibhéal soláthair acmhainní chun tabhairt faoi bhainistíocht agus cothabháil leanúnach an chláir rollaigh, agus go mbeadh an cumas agus inniúlacht ann chun tabhairt faoin obair a theastaíonn chun sonraí an chláir a ullmhú lena n-ascnamh go dtí an clár náisiúnta comhroinnte.

Chaith Comhairle Contae an Chláir €72,478 ar chothabháil chlár na dtoghthóirí in 2023. Ba é €87,022 buiséad ceadaithe na comhairle le haghaidh chostais an chláir in 2024.

In 2023, meastar gur chuir RTRÁO €48,558 ar fáil don chomhairle chun cáilíocht sonraí an chláir a fheabhsú. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €26,054 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Contae an Chláir faoi ghníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu i rith 2023 chun feasacht a ardú ar an gclár, agus ar an bpróiseas clárúcháin.

Tugadh faoi fheasacht ar na meáin áitiúla i nuachtáin agus ar an raidió i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2023, ag an am céanna le scaipeadh bileog ar gach teaghlach sa chontae. Ina dhiaidh sin, agus i ndiaidh feachtais a reáchtáladh ar an leibhéal náisiúnta, tháinig méadú 3,325 ar an líon daoine ar an gclár. Tháinig méadú os cionn 7,500 ar líon na UPSPanna ar an gcóras, rud a chuir le leibhéal reatha an táscaire sin. Sonraíodh freisin go raibh roinnt iarratais dhúblacha ann, toisc go ndearna daoine nach raibh in ann iad féin a aimsiú ar an gclár iarratas an athuair. Thuairiscigh an chomhairle go raibh sí ag obair ar shonraí an chláir a ghlanadh trí chártaí vótaíochta a sheol An Post nó tríú páirtithe ar ais chun cabhrú lena chinneadh an bhfuil toghthóirí fós ina gcónaí ag na seoltaí a thugtar ar an gclár. Ní fios go fóill cén tionchar iomlán a bheidh ag an tionscadal sin.

Níor tugadh aon fhaisnéis eile faoi ghníomhaíochtaí a rinneadh roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha agus roimh an olltoghchán.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá clár Chomhairle Contae an Chláir sa lár-raon faoi láthair i gcomparáid le húdaráis áitiúla eile. Ach creideann an Coimisiún go gcaithfear na meáin náisiúnta le haghaidh na dtáscairí ar fad a mhéadú. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, caithfear obair a dhéanamh chun taifeadadh na dtáscairí cruinnis a mhéadú chun cáilíocht an chláir a fheabhsú tuilleadh.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastóireacht a dhéanamh le haon chinnteacht ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae an Chláir agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chathair Chorcaí

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chathair Chorcaí le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chathair Chorcaí le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 147,411 | 148,454 | 152,940 | 158,280 | 161,357 |
| **Dáil** | 140,621 | 141,314 | 146,514 | 148,894 | 151,600 |
| **Eorpach** | 140,157 | 140,827 | 146,039 | 148,769 | 151,402 |
| **Reif/ Uacht** | 139,061 | 139,728 | 144,947 | 147,244 | 149,852 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Cathrach Chorcaí don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 9.5% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Chomhairle Cathrach Chorcaí. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár réasúnta seasmhach, le méadú beag 0.7%.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.7% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 6.6% agus 5.6% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 7.3% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCathair Chorcaí – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCathair Chorcaí – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 67.2% | 70.5% | 72.7% | 74.0% |
| **Éirchód** | 97.1% | 98.1% | 98.1% | 98.0% |
| **DB + Éir** | 65.6% | 69.1% | 71.7% | 74.0% |
| **UPSP** | 5.6% | 12.4% | 18.9% | 24.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Laghdaíonn taifeadadh na faisnéise sin an baol a bhaineann le hiontrálacha dúblach, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí a tuairiscíodh, i dteannta ráta clárúcháin measta 90.5%, le fios go raibh Comhairle Cathrach Chorcaí ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**161,357** — Líon ar an gclár Nol 2024

**178,350** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**90.5%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**13,946 +9.5%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.6% (104)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 120,102 | **74.0% [14ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 158,810 | **98.0% [6ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 118,767 | **74.0% [6ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 38,881 | **24.0% [8ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Seoladh bileog sa phost
- Raidió áitiúil
- Scaipeadh ábhar toghcháin (litreacha, póstaeir, bileoigíní) ar ghnólachtaí, scoileanna agus coláistí
- Rannpháirtíocht le haonaid do dhaoine gan dídean agus ionaid tearmainn faoi roghanna iarratais
- Rannpháirtíocht le hospidéil agus tithe altranais faoi phostvótáil agus vótáil speisialta
- Comhfhreagras le cónaitheoirí árasán/árasán dhá urlár faoi chlárú/nuashonrú sonraí roimh an olltoghchán

*Ní scartar sonraí Chathair agus Chontae Chorcaí i staidreamh daonra agus imirce CSO le haghaidh 2024. Tá an figiúr daonra measta le haghaidh Chathair Chorcaí bunaithe ar chion dhaonra Chathair agus Chontae Chorcaí a chónaíonn i gCathair Chorcaí de réir shonraí Dhaonáireamh 2022 (38.3%)

### Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí a tugadh le fios go raibh 90.5% den daonra incháilithe measta i gCathair Chorcaí ar chlár na dtoghthóirí i Nollaig 2024. I gcomhthéacs na dtaifeadtaí arda a tuairiscíodh le haghaidh trí cinn de na ceithre tháscaire cruinnis, is cosúil go bhfuil clár Chathair Chorcaí níos cruinne ná an meán náisiúnta.

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí i measc na ndeich n-údarás áitiúla is fearr le haghaidh trí cinn de na ceithre tháscaire cruinnis. Tá Éirchód sannta ag 98.0% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe ag 74.0% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 74.0% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 24.0% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta).

Tá Comhairle Cathrach Chorcaí i mbun oibre chun cruinneas an chláir a fheabhsú, na dátaí breithe agus Éirchóid go háirithe. Roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, seoladh ábhar chuig 13,500 toghthóir, agus seoladh 4,800 freagra dá bharr a chabhraigh le cruinneas a fheabhsú. Tuairiscíonn an

chomhairle go ndéantar ‘glantachán’ ar an gclár tar éis gach imeachta toghcháin. Is go fíorannamh a bhíonn iontrálacha dúblacha ag an seoladh céanna agus marcáiltear iad lena scriosadh. Déantar fiosrúcháin leantacha agus scriosadh féideartha sa chás go seoltar cártaí vótaíochta ar ais, mar go dtugann sé sin le fios nach bhfuil toghthóir ag an seoladh a thugtar ar an gclár níos mó. Thuairiscigh an chomhairle go ndearnadh thart ar 3,000 scrios bunaithe ar chártaí vótaíochta le haghaidh reifrinn an Mhárta a seoladh ar ais agus foirmeacha Éilimh Tríú Páirtí.

Chuaigh Comhairle Cathrach Chorcaí i dteagmháil le hospidéil agus tithe altranais roimh imeachtaí toghcháin chun liostaí postvótála agus vótála speisialta a thabhairt cothrom le dáta.

**Iomláine**
Tháinig méadú 13,946 duine ar chlár Chathair Chorcaí idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 9.5% é sin.

Tá an ráta clárúcháin foriomlán ag 90.5%. I gcomhthéacs na dtáscairí cruinnis sách ard a tuairiscíodh, tugtar le fios go bhfuil clár Chomhairle Cathrach Chorcaí ar cheann de na cláir is cruinne.

Ach ní bheifear in ann tuiscint níos grinne a fháil ar an ráta clárúcháin go dtí go mbeidh bunachar sonraí comhroinnte ann agus go ndéantar tuilleadh feabhais ar na táscairí cruinnis. I bhfianaise na hoibre a rinneadh cheana féin, is cosúil gur cheart go mbeadh Comhairle Cathrach Chorcaí i suíomh maith chun aghaidh a thabhairt ar chruinneas agus iomláine i ndiaidh an ascnaimh go dtí LGERS.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Cathrach Chorcaí gur oibrigh triúr ball foirne lánaimseartha agus ball foirne páirtaimseartha amháin sa rannóg toghchórais in 2023, líon a mhéadaigh go cúigear lánaimseartha agus beirt pháirtaimseartha in 2024. Chabhraigh seachtar ball foirne páirtaimseartha eile le próiseáil na n-iarratas a fuarthas roimh reifrinn an Mhárta.

Ag cruinniú idir an Coimisiún agus Comhairle Cathrach Chorcaí, ba léir go dtugann an t-údarás áitiúil tosaíocht ard don fheidhm toghchórais. Léirítear é sin le cuid de na táscairí cruinnis atá sách ard. Molann an Coimisiún go leanfaí leis sin.

Thuairiscigh an chomhairle dúshláin a bhí le sárú ag an rannóg toghchórais. Áiríodh orthu sin tionchar na bearna idir an babhta deiridh d’imeachtaí toghcháin ar líon na n-iarratas a bhí le próiseáil, ullmhúchán do thoghcháin agus deacrachtaí le soláthar acmhainní. Tuairiscíodh gur theastaigh ragobair shuntasach chomh maith leis na hacmhainní breise oilte.

Fuarthas 2,835 iarratas ar líne sa tseachtain roimh an spriocdháta d’iarratais le haghaidh na dtoghchán áitiúil agus Eorpach, agus 7,768 iarratas ar líne sa tseachtain roimh an spriocdháta d’iarratas le haghaidh an olltoghcháin. Cuireadh 16 bhall foirne faoi oiliúint chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil le go bhféadfaí an t-ualach oibre sin a bhainistiú. Tuairiscíodh gur éirigh leo na hiarratais ar fad a phróiseáil. Sonraíodh nach bhféadfaí na hiarratais sin a phróiseáil murach eagrúchán suntasach agus solúbthacht na foirne.

Ba cheart do Chomhairle Cathrach Chorcaí a chinntiú gur leor an leibhéal soláthair acmhainní chun tabhairt faoi bhainistíocht agus cothabháil leanúnach an chláir rollaigh, agus chun arduithe tobanna ar ghníomhaíocht a bhainistiú. Ba cheart go mbeadh an cumas agus inniúlacht ann chun tabhairt faoin obair a theastaíonn chun sonraí an chláir a ullmhú lena n-ascnamh go dtí an clár náisiúnta comhroinnte laistigh de na sceidil bheartaithe.

Tuairiscíodh gur chaith an chomhairle €226,800 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh €283,300 le haghaidh 2024.

Fuair Comhairle Cathrach Chorcaí €64,305 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, fuair an chomhairle €64,397 ó RTRÁO don obair sin.

**Gníomhaíochtaí**
Anuas ar an seoladh bileog thuasluaite, thug Comhairle Cathrach Chorcaí faoi fheachtais ar na meáin áitiúla agus feachtais dáilte bileog chun feasacht ar an bpróiseas clárúcháin a mhéadú. Thug sí faoi imeachtaí for-rochtana spriocdhírithe freisin, cuairteanna ar choláistí, imeachtaí pobail/cultúrtha agus ionaid siopadóireachta ina measc. D'oibrigh an fhoireann toghchórais leis an ngrúpa do chearta imirceach agus teifeach, Nasc, agus le Foireann Imeasctha Údaráis Áitiúil na comhairle chun feasacht ar chlárú a ardú i measc 'pobail nua' roimh na toghcháin áitiúla. Eagraíodh imeachtaí feasachta clárúcháin éagsúla i Halla na Cathrach, i gcoláistí agus i roinnt suíomhanna pobail.

Tuairiscíodh go raibh tionchar measctha ag na gníomhaíochtaí sin i dtéarmaí rannpháirtíochta, agus go mbíonn gníomhaíochtaí dá leithéid ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil, rud ba cheart a mheas i gcomhthéacs phleanáil an lucht oibre sa todhchaí.

Roimh thoghchán na Dála, fuair gach suíomh árasáin agus árasán dhá urlár san údarás áitiúil (15,318) litir inar spreagadh do vótálaithe clárú/a sonraí a thabhairt cothrom le dáta.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Is cosúil go bhfuil clár Chathair Chorcaí ar cheann de na cinn is cruinne i bhfianaise na leibhéal ard de na táscairí cruinnis ar fad a tugadh. Ach caithfear obair a dhéanamh chun líon na ndátaí breithe agus UPSPanna taifeadta a mhéadú. Is cosúil go bhfuil an chomhairle i suíomh maith chun leanúint ag feabhsú cruinnis agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun iomláine a mhéadú.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur tosaíocht réasúnta ard trí chéile don údarás áitiúil seo é clár na dtoghthóirí. Is léir go ndearnadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Ach teastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

Cé go gcreideann an Coimisiún go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht, ní féidir fós meastachán a dhéanamh ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Teastaíonn tuilleadh feabhais roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Cathrach Chorcaí agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chontae Chorcaí

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chontae Chorcaí le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chontae Chorcaí le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 265,281 | 268,225 | 276,242 | 285,129 | 295,060 |
| **Dáil** | 255,391 | 258,056 | 265,729 | 272,023 | 281,863 |
| **Eorpach** | 251,691 | 254,292 | 262,120 | 268,872 | 278,574 |
| **Reif/ Uacht** | 249,504 | 252,063 | 259,689 | 265,591 | 275,204 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Chorcaí don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 11.2% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú beagán le cois 1.0% ar an líon daoine ar an gclár.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.0% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 6.3% agus 5.7% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 9.2% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gContae Chorcaí – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gContae Chorcaí – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 53.8% | 55.6% | 57.8% | 60.0% |
| **Éirchód** | 47.2% | 49.7% | 52.4% | 57.2% |
| **DB + Éir** | 31.7% | 35.4% | 38.9% | 43.3% |
| **UPSP** | 4.2% | 10.3% | 15.8% | 19.9% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Is féidir le taifeadadh na faisnéise sin cabhrú le hiontrálacha dúblacha a íoslaghdú, an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, a áiríonn leibhéal íseal de chlúdach na bpríomh-athróg ar nós sonraí dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, i dteannta líon measta 101.4% den daonra incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios gur cosúil go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Contae Chorcaí chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**295,060** — Líon ar an gclár Nol 2024

**290,992** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**101.4%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**29,779 +11.2%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**2.5% (255)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 177,049 | **60.0% [26ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 168,811 | **57.2% [18ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 127,880 | **43.3% [24ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 58,820 | **19.9% [21ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Seastán ag Seó Samhraidh Chorcaí
- Comhfhreagras le thart ar 24,800 toghthóir in dhá Thoghlimistéar Áitiúla
- Feachtas ar na meáin áitiúla

### Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh, tá líon na dtoghthóirí tuairiscithe ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i gContae Chorcaí, ag 101.4%, ar an seachtú ceann is airde sa tír. I gcomhthéacs na leibhéal íseal de tháscairí cruinnis, is dóigh go dtugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár Chontae Chorcaí le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 19.9%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 60.0%, go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%. Tá Éirchóid a bailíodh, ag 57.2%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 69.8%. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 43.3%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin.

Thuairiscigh Comhairle Contae Chorcaí gur sainaithníodh clárúcháin dhúblacha i rith an phróisis iarratais ar chlárúchán trí thabhairt faoi chuardach ar gach ainm nó dáta breithe nó UPSP le haghaidh iarratais ar chlárúcháin nua agus nuashonruithe sonraí. Chuathas i dteagmháil le toghthóirí ar leith nuair ba ghá chun sonraí cearta a dheimhniú chun dúbláil a sheachaint. Ach níorbh fhéidir é sin a dhéanamh i gcónaí le haghaidh seantaifead nach raibh dáta breithe ná UPSP bainteach leo. Sonraíonn an chomhairle nach féidir tuairisc a thabhairt ar dhúblaigh faoin gcóras iReg reatha, mar sin is deacair an líon a thomhas. Ach déanfar tuairisc chun dúblaigh a shainaithint mar cheann de na céimeanna chun sonraí a ascnamh ó iReg go dtí voter.ie, rud a gcuireann an chomhairle fáilte roimhe.

Thuairiscigh an chomhairle go bhfuarthas go leor gearán i ndiaidh na reifreann ó thoghthóirí nach raibh in ann vóta a chaitheamh toisc nár tugadh a saoránacht cothrom le dáta ar an gclár. Bhí dul amú ar na toghthóirí agus chreid siad go raibh an clár nasctha le córais eile a ndearnadh a saoránacht a thabhairt cothrom le dáta orthu go huathoibríoch.

Tuairiscíodh gur baineadh 6,597 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 13,425 scrios agus 29,889 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal íseal de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá níos mó ná an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Contae Chorcaí leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

**Iomláine**
Tháinig méadú 29,779 duine ar chlár Chontae Chorcaí idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Ba mhéadú os cionn 11.0% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh i gContae Chorcaí ar an gclár díreach mar go bhfuil líon tuairiscithe na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 101.4% den daonra incháilithe measta, an seachtú ráta is airde sa tír, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí Chontae Chorcaí a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae Chorcaí gur oibrigh triúr ball foirne go lánaimseartha agus beirt go páirtaimseartha san aonad toghchórais in 2023 agus 2024, agus gur thacaigh thart ar dheichniúr ball foirne eile leo chun cabhrú le hullmhú le haghaidh imeachtaí toghcháin.

Chuir Comhairle Contae Corcaí in iúl go bhfuair an fhoireann toghchórais baill foirne ó rannóga eile go sealadach, gur cuireadh faoi oiliúint iad agus go ndearnadh maoirseacht orthu, agus gur úsáideadh ragobair chun na toghthóirí a chlárú in am do gach imeacht toghcháin i rith 2024. Chruthaigh na spriocdhátaí dochta chun clárú roimh an olltoghchán an dúshlán ba mhó. Tuairiscíodh gur chláraigh cohórt daoine ar *checktheregister.ie* i ndiaidh an spriocdháta shonraithe agus nárbh fhéidir leo vóta a chaitheamh.

Meastar gur chaith Comhairle Contae Chorcaí €152,672 in 2023 ar chothabháil an chláir. Cheadaigh sí caiteachas €193,016 ar chostais an chláir le haghaidh 2024. In 2023, chuir RTRÁO cistiú €83,432 ar fáil don chomhairle chun cáilíocht shonraí an chláir a fheabhsú. In 2024, fuair an chomhairle €86,872 ó RTRÁO don obair sin.

**Gníomhaíochtaí**
Scríobh an chomhairle chuig 24,800 toghthóir in dhá Thoghlimistéar Áitiúla ina raibh an líon is airde toghthóirí gan dátaí breithe, UPSPanna ná Éirchóid. Tuairiscíodh leibhéal ard freagraí, le 3,556 iontráil nua, 5,649 athrú agus 897 scrios ón gclár.

Thuairiscigh an chomhairle gur rith sí feachtas suntasach ar na meáin áitiúla chun feasacht a mhéadú ar an bpróiseas clárúcháin i rith 2023. Tuairiscíodh sna freagraí suirbhé tosaigh go bhfuarthas os cionn 1,600 clárú nua agus thart ar 4,100 leasú dá bharr. Bhí seastán aici freisin ag Seó Samhraidh Chorcaí.

Thuairiscigh an chomhairle go ndeachaigh sí i dteagmháil le gach scoil agus teach altranais roimh na reifrinn, toghchán áitiúil agus olltoghchán chun vótálaithe a spreagadh le clárú agus/nó a sonraí a sheiceáil.

Reáchtáil an fhoireann toghchórais clinicí i naoi leabharlann ar fud Chontae Chorcaí i gcaitheamh Dheireadh Fómhair 2024 chun daoine a spreagadh le clárú agus/nó a sonraí a sheiceáil. Cuireadh fógraí i nuachtáin áitiúla agus réigiúnacha chun an tionscnamh sin a fhógairt. Reáchtáladh feachtas

raidió dátheangach ar stáisiúin raidió áitiúla. Cuireadh fógraí ar shuíomh gréasáin agus meáin shóisialta na comhairle chun daoine a spreagadh le clárú agus a sonraí a thabhairt cothrom le dáta, a saoránacht a thabhairt cothrom le dáta ina measc.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Contae Chorcaí sula mbíonn na táscairí cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, molann an Coimisiún go ndéanfar an leibhéal tosaíochta a thugann an t-údarás áitiúil seo do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Chorcaí agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Dhún na nGall

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Dhún na nGall le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Dhún na nGall le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 131,253 | 132,533 | 136,878 | 143,337 | 145,443 |
| **Dáil** | 128,502 | 129,643 | 133,686 | 137,739 | 139,707 |
| **Eorpach** | 126,923 | 128,017 | 131,930 | 135,841 | 137,716 |
| **Reif/ Uacht** | 126,634 | 127,729 | 131,637 | 135,493 | 137,370 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Dhún na nGall don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 10.8% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, is beag athrú a tháinig ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.1% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 8.2% agus 6.1% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 7.8% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i nDún na nGall – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i nDún na nGall – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 30.5% | 35.6% | 38.3% | 40.5% |
| **Éirchód** | 27.8% | 33.7% | 37.0% | 41.4% |
| **DB + Éir** | 15.0% | 21.5% | 25.2% | 28.8% |
| **UPSP** | 2.5% | 10.5% | 14.9% | 18.5% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Leagann na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 107.5% den daonra incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, béim ar an obair mhór atá le déanamh ag Comhairle Contae Dhún na nGall is cosúil chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**145,443** – Líon ar an gclár Nol 2024

**135,354** – Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**107.5%** – % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**14,190 +10.8%** – Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.9% (92)** – Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 59,064 | **40.5% [31ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 60,320 | **41.4% [30ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 41,953 | **28.8% [31ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 26,858 | **18.5% [28ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar gach teaghlach
- Feachtas ar na meáin áitiúla/cláir fógraí
- Fógraíocht ag scáthláin bus

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá líon na dtoghthóirí tuairiscithe ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i nDún na nGall, ag 107.5%, ar an dara ceann is airde sa tír. Tugann sé sin leibhéal ard míchruinneas ar chlár Dhún na nGall le fios, go háirithe i gcomhthéacs an leibhéil an-íseal de tháscairí cruinnis. Tá céatadán na UPSPanna a tuairiscíodh, ag 18.5%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 40.5%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%, mar atá i gcás na nÉirchód ag 41.4% (is é 69.8% an meán náisiúnta). Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, a thuairiscítear ag 28.8%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin. Tá na leibhéil is ísle ag Comhairle Contae Dhún na nGall le haghaidh péire de na táscairí cruinnis agus tá sí i measc na leibhéal is ísle don phéire eile.

Tuairiscíodh gur baineadh 495 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 2,994 scrios agus 695 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal an-íseal de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár áitiúil atá i bhfad níos mó ná an líon daoine incháilithe féideartha béim ar an ngá atá ann go méadódh Comhairle Contae Dhún na nGall go mór leibhéal na dtáscairí cruinnis chun tacú le hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint.

Shonraigh an chomhairle roinnt fadhbanna, agus b'údar mór imní toghthóirí ag cur iarratais dhúblacha isteach. B'fhadhb é sin a tháinig chun cinn arís agus arís eile i ngach imeacht toghcháin in 2024. Bhain sé sin den chuid is mó le toghthóirí reatha nach raibh in ann iad féin a aimsiú ar *checktheregister.ie* agus toghthóirí nua agus reatha nach bhfuair ríomhphost admhála, agus a chuir iarratas isteach arís dá bharr. B'fhadhb é sin a thuairiscigh údaráis áitiúla éagsúla.

**Iomláine**
Tháinig méadú 14,190 duine ar chlár Dhún na nGall idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Ba mhéadú os cionn 10% é sin agus theastaigh obair shuntasach i measc na foirne toghchórais chun a chinntiú go raibh daoine a bhí i dteideal vóta a chaitheamh in imeacht toghcháin cláraithe in am.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh i nDún na nGall ar an díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Is cosúil go dtugann an ráta clárúcháin 107.5% den daonra incháilithe measta, an dara ráta is airde sa tír, le fios go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí Dhún na nGall a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Is teoranta iad na hacmhainní foirne atá tiomanta do bhainistiú agus cothabháil chlár Dhún na nGall faoi láthair. Tuairiscíodh nach raibh ach duine amháin ag obair go lánaimseartha sa réimse toghchórais in 2023. Bhí sé sin i measc na leibhéal foirne is ísle a taifeadadh le haghaidh údarás áitiúil. Mhéadaigh na hacmhainní foirne go beirt bhall foirne lánaimseartha agus beirt bhall foirne pháirtaimseartha in 2024.

Tugann sé sin le fios go dteastaíonn leibhéal soláthair acmhainní sách ard. Beidh sé sin ag teastáil go leanúnach de réir mar a leantar leis an obair ullmhúcháin don chlár náisiúnta comhroinnte agus ansin chun cruinneas an chláir a fheabhsú. Is tábhachtach freisin go gcuimhnítear ar na riachtanais leanúnacha acmhainní foirne a theastaíonn chun clár rollach a chothabháil.

Mheas Comhairle Contae Dhún na nGall gur caitheadh €129,152 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €129,422 le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle €55,012 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €55,001 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**
Sheol Comhairle Contae Dhún na nGall bileoga chuig gach teaghlach sa chontae agus thug sí faoi fheachtais ar na meáin áitiúla chun feasacht a ardú i measc an daonra ghinearálta ar chlárúchán, agus athruithe ar an bpróiseas clárúcháin, réamhchlárú do dhaoine atá 16 agus 17 mbliana d'aois ina measc. Tuairiscíodh go meastar gur chruthaigh na gníomhaíochtaí sin 4,200 iarratas nua breise agus 1,154 athrú ar shonraí toghthóirí. Ghlac ball foirne páirt i seisiún eolais beo ar stáisiún raidió áitiúil chun clárú le vótáil a chur chun cinn roimh na reifrinn i Márta.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Contae Dhún na nGall sula mbíonn na táscairí cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha fiú, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Dhún na nGall agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm. Creideann an Coimisiún go gcaithfidh Comhairle Contae Dhún na nGall feabhas mór a dhéanamh ar an tosaíocht a thugtar don chlár.

# Forléargas ar Chathair Bhaile Átha Cliath

**Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí DCC le haghaidh 2023–2024**




**Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí DCC le haghaidh 2023–2024**

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 346,568 | 346,694 | 355,202 | 364,303 | 380,433 |
| **Dáil** | 331,323 | 330,834 | 338,797 | 344,461 | 358,827 |
| **Eorpach** | 330,217 | 329,739 | 337,712 | 343,052 | 360,195 |
| **Reif/ Uacht** | 324,544 | 324,043 | 332,002 | 337,295 | 352,768 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 9.8% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár DCC. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad réasúnta seasmhach.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.5% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 5.1% agus 4.1% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 8.8% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

**Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe in DCC – aitheantóirí taifeadta**




**Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe in DCC – aitheantóirí taifeadta**

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 88.7% | 89.4% | 89.5% | 90.0% |
| **Éirchód** | 96.3% | 96.7% | 96.7% | 97.0% |
| **DB + Éir** | 85.7% | 86.6% | 86.9% | 88.0% |
| **UPSP** | 6.4% | 13.2% | 18.0% | 25.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Faoi láthair, cabhraíonn taifeadadh na faisnéise sin le tuairiscí a rith ar fud cheithre chlár Bhaile Átha Cliath chun cabhrú le hiontrálacha dúblacha a íoslaghdú. Is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí a tuairiscíodh le fios go raibh DCC ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**380,433** — Líon ar an gclár Nol 2024

**499,834** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**76.1%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**33,865 +9.8%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**0.2% (28)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 342,740 | **90.0% [5ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 368,723 | **97.0% [7ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 333,625 | **88.0% [3ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 96,460 | **25.0% [6ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Feachtas feasachta comhpháirteach *voter.ie* leis na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath
- Scaipeadh bileog a díríodh ar thionóntaí na comhairle cathrach
- Aonach/seó contae
- Rannpháirtíocht le meánscoileanna agus le hollscoileanna

## Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí le fios go raibh 76.1% den daonra incháilithe measta i gceantar DCC ar chlár na dtoghthóirí i Nollaig 2024. Is é sin an céatadán is ísle de thoghthóirí cláraithe i measc na n-údarás áitiúil ar fad. Ach i gcomhthéacs na dtáscairí cruinnis an-ard, is cosúil go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is cruinne.

Tá DCC i measc na ndeich n-údarás áitiúla is fearr le haghaidh na gceithre tháscaire cruinnis. Tá Éirchód sannta ag 97.0% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe ag 90.0% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 88.0% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 25.0% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta). D'oibrigh DCC leis na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath ar fheachtas chun úsáid a n-ardáin clárúcháin comhroinnte, *voter.ie*, a chur chun cinn, chomh maith le sonraí an chláir a thabhairt cothrom le dáta.

Cabhraítear leis an mbaol a bhaineann le hiontrálacha dúblacha a laghdú i gceantar Bhaile Átha Cliath mar gheall ar an mbunachar sonraí don chlár a chomhroinneann údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath. Tuairiscíodh gur baineadh 12,452 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024, rinneadh 7,449 scrios agus 25,113 nuashonrú ar an gclár sin.

**Iomláine**

Tugann an ráta clárúcháin 76.1% den daonra incháilithe measta le fios go bhfuil féidearthacht shuntasach ann chun iomláine a fheabhsú agus vótálaithe incháilithe a spreagadh le clárú.

Tháinig méadú 33,865 duine ar chlár DCC idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024.

Tá DCC tar éis leibhéil arda chruinnis a bhaint amach; ba cheart di cohóirt faoi ghannionadaíocht i measc na dtoghthóirí a shainaithint anois chun iomláine a mhéadú.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh DCC go raibh 2.8 ball foirne ag obair go lánaimseartha ar an gclár in 2023, agus 4.8 ball foirne in 2024. Sannadh ochtar ball foirne lánaimseartha breise agus cúigear ball foirne páirtaimseartha don fhoireann clárúcháin chun cabhrú le hiarratais le haghaidh reifrinn an Mhárta. Baineadh úsáid as ragobair freisin chun an borradh ar iarratais a bhainistiú laistigh de na spriocdhátaí, cé gur sonraíodh go laghdófaí an gá le ragobair sheasta dá n-earcófaí foireann shealadach chun an obair a bhainistiú i rith tréimhsí gnóthacha. Tharraing DCC aird ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint foirne ar chórais, próisis agus céimeanna spriocdhátaí an chlárúcháin.

Ba cheart do DCC a chinntiú gur leor an leibhéal soláthair acmhainní chun tabhairt faoi bhainistíocht agus cothabháil leanúnach an chláir rollaigh, chun pleanáil le haghaidh arduithe tobanna ar ghníomhaíocht agus iad a bhainistiú, agus aon ghníomhaíochtaí a theastaíonn chun iomláine a fheabhsú.

Bhí na buiséid is airde le haghaidh feidhmeanna toghchórais ag DCC. Chaith an chomhairle €913,401 ar chothabháil an chláir in 2023 agus ba é €747,903 an buiséad ceadaithe le haghaidh 2024. Le haghaidh 2023, tharraing DCC anuas €125,008 ó chistiú RTRÁO chun cáilíocht shonraí an chláir a fheabhsú. In 2024, tharraing DCC anuas €102,420 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**
Chomh maith le feachtas leathan – "Have You Voter.ie'd?" – a ritheadh i gcomhar le húdaráis áitiúla eile Bhaile Átha Cliath, thug DCC faoi roinnt gníomhaíochtaí leathana agus spriocdhírithe chun feasacht a ardú ar an bpróiseas clárúcháin, agus chun an clárúchán a mhéadú.

Cuireadh bileog eolais agus foirm chlárúcháin i bpacáistí DCC le haghaidh 3,000 tionónta údaráis áitiúil nua – tionscnamh a bhféadfadh údaráis áitiúla eile aithris a dhéanamh uirthi. Chuathas i dteagmháil leis an 78 meánscoil i gceantar comhairle DCC chun scoláirí atá 16–18 mbliana d'aois a spreagadh le clárú le vótáil nó a n-ainm a chur le liosta na dtoghthóirí ar feitheamh. Dá bharr sin, tháinig méadú os cionn 320 ar an líon réamhchlárúchán. Bhí tobsheastán ag DCC, i dteannta Chomhairle Contae Fhine Gall, in DCU agus OT Baile Átha Cliath i rith Sheachtain na bhFreisear, agus d'eascair 82 clárúchán breise as sin. D'fhreastail DCC ar an bhFéile Róis bhliantúil i Ráth Eanaigh, agus d'eascair 147 toghthóir ag clárú as sin.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Is cosúil go bhfuil clár DCC ar cheann de na cinn is cruinne le leibhéil arda de na táscairí cruinnis ar fad. Is údar imní an leibhéal clárúchán a bhfuil cuma íseal air, agus léiríonn sé an gá le rannpháirtíocht le pobail chun clárú cohórt faoi ghannionadaíocht a mhéadú.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur tosaíocht réasúnta ard trí chéile don údarás áitiúil seo é clár na dtoghthóirí. Is léir go ndearnadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Ach teastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.


Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht. I bhfianaise na dtáscairí cruinnis, is féidir roinnt muinín a bheith againn as a ráta clárúcháin tuairiscithe, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin agus is féidir meastachán a dhéanamh ar líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Is dóigh go dtarlóidh tuilleadh feabhsúchán nuair a bhunaítear LGERS agus le tiomantas leanúnach.

Tá DCC tar éis leibhéil arda chruinnis a bhaint amach; ba cheart di cohóirt faoi ghannionadaíocht i measc na dtoghthóirí a shainaithint anois chun iomláine a mhéadú.

Ba cheart do DCC agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí DLR le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí DLR le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 164,902 | 165,632 | 169,771 | 173,894 | 181,112 |
| **Dáil** | 160,283 | 160,713 | 164,556 | 166,816 | 173,821 |
| **Eorpach** | 161,378 | 161,794 | 165,638 | 168,117 | 175,104 |
| **Reif/ Uacht** | 157,479 | 157,921 | 161,772 | 164,009 | 170,849 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR) don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 9.8% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár DLR. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad réasúnta seasmhach, le méadú beag 0.4%.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.4% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 5.0% agus 3.9% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 8.2% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe in DLR – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe in DLR – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 57.9% | 60.5% | 61.8% | 64.8% |
| **Éirchód** | 99.2% | 99.6% | 99.3% | 99.4% |
| **DB + Éir** | 57.6% | 60.2% | 61.6% | 61.6% |
| **UPSP** | 7.9% | 14.9% | 19.4% | 27.5% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí ar leith a tugadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Faoi láthair, cabhraíonn taifeadadh na faisnéise sin le tuairiscí ar dhúblaigh a rith ar fud cheithre chlár Bhaile Átha Cliath chun iontrálacha dúblacha a íoslaghdú. Is féidir leis sin an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí a tuairiscíodh le fios go raibh DLR ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra. Ach tá céatadán na ndátaí breithe taifeadta íseal agus i measc na dtrí cinn is ísle sa tír. Ba cheart é sin a mhéadú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**181,112** – Líon ar an gclár Nol 2024

**209,318** – Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**86.5%** – % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**16,210 +9.8%** – Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**2.6% (149)** – Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí Cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 117,366 | **64.8% [23ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 179,959 | **99.4% [1ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 117,025 | **61.6% [11ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 49,759 | **27.5% [3ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Feachtais fógraíochta éagsúla – pictiúrlanna, stáisiúin traenach, ionaid siopadóireachta, scáthláin bus, agus boscaí bruscair BigBelly
- Cuairteanna ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus IADT le seastán clárúcháin agus eolais do vótálaithe
- Gach leabharlann DLR agus tobshiopa i nDún Laoghaire
- Cuairteanna ar institiúidí tríú leibhéal le seastáin clárúcháin agus eolais do vótálaithe
- Roinnt faisnéise faoin gclár le comhaltaí tofa
- Bialann fhoireann na comhairle – seastán clárúcháin agus eolais do vótálaithe
- Litreacha agus earraí do mheánscoileanna
- Comhfhreagras le toghthóirí faoi athruithe ar theorainn Dála agus clárú
- Cuairt ar Southside Action Travellers Group – clárú agus eolas do vótálaithe
- Maidin chaife: 'TogetHER in Politics' Pléphainéal ar thaithí na mban i bpolaitíocht – seastán clárúcháin agus eolais do vótálaithe

## Measúnú

**Cruinneas**
Tugann na sonraí a thug DLR le fios go bhfuil 86.5% den daonra incháilithe measta cláraithe le vóta a chaitheamh. Tá sé sin ar cheann de na céatadáin is ísle de thoghthóirí cláraithe i measc na n-údarás áitiúil ar fad. Cé go bhfuil obair le déanamh chun iomláine a fheabhsú, i gcomhthéacs na dtáscairí cruinnis sách ard, is cosúil go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is cruinne i dtéarmaí bailiú Dáta breithe, Éirchóid agus UPSP.

Tá DLR i measc na ndeich n-údarás áitiúla is fearr le haghaidh péire de na ceithre tháscaire cruinnis. Tá Éirchód sannta ag 99.4% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 61.6% (is é 56.0% an meán náisiúnta) agus tá UPSP bainteach ag 27.5% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta). Tá na dátaí breithe ag 64.8% íseal i gcomparáid leo sin, ach shonraigh an chomhairle go ndearna sí iarrachtaí réamhghníomhacha ina leith sin. Nuair a chuathas i dteagmháil le toghthóirí faoi athruithe ar theorainn, tapaíodh an deis chun dátaí breithe breise a iarraidh. Dá bhrí sin, taifeadadh 1,365 dáta breithe breise ó chomhfhreagras le 3,000 toghthóir. D'oibrigh DLR leis na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath freisin ar fheachtas chun úsáid a n-ardáin clárúcháin comhroinnte, *voter.ie*, a chur chun cinn, chomh maith le sonraí an chláir a thabhairt cothrom le dáta.

Laghdaítear an baol a bhaineann le hiontrálacha dúblacha mar gheall ar an mbunachar sonraí don chlár a chomhroinneann údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath. Tuairiscíodh gur baineadh 4,849 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 3,979 scrios agus 13,324 nuashonrú ar an gclár sin.

Shonraigh an chomhairle go bhfuil go leor toghthóirí atá cláraithe le fada an lá nach dtuigeann fós, d'ainneoin feachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta, go dteastaíonn sonraí pearsanta ó údaráis áitiúla chun cáilíocht an chláir a fheabhsú.

**Iomláine**
Tháinig méadú 16,210 duine ar chlár DLR idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024.

Tugann an ráta clárúcháin 86.5% den daonra incháilithe measta le fios go bhfuil féidearthacht ann chun iomláine a fheabhsú.

Ba cheart do DLR cohóirt faoi ghannionadaíocht i measc na dtoghthóirí a shainaithint anois chun iomláine a mhéadú.

**Soláthar acmhainní**
Chuir DLR in iúl go mbainistíonn Foireann Oifige Cheantar Dhún Droma Clár na dToghthóirí mar chuid dá róil, agus go mbíonn dualgais eile orthu freisin. Cé nár oibrigh aon bhall foirne ar an gclár go lánaimseartha, chaith ochtar 50.0% dá gcuid ama ar an gclár. Ceapadh oifigeach cléireachais sealadach chun cabhrú leis an gclár roimh reifrinn an Mhárta. Rinne baill foirne ragobair freisin chun arduithe tobanna ar iarratais a bhainistiú. Shonraigh DLR gur chruthaigh spriocdhátaí diana roimh thoghchán na Dála sa tSamhain dúshláin acmhainní. Ar an lá deiridh le clárú, bhí os cionn 5,000 iarratas le próiseáil laistigh de cheithre lá.

Roimh an olltoghchán, d'oibrigh seachtar ball foirne go lánaimseartha ar iarratais ar an gclár a phróiseáil, agus sannadh naonúr eile ar obair a bhain leis an gclár. Éilíodh ar an bhfoireann uaireanta fada oibre a dhéanamh agus oibriú ag an deireadh seachtaine chun iarratais a phróiseáil go lánaimseartha roimh imeachtaí toghcháin.

Chaith Comhairle Contae DLR €234,400 ar chothabháil an chláir in 2023. Ba é €286,200 an buiséad ceadaithe le haghaidh chostais an chláir in 2024.

Chuir RTRÁO cistiú €66,150 ar fáil don chomhairle chun cáilíocht shonraí an chláir a fheabhsú. In 2024, tharraing DLR anuas €66,024 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**
Chomh maith le feachtas leathan – "Have You Voter.ie'd?" – a ritheadh i gcomhar le húdaráis áitiúla eile Bhaile Átha Cliath, thug DLR faoi roinnt gníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun feasacht a mhéadú ar chlár na dtoghthóirí, agus rannpháirtíocht leis, agus chun cruinneas an chláir a mhéadú. Bhí imeachtaí mac léinn sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus IADT ina measc siúd, imeachtaí a bhí dírithe ar thoghthóirí níos óige, agus tuairiscíodh gur eascair os cionn 250 leasú astu.

Thuairiscigh DLR go ndeachaigh sí i dteagmháil leis na meánscoileanna áitiúla ar fad chun scoláirí Idirbhliana, agus a muintir, a spreagadh le clárú, agus gur eascair 966 clárú, 1,705 leasú agus 632 baint as sin. Cuireadh seastáin in airde i leabharlanna áitiúla, ag Taispeántas Aoisbhá agus in ionad siopadóireachta. Dá mbarr sin, rinneadh 591 leasú agus iontráil bhreise ar an gclár. Chun an cruinneas a mhéadú tuilleadh, chuaigh DLR i dteagmháil le toghthóirí nach raibh aon dáta breithe bainteach acu, agus fuarthas 1,365 freagra ar 3,000 litir a seoladh. Thug DLR faoi ghníomhaíochtaí spriocdhírithe freisin, cuairt ar Southside Action Travellers Group ina measc.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Bunaithe ar na sonraí a tugadh, is cosúil go bhfuil clár DCC ar cheann de na cinn is cruinne le roinnt leibhéil arda de na táscairí cruinnis. Ach ba cheart do DLR leanúint leis an obair a rinneadh chun dátaí breithe agus UPSPanna taifeadta a mhéadú. Ba cheart di tógáil ar na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcaitheamh 2024 freisin, agus tuilleadh plé a dhéanamh le pobail chun clárú cohórt faoi ghannionadaíocht a mhéadú agus iomláine an chláir a fheabhsú.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur tosaíocht réasúnta ard trí chéile don údarás áitiúil seo é clár na dtoghthóirí. Rinneadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Ach teastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

Cé go gcreideann an Coimisiún go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht, ní féidir fós meastachán a dhéanamh ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Teastaíonn tuilleadh feabhais roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Fhine Gall

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Fhine Gall le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Fhine Gall le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 193,449 | 195,005 | 200,946 | 206,321 | 215,006 |
| **Dáil** | 180,687 | 181,915 | 187,545 | 191,077 | 199,721 |
| **Eorpach** | 182,563 | 183,720 | 189,331 | 193,045 | 201,670 |
| **Reif/ Uacht** | 177,836 | 179,052 | 184,655 | 188,167 | 196,704 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Fhine Gall don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 11.1% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Fhine Gall. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár sách seasmhach, le méadú níos lú ná 1.0%.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.1% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 5.8% agus 5.1% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 9.8% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i bhFine Gall – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i bhFine Gall – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 56.1% | 58.9% | 60.1% | 62.5% |
| **Éirchód** | 96.3% | 97.0% | 96.7% | 96.8% |
| **DB + Éir** | 55.1% | 57.9% | 59.2% | 62.0% |
| **UPSP** | 7.0% | 14.3% | 15.0% | 26.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Faoi láthair, cabhraíonn taifeadadh na faisnéise sin le tuairiscí ar dhúblaigh a rith ar fud cheithre chlár Bhaile Átha Cliath chun iontrálacha dúblacha a íoslaghdú. Is féidir leis sin an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Léiríonn na sonraí a tuairiscíodh, i dteannta ráta clárúcháin measta 83.3%, go raibh Comhairle Contae Fhine Gall ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra, seachas i gcás a taifeadta ar dhátaí breithe. Tá céatadán na ndátaí breithe taifeadta ar an gceann is ísle i measc údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath agus i measc na dtrí cinn is ísle sa tír. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**215,006** — Líon ar an gclár Nol 2024

**258,180** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**83.3%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**21,557 +11.1%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.6% (163)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 134,444 | **62.5% [24ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 208,241 | **96.8% [8ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 132,623 | **62.0% [10ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 55,088 | **26.0% [5ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Feachtas feasachta comhpháirteach *voter.ie* leis na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath
- Scaipeadh bileog
- Aonach/seó contae
- Rannpháirtíocht le grúpaí pobail
- Rannpháirtíocht le hollscoileanna

### Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí a tugadh le fios go bhfuil 83.3% den daonra incháilithe measta i bhFine Gall cláraithe le vóta a chaitheamh. Tá sé sin níos ísle ná formhór na n-údarás áitiúil eile, ach ba cheart breathnú air i dteannta na dtáscairí cruinnis. Tá Éirchód sannta ag 96.8% de na toghthóirí, atá go mór os cionn an mheáin náisiúnta, 69.8%, agus tá UPSP bainteach ag 26.0% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta). Fágann na torthaí sin go bhfuil an chomhairle i measc na ndeich n-údarás áitiúla is fearr le haghaidh na dtáscairí cruinnis sin. Tá an chomhairle i measc na ndeich n-údarás áitiúla is fearr freisin le haghaidh dátaí breithe i dteannta Éirchód ag 62.0%, i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 56.0%. Ach tá an comhairle faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4% i dtaobh na ndátaí breithe, le 62.5% taifeadta.

Ach oiread le húdaráis áitiúla eile, thuairiscigh Comhairle Contae Fhine Gall gur fadhb mhór roimh imeachtaí toghcháin a bhí in iarratais dhúblacha agus iarratais a cuireadh isteach níos mó ná uair amháin. D'eascair sé sin go minic as toghthóirí nach raibh in ann iad féin a aimsiú ar an gclár, agus a chuir iarratas isteach mar thoghthóirí nua dá bharr. Mar gheall ar an easpa sonraí cruinne ar an gclár le haghaidh gach toghthóra, b'éigean seiceálacha ar iarratais dhúblacha a dhéanamh de láimh, rud a bhí dúshlánach i bhfianaise na spriocdhátaí clárúcháin.

Baineadh 4,951 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, daoine a fuair bás nó daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 3,976 scrios agus 13,822 nuashonrú ar an gclár sin.

Laghdaítear an baol a bhaineann le hiontrálacha dúblacha mar gheall ar an mbunachar sonraí don chlár atá á chomhroinnt ag ceithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath ó 2019. Ach ba cheart leanúint leis na hiarrachtaí chun cruinneas a mhéadú.

**Iomláine**
Tá an ráta clárúcháin le hais an daonra incháilithe mheasta ag 83.3% níos ísle ná nach mór gach údarás áitiúil eile. Cé go bhfuil an leibhéal iomláine fós beagáinín deacair le haithint de bharr bearnaí sonraí ar an gclár go fóill, is féidir tátal a bhaint as ag an bpointe seo go bhfuil an figiúir 83.3% sin ar cheann de na meastacháin is cruinne ar an ráta clárúcháin.

Tháinig méadú 21,557 duine ar chlár Chomhairle Contae Fhine Gall idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 11.1% é sin.

Ba cheart do Chomhairle Contae Fhine Gall iarrachtaí a dhéanamh na leibhéil iomláine a mhéadú, agus a chinneadh cé na grúpaí ar cheart gníomhaíochtaí chun clárúchán a fheabhsú a dhíriú orthu.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae Fhine Gall gur oibrigh ceathrar ball foirne lánaimseartha agus ball foirne páirtaimseartha amháin ar chlár na dtoghthóirí in 2023, le ball foirne páirtaimseartha eile ag obair sa réimse sin in 2024. Phróiseáil triúr ball foirne páirtaimseartha eile iarratais roimh reifrinn an Mhárta, agus rinneadh ragobair.

Thuairiscigh an chomhairle gur chruthaigh spriocdhátaí clárúcháin le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin, go háirithe i gcás an olltoghcháin, dúshláin i dtéarmaí soláthair acmhainní toisc go raibh sé deacair leibhéil fhéideartha na n-iarratas a thuar agus pleanáil dá réir. Theastaigh acmhainní breise agus ragobair chun na hiarratais a bhainistiú.

Ba cheart don chomhairle a chinntiú gur leor an leibhéal acmhainní chun tabhairt faoi bhainistíocht agus cothabháil leanúnach an chláir rollaigh, chun pleanáil le haghaidh arduithe tobanna ar ghníomhaíocht agus iad a bhainistiú, agus aon ghníomhaíochtaí a theastaíonn chun cruinneas agus iomláine a fheabhsú.

Measann an chomhairle gur caitheadh €256,000 breise ar chothabháil an chláir in 2023. Ceadaíodh €334,000 le haghaidh 2024.

In 2023, chuir RTRÁO cistiú €82,037 ar fáil don chomhairle chun cáilíocht shonraí an chláir a fheabhsú. In 2024, fuair Comhairle Contae Fhine Gall €23,978 ó RTRÁO don obair sin.

**Gníomhaíochtaí**
Chomh maith le feachtas leathan – “Have You Voter.ie’d?” – a ritheadh i gcomhar leis na trí údarás áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, thug Comhairle Contae Fhine Gall faoi roinnt gníomhaíochtaí eile chun feasacht a ardú ar an bpróiseas clárúcháin, agus chun an clárúchán a mhéadú. Bhí seastáin aici in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath in 2023, as ar eascair thart ar 1,600 clárúchán. D’fhreastail sí ar chúig imeacht cuimsithe shóisialta freisin a d’eagraigh rannóg pobail na comhairle, nó ar thacaigh sí leo. D’eascair 1,512 iarratas ar an gclár agus nuashonrú astu sin. Bhí seastáin ag Comhairle Contae Fhine Gall freisin ag Seó Contae Flavours of Fingal (610 iarratas nua agus iarratas ar shonraí nuashonraithe) agus ag ionaid siopadóireachta áitiúla (1,773 iarratas nua agus iarratas ar shonraí nuashonraithe).

Sna tréimhsí roimh na himeachtaí toghcháin ar fad, reáchtáil Comhairle Contae Fhine Gall feachtas ar fud na meán clóite, na meán sóisialta agus ar scáthláin bus chun daoine a spreagadh lena chinntiú gur thug siad a sonraí ar an gclár cothrom le dáta nó gur chláraigh siad le vótáil. Chomh maith le postálacha ar chainéil na comhairle, bhí fógraí ar íocadh astu mar chuid de na feachtais freisin i nuachtáin áitiúla, agus íocadh as postálacha a chur chun cinn ar ardáin meán sóisialta.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Thuairiscigh Comhairle Contae Fhine Gall leibhéil arda do chuid de na táscairí cruinnis, go háirithe le haghaidh na nÉirchód a taifeadadh. Ach teastaíonn tuilleadh iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an taifead íseal de dhátaí breithe, agus chun UPSPanna a mhéadú. Ba cheart don comhairle iarracht a dhéanamh freisin na gníomhaíochtaí a spriocdhíriú chun clárú a mhéadú.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur tosaíocht réasúnta ard trí chéile don údarás áitiúil seo é clár na dtoghthóirí. Is léir go ndearnadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Ach teastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

Cé go gcreideann an Coimisiún go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht, seachas i gcás bhailiú na ndátaí breithe a dteastaíonn feabhas suntasach orthu fós, ní féidir fós meastachán a dhéanamh ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Teastaíonn tuilleadh feabhais roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Fhine Gall agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chathair na Gaillimhe

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chathair na Gaillimhe le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chathair na Gaillimhe le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 48,760 | 49,612 | 51,649 | 54,147 | 56,201 |
| **Dáil** | 44,804 | 45,500 | 47,255 | 48,630 | 50,561 |
| **Eorpach** | 45,020 | 45,752 | 49,143 | 48,890 | 50,791 |
| **Reif/ Uacht** | 44,141 | 44,819 | 46,551 | 47,876 | 49,749 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024.Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 15.3% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Chathair na Gaillimhe. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú beag thart ar 1.7% ar an líon daoine ar an gclár.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.9% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 6.9% agus 9.1% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 11.1% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCathair na Gaillimhe – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCathair na Gaillimhe – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 80.3% | 81.4% | 82.8% | 86.0% |
| **Éirchód** | 93.1% | 94.9% | 94.5% | 95.2% |
| **DB_Éir** | 75.6% | 78.6% | 79.1% | 82.7% |
| **UPSP** | 6.3% | 16.4% | 22.1% | 30.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 84.0% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go raibh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh táscairí cruinnis a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

| | |
|---|---|
| **56,201** | Líon ar an gclár Nol 2024 |
| **66,884** | Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024 |
| **84.0%** | % measta den daonra ar an gclár Nol 2024 |
| **7,441 +15.3%** | Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024 |
| **0.9% (19)** | Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024 |

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 48,334 | **86.0% [6ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 53,530 | **95.2% [9ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 46,504 | **82.7% [5ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 16,837 | **30.0% [2ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Feachtais ar na meáin áitiúla agus shóisialta
- Dáileadh bileog
- For-rochtain leis an bpobal, ceardlanna, cruinnithe halla an bhaile agus imeachtaí áitiúla ina measc
- Comhoibriú le comhaltaí tofa chun dul i bhfeidhm ar phobail faoi ghannionadaíocht
- Feachtais clárúcháin i scoileanna agus ollscoileanna
- Comhfhreagras le vótálaithe cláraithe chun sonraí a thabhairt cothrom le dáta

### Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí a thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe le fios go bhfuil 84.0% den daonra incháilithe measta i gceantar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe cláraithe le vóta a chaitheamh. Is é sin an tríú céatadán is ísle de thoghthóirí cláraithe i measc na n-údarás áitiúil ar fad. Ach tugann na táscairí cruinnis le fios go bhféadfadh go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is cruinne i measc an 31 clár.

I dtaobh na dtáscairí cruinnis, tuairiscítear go bhfuil Éirchód sannta ag 95.2% de na toghthóirí i gCathair na Gaillimhe (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe sannta ag 86.0% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 82.7% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 30.0% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta).

Thuairiscigh an chomhairle gur baineadh 658 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, toghthóirí a fuair bás agus toghthóirí a bhog amach ón gcontae den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 4,002 scrios agus 9,440 nuashonrú ar an gclár sin.

Is cosúil gur éirigh le Comhairle Cathrach na Gaillimhe cruinneas an chláir a neartú. Ba cheart tógáil ar na hiarrachtaí sin, go háirithe chun an líon UPSPanna taifeadta a mhéadú. Chuir an chomhairle in iúl go ndearna sí iarrachtaí chun aon imní a bheadh ar na toghthóirí faoina UPSP a thabhairt a mhaolú trí fheasacht a ardú ar an gcaoi a gcosnaítear faisnéis na dtoghthóirí.

**Iomláine**
Tháinig méadú 7,441 duine ar chlár Chathair na Gaillimhe idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 15.3% ar chlárúcháin é sin, méadú atá ar cheann de na cinn is airde sa tír.

Tugann an ráta clárúcháin 84.0% den daonra incháilithe measta le fios go bhfuil féidearthacht ann chun iomláine an chláir a fheabhsú.

Anuas ar chruinneas an chláir a fheabhsú tuilleadh, is cosúil go bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe i suíomh maith chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a ardaíonn feasacht ar an bpróiseas clárúcháin i measc grúpaí nó ceantair thíreolaíocha a d'fhéadfadh a bheith faoi ghannionadaíocht ar an gclár, agus thug sí le fios gur thug sí faoi roinnt gníomhaíochtaí, comhoibriú le comhairleoirí áitiúla ina measc.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur oibrigh beirt bhall foirne go lánaimseartha agus gur oibrigh beirt go páirtaimseartha ar an bhfoireann toghchórais in 2023 agus 2024. In 2024, sannadh baill foirne bhreise ar bhonn sealadach chun cabhrú leis an riaráiste iarratas a ghlanadh roimh gach imeacht toghcháin.

Anuas ar fhoireann a shannadh go sealadach don obair sin, theastaigh ragobair ag an deireadh seachtaine agus um thráthnóna chun na hiarratais a phróiseáil. Shonraigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe gur cheart níos mó oiliúna a chur ar fáil, go háirithe roimh imeachtaí toghcháin. Tharraing sí aird ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil dóthain baill foirne oilte ar fáil ar féidir leas a bhaint astu i rith tréimhsí ina bhfuil borradh ar ghníomhaíochtaí.

Ba cheart do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chinntiú gur leor an leibhéal soláthair acmhainní chun pleanáil le haghaidh arduithe tobanna ar ghníomhaíocht agus iad a bhainistiú, agus aon ghníomhaíochtaí a theastaíonn don ascnamh go dtí LGERS agus chun cruinneas agus iomláine a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh dóthain cumais agus inniúlachta ann chun tabhairt faoin obair a theastaíonn chun sonraí an chláir a ullmhú lena n-ascnamh go dtí an clár náisiúnta comhroinnte laistigh de na sceidil bheartaithe.

Meastar gur chaith an chomhairle €149,938 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €150,429 le haghaidh costais a bhaineann leis an gclár le haghaidh 2024.

Fuair Comhairle Cathrach na Gaillimhe €41,265 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €41,354 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**
Thuairiscigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe go raibh sí réamhghníomhach i gclárúcháin agus cruinneas an chláir a mhéadú. Roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, d'úsáid an chomhairle feachtas a raibh bonn leathan faoi sna meáin áitiúla, ina measc nuachtáin, raidió agus meáin shóisialta áitiúla, chun toghthóirí a spreagadh leis an gclár a sheiceáil agus a sonraí a leasú dá mba ghá. Tugadh faoi ghníomhaíochtaí eile roimh imeachtaí toghcháin eile i rith 2024, ina measc for-rochtain leis an bpobal ina raibh ceardlanna, cruinnithe halla na cathrach agus imeachtaí áitiúla; comhoibriú le comhaltaí tofa chun dul i gcion ar dhaonraí faoi ghannionadaíocht; feachtais spreagtha clárúcháin i scoileanna agus ollscoileanna agus comhfhreagras le vótálaithe cláraithe chun iad a spreagadh lena sonraí ar an gclár a thabhairt cothrom le dáta.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tugann na sonraí a thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe le fios go bhfuil a clár ar cheann de na cinn is cruinne, le leibhéil arda de na táscairí cruinnis ar fad. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i suíomh maith chun an cruinneas a mhéadú tuilleadh agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí spriocdhírithe chun a ráta iomláine a mhéadú, agus rinne sí iarrachtaí áirithe ina dtaobh sin cheana féin. Is cosúil freisin gur éirigh léi an clár a bhainistiú agus a chothabháil go réamhghníomhach.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur tosaíocht réasúnta ard trí chéile don údarás áitiúil seo é clár na dtoghthóirí. Is léir go ndearnadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Ach meastar go dteastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht. I bhfianaise na dtáscairí cruinnis, is féidir roinnt muinín a bheith againn as a ráta clárúcháin tuairiscithe, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin agus is féidir meastachán a dhéanamh ar líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Is dóigh go dtarlóidh tuilleadh feabhsúchán nuair a bhunaítear LGERS agus le tiomantas leanúnach. Teastaíonn tuilleadh feabhais roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chontae na Gaillimhe

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chontae na Gaillimhe le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chontae na Gaillimhe le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 139,523 | 140,530 | 145,395 | 151,578 | 156,617 |
| **Dáil** | 136,875 | 137,750 | 142,338 | 147,313 | 152,273 |
| **Eorpach** | 136,107 | 136,940 | 141,438 | 146,368 | 151,156 |
| **Reif/ Uacht** | 135,033 | 135,872 | 140,362 | 145,196 | 149,985 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae na Gaillimhe don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 12.3% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Chontae na Gaillimhe. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú níos lú ná 1.0% ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.3% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 7.9% agus 6.9% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 10.5% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gContae na Gaillimhe – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gContae na Gaillimhe – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 60.0% | 61.5% | 63.9% | 65.0% |
| **Éirchód** | 20.4% | 23.6% | 29.6% | 33.0% |
| **DB_Éir** | 16.6% | 19.9% | 26.1% | 29.0% |
| **UPSP** | 2.9% | 7.0% | 14.9% | 19.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 101.8% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun cruinneas a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**156,617** — Líon ar an gclár Nol 2024

**153,896** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**101.8%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**17,094 +12.3%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.6% (89)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 102,541 | **65.0% [22ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 51,377 | **33.0% [31ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 46,084 | **29.0% [30ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 29,380 | **19.0% [26ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Seoladh bileog go gach teaghlach
- Feachtas ar na meáin áitiúla
- Na meáin shóisialta
- Rannpháirtíocht le meánscoileanna

### Measúnú

**Cruinneas**
Tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i gContae na Gaillimhe ag 101.8%. Is é sin an séú ceann is airde sa tír agus i gcomhthéacs na leibhéal íseal de tháscairí cruinnis, is cosúil go dtugann sé leibhéal ard míchruinnis ar chlár Chontae na Gaillimhe le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 19.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Ar an gcaoi chéanna, tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 65.0%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%, mar atá i gcás na ndátaí breithe i dteannta Éirchód ag 29.0% (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá leibhéal na nÉirchód a bailíodh, ag 33.0%, ar an gceann is ísle a tuairiscíodh sa tír, agus tá sé níos lú ná leath an mheáin náisiúnta de 69.8%.

Tuairiscíodh gur baineadh 3,526 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 6,043 scrios agus 8,499 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal íseal de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá níos mó ná an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá leis go méadódh Comhairle Chontae na Gaillimhe go suntasach leibhéal na dtáscairí cruinnis de réir mholtaí na tuarascála seo.

Thuairiscigh Comhairle Chontae na Gaillimhe líon mór iarratas le haghaidh daoine a bhí cláraithe cheana féin sna tréimhsí roimh imeachtaí toghcháin. Bíonn deacrachtaí ag roinnt toghthóirí a sonraí a aimsiú ar shuíomh gréasáin *checktheregister.ie*. Dá bhrí sin, d'fhéadfaidís iarratas a chur isteach ar chlárú le vótáil cé nach bhfuil ag teastáil ach taifead atá ann cheana féin a thabhairt cothrom le dáta. D'éiligh siad sin acmhainní ganna chun an fhadhb a shoiléiriú agus aghaidh a thabhairt uirthi.

**Iomláine**
Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh i gContae na Gaillimhe ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 101.8% den daonra incháilithe measta, atá ar cheann de na rátaí is airde sa tír, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Tháinig méadú 17,094 duine ar chlár Chomhairle Chontae na Gaillimhe idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Ba mhéadú 12.3% é sin, méadú atá ar cheann de na méaduithe céatadáin is mó ar chlárúcháin sa tír i rith na tréimhse sin. Theastaigh obair shuntasach uathu sin chun iad a phróiseáil agus a chinntiú go raibh siad siúd a bhí i dteideal vóta a chaitheamh cláraithe in am le haghaidh gach imeachta toghcháin agus moltar an t-údarás áitiúil as sin.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí Chontae na Gaillimhe a mheasúnú go cruinn.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Chontae na Gaillimhe gur oibrigh beirt bhall foirne lánaimseartha agus ball foirne páirtaimseartha amháin san aonad toghchórais in 2023, líon a mhéadaigh go triúr ball foirne lánaimseartha agus ball foirne páirtaimseartha amháin in 2024. Sannadh naonúr ball foirne páirtaimseartha breise chun cabhrú le hiarratais a phróiseáil roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram. Bhí os cionn 12,000 iarratas nua, scrios agus nuashonrú ar an gclár idir Eanáir 2023 agus Márta 2024, rud a tharraingíonn aird ar mhéid na hoibre a bhainistigh an t-aonad toghchórais i rith na tréimhse sin.

Ach oiread le húdaráis áitiúla eile, thuairiscigh Comhairle Chontae na Gaillimhe go raibh na spriocdhátaí dochta chun clárú don olltoghchán dúshlánach i dtéarmaí soláthair acmhainní. Ón dáta Eascaire ar an 8 Samhain go dtí an dáta deiridh chun iarratais a fháil ar an 12 Samhain, fuair an fhoireann toghchórais os cionn 5,000 iarratas trí *checktheregister.ie*, chomh maith leis an 2,000 iarratas a fuarthas ón 1–7 Samhain.

Tuairiscíodh gur iarradh ar bhaill foirne lasmuigh den fhoireann toghchórais, a cuireadh faoi oiliúint le haghaidh imeachtaí toghcháin roimhe sin, cabhrú leis na hiarratais a fuarthas a phróiseáil. Eagraíodh ragobair chun a chinntiú gur próiseáladh na hiarratais bhailí ar fad a fuarthas roimh an spriocdháta agus chun a chinntiú gur cuireadh na toghthóirí ar fad a bhí i dteideal vóta a chaitheamh san olltoghchán ar an gclár agus ar an liosta forlíontach. Chun dlús a chur le próiseáil na n-iarratas, tugadh tús áite do phróiseáil na n-iarratas a bhí ag clárú den chéad uair chun a chinntiú gur cuireadh iarratasóirí céaduaire ar an gclár, agus scagadh iad chun iarratais dhúblacha a shainaithint.

Ba cheart do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chinntiú gur leor an leibhéal soláthair acmhainní a shanntar ar an aonad toghchórais ar bhonn leanúnach chun rátaí cruinnis a mhéadú agus chun tacú leis an obair a theastaíonn chun an clár náisiúnta comhroinnte a fhorbairt laistigh de na sceidil bheartaithe. Is tábhachtach freisin go gcuimhnítear ar na riachtanais leanúnacha acmhainní foirne a theastaíonn chun clár rollach a chothabháil.

Mheas Comhairle Chontae na Gaillimhe gur caitheadh €182,802 eile ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €246,466 le haghaidh 2024. Fuair sí €59,233 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár agus tharraing sí anuas €59,322 in 2024.

**Gníomhaíochtaí**
Bain Comhairle Chontae na Gaillimhe leas as roinnt tionscnamh a raibh bonn leathan fúthu i dtreo dheireadh 2023 chun feasacht an phobail a mhéadú ar an gcaoi le clárú agus a sonraí ar an gclár a athrú. Eisíodh bileoga chuig 63,700 teaghlach sa chontae, agus reáchtáladh feachtais ar na meáin áitiúla agus shóisialta. Chomh maith leis sin, bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe ar cheann de na húdaráis áitiúla a bhí ag plé le meánscoileanna freisin. Scaip sí póstaeir ar na meánscoileanna ar fad sa

chontae chun clárú agus réamhchlárú do dhaoine a bhí 16/17 mbliana d'aois a spreagadh. Dar leis an gcomhairle, bhí sé deacair tomhas a dhéanamh ar thionchar na dtionscnamh sin, a reáchtáladh thart ar an am céanna le feachtais náisiúnta. Ach thuairiscigh sí gur cuireadh an tríú cuid de na hiarratais ar fad ar *checktheregister.ie* isteach i ndiaidh iad a reáchtáil.

Go háitiúil, d'oibrigh an fhoireann toghchórais le comhaltaí den Oireachtas agus comhaltaí tofa chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt i dtaobh clárú agus nuashonrú taifead ag toghthóirí ina dtoghlaigh. Anuas air sin, cuireadh ball foirne faoi agallamh ar an raidió áitiúil chun eolas faoin gclárúchán a thabhairt roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Chontae na Gaillimhe sula mbíonn na táscairí cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha fiú, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chiarraí

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chiaraí le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chiaraí le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 116,793 | 117,367 | 120,134 | 127,694 | 129,121 |
| **Dáil** | 112,142 | 112,509 | 115,097 | 119,173 | 120,599 |
| **Eorpach** | 112,496 | 112,888 | 115,535 | 120,320 | 121,793 |
| **Reif/ Uacht** | 109,366 | 109,695 | 112,263 | 116,090 | 117,559 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Chiarraí don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 10.6% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Chiarraí. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad sách seasmhach.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.3% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 8.8% agus 6.6% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 7.2% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCiarraí – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCiarraí – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 42.0% | 44.1% | 48.8% | 50.0% |
| **Éirchód** | 37.7% | 40.5% | 46.3% | 50.0% |
| **DB_Éir** | 22.2% | 25.3% | 32.1% | 35.3% |
| **UPSP** | 3.6% | 7.8% | 16.3% | 19.7% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na faisnéise sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, íoslaghdaíonn sé an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Bunaithe ar na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 97.7% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, is cosúil go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Contae Chiarraí chun cruinneas a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**129,121** — Líon ar an gclár Nol 2024

**132,216** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**97.7%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**12,328 +10.6%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**12.1% (97)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 65,235 | **50.0% [29ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 64,516 | **50.0% [28ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 45,604 | **35.3% [29ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 25,410 | **19.7% [22ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Dáileadh spriocdhírithe bileog ar eastáit tithíochta nua
- Feachtas ar na meáin áitiúla
- Na meáin shóisialta
- Rannpháirtíocht le tithe altranais

### Measúnú

**Cruinneas**
Tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i gCiarraí ag 97.7%. I gcomhthéacs an leibhéil ísil thuairiscithe de tháscairí cruinnis, is cosúil go dtugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár Chiarraí le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 19.7%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. I gcás na nÉirchód, tá an 50.0% a bailíodh i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 69.8%. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 50.0%, go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4% freisin. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 35.3%, go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin. Tá Comhairle Contae Chiarraí gar do bhun na n-údarás áitiúil ar fad le haghaidh trí cinn de na táscairí cruinnis. Tá sí ar an tríú nó dara háit is ísle le haghaidh dátaí breithe, Éirchód agus dátaí breithe i dteannta Éirchód.

Tuairiscíodh gur baineadh 10,405 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 7,352 scrios agus 8,599 nuashonrú ar an gclár sin. Ba lear mór oibre é sin a rinne an fhoireann toghchórais.

Leagann an leibhéal íseal de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár a mheastar atá sách ard i gcomparáid leis an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Contae Chiarraí leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

**Iomláine**
Tháinig méadú 12,328 duine ar chlár Chiarraí idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 10.6% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár gar don daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 97.7% den daonra incháilithe measta le fios go bhféadfadh go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí Chiarraí a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae Chiarraí go raibh triúr ball foirne ag obair go lánaimseartha san aonad toghchórais in 2023 agus 2024, agus gur cuireadh ball foirne páirtaimseartha breise leo in 2024. Sannadh naonúr ball foirne breise chun cabhrú leo roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram.

Mheas Comhairle Contae Chiarraí gur caitheadh €208,000 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €200,000 le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle €9,936 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. Tuairiscíodh gur tarraingíodh anuas €53,247 in 2024 agus gur chabhraigh an cistiú sin le costais ragoibre.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Contae Chiarraí faoi roinnt gníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu chomh maith le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun feasacht a ardú ar an gclár agus chun clárúcháin a mhéadú. Chuir sí eolas faoin gclárúchán in iúl ar an raidió áitiúil agus ar na meáin shóisialta. D'oibrigh an t-aonad toghchórais leis an rannóg pleanála chun bileoga a dhíriú ar fhorbairtí nua tithíochta. Sa chás go bhfuarthas foirmeacha clárúcháin ó réadmhaoin in eastát tithíochta nua agus nach raibh aon iontráil eile ar chlár na dtoghthóirí don eastát sin, sheol an fhoireann cóipeanna crua de na foirmeacha clárúcháin chuig gach teach ar an eastát sin, chun a chinntiú gur gabhadh gach teach san eastát. Rinne an chomhairle canbhasáil ar na tithe altranais ar fad sa chontae freisin (25) chun feasacht ar an bhforáil vóta speisialta a ardú i measc a lucht cónaithe.

D'fhéadfaí tionscnaimh mar sin a fhorbairt chun cruinneas agus iomláine an chláir a fheabhsú de réir a chéile, agus chun feasacht ar na próisis toghcháin a ardú i measc grúpaí éagsúla. D'fhéadfadh údaráis áitiúla eile a leithéid a dhéanamh freisin.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Contae Chiarraí sula mbíonn na táscairí cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha fiú, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastóireacht a dhéanamh le haon chinnteacht ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Chiarraí agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chill Dara

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chill Dara le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chill Dara le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 151,289 | 153,291 | 159,358 | 166,719 | 175,314 |
| **Dáil** | 147,838 | 149,463 | 155,516 | 160,906 | 169,152 |
| **Eorpach** | 146,737 | 148,314 | 154,368 | 159,738 | 167,834 |
| **Reif/ Uacht** | 146,076 | 147,653 | 153,708 | 158,925 | 167,009 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Chill Dara don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 15.9% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Chill Dara. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú beagán le cois 1% ar an líon daoine ar an gclár.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 4.1% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 8.8% agus 7.7% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 13.2% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCill Dara – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCill Dara – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 70.3% | 71.6% | 73.9% | 75.5% |
| **Éirchód** | 71.7% | 73.1% | 75.8% | 77.5% |
| **DB + Éir** | 54.3% | 56.6% | 60.5% | 63.2% |
| **UPSP** | 5.9% | 10.9% | 20.6% | 26.2% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Is féidir le taifeadadh na faisnéise sin cabhrú le hiontrálacha dúblacha a íoslaghdú, an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí a tuairiscíodh, i dteannta ráta clárúcháin measta 92.5%, le fios go raibh Comhairle Contae Chill Dara ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra, ach tá deis feabhsaithe ann fós i dtéarmaí na dtáscairí cruinnis. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**175,314** — Líon ar an gclár Nol 2024

**189,468** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**92.5%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**24,025 +15.9%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**2.8% (217)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 132,504 | **75.5% [12ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 136,095 | **77.5% [12ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 110,941 | **63.2% [9ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 46,068 | **26.2% [4ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar thart ar 8,000 seoladh nua
- Rannpháirtíocht le meánscoileanna
- Fógraíocht taobh amuigh
- Na meáin shóisialta
- Cuir i láthair faoin bpróiseas clárúcháin do chomhaltaí tofa
- Cuireadh treoir don chanbhasáil, ina raibh eolas faoin gcaoi le clárú freisin, i dtoll a chéile

## Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí tuairiscithe le fios go bhfuil 92.5% de na toghthóirí measta i gCill Dara cláraithe le vóta a chaitheamh. Cé go bhfuil an ráta 92.5% dearfach, is dóigh fós go bhfuil taifid dhúblacha agus taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó, i bhfoirm amháin nó i bhfoirm eile, ina measc agus teastaíonn tuilleadh feabhais ar na meáin náisiúnta le haghaidh na dtáscairí cruinnis freisin. Sa chomhthéacs sin, cé gur cinnte go bhfuil an obair a rinneadh go dtí seo dearfach, tá deis ann fós le haghaidh tuilleadh feabhais.

Tá céatadán na dtoghthóirí ar an gclár ag a bhfuil dáta breithe bainteach, ag 75.5%, beagán os cionn an mheáin náisiúnta de 72.4%. Tá UPSP bainteach ag 77.5% de na toghthóirí cláraithe (is é 69.8% an meán náisiúnta). D'oibrigh Comhairle Contae Chill Dara go réamhghníomhach chun Éirchóid nach raibh taifeadta a ghabháil trí mhapáil GIS agus an fheidhm tuairiscithe ar bhunachar sonraí an chláir chun Éirchóid a dheimhniú agus a iompórtáil. Tá dáta breithe agus UPSP bainteach ag 63.2% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 26.2% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta).

Tuairiscíodh gur baineadh 3,949 iontráil idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, toghthóirí a fuair bás agus toghthóirí a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 4,796 scrios agus 22,031 nuashonrú ar an gclár sin.

Thuairiscigh an chomhairle go mbogann líon mór toghthóirí ó Bhaile Átha Cliath go Cill Dara toisc go bhfuil sí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Is féidir leis sin a bheith dúshlánach mar nach gcomhroinntear bunachar sonraí le húdaráis Bhaile Átha Cliath faoi láthair. Feabhsóidh sé sin nuair a fhorbraítear an bunachar sonraí náisiúnta comhroinnte.

Ba cheart leanúint leis na hiarrachtaí chun cruinneas a mhéadú, go háirithe i dtaobh UPSPanna, chun cáilíocht an chláir trí chéile a fheabhsú.

**Iomláine**
Léiríonn na sonraí a tugadh gur tháinig méadú 24,025 duine 15.9% ar an gclár idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Bhí sé sin ar cheann de na méaduithe céatadáin is mó sa tír.

D'fhéadfadh go bhfuil an ráta clárúcháin tuairiscithe, ag 92.5%, i gcomparáid leis an daonra incháilithe measta níos airde ná an fíor-ráta, nuair a chuirtear iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó, i bhfoirm amháin nó i bhfoirm eile, san áireamh. Ní féidir an leibhéal iomláine a mheasúnú i gceart go dtí go bhfeabhsaítear leibhéil na dtáscairí cruinnis tuilleadh.

Tugann faisnéis ó Chomhairle Contae Chill Dara le fios go raibh sí réamhghníomhach faoi dhul i dteagmháil le pobail nua. Thug sí faoi thionscadal comhoibríoch le foirne rialaithe tógála agus TF na comhairle in 2023. Baineadh leas as faisnéis ar fhorbairtí tithíochta a tógadh ó bhí toghchán 2019 ann, forbairtí atá á dtógáil, agus dátaí measta cónaithe agus sannta Éirchóid chun bonn eolais a chur faoi scaipeadh bileog dírithe ar thart ar 8,000 seoladh nua ina raibh daoine ina gcónaí.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae Chill Dara gur oibrigh 1.8 ball foirne go lánaimseartha agus triúr ball foirne go páirtaimseartha ar an gclár in 2023, líon a d'ardaigh go 3.8 agus triúr faoi seach in 2024. Sannadh 15 bhall foirne eile chun ragobair a dhéanamh chun iarratais ar an gclár a phróiseáil roimh reifrinn an Mhárta. D'ardaigh líon na foirne breise ó 15 go 25 le haghaidh na dtoghchán áitiúil.

Tarraingíodh aird ar an obair láimhe a bhaineann le *checktheregister.ie* agus an córas iReg. Bíonn fadhbanna ann freisin mar gheall go mbíonn difríochtaí sna tréimhsí próiseála i measc na n-údarás áitiúil, ach tugtar faoin gcumarsáid faoin gclárúchán go lárnach, toisc go gcuireann toghthóirí iarratais isteach níos mó ná uair amháin, rud a chruthaíonn brú breise ar sholáthar acmhainní.

Shonraigh an chomhairle an tionchar a bhíonn ag cúrsaí déimeagrafaice ar chothabháil an chláir, ag cur in iúl go bhfuil fás an daonra atá os cionn na dtreochtaí náisiúnta, agus an pobal réasúnta óg, ag cur brú ollmhór ar fhoireann toghchórais Chill Dara. In 2024, chuir an gá a bhí le líon mór iarratas a phróiseáil srian le cumas na foirne tabhairt faoi ghníomhaíochtaí for-rochtana ina raibh siad i láthair go pearsanta.

Ba cheart do Chomhairle Contae Chill Dara a chinntiú go leantar leis an leibhéal éifeachtach soláthair acmhainní chun tabhairt faoi bhainistíocht agus cothabháil leanúnach an chláir, agus go mbeadh an cumas agus inniúlacht ann chun tabhairt faoin obair a theastaíonn chun sonraí an chláir a ullmhú lena n-ascnamh go dtí an clár náisiúnta comhroinnte. Chuir an chomhairle in iúl go bhfuil an chomhairle i mbun measúnú, mar chuid dá próiseas pleanála dá lucht saothair, ar na riachtanais foirne amach anseo i gcomhthéacs leagan amach déimeagrafaice an chontae.

Chaith Comhairle Contae Chill Dara €229,140 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh €235,000 le haghaidh 2024.

Fuair Comhairle Contae Chill Dara €68,393 breise i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, fuair an chomhairle €68,321 ó RTRÁO don obair sin.

**Gníomhaíochtaí**
Chomh maith leis an tionscadal inar díríodh ar chónaitheoirí i bhforbairtí nua tithíochta, mar atá thuasluaite, thug Comhairle Contae Chill Dara faoi fheachtas fógraíochta lasmuigh ag scáthláin bus ar fud an chontae. Thuairiscigh sí gníomhaíochtaí le dhá mheánscoil as ar eascair níos mó ná dúbailt an líon daoine ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh idir Eanáir 2023 agus Márta 2024.

Roimh na toghcháin áitiúla, rinneadh cuir i láthair do chomhaltaí tofa faoin bpróiseas clárúcháin vótálaithe. Mar chuid den phróiseas ainmniúcháin iarrthóra, chuir an chomhairle treoir don chanbhasáil i dtoll a chéile agus sholáthair í do gach iarrthóir, mhínigh sí an próiseas clárúcháin vótálaithe d'iarrthóirí, thug sí aghaidh ar go leor míthuiscintí a chuir an pobal in iúl, agus chuir sí raon ábhar oideachais agus méadaithe feasachta faoi chlárú vótálaithe ar fáil.

Thug Comhairle Contae Chill Dara faoi fheachtas suntasach fógraíochta nuachtáin agus raidió timpeall ar na toghcháin áitiúla agus an olltoghchán. Thug sí faoi ghníomhaíocht fhairsing ar na meáin shóisialta freisin.

Tharraing an chomhairle aird ar an bhféidearthacht a bhaineann le mapáil GIS ar Éirchóid atá inchuardaithe de réir dáta. Beidh an inniúlacht sin chun Éirchóid atá inchuardaithe de réir dáta a mhapáil ina cabhair do Chomhairle Contae Chill Dara chun gníomhaíochtaí beartaithe ilbhliantúla agus spriocdhírithe a ullmhú chun clárú a chur chun cinn. Ach thuairiscigh sí go mbeadh aon chleachtadh mapála dá leithéid faoi réir dóthain acmhainní a bheith ar fáil.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Ba cheart leanúint leis na hiarrachtaí chun cruinneas chlár Chill Dara a mhéadú ar fud na dtáscairí cruinnis ar fad, ach i dtaobh UPSPanna go háirithe. Is cosúil go mbíonn Comhairle Contae Chill Dara réamhghníomhach sa chaoi a mbainistíonn sí a clár agus go bhfuil smaointe aici faoin gcaoi a bhféadfaí cruinneas agus iomláine a fheabhsú. Is cosúil go bhfuil sí ag breathnú go straitéiseach ar an gcaoi a bhféadfaí iad sin a bhaint amach trí phleanáil an lucht saothair agus aird ag an am céanna ar bhrúnna sonracha déimeagrafaice.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur tosaíocht réasúnta ard trí chéile don údarás áitiúil seo é clár na dtoghthóirí. Is léir go ndearnadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Ach meastar go dteastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

Cé go gcreideann an Coimisiún go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht, ní féidir fós meastachán a dhéanamh ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Teastaíonn tuilleadh feabhais roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Chill Dara agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chill Chainnigh

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chill Chainnigh le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chill Chainnigh le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 73,516 | 74,678 | 76,712 | 78,382 | 80,201 |
| **Dáil** | 71,905 | 72,929 | 74,895 | 76,138 | 77,894 |
| **Eorpach** | 71,216 | 72,223 | 74,147 | 75,427 | 77,142 |
| **Reif/ Uacht** | 70,944 | 71,924 | 73,827 | 75,041 | 76,763 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Chill Chainnigh don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 9.1% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú thart ar 1.6% ar an líon daoine ar an gclár.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.6% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 5.0% agus 4.4% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 6.8% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCill Chainnigh – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCill Chainnigh – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 83.2% | 84.4% | 84.9% | 85.0% |
| **Éirchód** | 45.1% | 48.7% | 51.2% | 53.0% |
| **DB + Éir** | 38.3% | 42.3% | 45.2% | 47.0% |
| **UPSP** | 4.7% | 11.4% | 16.4% | 20.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Laghdaíonn taifeadadh na faisnéise sin an baol a bhaineann le hiontrálacha dúblach, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, i dteannta líon measta 94.4% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil iarrachtaí móra le déanamh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**80,201** — Líon ar an gclár Nol 2024

**84,934** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**94.4%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**6,685 +9.1%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.4% (45)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 68,580 | **85.0% [7ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 42,772 | **53.0% [23ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 38,053 | **47.0% [18ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 16,254 | **20.0% [19ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar gach teaghlach
- Feachtas ar na meáin áitiúla
- Fógraíocht taobh amuigh
- Rannpháirtíocht le líonraí

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, d'fhéadfadh líon na dtoghthóirí ar an gclár, ag 94.4% de na toghthóirí measta, míchruinnis ar chlár toghthóirí Chill Chainnigh a thabhairt le fios, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh na leibhéil sách íseal de thrí cinn de na ceithre tháscaire cruinnis.

Tá Éirchód sannta ag 53.0% de thoghthóirí Chill Chainnigh (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe ag 85.0% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 47.0% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 20.0% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta). Tá líon sách íseal Éirchód taifeadta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh. Moltar an chomhairle as ráta chomh hard sin de thaifid lena ngabhann dátaí breithe a bhaint amach. Ach feabhsófar cruinneas le béim ar thionscnaimh a mhéadóidh an líon Éirchód agus UPSPanna taifeadta.

Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh in iúl gur tharla sé gur chuir toghthóirí iarratais isteach níos mó ná uair amháin nuair nach raibh siad in ann iad féin a aimsiú ar *checktheregister.ie*. Thóg sé go leor ama iad sin a bhainistiú.

Tuairiscíodh gur baineadh 1,319 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 3,545 scrios agus 9,568 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal measctha de tháscairí cruinnis agus an ráta clárúcháin sách ard béim ar an ngá atá ann go ndéanfadh Comhairle Contae Chill Chainnigh leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú chun tacú le hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint.

**Iomláine**
Tháinig méadú 6,685 duine ar chlár toghthóirí Chill Chainnigh idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024, méadú os cionn 9.0%.

Ní gá go dtugtar le fios go bhfuil beagnach gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh ar an gclár de bharr an ráta clárúcháin de 94.4% den daonra incháilithe measta, go háirithe nuair a bhreathnaítear air i dteannta rátaí na dtáscairí cruinnis. Ina áit sin, d'fhéadfadh go n-eascraíonn an ráta sin as míchruinneas an chláir de bharr iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó.

Ní féidir measúnú éifeachtach a dhéanamh ar iomláine an chláir go dtí go bhfeabhsaítear na táscairí cruinnis.

**Soláthar acmhainní**
Ba í Comhairle Contae Chill Chainnigh an t-aon údarás áitiúil a thuairiscigh nach raibh aon bhaill foirne lánaimseartha ná pháirtaimseartha aici a oibríonn go díreach ar chlár na dtoghthóirí. Bhí roinnt baill foirne lánaimseartha ag obair sa réimse Seirbhísí Corparáideacha, an réimse atá freagrach as clár na dtoghthóirí. Baineadh úsáid as cistiú a chuir RTRÁO ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí chlár na dtoghthóirí chun oifigeach cléireachais a earcú le dul i ngleic le hiarratais. Thuairiscigh sí freisin gur cuireadh oiliúint ar bheirt bhall foirne bhreise chun iarratais a phróiseáil, agus go ndearna baill foirne ragobair chun riaráistí a ghlanadh.

Shonraigh an chomhairle gur athraíodh bainistiú na feidhme toghchórais ó bhonn nuair a tugadh isteach an clárúchán ar líne. Cé gur éascaigh sé rochtain níos éasca do thoghthóirí chun a sonraí a thabhairt cothrom le dáta nó sonraí a chur isteach, tháinig méadú suntasach ar an ualach oibre a bhain leis na hiarratais sin a phróiseáil. Caithfear Éirchóid a dheimhniú agus UPSPanna a sheiceáil. Nuair a tharlaíonn neamhréireachtaí nó neamhréireanna sonraí, caithfear dul i dteagmháil leis an toghthóir, agus ní féidir dul chun cinn a dhéanamh ar iarratais go bhfaightear soiléiriú.

Leag na cúig imeacht toghcháin a reáchtáladh in 2024 béim ar na dúshláin sin, toisc gur theastaigh acmhainní suntasacha, ragobair ina measc, agus baill foirne bhreise a shannadh chun iarratais a phróiseáil. Anuas ar iarratais ar líne, lean an pobal agus údaráis áitiúla theorantacha ag cur foirmeacha páipéir isteach.

Chun freastal ar an éileamh sin, athshannadh an fhoireann Chorparáideach ar fad óna ngnáthdhualgais chun iarratais a phróiseáil. Rinne an fhoireann sin ragobair ó Eanáir go deireadh na Bealtaine chun iarratais agus athruithe ar an gclár a phróiseáil.

Chaith Comhairle Contae Chill Chainnigh €37,700 ar chothabháil an chláir in 2023. Ceadaíodh €80,100 le haghaidh 2024. In 2023, chuir RTRÁO €44,612 ar fáil don chomhairle chun cáilíocht sonraí an chláir a fheabhsú. In 2024, chuir RTRÁO an méid céanna ar fáil don chomhairle don obair sin arís, €44,612.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi ghníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu i rith 2023 chun feasacht a ardú ar an gclár, agus ar an bpróiseas clárúcháin. Ina measc sin bhí feachtais ar na meáin áitiúla, fógraí ar scáthláin bus agus dáileadh 26,900 bileog eolais ar na teaghlaigh ar fad. Tuairiscíodh gurb é tionchar carnach na ngníomhaíochtaí sin 4,064 iontráil nua, 1,080 scrios agus 6,494 athrú. Thuairiscigh an chomhairle gur tháinig an líon is mó iontrálacha nua (2,911), scrios (871) agus athrú (4,554) as an bhfeachtas ar na scáthláin bus.

Thuairiscigh an chomhairle gur nasc sí le grúpaí éagsúla idir Meitheamh agus Nollaig 2024, ina measc Líonra Rannpháirtíochta an Phobail agus Aoisbhá Éireann, chun clárú agus nuashonrú sonraí a chur chun cinn.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár toghthóirí Chomhairle Contae Chill Chainnigh sula mbíonn na táscairí cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha fiú, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, agus go raibh brú mór ar an bhfoireann chun an clár a bhainistiú agus a chothabháil le hacmhainní teoranta i gcaitheamh 2024, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastóireacht a dhéanamh le haon chinnteacht ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Laois

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Laoise le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Laoise le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 62,087 | 62,779 | 65,022 | 68,772 | 70,402 |
| **Dáil** | 59,087 | 59,674 | 61,763 | 64,280 | 65,847 |
| **Eorpach** | 58,939 | 59,505 | 62,548 | 64,049 | 65,584 |
| **Reif/ Uacht** | 58,207 | 58,784 | 60,836 | 63,284 | 64,816 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae Laoise don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 13.4% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú 1.1% ar an líon daoine ar an gclár.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.5% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 9.5% agus 7.6% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 10.3% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Laois – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Laois – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 79.1% | 82.6% | 81.9% | 82.5% |
| **Éirchód** | 39.7% | 47.7% | 49.9% | 52.1% |
| **DB + Éir** | 33.5% | 41.8% | 44.4% | 46.8% |
| **UPSP** | 3.8% | 14.8% | 19.7% | 23.2% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Is féidir le taifeadadh na faisnéise sin cabhrú le hiontrálacha dúblacha a íoslaghdú, an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, a áiríonn leibhéal measctha de chlúdach na bpríomh-athróg ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, i dteannta líon measta 97.9% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Chontae Laoise chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**70,402** — Líon ar an gclár Nol 2024

**71,891** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**97.9%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**8,315 +13.4%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.6% (51)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 58,183 | **82.5% [8ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 36,774 | **52.1% [26ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 33,034 | **46.8% [19ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 16,368 | **23.2% [11ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Feachtas ar na meáin áitiúla
- Comhfhreagras ag lorg sonraí don chlár
- Imeacht leabharlainne
- Freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

## Measúnú

**Cruinneas**
Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i Laois ag 97.9%. I gcomhthéacs na leibhéal measctha de tháscairí cruinnis, tugann sé sin leibhéal sách ard míchruinnis ar chlár Laoise le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 23.2%, os cionn an mheáin náisiúnta de 22.0%. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 82.5%, i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta de 72.4%. Ach tá Éirchóid a bailíodh, ag 52.1%, i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta de 69.8%. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód a bailíodh, ag 46.8%, go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0%. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dteastaíonn feabhas suntasach ar na meáin náisiúnta ar fad.

Tuairiscíodh gur baineadh 3,808 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 6,132 scrios agus 1,740 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal measctha de tháscairí cruinnis agus an ráta clárúcháin sách ard is cosúil béim ar an ngá atá le hiarrachtaí Chomhairle Chontae Laoise leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú chun tacú le hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint.

Thuairiscigh foireann toghchórais Chomhairle Chontae Laoise go bhfuarthas líon suntasach iarratas ag an nóiméad deireanach sular dhún an clár d'imeacht toghcháin. Ba dhúblach ar iarratais a cuireadh isteach cheana féin agus a bhí fós le próiseáil cuid díobh.

Ba é an 12 Samhain an dáta deiridh chun iarratais a fháil don olltoghchán. Idir an 1 agus an 12 Samhain, fuarthas idir 27 (1 Samhain) agus 631 (12 Samhain) iarratas gach lá. In imeacht an 12 lá, fuarthas 2,549 iarratas a bhí le próiseáil in am chun an Liosta Forlíontach a fhoilsiú roimh an toghchán. Ar an 13 Samhain, bhí thart ar 1,829 iarratas ag an gcomhairle le próiseáil le cur ar an Liosta Forlíontach. Cuireadh na Liostaí Forlíontacha ar fáil do Chláraitheoir an Chontae ar an 20 Samhain 2024. Léiríonn sé sin chomh docht agus a bhí na tréimhsí próiseála, agus gur beag acmhainn a bhí ar fáil – má bhí ar chor ar bith – chun dúshláin a tháinig chun cinn a bhainistiú.

Shonraigh an chomhairle go bhféadfadh sé nach mbeifí in ann baill foirne a shannadh ó réimsí eile de bharr tosaíochtaí oibre, agus go bhféadfadh nach mbeadh an fhoireann chomh héifeachtach céanna níos gaire do lá an toghcháin mar gheall ar thuirse.

Thuairiscigh Comhairle Chontae Laoise gur fadhb mhór a bhí in iontrálacha dúblacha ónar theastaigh acmhainní suntasacha. B'éigean na hiarratais sin ar fad a phróiseáil sa chaoi chéanna le gach ceann eile a cuireadh isteach.

**Iomláine**
Tháinig méadú 8,315 duine ar chlár Laoise idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 13.4% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár gar don daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 97.9% den daonra incháilithe measta, nuair a bhreathnaítear air i gcomhthéacs an gá atá le leibhéil na dtáscairí cruinnis a bhailítear a fheabhsú, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí Laoise a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae Laoise gur oibrigh ball foirne amháin go lánaimseartha agus 8.4 go páirtaimseartha ar chlár na dtoghthóirí in 2023. Mhéadaigh sé sin go triúr ball foirne lánaimseartha agus 8.4 ball foirne páirtaimseartha in 2024. Sannadh triúr ball foirne eile chun cabhrú leis an obair ar an gclár go páirtaimseartha roimh reifrinn an Mhárta. Is cosúil go bhfuil sé sin ar cheann de na leibhéil foirne is airde. Ach shonraigh an chomhairle na dúshláin a bhain le leibhéal sách maith d'fhoireann oilte a sholáthar chun oibriú ar iarratais agus athruithe a phróiseáil, agus an cumas chun tabhairt faoi ghlanadh sonraí. Shonraigh an chomhairle freisin go bhfuil an fheidhm toghchórais ina cuid de na dualgais laethúla anois, seachas ceist a thagann chun cinn roimh imeacht toghcháin.

Mheas Comhairle Chontae Laoise gur caitheadh €61,000 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €98,000 le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle €42,625 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, chuir RTRÁO €42,586 ar fáil don chomhairle don obair sin.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Contae Chiarraí faoi roinnt gníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu chomh maith le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun feasacht a ardú ar an gclár agus an próiseas clárúcháin. Scríobh sí chuig os cionn 2,200 toghthóir i dtrí Cheantar Bhardasacha ag lorg sonraí nuashonraithe. Rith sí feachtas meán áitiúil i nuachtáin agus ar an raidió. Reáchtáil sí imeachtaí in ocht leabharlann áitiúla freisin agus d'fhreastail sí ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta chun cúrsaí a phlé leis na toghthóirí go díreach. Bhí foireann an chláir ag plé le toghthóirí trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí Aoisbhá agus Live Well, agus cuireadh eolas faoin gclár sa nuachtlitir mhíosúil a eisíonn Aoisbhá Éireann. Níor tomhaiseadh tionchar na ngníomhaíochtaí sin.Thuairiscigh an chomhairle nach raibh sí in ann tabhairt faoi aon ghníomhaíochtaí chun clárú a chur chun cinn roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha ná roimh an olltoghchán in 2024 toisc go raibh sí ag díriú den chuid is mó ar iarratais a phróiseáil.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Rinneadh dul chun cinn maith ar chlár Chomhairle Chontae Laoise i dtaobh dátaí breithe agus UPSPanna, ach tá roinnt mhaith oibre le déanamh sula mbíonn Éirchóid chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastóireacht a dhéanamh le haon chinnteacht ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Chontae Laoise agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Liatroim

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Liatroma le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Liatroma le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 26,692 | 26,747 | 27,521 | 29,036 | 29,167 |
| **Dáil** | 25,796 | 25,811 | 26,492 | 27,398 | 27,566 |
| **Eorpach** | 25,123 | 25,111 | 25,756 | 26,575 | 26,736 |
| **Reif/ Uacht** | 24,762 | 24,754 | 25,394 | 26,182 | 26,350 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae Liatroma don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 9.3% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Liatroma. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad réasúnta seasmhach.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.6% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 8.6% agus 5.8% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 6.8% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Liatroim – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Liatroim – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 87.3% | 90.1% | 90.8% | 91.7% |
| **Éirchód** | 41.2% | 47.3% | 52.7% | 57.0% |
| **DB + Éir** | 37.9% | 44.8% | 50.4% | 54.9% |
| **UPSP** | 9.3% | 18.3% | 26.6% | 34.7% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Is féidir le taifeadadh na faisnéise sin cabhrú le hiontrálacha dúblacha a íoslaghdú, an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, i dteannta líon measta 106.2% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios gur cosúil go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Chontae Liatroma chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**29,167** — Líon ar an gclár Nol 2024

**27,452** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**106.2%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**2,475 +9.3%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.7% (17)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 26,762 | **91.7% [4ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 16,645 | **57.0% [19ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 16,012 | **54.9% [14ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 10,117 | **34.7% [1ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar gach teach sa chontae
- Comhfhreagras dírithe ar 4,500 toghthóir nach raibh a ndátaí breithe ar an gclár
- Postálacha ar na meáin shóisialta
- Freastal ar dhá aonach pobail

## Measúnú

**Cruinneas**

Léiríonn na sonraí a tugadh go bhfuil líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i Liatroim, ag 106.2%, ar an tríú ceann is airde sa tír. Tugann sé sin leibhéal ard míchruinneas ar chlár Liatroma le fios, go háirithe i gcomhthéacs an leibhéil mheasctha de tháscairí cruinnis. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 34.7%, ar an gceann is airde sa trí agus tá sé go maith os cionn an mheáin náisiúnta de 22.0%. Is mór an t-éacht é sin. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 91.7%, ar an gceathrú ceann is airde sa tír, agus i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta de 72.4%. Ach tá Éirchóid a bailíodh, ag 57.0%, i bhfad níos ísle ná an meán náisiúnta de 69.8%. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód a bailíodh, ag 54.9%, díreach faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0%. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcaithfear na meáin náisiúnta ar fad a mhéadú.

Tuairiscíodh gur baineadh 1,600 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 1,729 scrios agus 7,734 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal measctha de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá i bhfad níos mó ná an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Chontae Liatroma leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

Thuairiscigh Comhairle Chontae Liatroma gur chláraigh líon suntasach daoine le haghaidh na reifreann agus an olltoghcháin i ndiaidh do na cláir dúnadh; d'fhéadfadh gur tharla sé sin mar gheall ar na feachtais náisiúnta clárúcháin. Tharla an rud céanna ar leibhéal i bhfad níos ísle roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha.

Tuairiscíodh go dtarlaíonn iarratais dhúblacha arís agus arís eile ar *checktheregister.ie*. Creideann an fhoireann nach bhfuil daoine ag tabhairt a sonraí chun dáta i gceart nó nach bhfuil siad cinnte an bhfuil siad cláraithe agus go bhfuil siad ag clárú an athuair. Sula gcuirtear iontráil leis an gclár, déantar ainm an duine a chuardach (agus i gcás 'clárúcháin nua' freisin).

**Iomláine**
Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tháinig méadú 2,475 duine ar chlár Liatroma idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 9.3% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 106.2% den daonra incháilithe measta, an tríú ráta is airde sa tír, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Thuairiscigh an chomhairle go bhfilleann go leor daoine ar Liatroim chun vóta a chaitheamh, agus go bhféadfadh go mbaineann an céatadán an-ard clárúcháin den daonra incháilithe measta leis sin. Ach go dtí go dtagann tuilleadh feabhais ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí Liatroma a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Tuairiscíodh nach raibh ach 0.75 ball foirne lánaimseartha agus beirt bhall foirne pháirtaimseartha san aonad toghchórais in 2023 agus 2024. Is cosúil gur líon beag é sin chun an clár a bhainistiú agus a chothabháil agus ullmhú d'imeachtaí toghcháin. D'fhéadfadh sé tionchar a imirt freisin ar chumas na comhairle an obair ullmhúcháin a theastaíonn le haghaidh thionscadal LGERS a bhainistiú.

Mheas Comhairle Chontae Liatroma gur caitheadh €33,240 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €130,000 le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle €33,000 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. Fuair an chomhairle €33,230 don obair sin in 2024.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Chontae Liatroma faoi ghníomhaíochtaí, scaipeadh bileog ar gach teaghlach sa chontae ina measc. Tuairiscíodh go ndearnadh thart ar 600 nuashonrú ar an gclár dá bharr. Chuir sí comhfhreagras chuig 4,500 toghthóir nach raibh dátaí breithe taifeadta dóibh. Tuairiscíodh go bhfuarthas thart ar 1,500 freagra, agus gur mhéadaigh taifid dátaí breithe agus sonraí dá bharr, agus gur baineadh 400 iontráil den chlár.

D'úsáid an chomhairle na meáin shóisialta chun feasacht a ardú i measc an daonra ghinearálta ar chlárúchán, agus athruithe ar an bpróiseas clárúcháin. D'fhreastail an fhoireann ar dhá imeacht aonaigh pobail.

Thuairiscigh an chomhairle gur chuir sí clárú agus nuashonrú an chláir chun cinn i rith an dara leath de 2024, trína cainéil meán sóisialta agus ag cuntair phoiblí in oifigí na comhairle.

Chomh maith leis sin, thuairiscigh sí go raibh sí i mbun scríobh chuig na toghthóirí ar fad nach bhfuil a sonraí iomlána ar an gclár – .i. go bhfuil Éirchód, dáta breithe, UPSP in easnamh. Cuireann sí cóip den fhoirm chlárúcháin ar fáil agus is féidir le daoine freagra a chur sa Saorphost nó úsáid a bhaint as *checktheregister.ie*. Tuairiscíodh ráta freagartha de thart ar 25.0%.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Chontae Liatroma sula mbíonn na ceithre tháscaire cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.

Ach is ríshuntasach an ráta an-ard UPSP agus léiríonn sé an méid is féidir a bhaint amach, fiú in údarás áitiúil ag a bhfuil acmhainní teoranta.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Chontae Liatroma agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chathair agus Contae Luimnigh

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Luimnigh le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Luimnigh le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 146,278 | 147,433 | **NS** | 158,821 | 162,431 |
| **Dáil** | 140,488 | 141,166 | **NS** | 149,136 | 152,566 |
| **Eorpach** | 139,358 | 140,027 | **NS** | 148,114 | 151,531 |
| **Reif/ Uacht** | 138,994 | 139,644 | **NS** | 147,934 | 150,757 |

***Níor Soláthraíodh (NS)** Ní raibh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in ann sonraí toghthóirí le haghaidh Mhárta 2024 a sholáthar.

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 11.0% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Luimnigh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár sách seasmhach, le méadú níos lú ná 1.0%.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.1% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 7.7% agus 5.8% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 8.1% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Luimneach – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Luimneach – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 50.1% | **NS** | 55.6% | 57.2% |
| **Éirchód** | 53.8% | **NS** | 59.0% | 61.4% |
| **DB + Éir** | 34.6% | **NS** | 42.1% | 44.7% |
| **UPSP** | 3.8% | **NS** | 16.3% | 19.6% |

***Níor Soláthraíodh (NS)** Ní raibh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in ann sonraí toghthóirí le haghaidh Mhárta 2024 a sholáthar.

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Is féidir le taifeadadh na faisnéise sin cabhrú le hiontrálacha dúblacha a íoslaghdú, an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, a áiríonn leibhéal íseal de chlúdach na bpríomh-athróg ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, i dteannta líon measta 96.2% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go gcaithfidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iarrachtaí móra a dhéanamh chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**162,431** — Líon ar an gclár Nol 2024

**168,782** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**96.2%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**16,153 +11.0%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**2.0% (116)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 92,943 | **57.2% [28ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 99,783 | **61.4% [16ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 72,677 | **44.7% [23ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 31,861 | **19.6% [23ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Freastal ar Sheó Luimnigh
- Rannpháirtíocht le grúpaí pobail
- Comhfhreagras ag lorg sonraí don chlár

## Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí a tugadh le fios gur cosúil go bhfuil 96.2% den daonra incháilithe measta i gCathair agus Contae Luimnigh cláraithe le vóta a chaitheamh. Ach i bhfianaise na leibhéal sách íseal de na táscairí cruinnis, is dóigh go bhfuil an figiúr sin boilscithe de bharr iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó ar an gclár.

Tá táscairí cruinnis faoi bhun an mheáin ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i ngach ceannteideal. Tá Éirchód sannta ag 61.4% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe ag 57.2% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 44.7% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 19.6% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta).

I gcás an chruinnis, shonraigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh nach ndéanann córas seiceála UPSPanna na Roinne Coimirce Sóisialaí atá nasctha le *checktheregister.ie* athruithe ar stádas saoránachta toghthóra a thabhairt cothrom le dáta go huathoibríoch, m.sh. nuair a dhéantar saoránaigh Éireannacha de thoghthóirí. Dá bhrí sin, cruthaítear ualach breise riaracháin nuair a chuireann toghthóirí iarratas isteach mar shaoránaigh Éireannacha, ach nach dtagann sé sin lena dtaifead UPSP, mar go dteastaíonn tuilleadh cumarsáide leis an iarratasóir. Thuairiscigh údaráis áitiúla éagsúla é sin.

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in iúl gur chruthaigh iarratais dhúblacha agus iarratais a cuireadh isteach níos mó ná uair amháin deacrachtaí roimh imeachtaí toghcháin. Tagraítear dó sin sa rannóg faoi sholáthar acmhainní thíos freisin. Sonraíodh go gcaithfear gach iarratas ó *checktheregister.ie* a athbhreithniú – ní féidir glacadh leis gurb ionann gach iarratas a chuirtear isteach níos mó ná uair amháin agus gan déileáil ach leis an gceann is nuaí.

Tuairiscíodh gur baineadh 4,244 iontráil idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, toghthóirí a fuair bás agus toghthóirí a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 5,490 scrios agus 14,254 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal íseal de tháscairí cruinnis agus an ráta clárúcháin atá ard is cosúil i gcomparáid leis an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarrachtaí leanúnacha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leibhéal sonraí a bhailítear ar fud na gceannteideal ar fad a mhéadú chun cáilíocht an chláir a fheabhsú.

**Iomláine**
Tháinig méadú 16,153 duine ar chlár Chathair agus Chontae Luimnigh idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Ba mhéadú 11.0% é sin.

Ní gá gur táscaire cruinn ar rátaí clárúcháin an ráta ard clárúcháin le hais an daonra incháilithe mheasta, ag 96.2%, toisc gur dóigh gur mar thoradh ar mhíchruinnis ar an gclár é de bharr iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó.

Ní féidir meastachán a dhéanamh ar leibhéal iomláine chlár toghthóirí Chathair agus Chontae Luimnigh leis na leibhéil de tháscairí cruinnis atá ann faoi láthair.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh gur oibrigh beirt bhall foirne go lánaimseartha ar an gclár in 2023, agus gur mhéadaigh sé sin go ceathrar go luath in 2024. Ba cheart a thabhairt faoi deara, de bharr an chéad toghcháin do mhéara dírthofa i Meitheamh, go raibh ar an bhfoireann ullmhú le haghaidh sé imeacht toghcháin in 2024. Tá an fhoireann a oibríonn ar an gclár freagrach as raon feidhmeanna corparáideacha eile freisin. Sannadh seachtar ball foirne breise ar an bhfoireann clárúcháin chun cabhrú le hiarratais a phróiseáil roimh reifrinn an Mhárta, agus baineadh leas as ragobair chun obair bhreise a bhainistiú.

Thuairiscigh an chomhairle go mbíonn borradh suntasach i gcónaí ar iarratais ar chlárú sa 48 uair an chloig roimh imeacht toghcháin. Cuirtear leis an bhfadhb toisc go n-eisítear cártaí vótaíochta chuig toghthóirí ar an gclár rollach ar dtús, agus ansin chuig toghthóirí a rinne iarratas níos deireanaí agus atá ar an Liosta Forlíontach. Is féidir le toghthóirí nach bhfaigheann a gcárta faisnéise vótaíochta sa chéad bhabhta ina seoltar iad a cheapadh uaireanta nach bhfuil siad cláraithe agus déanann siad iarratas arís dá bharr.

Cuireann na méaduithe ar cheisteanna agus comhfhreagras leis na dúshláin a chruthaíonn borradh ar iarratais. Roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha agus an olltoghchán, cuireadh foireann bhreise ó rannóga eile ar fáil chun cabhrú le hiarratais a phróiseáil agus ceisteanna a fhreagairt. Chruthaigh oiliúint na mball foirne sin dúshlán.

Meastar gur chaith Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh €73,060 ar an gclár in 2023 agus gur cheadaigh sí caiteachas €68,935 ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh 2024. Níor tharraing an chomhairle anuas aon chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, chuir RTRÁO €62,009 ar fáil don chomhairle don obair sin.

Ba cheart do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chinntiú gur leor an leibhéal soláthair acmhainní chun tabhairt faoi bhainistíocht agus cothabháil leanúnach an chláir rollaigh, agus go mbeadh an cumas agus inniúlacht ann chun tabhairt faoin obair a theastaíonn chun sonraí an chláir a ullmhú lena n-ascnamh go dtí an clár náisiúnta comhroinnte.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi ghníomhaíochtaí in 2023–24 chun feasacht ar na próisis clárúcháin toghthóirí a ardú. D'fhreastail sí ar Sheó Luimnigh. Níor tugadh faisnéis faoi thionchair shonracha na n-imeachtaí sin. Chuir an chomhairle in iúl nárbh fhéidir tabhairt faoi ghníomhaíochtaí breise in 2024 mar gheall ar an obair a bhain leis an gclár a bhainistiú.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh sula mbíonn na ceithre tháscaire cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha fiú, a d'fhéadfaí a fheabhsú go mór freisin. Cé go n-admhaítear an brú soláthair acmhainní a bhain leis an gclár a bhainistiú agus a chothabháil i rith bliain inar reáchtáladh cúig imeacht toghcháin, is údar imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastóireacht a dhéanamh le haon chinnteacht ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar an Longfort

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí an Longfoirt le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí an Longfoirt le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Márr-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 33,302 | 33,896 | 34,505 | 37,033 | 37,022 |
| **Dáil** | 31,053 | 31,363 | 31,874 | 33,205 | 33,199 |
| **Eorpach** | 30,827 | 31,108 | 31,639 | 32,943 | 32,989 |
| **Reif/ Uacht** | 30,261 | 30,549 | 31,041 | 32,278 | 32,303 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae an Longfoirt don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 11.2% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár an Longfoirt. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú 1.8% ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 1.6% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 9.3% agus 5.9% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 5.9% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe sa Longfort – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe sa Longfort – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 62.5% | 63.9% | 67.4% | 68.0% |
| **Éirchód** | 48.4% | 50.5% | 55.5% | 57.0% |
| **DB + Éir** | 37.8% | 40.4% | 46.5% | 48.0% |
| **UPSP** | 6.7% | 11.3% | 21.1% | 24.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Faoi láthair, cabhraíonn taifeadadh na faisnéise sin le hiontrálacha dúblacha a laghdú, íoslaghdaíonn sé an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, a áiríonn leibhéal íseal de chlúdach na bpríomh-athróg ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, i dteannta líon measta 105.3% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Contae an Longfoirt chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**37,022** — Líon ar an gclár Nol 2024

**35,161** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**105.3%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**3,720 +11.2%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**3.1% (42)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 25,359 | **68.0% [20ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 21,121 | **57.0% [20ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 17,880 | **48.0% [17ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 8,732 | **24.0% [9ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Rannpháirtíocht le meánscoileanna
- Rannpháirtíocht le tithe altranais
- Rannpháirtíocht le grúpaí pobail

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta sa Longfort, ag 105.3%, ar an gceathrú ceann is airde sa tír. I gcomhthéacs na leibhéal íseal clúdaigh le haghaidh na dtáscairí cruinnis, tugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár an Longfoirt le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 24.0%, os cionn an mheáin náisiúnta de 22.0%, ach ba cheart a thabhairt faoi deara go dteastaíonn feabhas suntasach ar an meán náisiúnta sin. I gcás na nÉirchód, tá an 57.0% a bailíodh go mór faoi bhun an mheáin náisiúnta de 69.8% freisin. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 68.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4% freisin. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód a bailíodh, ag 48.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin.

Tuairiscíodh gur measadh gur baineadh 856 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 2,039 scrios agus 4,121 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal sách íseal de thrí tháscaire cruinnis agus an líon ard daoine atá ar an gclár i gcomparáid leis an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Contae an Longfoirt leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

Thuairiscigh foireann na comhairle go leor dúblach nuair a chláraigh daoine níos túisce sa bhliain agus gur athchláraigh siad leis na sonraí ceannann céanna. Thuig an fhoireann, ó labhairt leis na toghthóirí, gur tharla sé sin mar nach raibh siad in ann iad féin a aimsiú ar *checktheregister.ie*. Dar leis an gcomhairle, seiceáladh gach iarratas go cúramach i gcomparáid leis an gclárú roimhe sin chun a

chinntiú go ndearnadh aon eolas breise ar an gclárú reatha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun clárúcháin dhúblacha a sheachaint freisin.

Thuairiscigh an fhoireann toghchórais go raibh líon mór iarratas ar líne nach raibh seoltaí poist iomlána agus/nó Éirchóid leo, rud a cruthaigh ualach oibre mór le haghaidh phróiseáil na n-iarratas. Bhí tionchar ag dul as feidhm API Éirchód air freisin, toisc nach raibh aon bhealach comhtháite le hÉirchód a sheiceáil sa chóras clárúcháin.

**Iomláine**
Tháinig méadú 3,720 ar líon iomlán na n-iontrálacha ar chlár an Longfoirt idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 11.2% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 105.3% den daonra incháilithe measta, an ceathrú ráta is airde sa tír, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na táscairí cruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí an Longfoirt a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae an Longfoirt go raibh beirt bhall foirne ag obair go lánaimseartha san aonad toghchórais, agus go raibh seisear ball foirne eile ag obair go páirtaimseartha in 2023 agus 2024. Mar údarás áitiúil lena mbaineann daonra den mhéid seo, is cosúil go bhfuil sí ar cheann de na cinn lena ngabhann an soláthar acmhainní is fearr.

Thuairiscigh Comhairle Contae an Longfoirt go raibh sé deacair na hiarratais ar fad a phróiseáil mar gheall ar líon na n-iarratas a fuarthas i dtréimhse ghairid roimh na himeachtaí toghcháin. Feabhsaíodh é sin trí ragobair a dhéanamh agus trí obair nach raibh práinneach a chur ar leataobh fad a bhí iarratais á bpróiseáil. De bharr a laghad ama a bhí ann chun iarratais a phróiseáil agus na spriocdhátaí dochta, go háirithe roimh an olltoghchán, fuarthas go leor iarratas i ndiaidh an spriocdháta agus níorbh fhéidir iad a phróiseáil. Cuireadh moill ar an bpróiseáil mar gheall ar an líon mór iarratas ar theastaigh ceisteanna, ríomhphoist, glaonna gutháin leantacha dóibh. Thuairiscigh Comhairle Contae an Longfoirt gur phróiseáil sí na hiarratais ar fad a fuarthas faoin spriocdháta.

Mheas an chomhairle gur caitheadh €84,966 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €91,962 le haghaidh 2024. Fuair Comhairle Contae an Longfoirt €35,156 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €35,137 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi roinnt gníomhaíochtaí spriocdhírithe i rith 2023 chun feasacht a ardú ar an gclár, agus ar an bpróiseas clárúcháin. Reáchtáil an chomhairle taispeántas agus seisiún eolais ar *checktheregister.ie* sna meánscoileanna ar fad sa chontae. Reáchtáil sí seisiúin eolais ar chlárú agus vótáil speisialta/postvótáil i dtithe altranais agus le haghaidh grúpaí Seandaoine Gníomhacha. D'fhreastail an chomhairle ar raon imeachtaí áitiúla, ina measc Seó Talmhaíochta an Longfoirt, Lá Seirbhísí do Dhaoine Dífhostaithe, Lá Spraoi Teaghlaigh Bróid an Longfoirt agus cruinnithe Ghrúpa Freagartha na nImirceach agus na hÚcráine. Thuairiscigh sí gur eascair 30–80 clárú as gach gníomhaíocht, chomh maith le feasacht mhéadaithe ar an bpróiseas clárúcháin agus freagracht an duine féin as a chinntiú go bhfuil na sonraí ar an gclár cothrom le dáta. I ndiaidh na reifreann, seoladh comhfhreagras chuig daoine ar seoladh a gcártaí vótaíochta ar ais gan iad a sheachadadh, agus tuairiscítear gur eascair thart ar 200 leasú as sin.

Thuairiscigh an chomhairle gur thug an fhoireann faoi na gníomhaíochtaí a leanas sa dara leath de 2024:

- Cor poist le An Post ar gach teaghlach sa chontae
- Tobsheastán ag Oifig an Phoist chun toghthóirí a spreagadh le vóta a chaitheamh
- Feachtais fógraíochta éagsúla ar na meáin shóisialta ag iarraidh ar thoghthóirí a sonraí a thabhairt cothrom le dáta.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Contae an Longfoirt sula mbíonn trí cinn de na ceithre tháscaire cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, molann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae an Longfoirt agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Lú

**Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Lú le haghaidh 2023–2024**




**Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Lú le haghaidh 2023–2024**

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 95,056 | 95,097 | 98,347 | 99,897 | 101,777 |
| **Dáil** | 89,753 | 89,627 | 92,335 | 93,055 | 94,874 |
| **Eorpach** | 89,436 | 89,288 | 91,980 | 92,724 | 94,482 |
| **Reif/ Uacht** | 88,754 | 88,600 | 91,255 | 91,942 | 93,712 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Lú don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 7.1% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Lú. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár áitiúil réasúnta seasmhach. Tharla na laghduithe sin de bharr líon íseal clárúcháin nua agus scrios iontrálacha nach bhfuil feidhm leo níos mó nó dúblacha den chuid is mó.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.0% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 5.0% agus 3.8% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 5.9% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

**Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Lú – aitheantóirí taifeadta**




**Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Lú – aitheantóirí taifeadta**

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 98.0% | 98.2% | 98.2% | 98.3% |
| **Éirchód** | 96.2% | 96.5% | 97.9% | 98.7% |
| **DB + Éir** | 94.5% | 95.0% | 96.2% | 97.1% |
| **UPSP** | 4.9% | 12.7% | 16.1% | 20.5% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na faisnéise sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, íoslaghdaíonn sé an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Bunaithe ar na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, tugann na sonraí le fios go raibh Comhairle Contae Lú ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra. Tugann sé sin le fios gur dóigh go bhfuil céatadán an daonra incháilithe ar an gclár, ag 92.5%, ina mheastachán níos réalaíche ná na húdaráis áitiúla sin ag a bhfuil táscairí cruinnis níos ísle. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar an gclár.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**101,777** — Líon ar an gclár Nol 2024

**109,984** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**92.5%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**6,721 +7.1%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.9% (84)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí Cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 100,112 | **98.3%** [3ú] | **72.4%** |
| Éirchód | 100,487 | **98.7%** [3ú] | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 98,883 | **97.1%** [2ú] | **56.0%** |
| UPSP | 20,863 | **20.5%** [16ú] | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar theaghlaigh, díriú ar eastáit nua ina measc
- Feachtas ar na meáin áitiúla
- Na meáin shóisialta
- Fógraíocht ar chláir fógraí agus scáthláin bus
- Freastal foirne ar imeachtaí
- Scaipeadh earraí bolscaireachta ag imeachtaí

## Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí le fios go raibh 92.5% den daonra incháilithe measta i Lú cláraithe le vóta a chaitheamh i Nollaig 2024. Cé gur cosúil go bhfuil sé sin sách íseal, i bhfianaise na leibhéal ard de tháscairí cruinnis tuairiscithe trí chéile, is dóigh go bhfuil sé ar cheann de na meastacháin is réalaíche. Tá céatadán na dtoghthóirí ag a bhfuil UPSP bainteach, ag 20.5%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Ach tá céatadán tuairiscithe na dtáscairí eile an-ard. Bhí céatadán na ndátaí breithe a tuairiscíodh a taifeadadh ag 98.3%, i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta de 72.4%, bhí céatadán na nÉirchód taifeadta ag 98.7% (is é 69.8% an meán náisiúnta), agus bhí dátaí breithe i dteannta Éirchód ag 97.1%, an dara ráta tuairiscithe is airde sa tír agus i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta de 56.0%.

Ba thoradh iad na figiúirí sin, den chuid is mó, ar thionscadal comhoibríoch a rinneadh in 2022 idir an fhoireann toghchórais, Comhordaitheoir GIS (córais faisnéise geografaí) agus úsáid spriocdhírithe oibrithe allamuigh. Leanann foireann an chláir lena gcuid comhoibrithe leis an rannóg TF chun cruinneas a mhéadú. Tá sí ar cheann den líon beag de chúig údarás áitiúla a fhostaíonn oibrithe allamuigh. Fostaíodh ceathrar oibrithe allamuigh chun Éirchóid a bhailiú, scaipeadh bileog a dhéanamh, feasacht a ardú agus nuashonruithe a thabhairt ar thoghthóirí a fuair bás.

Idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, thuairiscigh Comhairle Contae Lú gur baineadh 7,292 iontráil den chlár, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. I rith 2024 ar an iomlán, baineadh 5,985 iontráil den chlár agus rinneadh 7,765 nuashonrú freisin, rud a léiríonn tiomantas

leanúnach do chruinneas sonraí. Téann an chomhairle i ngleic le hiontrálacha dúblacha faoi dhó sa bhliain, agus tugann sí faoi sheiceálacha cruinnis éagsúla nár thuairiscigh údaráis áitiúla eile a dhéanamh go hiondúil. Nuair a shainaithníonn an chomhairle iontrálacha dúblacha féideartha, téann sí i dteagmháil leis na toghthóirí ábhartha de réir mar is gá chun a sonraí a shoiléiriú. D'fhéadfaí a iarraidh ar oibrithe allamuigh dúblaigh fhéideartha a fhiosrú freisin.

Tá an obair phleanáilte agus spriocdhírithe, ina n-úsáidtear teicneolaíocht atá ar fáil agus oibrithe allamuigh de réir mar is gá, ina samhail úsáideach d'údaráis áitiúla eile. Dhírigh Comhairle Contae Lú go leanúnach ar chruinneas a mhéadú. Cuireann a rannóg TF tuairisc ar stádas Éirchód ar fáil gach seachtain, mar shampla, ina sainaithnítear aon Éirchód a cuireadh isteach go mícheart. Déantar é sin a mharcáil láithreach agus a leasú. Níor tharraing aon údarás áitiúil eile aird ar an gcineál sin monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanamh go leanúnach. Feabhsóidh béim leanúnach ar tháscairí cruinnis cáilíocht agus sláine an chláir.

**Iomláine**
Is cosúil gur dearfach an ráta clárúcháin le hais an daonra incháilithe mheasta ag 92.5%, i bhfianaise na leibhéal ard cruinnis trí chéile. Ar ndóigh, tá deis ann fós an ráta iomláine sin a fheabhsú agus i bhfianaise na hoibre a rinneadh ar an gcruinneas, tá an t-údarás áitiúil i suíomh maith chuige sin.

Idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024, tháinig méadú 6,721 duine ar chlár toghthóirí Lú.

Is cosúil go bhfuil Comhairle Contae Lú i suíomh maith chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a ardaíonn feasacht ar an bpróiseas clárúcháin i measc grúpaí nó ceantair thíreolaíocha atá faoi ghannionadaíocht ar an gclár.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae Lú cuid de na leibhéil foirne is airde d'údarás áitiúil ar an méid sin. Bhí beirt bhall foirne toghchórais lánaimseartha agus seisear ball foirne toghchórais páirtaimseartha ann in 2023, líon a mhéadaigh go ceathrar lánaimseartha agus seachtar páirtaimseartha in 2024. Chabhraigh an fhoireann bhreise agus an soláthar ragoibre le hobair bhreise a bhainistiú roimh na himeachtaí toghcháin ar fad. Tharraing an chomhairle aird ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint na foirne agus iad ag ullmhú le haghaidh imeachtaí toghcháin.

Thuairiscigh Comhairle Contae Lú dúshláin ollmhóra le toghthóirí a chlárú le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad, go háirithe i dtaobh foirne agus srianta ama. Fuair Comhairle Contae Lú lear mór millteach iarratais ar líne trí *checktheregister.ie*, agus b'éigean baill foirne a thabhairt isteach ó rannóga difriúla na heagraíochta chun cabhrú lena bpróiseáil. Rinne an fhoireann ragobair tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine.

Tuairiscíodh gur chaith an chomhairle €177,920 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €145,386 le haghaidh costais a bhaineann leis an gclár le haghaidh 2024.

Fuair Comhairle Contae Lú €50,496 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. Tharraing an chomhairle anuas €50,481 in 2024.

**Gníomhaíochtaí**
Chomh maith le hoibrithe allamuigh a úsáid (mar atá thuasluaite), thug Comhairle Contae Lú faoi roinnt gníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu i rith 2023–24 chun feasacht a mhéadú ar an bpróiseas clárúcháin, ina measc feachtais ar na meáin áitiúla, scaipeadh bileog agus dáileadh earraí bolscaireachta ag imeachtaí. I dtaobh gníomhaíochtaí a rinneadh roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha agus roimh an olltoghchán chun clárú agus nuashonrú sonraí toghthóra a chur chun cinn, cheannaigh Comhairle Contae Lú fógraíocht ar chomharthaí ag scáthláin bus ar fud an chontae chun clárúchán a chur chun cinn.

Tugadh faoi scaipeadh bileog ag eastáit tithíochta nua i nDroichead Átha agus baineadh leas as na meáin shóisialta chun clárúchán a chur chun cinn. D'fhreastail baill foirne ar imeachtaí seachtracha

éagsúla freisin. Níor tugadh faisnéis faoi thionchair shonracha na n-imeachtaí sin, ach sonraíodh gur tháinig méadú ar chlárúcháin agus leasuithe cláir.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Is cosúil go bhfuil clár Lú ar cheann de na cinn is cruinne sa tír. Is léir go bhfuil sé sin amhlaidh mar gheall ar an leibhéal ard tosaíochta a tugadh don chlár agus an obair mhór a rinneadh ar an gclár thar thréimhse ama.

Bunaithe ar na sonraí tuairiscithe, tá leibhéil arda de na táscairí cruinnis ar fad ag clár Lú. Tá obair le déanamh fós chun bailiú agus gabháil UPSPanna a mhéadú, mar is amhlaidh le gach clár eile ar fud na tíre. Tugann na sonraí a tugadh le fios go bhfuil leibhéal sách ard iomláine i gceist, agus tá Comhairle Contae Lú i suíomh maith chun gníomhaíochtaí a dhíriú ar an ráta sin a mhéadú tuilleadh.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur tosaíocht ard don údarás áitiúil seo é clár na dtoghthóirí. Is léir go ndearnadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Cé go dteastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú, bunaithe ar na sonraí tuairiscithe is cosúil go dteastóidh níos lú oibre ná in go leor údaráis áitiúla eile.

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht sa tír. I bhfianaise na dtáscairí cruinnis, is féidir roinnt muinín a bheith againn as a ráta clárúcháin tuairiscithe, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin agus is féidir meastachán a dhéanamh ar líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Is dóigh go dtarlóidh tuilleadh feabhsúchán nuair a bhunaítear LGERS.

Ba cheart do Chomhairle Contae Lú agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Mhaigh Eo

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Mhaigh Eo le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Mhaigh Eo le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 104,438 | 105,365 | 107,887 | 113,319 | 115,878 |
| **Dáil** | 101,565 | 102,408 | 104,922 | 108,500 | 111,015 |
| **Eorpach** | 99,199 | 99,998 | 102,507 | 105,892 | 108,185 |
| **Reif/ Uacht** | 98,709 | 99,495 | 102,003 | 105,294 | 107,584 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Mhaigh Eo don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 11.0% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Mhaigh Eo. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú níos lú ná 1% ar an líon daoine ar an gclár.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.5% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 7.5% agus 5.9% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 8.4% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Maigh Eo – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Maigh Eo – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 66.6% | 68.0% | 69.7% | 71.0% |
| **Éirchód** | 34.1% | 36.8% | 35.3% | 43.6% |
| **DB + Éir** | 28.0% | 30.8% | 40.8% | 38.3% |
| **UPSP** | 3.5% | 7.4% | 13.8% | 18.2% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Is féidir le taifeadadh na faisnéise sin cabhrú le hiontrálacha dúblacha a íoslaghdú, an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, a áiríonn leibhéal íseal de chlúdach na bpríomh-athróg ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, i dteannta líon measta 100.4% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Contae Mhaigh Eo chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

| | |
|---|---|
| 115,878 | Líon ar an gclár Nol 2024 |
| 115,448 | Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024 |
| 100.4% | % measta den daonra ar an gclár Nol 2024 |
| 11,440 +11.0% | Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024 |
| 1.2% (48) | Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024 |

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 82,202 | **71.0% [16ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 50,548 | **43.6% [29ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 44,366 | **38.3% [27ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 21,101 | **18.2% [29ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Dáileadh bileog
- Meáin áitiúla/fógraí páirce
- Comhfhreagras le toghthóirí

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí tuairiscithe, tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i gCiarraí ag 100.4%. I gcomhthéacs leibhéal íseal clúdaigh de phríomh-athróga ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, tugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár Mhaigh Eo le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 18.2%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 71.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%. Tá Éirchóid, ag 43.6%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 69.8%. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 38.3%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dteastaíonn feabhas suntasach ó na meáin náisiúnta freisin.

Tuairiscíodh gur baineadh 1,883 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. Thuairiscigh Comhairle Contae Mhaigh Eo 4,253 scrios agus 7,352 nuashonrú ar an gclár sin i rith 2024.

Leagann an leibhéal íseal de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá i bhfad níos mó ná an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Contae Mhaigh Eo leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

Shonraigh an chomhairle roinnt fadhbanna, agus b'údar mór imní toghthóirí ag cur iarratais isteach níos mó ná uair amháin nó ag cur iarratais dhúblacha isteach. B'fhadhb é sin a tháinig chun cinn arís agus arís eile i ngach imeacht toghcháin in 2024.

Idir Aibreán agus Samhain 2024, roimh na toghcháin Eorpacha agus áitiúla agus roimh an olltoghchán, fuarthas 1,390 iontráil dhúblach ar chlárúchán nó a cuireadh isteach níos mó na uair amháin.

Fadhb eile a thuairiscigh Comhairle Contae Mhaigh Eo ab ea an líon ollmhór iarratas idir síniú an Ordaithe maidir leis an Lá Vótaíochta agus an dáta deiridh chun iarratais a fháil don Liosta Forlíontach. Tharla sé sin i gcás na dtoghchán Eorpach agus áitiúil agus an olltoghcháin. Sna 16 lá roimh an olltoghchán, rinneadh 4,620 athrú ar an Liosta Forlíontach agus seiceáladh 859 dúblach.

Tuairiscíodh gur thacaigh 15 bhall foirne bhreise leis an bhfoireann toghchórais chun na hathruithe sin a phróiseáil. Theastaigh oiliúint ó chuid den fhoireann bhreise agus rinne gach duine ragobair um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine chun dul i ngleic leis an líon iarratas a fuarthas. Cuireadh iarratais ar nuashonruithe agus/nó iarratais dhúblacha ar feitheamh lena bpróiseáil i ndiaidh na n-imeachtaí vótála.

**Iomláine**
Tháinig méadú 11,440 duine ar chlár Mhaigh Eo idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 100.4% den daonra incháilithe measta le fios go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na táscairí cruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí Mhaigh Eo a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Bunaithe ar a tuairisceán tosaigh, bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo ar cheann de sheacht n-údarás áitiúla a thuairiscigh nach raibh aon bhall foirne ag obair go lánaimseartha san aonad toghchórais in 2023 agus 2024. Thuairiscigh sí gur oibrigh ball foirne amháin go páirtaimseartha ar fheidhmeanna toghchórais. Ach i nuashonrú a tugadh in Eanáir 2025, thagair an chomhairle do thriúr ball foirne toghchórais. Athshannadh 15 bhall foirne ó réimsí eile chun cabhrú leis na hullmhúcháin do na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram.

Caithfidh Comhairle Contae Mhaigh Eo athbhreithniú a dhéanamh ar an leibhéal foirne a shanntar ar an bhfeidhm toghchórais chun a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ann chun an clár a bhainistiú agus a chothabháil go héifeachtach, agus chun tacú leis an obair a theastaíonn chun ascnamh go dtí an bunachar sonraí cláir toghthóirí náisiúnta comhroinnte. Is tábhachtach freisin go gcuimhnítear ar na riachtanais leanúnacha acmhainní foirne a theastaíonn chun clár rollach a chothabháil.

Meastar gur chaith Comhairle Contae Mhaigh Eo €146,319 in 2023 ar chothabháil an chláir. Cheadaigh sí caiteachas €147,368 ar chostais an chláir le haghaidh 2024. In 2023, chuir RTRÁO cistiú €50,186 ar fáil don chomhairle chun cáilíocht shonraí an chláir a fheabhsú. In 2024, chuir RTRÁO €50,195 ar fáil don chomhairle don obair sin.

**Gníomhaíochtaí**
Bhain Comhairle Contae Mhaigh Eo leas as tionscnaimh a raibh bonn leathan fúthu chun feasacht a ardú ar chlárú vótálaithe agus athruithe ar chlárú i rith 2023–24. Scaipeadh bileoga ar 57,300 teaghlach sa chontae idir Samhain 2023 agus Márta 2024, chomh maith le feachtas ar na meáin áitiúla, roinnt fógraíochta lasmuigh agus úsáideadh meirgí aníos i leabharlanna agus imeachtaí bolscaireachta. Tuairiscíodh go raibh méadú suntasach ar iontrálacha nua agus leasuithe ar an gclár mar gheall ar thionchar na dtionscnamh sin le chéile. Ach níor tugadh aon tomhas air sin.

Thuairiscigh Comhairle Contae Mhaigh Eo gur sheol sí litreacha chuig gach teach altranais idir Meitheamh agus Nollaig 2024 chun na cónaitheoirí a chur ar an eolas faoin tsaoráid vótála speisialta.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Contae Mhaigh Eo sula mbíonn a tháscairí cruinnis ar fad chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Teastaíonn feabhas suntasach ar Éirchóid. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, molann an Coimisiún go ndéanfar an leibhéal tosaíochta a thugann an t-údarás áitiúil seo do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar an Mí

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí na Mí le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí na Mí le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 147,109 | 148,854 | 153,878 | 161,513 | 166,678 |
| **Dáil** | 142,626 | 144,102 | 148,781 | 154,148 | 159,093 |
| **Eorpach** | 142,852 | 144,362 | 149,960 | 154,324 | 159,192 |
| **Reif/ Uacht** | 141,133 | 142,607 | 147,238 | 152,491 | 157,358 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae na hIarmhí don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 13.3% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár na Mí. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú thart ar 1.0% ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.2% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 8.5% agus 6.9% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 10.3% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe sa Mhí – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe sa Mhí – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 63.3% | 65.8% | 67.8% | 69.0% |
| **Éirchód** | 72.0% | 74.2% | 75.7% | 77.0% |
| **DB + Éir** | 51.3% | 54.6% | 57.6% | 60.0% |
| **UPSP** | 4.6% | 11.7% | 18.8% | 24.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Faoi láthair, cabhraíonn taifeadadh na faisnéise sin le hiontrálacha dúblacha a laghdú, íoslaghdaíonn sé an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe le fios go meastar go bhfuil 99.9% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, ach tugann leibhéil mheánraoin clúdaigh na bpríomh-athróg ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid le fios go bhfuil obair le déanamh ag Comhairle Chontae na Mí chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**166,678** — Líon ar an gclár Nol 2024

**166,872** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**99.9%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**19,569 +13.3%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**3.1% (221)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 115,685 | **69% [18ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 128,616 | **77% [13ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 99,904 | **60% [12ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 39,494 | **24% [10ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar 14,100 teaghlach
- Feachtas raidió áitiúil i gcomhpháirt le Comhairle Contae Lú
- Rannpháirtíocht le meánscoileanna
- Rannpháirtíocht le grúpaí pobail
- Tob-imeachtaí

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta sa Mhí ag 99.9%. I gcomhthéacs sraith leibhéal meánraoin de tháscairí cruinnis, tugann sé sin leibhéal réasúnta ard míchruinnis ar chlár na Mí le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 24.0%, os cionn an mheáin náisiúnta de 22.0%, ach ba cheart a thabhairt faoi deara gur meán náisiúnta íseal é sin a dteastaíonn feabhas suntasach air. Tá Éirchóid a bailíodh, ag 77.0%, os cionn an mheáin náisiúnta de 69.8%. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 60.0%, os cionn an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin. Ach tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 69.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%. Go ginearálta, caithfear an meán náisiúnta do gach táscaire cruinnis a fheabhsú agus, sa chomhthéacs sin, tá deis feabhais ann.

Tuairiscíodh gur measadh gur baineadh 4,711 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 5,728 scrios agus 20,799 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal tuairiscithe de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá sách ard i gcomparáid leis an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Chontae na Mí leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

Shonraigh an chomhairle na dúshláin a leanas i rith imeachtaí toghcháin in 2024 freisin:

- líon na n-iarratas os cionn an méid a rabhthas ag súil leis
- acmhainní ar fáil/oiliúint
- srianta ama a bhain leis na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh
- cloíteacht na foirne
- oibriú le córais neamh-chomhtháite – *checktheregister.ie* agus córas cúloifige iReg
- bainistíocht na n-ualaí oibre laethúla i dteannta na hoibre toghchórais
- toghthóirí nár aimsigh iad féin ar *checktheregister.ie* agus a rinne iarratais nua ar chlárúcháin
- feachtas caidrimh phoiblí a chruthaigh mearbhall toisc gur cheap toghthóirí go raibh orthu clárú le haghaidh gach imeachta toghcháin
- toghthóirí ag cur iarratais isteach arís de bharr moill ar phróiseáil

I measc na ngníomhartha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, bhí baill foirne a fháil ó rannóga seirbhíse eile; cuireadh oiliúint bhunúsach ar an bhfoireann faoi ionchur sonraí agus úsáideadh ragobair.

**Iomláine**

Tháinig méadú 19,569 duine ar chlár na Mí idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Ba mhéadú 13.3% é sin, méadú a bhí ar cheann de na méaduithe is airde sa tír.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár beagnach mar an gcéanna leis an daonra incháilithe measta.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann cáilíocht iomláine chlár toghthóirí na Mí a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**

Thuairiscigh Comhairle Chontae na Mí gur oibrigh triúr ball foirne go lánaimseartha agus ochtar ball foirne go páirtaimseartha ar an gclár in 2023. Cuireadh acmhainn foirne bhreise lánaimseartha leo in 2024. Bhí sé sin ar cheann de na leibhéil foirne is airde i measc na n-údarás áitiúil ar fad. Sonraíodh go dtagann raon feidhmeanna corparáideacha faoi shainchúram na foirne sin freisin. Anuas air sin, sannadh seisear ball foirne lánaimseartha breise ar an bhfoireann clárúcháin chun cabhrú le hiarratais a phróiseáil roimh reifrinn an Mhárta.

Mheas an chomhairle gur caitheadh €48,639 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €49,186 le haghaidh 2024. Fuair Comhairle Chontae na Mí €63,987 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €63,872 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**

Thuairiscigh Comhairle Chontae na Mí gur thug sí faoi ghníomhaíochtaí éagsúla a raibh bonn leathan fúthu i rith 2023, ina measc feachtais ar an raidió áitiúil (fógraí i gcomhpháirt le Comhairle Contae Lú ina measc) chun clárú agus nuashonruithe a spreagadh. Thug sí faoi ghníomhaíochtaí freisin a dhírigh ar thoghthóirí óga agus ar thoghthóirí féideartha ar feitheamh, ina measc Comhairle na nÓg agus cuairt a thabhairt ar mheánscoil. Bhí sí ag plé freisin le Líonra Rannpháirtíochta an Phobail, Ionad Imirceach Cultúr agus Meath Partnership. Thuairiscigh an chomhairle gur eascair méaduithe ar nuashonruithe ar an gclár as na gníomhaíochtaí sin – le breis agus 1,600 iarratas, athrú agus scrios sa cheathrú ráithe de 2023.

Thuairiscigh an chomhairle gur chuir sí clárú chun cinn ar na meáin shóisialta i rith an dara leath de 2024.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá clár Chomhairle Chontae na Mí sa mheánraon de na ceithre tháscaire cruinnis i gcomparáid leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar imní é sin. Tarraingíonn na ceisteanna sin aird ar an ngá atá ann go leanfadh an chomhairle ag feabhsú bhailiú na sonraí atá in easnamh ó na táscairí cruinnis. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh an chomhairle díriú ansin ar rannpháirtíocht le pobail chun clárú cohórt faoi ghannionadaíocht a mhéadú.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú fós. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Chontae na Mí agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Mhuineachán

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Mhuineacháin le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Mhuineacháin le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Márta-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 50,722 | 50,906 | 51,543 | 52,975 | 52,967 |
| **Dáil** | 47,323 | 47,445 | 48,055 | 48,843 | 49,190 |
| **Eorpach** | 47,177 | 47,286 | 47,888 | 48,697 | 49,016 |
| **Reif/ Uacht** | 47,018 | 47,127 | 47,728 | 48,481 | 48,809 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Mhuineacháin don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 4.4% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Mhuineacháin. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár sách réidh, le méadú 0.4%.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 1.3% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 4.1% agus 3.0% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 3.7% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Muineachán – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Muineachán – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Márta-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 75.4% | 76.7% | 77.4% | 78.4% |
| **Éirchód** | 43.7% | 46.6% | 48.8% | 52.5% |
| **DB + Éir** | 35.6% | 38.9% | 41.4% | 45.2% |
| **UPSP** | 3.5% | 9.0% | 13.4% | 18.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Faoi láthair, cabhraíonn taifeadadh na faisnéise sin le hiontrálacha dúblacha a laghdú, íoslaghdaíonn sé an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, a tharraingíonn aird ar an leibhéal íseal de chlúdach na bpríomh-athróg ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, i dteannta líon measta 104.1% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Contae Mhuineacháin chun cáilíocht a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**52,967** — Líon ar an gclár Nol 2024

**50,898** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**104.1%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**2,245 +4.4%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**16.2% (305)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 41,770 | **78.4%** [**9ú**] | **72.4%** |
| Éirchód | 27,977 | **52.5%** [**25ú**] | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 24,061 | **45.2%** [**20ú**] | **56.0%** |
| UPSP | 9,605 | **18.0%** [**30ú**] | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Feachtais feasachta áitiúla
- Ceardlanna agus cuir i láthair do ghrúpaí sainspéise áitiúla
- Imeachtaí clárúcháin i meánscoileanna
- Anailís ar shonraí an chláir

## Measúnú

**Cruinneas**

Tá líon tuairiscithe na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i Muineachán, ag 104.1%, ar an gcúigiú ceann is airde sa tír. I gcomhthéacs na leibhéal íseal de tháscairí cruinnis, tugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár Mhuineacháin le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 18.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Tá Éirchóid, ag 52.5%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 69.8%. Tá céatadán na ndátaí breithe, ag 78.4%, os cionn an mheáin náisiúnta de 72.4%. Ach tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 45.2%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin.

Tuairiscíodh gur baineadh 1,614 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 2,934 scrios agus 7,202 nuashonrú ar an gclár sin.

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin in iúl gur thug sí faoi fheachtas spriocdhírithe i ndiaidh thoghcháin an Mheithimh chun iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil le daoine ar sheol An Post a gcárta faisnéise vótaíochta ar ais. D'eisigh sí comhfhreagras freisin chuig daoine i gceantar bardasach amháin mura raibh UPSP, dáta breithe nó Éirchód aici dóibh. Chruthaigh sé sin idirbhearta éagsúla, inar dheimhnigh daoine gur fhág siad an ceantar agus go raibh cónaí orthu in áit eile. I gcásanna eile, sheol An Post a bpost ar ais, rud a thug le fios nach raibh siad ag an seoladh a sonraíodh dóibh níos mó.

Leagann an leibhéal íseal de roinnt táscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá i bhfad níos mó ná an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarrachtaí athnuaite Chomhairle Contae Mhuineacháin leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

I rith na dtoghchán áitiúil, thuairiscigh an chomhairle go raibh dúshláin roimh an bhfoireann toghchórais mar gheall ar líon iarratas nach raibh chomh mór sin riamh cheana, agus gur ghá acmhainní breise a leithdháileadh dá bharr.

Thuairiscigh Comhairle Contae Mhuineacháin go raibh na spriocdhátaí don olltoghchán thar a bheith docht. Thuairiscigh sí go bhfuair sí 80.0% den líon iarratas a fuarthas do na toghcháin áitiúla, ach nach raibh ach 25.0% den am próiseála ar fáil chun iad a bhainistiú.

Thuairiscigh an chomhairle gur chaith an fhoireann toghchórais go leor ama ar aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ón bpobal toisc nach raibh siad in ann cur isteach ar vótaí poist, rud a chuir tuilleadh brú ar na hacmhainní. Thóg sé go leor ama grúpa áitiúil d'iarratais ar vótaí poist bunaithe ar chúinsí oibre a dheimhniú. Dar leis an gcomhairle, chuir sé sin moill dhá lá iomlána ar a laghad ar an obair.

Murab ionann agus roinnt údaráis áitiúla eile, thuairiscigh Comhairle Contae Mhuineacháin nár chruthaigh clárúcháin dhúblacha fadhb mhór don chomhairle. Nuair a chuir toghthóirí sonraí isteach a próiseáladh cheana féin, ní dhearna an fhoireann ach trácht a chur leis an iarratas agus é a chur ar chomhad ina gcóras comhdaithe leictreonaigh agus ansin lean siad leis an bpróiseáil.

**Iomláine**

Tháinig méadú 2,245 duine ar chlár Mhuineacháin idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Ba mhéadú 4.4% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 104.1% den daonra incháilithe measta, an cúigiú ráta is airde sa tír, i dteannta rátaí ísle de tháscairí cruinnis, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chláir toghthóirí Mhuineacháin a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin in iúl gur oibrigh ball foirne lánaimseartha amháin agus ball foirne páirtaimseartha amháin sa réimse toghchórais in 2023. Mhéadaigh sé sin go triúr ball foirne lánaimseartha agus ceathrar ball foirne páirtaimseartha in 2024. Chomh maith leis sin, bhí an chomhairle ar cheann den líon beag de chúig údarás áitiúla a fhostaíonn oibrithe allamuigh.

Mheas Comhairle Contae Mhuineacháin gur caitheadh €34,606 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €78,760 le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle €38,175 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €38,197 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**

D'ainneoin acmhainní teoranta i rith 2023, thug Comhairle Contae Mhuineacháin faoi chuid de na leibhéil is airde de ghníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. Bhí idir thionscnaimh a raibh raon leathan ag baint leo agus tionscnaimh spriocdhírithe i gceist anseo, rud a d'imir tionchar dearfach ar an gclár.

Thuairiscigh an chomhairle gur thug sí faoi anailís chuimsitheach chainníochtúil agus cháilíochtúil chun forléargas a fháil ar stádas an chláir, chun bonn eolais a chur faoi straitéis a d'fheabhsódh cáilíocht an chláir. Chuir sé sin bonn eolais faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cáilíocht an chláir a fheabhsú (tá breac-chuntas thíos), agus feabhsaíodh na táscairí cruinnis dá mbarr.

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin dhá fheachtas ardaithe feasachta áitiúla ar bun, lena n-áirítear feachtais fógraíochta, fógraíocht lasmuigh, fógraíocht ar an raidió agus leas a bhaint as tionchaire

áitiúil ar na meáin shóisialta. Reáchtáil sí ceardlanna agus cainteanna le grúpaí áitiúla (Tionól na mBan, Comhaontas Aoisbhá, Grúpa Fáilte Isteach, DisAbility Network).

Bhí sí ar cheann de na húdaráis áitiúla a bhí ag plé le meánscoileanna freisin. Reáchtáil oibrithe allamuigh imeachtaí agus ceardlanna clárúcháin ag naoi meánscoil. Thuairiscigh an chomhairle gur thug sí cuairt ar mheánscoileanna idir Meitheamh agus Nollaig 2024 inar díríodh ar chlárú agus réamhchlárú grúpaí. Thuairiscigh an chomhairle ceann de na rátaí is airde de thoghthóirí ar feitheamh, ag 16.2% den daonra incháilithe measta.

Anuas air sin, thuairiscigh sí gur thug sí faoi fheachtas ar na meáin shóisialta. Ach thuairiscigh sí nach raibh sí in ann tabhairt faoi thionscnaimh bhreise mar gheall ar shrianta ama.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Contae Mhuineacháin sula mbíonn trí cinn de na ceithre tháscaire cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023 agus an obair a rinneadh chun cruinneas a fheabhsú, tá obair mhór le déanamh fós.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastóireacht a dhéanamh le haon chinnteacht ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Contae Mhuineacháin agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Uíbh Fhailí

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Uíbh Fhailí le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Uíbh Fhailí le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 59,531 | 58,746 | 61,959 | 63,849 | 65,436 |
| **Dáil** | 57,598 | 58,155 | 59,954 | 61,327 | 62,837 |
| **Eorpach** | 57,035 | 57,572 | 59,366 | 60,734 | 62,237 |
| **Reif/ Uacht** | 56,840 | 57,377 | 59,170 | 60,504 | 62,009 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 9.9% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Uíbh Fhailí. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú beag thart ar 1% ar an líon daoine ar chlár na dtoghthóirí uachtaráin, Dála agus Eorpacha, agus thit sé beagáinín i gcás na dtoghthóirí áitiúla.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.1% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 8.7% agus 5.5% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 8.1% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe in Uíbh Fhailí – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe in Uíbh Fhailí – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 74.9% | 75.4% | 75.6% | 76.0% |
| **Éirchód** | 42.2% | 46.0% | 47.7% | 52.0% |
| **DB + Éir** | 34.9% | 39.2% | 41.2% | 45.0% |
| **UPSP** | 4.6% | 12.0% | 15.4% | 19.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 96.2% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil iarrachtaí móra le déanamh ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a mhéadú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

| | |
|---|---|
| 65,436 | Líon ar an gclár Nol 2024 |
| 68,022 | Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024 |
| 96.2% | % measta den daonra ar an gclár Nol 2024 |
| 5,905 +9.9% | Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024 |
| 2.9% (75) | Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024 |

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 50,068 | **76.0% [11ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 33,834 | **52.0% [27ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 29,427 | **45.0% [21ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 12,620 | **19.0% [27ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Cor poist ar eastáit tithíochta nua
- Rannpháirtíocht le dhá ghrúpa pobail
- Freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Na meáin shóisialta

## Measúnú

**Cruinneas**
Bunaithe ar na figiúirí a thug an t-údarás áitiúil, tá 96.2% de dhaonra incháilithe measta Uíbh Fhailí ar an gclár. Cé gur céatadán sách ard é sin, tugann na rátaí ísle de tháscairí cruinnis le fios go gcaithfear obair mhór a dhéanamh fós chun cruinneas chlár toghthóirí Uíbh Fhailí a fheabhsú. Tá Éirchód sannta ag 52.0% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe ag 76.0% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus níl dáta breithe i dteannta Éirchóid ach ag 45.0% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 19.0% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta).

Thuairiscigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí gur chinn sí, i bhfianaise na spriocdhátaí dochta a bhí i gceist, go gcuirfí próiseáil iarratas ar athrú seoltaí siar go dtí tar éis an olltoghcháin chun tús áite a thabhairt do phróiseáil na n-iarratas ó thoghthóirí nua.

Shonraigh an chomhairle an dúshlán a bhain le hiarratais dhúblacha ó thoghthóirí atá ar an gclár cheana féin a bhainistiú. Chuir sí in iúl go raibh thart ar 120 díobh sin ann roimh an olltoghchán.

Thuairiscigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí roinnt oibre chun iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a bhaint. Thuairiscigh sí go meastar gur baineadh 470 iontráil den chlár in 2022 agus 700 in 2023. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 2,369 scrios agus 5,301 nuashonrú ar an gclár sin.

**Iomláine**
Tháinig méadú 5,905 duine ar chlár na dtoghthóirí idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Ba mhéadú 9.9% é sin.

Ní thugann an ráta ard clárúcháin le hais an daonra incháilithe mheasta le fios go bhfuil céatadán an-ard de dhaonra incháilithe Uíbh Fhailí ar an gclár. Ina ionad sin, is mó seans go bhfuil an ráta sin ard mar gheall ar iontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó.

Ní féidir measúnú éifeachtach a dhéanamh ar iomláine chlár Uíbh Fhailí go dtí go bhfeabhsaítear an cruinneas.

**Soláthar acmhainní**
Bhí Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar cheann de sheacht n-údarás áitiúla a thuairiscigh nach raibh aon bhall foirne ag obair go lánaimseartha san aonad toghchórais in 2023 agus 2024. D'oibrigh beirt oifigeach cléireachais ar an bhfoireann go páirtaimseartha sa réimse seo in 2023 agus 2024, le tacaíocht ó líon foirne nár sonraíodh ó réimsí eile sa tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram. Is leibhéal an-íseal de sholáthar acmhainní é sin.

Ach oiread le roinnt údaráis áitiúla eile, thuairiscigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go raibh dúshláin roimh an bhfoireann i dtaobh toghthóirí a chlárú in am d'imeachtaí toghcháin, go háirithe roimh an olltoghchán, a raibh spriocdhátaí clárúcháin dochta ag baint leis. Thuairiscigh sí gur baineadh leas go tapa as baill foirne oilte chun dul i ngleic leis an líon gníomhaíochta nach raibh coinne leis. Sonraíodh an chaoi nach féidir le toghthóirí a stádas saoránachta a athrú trí *checktheregister.ie* mar ualach breise riaracháin, toisc go gcaithfidh toghthóirí dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil go díreach chun athrú dá leithéid a dhéanamh.

Thuairiscigh an chomhairle imní faoi ullmhú don ascnamh go dtí *voter.ie*, ag tarraingt aird ar an tábhacht a bhaineann leis an obair agus go gcaithfidh baill foirne eolacha tabhairt faoi dá bharr.

Meastar gur caitheadh €8,929 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh an tsuim chéanna le haghaidh 2024. Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fhailí €41,134 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár, agus €41,145 in 2024.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi líon teoranta gníomhaíochtaí chun feasacht a ardú ar an gclár agus chun clárúcháin a mhéadú. Eagraíodh cor poist ar eastáit tithíochta nua, agus d'eascair méadú ar iarratais chun seoltaí a athrú as sin. Reáchtáil an chomhairle imeachtaí ardaithe feasachta freisin le haghaidh Aoisbhá Éireann, Chomhairle na nÓg agus bhí seastán aici ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Níor tomhaiseadh tionchar na ngníomhaíochtaí sin. D'fhéadfadh go bhfuil nasc ag an líon íseal gníomhaíochtaí, atá ar cheann de na leibhéil is ísle a thaifead aon údarás áitiúil, leis an leibhéal íseal soláthair acmhainní a shanntar don réimse toghchórais.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí sula mbíonn trí cinn de na ceithre tháscaire cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha fiú, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear an obair mhór a rinne Comhairle Chontae Uíbh Fhailí chun an clár a bhainistiú agus a chothabháil ó Fheabhra 2023, is údar imní na rátaí ísle clúdaigh de na táscairí cruinnis.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán a dhéanamh le haon chinnteacht ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh mura bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Ros Comáin

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Ros Comáin le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Ros Comáin le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 49,985 | 50,434 | 51,636 | 52,936 | 53,724 |
| **Dáil** | 48,457 | 48,798 | 49,885 | 50,652 | 51,417 |
| **Eorpach** | 46,806 | 47,128 | 48,184 | 48,938 | 49,663 |
| **Reif/ Uacht** | 46,651 | 46,975 | 48,031 | 48,726 | 49,446 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Ros Comáin don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 7.5% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Ros Comáin. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú an-bheag idir 0.7% agus 0.9% ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.2% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 3.8% agus 5.0% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 5.4% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Ros Comáin – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Ros Comáin – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 99.7% | 100.0% | 99.4% | 99.0% |
| **Éirchód** | 85.7% | 86.3% | 86.9% | 87.0% |
| **DB_Éir** | 85.2% | 86.4% | 86.4% | 86.0% |
| **UPSP** | 5.0% | 9.5% | 15.1% | 17.6% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Is féidir le taifeadadh na faisnéise sin cabhrú le hiontrálacha dúblacha a íoslaghdú, an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Bunaithe ar na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, tugann na sonraí le fios go raibh Comhairle Contae Ros Comáin ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra. Tugann sé sin le fios go bhféadfadh go bhfuil céatadán an daonra incháilithe ar an gclár, ag 94.1%, ina mheastachán níos réalaíche ná na húdaráis áitiúla sin ag a bhfuil táscairí cruinnis níos ísle. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar an gclár.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**53,724** — Líon ar an gclár Nol 2024

**57,104** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**94.1%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**3,739 +7.5%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**3.9% (74)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 53,466 | **99.0% [2ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 46,960 | **87.0% [10ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 46,734 | **86.0% [4ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 9, 474 | **17.6% [31ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Cuairteanna ar mheánscoileanna
- Tob-laethanta clárúcháin in dhá leabharlann
- Oibrithe allamuigh
- Feachtais ar na meáin shóisialta

### Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí a tugadh le fios go bhfuil 94.1% den daonra incháilithe measta i Ros Comáin cláraithe le vóta a chaitheamh. I gcomhthéacs na rátaí an-ard de shonraí dáta breithe agus dátaí breithe i dteannta Éirchód a bailíodh, d'fhéadfadh go bhfuil sé seo ar cheann de na meastacháin is réalaíche ar an ráta clárúcháin. Tuairiscíodh go bhfuil dáta breithe taifeadta ag 99.0% de na toghthóirí (is é 72.4% an meán náisiúnta), tá Éirchód sannta ag 87.0% (is é 69.8% an meán náisiúnta) agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 86.0% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Ach tá an cion de UPSPanna a bailíodh, ag 17.6%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0% agus ar an gcéatadán is ísle a taifeadadh sa tír.

Is cosúil gur éirigh le Comhairle Contae Ros Comáin cruinneas a fheabhsú in 2023, trí úsáid a bhaint as oibrithe allamuigh chun fiosrúcháin a dhéanamh ó theach go teach den chuid is mó. Tuairiscíodh gur baineadh 2,589 toghthóir a fuair bás agus iontráil nach feidhm leo níos mó den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 1,811 scrios agus 3,981 nuashonrú ar an gclár sin.

Shonraigh Comhairle Contae Ros Comáin gur féidir le hiontrálacha dúblacha, a chruthaíonn ualach suntasach riaracháin, a theacht chun cinn nuair nach mbíonn toghthóirí in ann iad féin a aimsiú ar *checktheregister.ie*, agus go gcuireann siad iarratas nua isteach dá bharr. Thuairiscigh sí go raibh difríochtaí i litriú bailte fearainn ar cheann de na príomhchúiseanna nach raibh toghthóirí in ann iad féin a aimsiú ar an gclár. Níl aon saoráid ar *checktheregister.ie* le haghaidh "cuardach cliste", agus dá bhrí sin caithfidh na hainmneacha/na bailte fearainn a chuireann an toghthóir isteach a bheith díreach mar an gcéanna leis na sonraí a thaifeadtar ar an gcóras. I bhfianaise na spriocdhátaí dochta roimh olltoghchán na Samhna, bainistíodh dúblaigh trí theagmháil dhíreach leis an toghthóir, seachas an gnáthphróiseas a úsáid ina ndiúltaítear don iarratas agus go n-iarrtar faisnéis bhreise ar an iarratasóir.

**Iomláine**
Idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024, tháinig méadú 3,739 duine, méadú 7.5%, ar chlár toghthóirí Ros Comáin.

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá an ráta clárúcháin le hais an daonra incháilithe mheasta ag 94.1%. Is féidir cruinneas an chláir a fheabhsú trí thaifead méadaithe UPSPanna. Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, d'fhéadfadh go bhfuil an ráta clárúcháin seo ar cheann de na cinn is réalaíche sa tír. Ach ní féidir é sin a dheimhniú go dtí gur féidir cruinneas foriomlán an chláir a dheimhniú.

I bhfianaise an obair a rinneadh go dtí seo ar tháscairí cruinnis, is cosúil go bhfuil Comhairle Contae Ros Comáin i suíomh maith chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a ardaíonn feasacht ar an bpróiseas clárúcháin i measc grúpaí nó ceantair thíreolaíocha atá faoi ghannionadaíocht ar an gclár.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Contae Ros Comáin gur oibrigh ball foirne amháin go lánaimseartha ar chlár na dtoghthóirí in 2023 agus 2024, le ball foirne páirtaimseartha amháin in 2023, a mhéadaigh go ceathrar in 2024.

Ach oiread le go leor údaráis áitiúla eile, shonraigh an chomhairle go raibh an tréimhse idir gairm an olltoghcháin agus dúnadh an chláir dúshlánach le bainistiú, i dtaobh dul i ngleic le ceisteanna ón bpobal, vótálaithe poist agus vótálaithe speisialta go háirithe. Bhí an fhoireann chéanna ag plé le ceisteanna, ag obair chun deacrachtaí a tarraingíodh anuas a réiteach agus ag próiseáil iarratas, a chuir leis an ngá le ragobair.

Tuairiscíodh gur chuir méid na hoibre láimhe a theastaigh chun iarratais a phróiseáil, agus bainistiú na ndúblach agus na n-iarratas a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae Ros Comáin trí thimpiste, leis an ualach riaracháin. Tugadh foireann bhreise isteach ó sheirbhísí corparáideacha agus ó rannóga eile chun cabhrú leis an líon iarratas a phróiseáil.

Bhí na spriocdhátaí chun an clár rollach agus an Liosta Forlíontach a dhúnadh difriúil i measc na n-údarás áitiúil éagsúil, agus is cosúil gur spriocdhátaí priontála chun cártaí faisnéise vótaíochta a chur ar fáil a spreag iad. De bharr na neamhréireachta sin, bhí fadhbanna le hathruithe ar sheoladh idir ceantair údarás áitiúil a phróiseáil.

Tá Comhairle Contae Ros Comáin ar cheann den líon beag de chúig údarás áitiúla a d'fhostaigh oibrithe allamuigh. Is suntasach go dtuairiscítear gur éirigh leo céatadán na nÉirchód a mhéadú ó 53% go 86.0% in 2023. Tugadh táibléid agus Ceadúnais ESRi do na hoibrithe allamuigh chun Éirchóid teaghlaigh a shainaithint. Anuas ar na seiceálacha Éirchód, chuaigh siad ó dhoras go doras chun clárúcháin a dheimhniú, botúin a leasú agus seoltaí a thabhairt cothrom le dáta. Mar chontae tuaithe den chuid is mó, bhí luach faoi leith ag baint leis an obair ar Éirchóid. Tá an chomhairle den tuairim go bhfuil an úsáid a bhain sí as oibrithe allamuigh ar an mbealach is éifeachtaí chun faisnéis chruinn agus iomlán ar an gclár a chinntiú.

Ba cheart do Chomhairle Contae Ros Comáin a chinntiú gur leor an soláthar acmhainní chun tabhairt faoi bhainistíocht agus cothabháil leanúnach an chláir rollaigh, agus go mbeadh an cumas agus inniúlacht ann chun tabhairt faoin obair a theastaíonn chun sonraí an chláir a ullmhú lena n-ascnamh go dtí an clár náisiúnta comhroinnte.

Tuairiscíodh gur chaith Comhairle Contae Ros Comáin €50,200 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €106,100 le haghaidh costais a bhaineann leis an gclár le haghaidh 2024.

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin €39,031 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. Tharraing an chomhairle anuas €39,017 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO in 2024.

**Gníomhaíochtaí**
Anuas ar na hoibrithe allamuigh, mar atá thuasluaite, thug Comhairle Contae Ros Comáin faoi ghníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu chun feasacht a ardú ar an gclár, agus ar an bpróiseas clárúcháin. Ag tús na bliana, bhí sí ar cheann de na húdaráis áitiúla a bhí ag plé go díreach le meánscoileanna chun clárú scoláirí a spreagadh, agus tuairiscíodh os cionn 400 réamhchlárú. Thug sí faoi "thob-lá" clárúcháin in dhá leabharlann freisin.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Is cosúil go bhfuil clár Ros Comáin ar cheann de na cláir is cruinne le leibhéil arda de thrí cinn de na ceithre tháscaire cruinnis. Ach caithfear cáilíocht fhoriomlán an chláir a neartú trí níos mó UPSPanna toghthóirí a thaifeadadh.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, molann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo tús áite níos mó a thabhairt do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.


I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, níltear in ann faoi láthair meastachán a dhéanamh le haon chinnteacht shásúil ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach.

Is ceantar údaráis áitiúil sách beag é Ros Comáin ach d'éirigh leis an gcomhairle tabhairt faoi obair shuntasach a d'fheabhsaigh cáilíocht an chláir. Tá Comhairle Contae Ros Comáin i suíomh maith chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí spriocdhírithe chun cruinneas a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar iomláine.

Ba cheart do Chomhairle Contae Ros Comáin agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Shligeach

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Shligigh le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Shligigh le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 56,562 | 57,088 | 57,823 | 60,074 | 61,351 |
| **Dáil** | 54,714 | 55,157 | 55,811 | 57,206 | 58,389 |
| **Eorpach** | 53,706 | 54,098 | 54,744 | 56,093 | 57,217 |
| **Reif/ Uacht** | 53,487 | 53,884 | 54,530 | 55,831 | 56,953 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae Shligigh don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí go raibh méadú foriomlán 8.5% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Shligigh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú beag ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 1.2% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 5.2% agus 3.7% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 5.9% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Sligeach – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Sligeach – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 51.6% | 54.4% | 56.6% | 58.0% |
| **Éirchód** | 44.9% | 48.4% | 51.1% | 55.3% |
| **DB_Éir** | 29.0% | 37.7% | 36.8% | 40.3% |
| **UPSP** | 5.3% | 11.1% | 16.3% | 19.1% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Bunaithe ar na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 111.8% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair an-mhór le déanamh ag Comhairle Chontae Shligigh chun cruinneas a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar an gclár.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**61,351** — Líon ar an gclár Nol 2024

**54,879** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**111.8%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**4,789 +8.5%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**2.0% (38)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 35,585 | **58.0% [27ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 33,898 | **55.3% [21ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 24,723 | **40.3% [26ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 11,736 | **19.1% [25ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar 22,000 teaghlach
- Feachtas ar na meáin áitiúla
- Scríobhadh chuig na meánscoileanna áitiúla ar fad

### Measúnú

**Cruinneas**
Tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i Sligeach, ag 111.8%, ar an gceann is airde sa tír. Tugann sé sin leibhéal ard míchruinneas ar chlár Shligigh le fios, go háirithe i gcomhthéacs an leibhéil ísil de tháscairí cruinnis.

Bunaithe ar na sonraí tuairiscithe, tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 19.1%, rud beag faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 58.0%, go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%, mar atá i gcás na nÉirchód ag 55.3% (is é 69.8% an meán náisiúnta). Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 40.3%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin.

Tuairiscíodh gur baineadh 2,361 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 2,488 scrios agus 10,510 nuashonrú ar an gclár sin.

Tugann an leibhéal tuairiscithe an-íseal sin de tháscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá i bhfad níos mó ná an líon toghthóirí incháilithe féideartha le fios go bhfuil gá le hiarrachtaí suntasacha agus móra ó Chomhairle Chontae Shligigh chun leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

**Iomláine**
Tháinig méadú 4,789 duine ar chlár Shligigh idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin

111.8% den daonra incháilithe measta, an ráta is airde sa tír, le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chláir toghthóirí Shligigh a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**

Tuairiscíodh nach raibh ach duine amháin ag obair go lánaimseartha san aonad toghchórais in 2023–2024, chomh maith le triúr ball foirne páirtaimseartha. Sannadh beirt bhall foirne eile chun obair a dhéanamh ar iarratais a phróiseáil roimh reifrinn an Mhárta. D'oibrigh baill foirne pháirtaimseartha go lánaimseartha. Anuas air sin, theastaigh ragobair sna seachtainí roimh na reifrinn. Níor tugadh aon fhaisnéis bhreise i dtaobh bhainistíocht na n-imeachtaí toghcháin eile i rith 2024.

Is foireann bheag í sin chun an clár a bhainistiú agus a chothabháil, agus chun ullmhú d'imeachtaí toghcháin freisin, go háirithe nuair a tuairiscíodh gur beag taithí a bhí i gComhairle Chontae Shligigh ar oibriú ar imeachtaí toghcháin.

Tugann sé sin le fios go dteastaíonn leibhéal soláthair acmhainní sách ard chun a chinntiú go n-éiríonn leis an ascnamh go dtí LGERS agus go bhfeabhsaítear cruinneas an chláir. Is tábhachtach freisin go gcuimhnítear ar na riachtanais leanúnacha soláthair acmhainní a theastaíonn chun clár rollach a bhainistiú agus a chothabháil.

Meastar gur chaith Comhairle Chontae Shligigh €45,514 ar an gclár in 2023 agus gur cheadaigh sí caiteachas €61,000 ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle €39,000 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tuairiscíodh gur tharraing an chomhairle anuas €14,900 de chistiú RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**

Sheol Comhairle Chontae Shligigh bileoga chuig 22,000 teaghlach. Reáchtáil sí feachtas fairsing ar na meáin áitiúla chun feasacht a ardú ar chlárú, go háirithe i measc cohóirt aoise níos sine. In imeacht an fheachtais a mhair dhá mhí, fuarthas os cionn 1,200 iarratas ar *checktheregister.ie*. Scríobh an chomhairle chuig na meánscoileanna ar fad sa chontae chun clárú na scoláirí a spreagadh. Ach níor tugadh tionchar an tionscnaimh sin.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Tá obair mhór le déanamh ar chlár Chomhairle Chontae Shligigh sula mbíonn na ceithre tháscaire cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha fiú, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, molann an Coimisiún go ndéanfar an leibhéal tosaíochta a thugann an t-údarás áitiúil seo do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir.

Ba cheart do Chomhairle Chontae Shligigh agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Áth Cliath Theas

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Átha Cliath Theas le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Átha Cliath Theas le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 193,754 | 194,899 | 200,125 | 205,738 | 213,329 |
| **Dáil** | 184,859 | 185,428 | 190,025 | 193,064 | 200,499 |
| **Eorpach** | 185,354 | 185,915 | 190,525 | 193,597 | 201,026 |
| **Reif/ Uacht** | 183,291 | 183,849 | 188,451 | 191,446 | 198,809 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas (SDCC) don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 10.1% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Átha Cliath Theas. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár sách seasmhach, le méadú níos lú ná 1%.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.5% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 5.6% agus 4.1% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 8.1% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe in Áth Cliath Theas – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe in Áth Cliath Theas – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 66.5% | 67.9% | 69.1% | 71.0% |
| **Éirchód** | 97.9% | 98.0% | 98.1% | 98.2% |
| **DB + Éir** | 65.6% | 67.0% | 68.3% | 69.8% |
| **UPSP** | 5.3% | 10.8% | 15.4% | 21.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Faoi láthair, cabhraíonn taifeadadh na faisnéise sin le tuairiscí ar dhúblaigh a rith ar fud cheithre chlár Bhaile Átha Cliath chun iontrálacha dúblacha a íoslaghdú. Is féidir leis sin an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 91.0% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go raibh SDCC sách éifeachtach i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**213,329** — Líon ar an gclár Nol 2024

**234,306** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**91.0%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**19,575 +10.1%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**0.5% (40)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 150,550 | **71.0% [17ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 209,407 | **98.2% [5ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 148,916 | **69.8% [7ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 45,688 | **21.0% [15ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Feachtas feasachta comhpháirteach *voter.ie* leis na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath
- Comhfhreagras ag lorg sonraí don chlár
- Rannpháirtíocht le 11 ghrúpa pobail mar chuid d'fheachtas comhpháirteach *voter.ie*
- Rannpháirtíocht le meánscoileanna agus le hinstitiúidí tríú leibhéal

## Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí a tugadh le fios go bhfuil 91.0% den daonra incháilithe féideartha in Áth Cliath Theas cláraithe le vóta a chaitheamh. Ach tá leibhéil mheasctha de tháscairí cruinnis ann. Tá obair le déanamh fós chun dátaí breithe agus UPSPanna taifeadta a mhéadú.

Tá Áth Cliath Theas i measc na gcúig chontae is fearr i dtéarmaí Éirchód, ag 98.2%, atá i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta de 69.8%. Tá dátaí breithe i dteannta Éirchód ag 69.8% de na hiontrálacha ar an gclár, atá os cionn an mheáin náisiúnta de 56.0%. Tá a ndáta breithe taifeadta ag 71.0% de na toghthóirí, atá beagán faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%. Tá UPSP bainteach ag 21.0% de na toghthóirí, atá beagán faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0% freisin.

Laghdaítear an baol coibhneasta a bhaineann le hiontrálacha dúblacha ar fud údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath mar gheall ar an mbunachar sonraí don chlár atá á chomhroinnt ag údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath ó 2018. Ach caithfear sonraí toghthóirí aonair a thaifeadadh chun gur féidir na ceithre chlár i mBaile Átha Cliath a chros-seiceáil.

Thuairiscigh SDCC gur dhúshlán a bhí in iarratais dhúblacha ar chlárú roimh na himeachtaí toghcháin. Bhí líon suntasach iarratasóirí a bhí cláraithe cheana féin le ceithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath a chuir iarratais isteach chun clárú den chéad uair nuair a d'athraigh a seoladh, in áit a sonraí a thabhairt cothrom le dáta. Bhí córas *voter.ie* in ann go leor de na cásanna sin a shainaithint. Ach d'fhéadfadh nár sainaithníodh iad siúd nach raibh dáta breithe ná UPSP ag gabháil leo mar dhúblach féideartha, rud a tharraingíonn aird ar an tábhacht a bhaineann leis na táscairí cruinnis sin. Shonraigh an chomhairle an

tábhacht a bhaineann le cumarsáid shoiléir, a spreagann toghthóirí cláraithe lena chinntiú go bhfuil a sonraí cothrom le dáta, agus a dheimhníonn nach gá clárú arís roimh imeachtaí toghcháin.

Thuairiscigh SDCC dúshlán coitianta nuair a ghlac toghthóirí leis, go mícheart, go gcuirtear athruithe ar shaoránacht in iúl d'údaráis áitiúla go huathoibríoch chun críocha clárúcháin. Shonraigh sí roinnt deacrachtaí cruinnis agus ama freisin i dtaobh sonraí vótálaithe poist a fuarthas ó ghníomhaireachtaí stáit eile, ar nós na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Gharda Síochána agus Óglaigh na hÉireann.

Tuairiscíodh gur baineadh 4,633 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 2,765 scrios agus 9,984 nuashonrú ar an gclár sin.

Is cosúil go raibh SDCC réamhghníomhach i gcruinneas an chláir a mhéadú. Thug sí faoi thionscadal chun Éirchód a chur isteach ar 199,000 cuntas toghthóra reatha ar *voter.ie* in 2023. D'oibrigh sí leis na húdaráis áitiúla eile i mBaile Átha Cliath chun úsáid *voter.ie* a chur chun cinn, chomh maith le sonraí toghthóirí a thabhairt cothrom le dáta. Ach sonraítear go bhfuil taifead SDCC ar UPSPanna ar an gceann is ísle i measc cheithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath. Mar is amhlaidh i gcás Fhine Gall agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá taifid ar dhátaí breithe sách íseal nuair a chuirtear i gcomparáid leis na rátaí náisiúnta iad.

**Iomláine**

Tháinig méadú 19,575 duine ar chlár Áth Cliath Theas idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 10.1% é sin.

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá an ráta clárúcháin le hais an daonra incháilithe mheasta ag 91.0%. Is féidir cruinneas an chláir a fheabhsú trí thaifead méadaithe UPSPanna agus dátaí breithe. D'ainneoin go bhfuil an ráta clárúcháin ar cheann de na cinn is ísle a taifeadadh, tugann na táscairí cruinnis tuairiscithe atá sách ard le fios go bhféadfadh go bhfuil an ráta clárúcháin seo ar cheann de na cinn is réalaíche sa tír. Ach ní féidir é sin a dheimhniú go dtí gur féidir cruinneas foriomlán an chláir a dheimhniú.

Ba cheart do SDCC cohóirt faoi ghannionadaíocht i measc na dtoghthóirí a shainaithint anois chun iomláine a mhéadú.

**Soláthar acmhainní**

Thuairiscigh SDCC go raibh beirt bhall foirne ag obair go lánaimseartha agus ochtar go páirtaimseartha ar chlár na dtoghthóirí in 2023, agus triúr go lánaimseartha agus seisear go páirtaimseartha in 2024. Rinne an fhoireann ragobair chun a chinntiú gur próiseáladh na hiarratais ar fad roimh reifrinn an Mhárta. Thuairiscigh SDCC "rabharta mór" clárúchán ar *voter.ie* gar don spriocdháta clárúcháin le haghaidh imeachtaí toghcháin, nó ar an spriocdháta féin. Chuir sé sin brú ar an gcóras agus cruthaíodh riaráiste ónar theastaigh acmhainní breise foirne agus ragobair chun é a bhainistiú.

Toisc go bhfuil taifead na ndátaí breithe agus na nÉirchód beagáinín níos ísle ná cláir eile Bhaile Átha Cliath, d'fhéadfadh go dteastódh acmhainní chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a mhéadódh an leibhéal cruinnis.

Chaith an chomhairle €292,100 ar chothabháil an chláir in 2023. Ba é €248,900 an buiséad ceadaithe le haghaidh chostais an chláir in 2024.

In 2023, chuir RTRÁO cistiú €69,443 ar fáil don chomhairle chun cáilíocht shonraí an chláir a fheabhsú. In 2024, tharraing SDCC anuas €77,120 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**
Tuairiscíodh gur tugadh faoi raon gníomhaíochtaí i gcaitheamh 2023 agus 2024. Chomh maith le feachtas leathan – "Have You Voter.ie'd?" – a ritheadh i gcomhar leis na trí údarás áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, thug SDCC faoi roinnt gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun feasacht a ardú ar an bpróiseas clárúcháin, agus chun an clárúchán a mhéadú. Ghlac sí páirt i lá spraoi na seirbhísí pobail, as ar eascair thart ar 70 clárúchán/athrú ar shonraí, agus phléigh sí le scoláirí dara agus tríú leibhéal, ar eascair os cionn 200 clárúchán/athrú ar shonraí as a thuairiscítear. Thug SDCC faoi chleachtadh nuashonraithe Éirchód freisin chun Éirchód a chur isteach ar na cuntais toghthóra reatha ar fad ar *voter.ie*.

I gcás gníomhaíochtaí níos ginearálta, seoladh fógraíocht le haghaidh *voter.ie* ar phainéil dhigiteacha Luas, taispeántais ag stadanna bus, agus fógraí i bpictiúrlanna agus sna meáin chlóite áitiúla ar fud cheantar riaracháin Átha Cliath Theas.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Is cosúil go bhfuil clár Átha Cliath Theas ar cheann de na cinn is cruinne toisc go bhfuil taifid sách ard air de dhá tháscaire cruinnis. Ach ba cheart a mhéid a thaifeadtar dátaí breithe agus UPSPanna na dtoghthóirí a fheabhsú. I bhfianaise na leibhéal clárúchán, tá deis ag SDCC é sin a fhorbairt chun díriú ar rannpháirtíocht le pobail chun clárú cohórt faoi ghannionadaíocht a mhéadú.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur tosaíocht réasúnta ard trí chéile don údarás áitiúil seo é clár na dtoghthóirí. Is léir go ndearnadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Ach teastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

Cé go gcreideann an Coimisiún go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht, ní féidir fós meastachán cruinn a dhéanamh ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Teastaíonn tuilleadh feabhais.

Ba cheart do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Thiobraid Árann

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Thiobraid Árann le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Thiobraid Árann le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 128,478 | 128,426 | 131,704 | 136,504 | 139,040 |
| **Dáil** | 123,876 | 123,712 | 126,176 | 130,185 | 132,630 |
| **Eorpach** | 122,418 | 122,268 | 125,270 | 129,073 | 131,466 |
| **Reif/ Uacht** | 121,473 | 121,278 | 124,176 | 127,544 | 129,904 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Thiobraid Árann don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tugadh go raibh méadú foriomlán 8.2% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár Thiobraid Árann. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár seasmhach.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.4% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 6.3% agus 5.6% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 7.2% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i dTiobraid Árann – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i dTiobraid Árann – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 74.6% | 76.8% | 77.3% | 78.0% |
| **Éirchód** | 42.4% | 46.9% | 49.3% | 53.0% |
| **DB + Éir** | 33.6% | 38.5% | 41.3% | 45.0% |
| **UPSP** | 4.7% | 11.7% | 16.5% | 20.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí tánscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, i dteannta ráta clárúcháin measta 99.6%, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Contae Thiobraid Árann chun cruinneas a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**139,040** — Líon ar an gclár Nol 2024

**139,543** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**99.6%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**10,562 +8.2%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**2.1% (104)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 108,929 | **78% [10ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 73,156 | **53% [24ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 62,326 | **45% [22ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 28,298 | **20% [20ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Scaipeadh bileog ar 67,600 teaghlach
- Comhfhreagras, lena n-áirítear le toghthóirí 'dúblacha'
- Feachtas ar na meáin shóisialta
- Seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

## Measúnú

**Cruinneas**

Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i dTiobraid Árann ag 99.6%. I gcomhthéacs na leibhéal íseal de thrí cinn de na táscairí cruinnis, tugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár Thiobraid Árann le fios. Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 20.0%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%. Tá Éirchóid, ag 53.0%, i bhfad faoi bhun an mheáin náisiúnta de 69.8%. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód, ag 45.0%, go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin. Mar sin féin, mar fhocal dearfach, tá céatadán na ndátaí breithe a bailíodh, ag 78.0%, os cionn an mheáin náisiúnta de 72.4%, ach ba cheart a thabhairt faoi deara go gcaithfidh sé sin méadú.

Tuairiscíodh gur measadh gur baineadh 2,160 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 6,456 scrios agus 13,104 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal íseal de roinnt táscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá sách ard i gcomparáid leis an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Contae Thiobraid Árann leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

Measann an chomhairle go bhféadfadh feachtas leanúnach daoine a spreagadh lena sonraí clárúcháin a thabhairt cothrom le dáta i gcaitheamh na bliana, seachas fanacht go dtí na seachtainí roimh imeacht toghcháin. Mar gheall ar rabharta clárúchán, tugadh foireann bhreise isteach agus theastaigh cúpla seachtain ragoibre.

Thuairiscigh Comhairle Contae Thiobraid Árann go raibh iontrálacha dúblacha ann roimh gach imeacht toghcháin in 2024. Chuir roinnt daoine iarratais isteach arís agus arís eile roimh thoghchán, agus b'éigean iad ar fad a phróiseáil chun a chinneadh an raibh aon sonraí nua iontu, rud a thóg go leor ama.

**Iomláine**

Tháinig méadú 10,562 duine ar chlár Thiobraid Árann idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Ba mhéadú 8.2% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár beagnach mar an gcéanna leis an daonra incháilithe measta. D'ainneoin an ráta clárúcháin 99.6% den daonra incháilithe measta, is cosúil go dtugann na leibhéil ísle de tháscairí cruinnis le fios go bhféadfadh go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chláir toghthóirí Thiobraid Árann a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**

Thuairiscigh Comhairle Contae Thiobraid Árann gur oibrigh triúr ball foirne (ball foirne lánaimseartha amháin agus beirt bhall foirne pháirtaimseartha) sa réimse toghchórais in 2023 agus 2024. Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ar cheann den líon beag de chúig údarás áitiúla a d'fhostaigh oibrithe allamuigh a thug tacaíocht don fhoireann toghchórais.

Mheas an chomhairle gur caitheadh €90,869 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €98,865 le haghaidh 2024. Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann €55,234 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €55,135 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**

Thuairiscigh Comhairle Contae Thiobraid Árann gur thug sí faoi roinnt gníomhaíochtaí chun cruinneas agus iomláine an chláir a fheabhsú.

Scaipeadh 67,600 bileog ar sheoltaí cónaithe i dTiobraid Árann chun feasacht ar *checktheregister.ie* a mhéadú.

I dtionscnamh níos dírithe, seoladh 1,232 litir chuig dúblaigh fhéideartha ar an gclár – iad siúd a raibh an t-ainm agus an dáta breithe céanna acu. Tuairiscítear go bhfuarthas thart ar 300 freagra orthu sin agus go ndearnadh leasú dá réir. Eisíodh 15,570 litir chuig cónaitheoirí i gCarraig na Siúire chun feasacht a ardú ar an ngá atá le sonraí chlár na dtoghthóirí a choinneáil cothrom le dáta. Tuairiscíodh go bhfuarthas thart ar 3,000 tuairisceán. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an chomhairle ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta chun faisnéis a thabhairt don lucht freastail faoin gclár. Cuireadh tús freisin le feachtas ar na meáin shóisialta a bhí dírithe ar thoghthóirí níos óige (18–30 bliain d'aois).

I dtreo dheireadh na bliana, thuairiscigh Comhairle Contae Thiobraid Árann gur cuireadh Póstaeir Cóid QR i bhfoirgnimh agus leabharlanna an cheantair bhardasaigh ar fad.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Contae Thiobraid Árann sula mbíonn dá cheann de na ceithre tháscaire cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar mór imní é sin.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, molann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú go mór. Ní dhearnadh dóthain iarrachtaí chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta


soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair mhór leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán fiú a dhéanamh, ar bhealach sásúil ar bith, ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear go suntasach cáilíocht an chláir.

Ba cheart do Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chathair agus Contae Phort Láirge

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chathair agus Chontae Phort Láirge le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chathair agus Chontae Phort Láirge le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 85,837 | 86,918 | 89,993 | 94,335 | 96,632 |
| **Dáil** | 83,872 | 84,832 | 87,742 | 91,047 | 93,259 |
| **Eorpach** | 82,751 | 83,657 | 86,503 | 89,697 | 91,842 |
| **Reif/ Uacht** | 82,195 | 83,093 | 85,910 | 89,085 | 91,208 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 12.6% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú beag 1.3% ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.4% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 8.5% agus 7.2% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 9.9% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCathair agus Contae Phort Láirge – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCathair agus Contae Phort Láirge – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 64.3% | 66.1% | 68.4% | 69.0% |
| **Éirchód** | 78.1% | 79.4% | 80.9% | 81.0% |
| **DB + Éir** | 52.7% | 55.2% | 58.4% | 60.0% |
| **UPSP** | 5.2% | 11.5% | 18.7% | 22.0% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, a áiríonn leibhéal measartha de chlúdach na bpríomh-athróg ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, i dteannta líon measta 95.8% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**96,632** — Líon ar an gclár Nol 2024

**100,904** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**95.8%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**10,795 +12.6%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.3% (51)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 67,395 | **69.0% [19ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 79,049 | **81.0% [11ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 58,153 | **60.0% [13ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 21,928 | **22.0%[13ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Seachadadh bileog ar 40,000 teaghlach
- Rannpháirtíocht le grúpaí pobail agus ollscoileanna
- Raidió áitiúil
- Imeachtaí poiblí i gceithre ionad siopadóireachta

## Measúnú

**Cruinneas**
Tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i bPort Láirge ag 95.8%. I gcomhthéacs na dtáscairí cruinnis atá thart ar an meán náisiúnta, atá le feabhsú freisin, tugann sé sin leibhéal ard míchruinneas ar chlár Phort Láirge fós le fios.

Tuairiscítear go bhfuil Éirchód sannta ag 81.0% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 60.0% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá dáta breithe ag 69.0% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus tá UPSP bainteach ag 22.0% de na toghthóirí (atá cothrom leis an meán náisiúnta).

Thuairiscigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, d'ainneoin na bhfeachtas náisiúnta, go raibh easpa feasachta i measc go leor toghthóirí cláraithe go dteastaíonn sonraí breise ó na húdaráis áitiúla chun cáilíocht agus sláine an chláir a fheabhsú. Shonraigh sí gur chabhraigh rannpháirtíocht phearsanta le toghthóirí trí imeachtaí áitiúla chun feasacht ar an ngá sin a ardú.

Tuairiscíodh gur measadh gur baineadh 2,181 iontráil ón gclár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 3,073 scrios agus 11,530 nuashonrú ar an gclár sin.

Ar aon dul le húdaráis áitiúla eile, tharraing Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge aird ar fadhb na n-iarratas dúblach, go háirithe i gcás toghthóirí nach raibh in ann iad féin a aimsiú ar an gclár.

Leagann an leibhéal measartha de tháscairí cruinnis agus an líon sách ard daoine atá ar an gclár atá níos mó ná an líon daoine incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú chun tacú le hiontrálacha dúblacha agus nach bhfuil feidhm leo níos mó a shainaithint.

**Iomláine**

Tháinig méadú 10,795 duine ar chlár toghthóirí Phort Láirge idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 12.6% é sin.

Ní gá go dtugtar le fios go bhfuil beagnach gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh ar an gclár de bharr an ráta clárúcháin de 95.8% den daonra incháilithe measta, go háirithe nuair a bhreathnaítear air i dteannta na dtáscairí cruinnis measartha.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chlár toghthóirí Phort Láirge a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**

Thuairiscigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge gur oibrigh ball foirne amháin go lánaimseartha ar chlár na dtoghthóirí in 2023, agus beirt in 2024, le ball foirne páirtaimseartha amháin an dá bhliain. Chabhraigh triúr ball foirne páirtaimseartha eile leis an gclár roimh reifrinn an Mhárta, agus rinneadh ragobair.

Thuairiscigh an chomhairle go raibh an spriocdháta chun iarratais a fháil roimh an olltoghchán agus na spriocdhátaí chun an liosta forlíontach agus liosta cárta faisnéise vótaíochta na dtoghthóirí a chríochnú an-docht agus go raibh siad thar a bheith dúshlánach. Comhlíonadh na spriocdhátaí trí bhaill foirne a fháil ó rannóga eile den údarás áitiúil le tabhairt faoin bpróiseáil agus trí uaireanta fada ragoibre a dhéanamh.

Chaith Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge €98,174 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh €118,066 le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle thart ar €46,488 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tharraing an chomhairle anuas €48,444 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**

Thug Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi raon gníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun feasacht a ardú ar an bpróiseas clárúcháin agus chun clárú a spreagadh. Scaipeadh 40,000 bileog ar theaghlaigh ar fud an chontae chun rannpháirtíocht le *checktheregister.ie* a mhéadú. Reáchtáladh feachtas ar an raidió áitiúil, agus eagraíodh imeachtaí clárúcháin i gceithre ionad siopadóireachta. Reáchtáladh imeachtaí le haghaidh grúpaí sonracha. D'fhreastail baill foirne ar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i Meán Fómhair, roimh an olltoghchán, chun clárúchán a chur chun cinn i measc na mac léinn. D'fhreastail an fhoireann ar imeacht Aoisbhá freisin a dhírigh go sonrach ar chlárúcháin reatha nach raibh na sonraí ar fad ag gabháil leo. Níor tuairiscíodh tionchar iomlán na n-imeachtaí sin, ach chuir an chomhairle in iúl gur cláraíodh daoine ar na laethanta a reáchtáladh iad.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Tuairiscítear go bhfuil clár toghthóirí Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge thart ar an meán náisiúnta le haghaidh táscairí cruinnis, seachas i gcás na ndátaí breithe atá beagáinín faoi bhun an mheáin náisiúnta. Ach caithfear na meáin náisiúnta sin ar fad a fheabhsú. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, agus go ndearna an fhoireann obair shuntasach chun feasacht ar na próisis nua clárúcháin a ardú, is údar imní fós iad leibhéil na dtáscairí cruinnis. Ba cheart don comhairle iarracht a dhéanamh céatadán na dtáscairí cruinnis taifeadta a mhéadú.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán a dhéanamh ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach.

Ba cheart do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar an Iarmhí

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí na hIarmhí le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí na hIarmhí le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 68,984 | 69,643 | 71,760 | 75,957 | 77,834 |
| **Dáil** | 66,627 | 67,307 | 69,192 | 71,916 | 73,665 |
| **Eorpach** | 66,460 | 67,129 | 68,972 | 71,705 | 73,432 |
| **Reif/ Uacht** | 66,009 | 66,663 | 68,494 | 71,131 | 72,830 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae na hIarmhí don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 12.8% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh ar chlár na hIarmhí. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár réasúnta seasmhach.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.7% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 9.1% agus 6.8% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 9.4% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe san Iarmhí – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe san Iarmhí – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 60.3% | 64.5% | 65.3% | 66.7% |
| **Éirchód** | 98.6% | 100.0% | 98.8% | 99.0% |
| **DB + Éir** | 59.5% | 63.8% | 64.6% | 66.1% |
| **UPSP** | 4.8% | 13.9% | 18.6% | 22.4% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, i dteannta líon measta 101.2% de na toghthóirí féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Chontae na hIarmhí i dtaobh cáilíocht fhoriomlán an chláir a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**77,834** — Líon ar an gclár Nol 2024

**76,931** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**101.2%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**8,850 +12.8%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**1.6% (44)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 51,947 | **66.7% [21ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 77,032 | **99.0% [2ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 51,431 | **66.1% [8ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 17,457 | **22.4% [12ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Dáileadh bileog ar os cionn 33,000 teaghlach ar fud an chontae
- Feachtas ar na meáin áitiúla – raidió agus nuachtán
- Rannpháirtíocht le grúpaí pobail
- Ardú feasachta trí stampa "Check the Register" a úsáid ar an bpost ar fad a seoladh

## Measúnú

**Cruinneas**
Is cosúil go dtugann na sonraí a tugadh le fios go raibh 101.2% den daonra incháilithe measta san Iarmhí ar chlár na dtoghthóirí i Nollaig 2024. Is é sin an t-ochtú céatadán is airde de thoghthóirí cláraithe i measc na n-údarás áitiúil ar fad. I gcomhthéacs leibhéil mheasctha na dtáscairí cruinnis, caithfidh Comhairle Chontae na hIarmhí obair a dhéanamh chun a táscairí cruinnis a fheabhsú, na dátaí breithe go háirithe.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, tá Comhairle Chontae na hIarmhí i measc na ndeich n-údarás áitiúla is fearr le haghaidh péire de na táscairí cruinnis. Tuairiscítear go bhfuil Éirchód sannta ag 99.0% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), agus tuairiscítear go bhfuil dáta breithe i dteannta Éirchóid taifeadta ag 66.1% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá dáta breithe ag 66.7% atá faoi bhun an mheáin náisiúnta de 72.4%. Tá UPSP bainteach ag 22.4% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta).

Tuairiscíodh gur measadh gur baineadh 961 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 2,420 scrios agus 12,209 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal íseal de roinnt táscairí cruinnis agus an líon daoine atá ar an gclár atá níos mó ná an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht leanúnach Chomhairle Chontae na hIarmhí leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

**Iomláine**
Tháinig méadú 8,850 duine ar chlár na hIarmhí idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024.
Ba mhéadú os cionn 12.8% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár níos mó ná an daonra incháilithe measta. Tugann an ráta clárúcháin 101.2% den daonra incháilithe measta le fios gur cosúil go bhfuil míchruinnis ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chláir toghthóirí na hIarmhí a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**
Thuairiscigh Comhairle Chontae na hIarmhí gur oibrigh 1.5 ball foirne go lánaimseartha ar chlár na dtoghthóirí in 2023, líon a d'ardaigh go 1.75 in 2024, le beirt bhall foirne ag obair go páirtaimseartha an dá bhliain.

Mheas an chomhairle gur caitheadh €74,045 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €34,773 le haghaidh 2024. Fuair Comhairle Chontae na hIarmhí €43,319 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár, agus €35,890 in 2024.

**Gníomhaíochtaí**
Thug Comhairle Chontae na hIarmhí faoi ghníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu i rith 2023 chun feasacht a ardú ar an gclár, agus ar an bpróiseas clárúcháin. Chuir sí fógraí i nuachtáin agus ar raidió áitiúil. Scaip sí bileoga ar os cionn 33,000 seoladh inar lorgaíodh faisnéis bhreise. Cuireadh frainc "ChecktheRegister" ar an bpostas ar fad a sheol an chomhairle chun eolas ar an tairseach ar líne a mhéadú.

I ngníomhaíocht níos dírithe, rinne Comhairle Chontae na hIarmhí cur i láthair ar chlárú agus clár na dtoghthóirí ar feitheamh ag cruinniú cinn bliana Chomhairle na nÓg i Samhain 2023, cruinniú ag a ndearnadh ionadaíocht ar 11 scoil.

Mar thoradh air sin, cuireann an chomhairle in iúl gur cuireadh 2,857 duine le clár na dtoghthóirí, 51 le clár na dtoghthóirí ar feitheamh ina measc.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt táscairí cruinnis maithe ag Comhairle Chontae na hIarmhí, ach tá mhaith oibre le déanamh sula mbíonn na ceithre tháscaire cruinnis chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar imní é leibhéal ard na gclárúchán is cosúil i gcomparáid leis an daonra incháilithe measta agus tarraingítear aird dá réir ar an ngá atá ann go leanfadh an chomhairle ag feabhsú bhailiú shonraí na dtáscairí cruinnis.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, creideann an Coimisiún gur cheart don údarás áitiúil seo an leibhéal tosaíochta a thugtar do chlár na dtoghthóirí a fheabhsú. Teastaíonn iarrachtaí níos fearr chun cáilíocht fhoriomlán chlár na dtoghthóirí a fheabhsú, de bharr an leibhéil theoranta soláthair acmhainní seans. Is dóigh go dteastóidh obair leanúnach ar cháilíocht an chláir seo i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú.

I bhfianaise cháilíocht an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastachán cruinn a dhéanamh ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh go dtí go bhfeabhsaítear cáilíocht an chláir.

Ba cheart do Chomhairle Chontae na hIarmhí agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Loch Garman

## Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Loch Garman le haghaidh 2023–2024




## Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Loch Garman le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 115,096 | 116,762 | 120,204 | 124,832 | 127,350 |
| **Dáil** | 111,798 | 113,314 | 116,589 | 119,953 | 122,307 |
| **Eorpach** | 112,533 | 114,237 | 117,165 | 120,429 | 122,702 |
| **Reif/ Uacht** | 110,036 | 111,440 | 114,631 | 117,821 | 120,073 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Chontae Loch Garman don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 10.6% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, tháinig méadú beag 1.4% ar an líon daoine ar an gclár le haghaidh na n-imeachtaí toghcháin ar fad.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 2.9% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 6.9% agus 5.4% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 7.9% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

## Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Loch Garman – aitheantóirí taifeadta




## Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i Loch Garman – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 69.4% | 67.4% | 72.7% | 73.7% |
| **Éirchód** | 56.3% | 54.7% | 60.5% | 62.0% |
| **DB_Éir** | 41.3% | 40.1% | 47.4% | 49.4% |
| **UPSP** | 4.1% | 4.0% | 15.9% | 19.5% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Tugann na sonraí tuairiscithe, a áiríonn leibhéal meánraoin de chlúdach na bpríomh-athróg ar nós dáta breithe, UPSP agus Éirchóid, agus d’ainneoin líon measta 97.9% de na toghthóirí incháilithe féideartha ar chlár na dtoghthóirí, le fios go bhfuil obair mhór le déanamh ag Comhairle Chontae Loch Garman chun cáilíocht fhoriomlán a cláir toghthóirí a fheabhsú. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

## Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

### Na Príomhshonraí

**127,350** — Líon ar an gclár Nol 2024

**130,088** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**97.9%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**12,254 +10.6%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**2.0% (102)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

### Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 93,883 | **73.7% [15ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 79,004 | **62.0% [15ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 62,942 | **49.4% [15ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 24,872 | **19.5% [24ú]** | **22.0%** |

### Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Feachtas ar na meáin shóisialta
- Rannpháirtíocht le meánscoileanna
- Rannpháirtíocht le tithe altranais
- Tionscadal na nÉirchód

### Measúnú

**Cruinneas**
Bunaithe ar na sonraí a tugadh, tá líon na dtoghthóirí ar an gclár i gcomparáid leis na toghthóirí incháilithe measta i Loch Garman ag 97.9%. I gcomhthéacs an leibhéil meánraoin de tháscairí cruinnis, tugann sé sin leibhéal ard míchruinnis ar chlár Loch Garman le fios.

Tá céatadán na UPSPanna a bailíodh, ag 19.5%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 22.0%, a dteastaíonn feabhas suntasach orthu freisin. I gcás na nÉirchód, tá an 62.0% a bailíodh faoi bhun an mheáin náisiúnta de 69.8% freisin. Tá na dátaí breithe i dteannta Éirchód a bailíodh, ag 49.4%, faoi bhun an mheáin náisiúnta de 56.0% freisin. Ach, mar fhocal dearfach, tá céatadán na ndátaí breithe, ag 73.7%, díreach os cionn an mheáin náisiúnta de 72.4%.

Tuairiscíodh gur measadh gur baineadh 2,330 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, iontrálacha dúblacha, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 7,829 scrios agus 7,668 nuashonrú ar an gclár sin.

Leagann an leibhéal meánraoin de thrí tháscaire cruinnis agus an líon sách ard daoine atá ar an gclár i gcomparáid leis an líon toghthóirí incháilithe féideartha béim ar an ngá atá le hiarracht Chomhairle Chontae Loch Garman leibhéal na dtáscairí cruinnis a mhéadú.

Ba é an príomhdhúshlán a bhí le sárú i rith 2024 an phróiseáil ar líon an-ard iarratas ar chlárú nó ar shonraí a thabhairt cothrom le dáta a dhéanamh in am do na himeachtaí toghcháin, go háirithe idir gairm gach imeachta agus an spriocdháta d'iarratais. Ar an 11 Samhain féin, roimh an olltoghchán, rinneadh 1,157 iarratas ar *checktheregister.ie*.

Measadh gur cuireadh os cionn 25,000 iarratas ar chlárú nó ar shonraí a thabhairt cothrom le dáta faoi bhráid Chomhairle Chontae Loch Garman i rith 2024. Astu siúd, cuireadh beagnach 10,600 toghthóir nua leis an gclár. Chabhraigh foireann bhreise ó réimsí eile den chomhairle leis an bhfoireann toghchórais.

Thuairiscigh an chomhairle gur tugadh tús áite do chineálacha áirithe iarratas i gcás gach imeachta. Cuireadh an gnáthnós imeachta, a bhain le dul ar ais chuig an iarratasóir i rith próiseála má thángthas ar neamhréir san fhaisnéis a cuireadh isteach, ar fionraí chun go bhféadfaí na hiarratais ar fad ar chlárú a phróiseáil in am do na himeachtaí toghcháin. I gcásanna dá leithéid, cuireadh an t-iarratasóir leis an gclár agus marcáladh an t-iarratas. Chuathas i dteagmháil leis an iarratasóir ansin i ndiaidh an toghcháin, agus leasaíodh a dtaifead de réir mar ba ghá.

Dar le Comhairle Chontae Loch Garman, úsáideadh cur chuige dá leithéid le haghaidh iarratais dhúblacha freisin. Go hiondúil, coinnítear iarratas ar chlárú ó dhuine a bhféadfadh, cuir i gcás, mar gheall ar a ndáta breithe a bheith cláraithe roimhe sin, agus téitear i dteagmháil leis an iarratasóir chun a chinneadh ar cláraíodh iad cheana. Chun go bhféadfaí iarratais a phróiseáil in am, cuireadh na hiarratais sin ar an gclár agus chuathas i dteagmháil leo níos deireanaí.

**Iomláine**

Tháinig méadú 12,254 duine ar chlár Loch Garman idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024.  Is méadú 10.6% é sin.

Ní thugtar le fios go bhfuil gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar an gclár díreach mar go bhfuil líon na ndaoine ar an gclár beagnach mar an gcéanna leis an daonra incháilithe measta. D’ainneoin an ráta clárúcháin 97.9% den daonra incháilithe measta, is cosúil go dtugann an leibhéal íseal de tháscairí cruinnis le fios go bhféadfadh go bhfuil míchruinnis shuntasacha ar an gclár.

Go dtí go dtagann feabhas mór ar na leibhéil chruinnis, ní bheifear in ann iomláine chláir toghthóirí Loch Garman a mheasúnú.

**Soláthar acmhainní**

Thuairiscigh Comhairle Chontae Loch Garman gur oibrigh triúr ball foirne go páirtaimseartha ar an gclár in 2023 agus 2024, le tacaíocht ó bhaill foirne shealadacha (triúr in 2023 agus ceathrar in 2024). Shonraigh an chomhairle nach raibh mórán taithí ag an bhfoireann. Ceapadh iad ar fad i ndiaidh Dheireadh Fómhair 2022, agus tuairiscítear gur bhain siad tairbhe as páirt a ghlacadh i nGrúpa Líonraithe Réigiúnach san Oirdheisceart, ó chomhghleacaithe ag a raibh níos mó taithí in údaráis áitiúla eile, agus trí imeachtaí náisiúnta oiliúna a rith RTRÁO agus LGMA.

Mheas Comhairle Chontae Loch Garman gur caitheadh €126,570 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €185,376 le haghaidh 2024. Fuair an chomhairle €54,549 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár, agus €54,478 in 2024.

**Gníomhaíochtaí**

Thug Comhairle Chontae Loch Garman faoi roinnt gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun feasacht a ardú ar an gclár agus an próiseas clárúcháin. Bhí sí ar cheann de na húdaráis áitiúla a bhí ag plé go díreach le meánscoileanna chun clárú scoláirí a spreagadh. Bhí sí ar cheann de thrí údarás áitiúla a chuaigh ag plé le tithe altranais. Thug sí faoi ghníomhaíochtaí chun cruinneas agus iomláine liostaí vótálaithe speisialta agus poist a mhéadú freisin. I dtionscnamh níos leithne, cuireadh clárú vótálaithe chun cinn trí na meáin shóisialta.

Thuairiscigh an chomhairle nach raibh sé d’acmhainn ag an bhfoireann sa dara leath de 2024 tabhairt faoi ghníomhaíochtaí breise chun clárú ná nuashonrú sonraí toghthóirí a chur chun cinn.

I rith agallamh ar an raidió áitiúil, spreag Ceann Comhairimh an toghcháin áitiúil (ball foirne den chomhairle) daoine le clárú le vótáil. Níor tugadh faoi aon ghníomhaíochtaí eile ar an leibhéal áitiúil chun clárú vótálaithe ná nuashonraí sonraí vótálaithe a chur chun cinn idir na toghcháin áitiúla agus Eorpacha agus an t-olltoghchán. Tuairiscíodh go raibh na hacmhainní foirne ar fad a bhí ar fáil go hiomlán gafa le dul i ngleic leis an líon mór iarratas a fuarthas mar gheall ar fheachtais sna meáin náisiúnta.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**
Tá roinnt mhaith oibre le déanamh ar chlár Chomhairle Chontae Loch Garman sula mbíonn na táscairí cruinnis ar fad chomh maith leis na meáin náisiúnta reatha, atá le feabhsú freisin. Cé go n-admhaítear go ndearnadh líon mór iarratas a phróiseáil ó Fheabhra 2023, is údar imní é leibhéal meánraoin na dtáscairí cruinnis.


Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní chreideann an Coimisiún go bhfuil an t-údarás áitiúil seo ag tabhairt tús áite mar is ceart do bhainistíocht agus do chothabháil chlár na dtoghthóirí. Cé go ndearnadh roinnt iarrachtaí chun cáilíocht an chláir seo a fheabhsú, teastaíonn iarracht níos mó.

I bhfianaise cháilíocht fhoriomlán an chláir seo, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, ní bheifear in ann meastóireacht a dhéanamh le haon chinnteacht ar ráta clárúcháin an chontae, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin ná líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe go dtí go dtarlaíonn feabhas suntasach roimh thús an chéad timthrialla toghcháin eile in 2029.

Ba cheart do Chomhairle Chontae Loch Garman agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Forléargas ar Chill Mhantáin

### Cairt 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chill Mhantáin le haghaidh 2023–2024




### Tábla 1: Figiúirí tuairiscithe chlár toghthóirí Chill Mhantáin le haghaidh 2023–2024

| | Fea-23 | Nol-23 | Már-24 (Reif) | Mei-24 (AE, Á) | Nol-24 (OT Samh) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áitiúil** | 102,441 | 102,999 | 106,542 | 110,810 | 114,153 |
| **Dáil** | 99,627 | 99,984 | 103,439 | 106,744 | 109,995 |
| **Eorpach** | 98,264 | 98,655 | 102,184 | 105,613 | 108,779 |
| **Reif/ Uacht** | 97,597 | 97,939 | 101,406 | 104,622 | 107,773 |

Baineann na sonraí a léirítear i g**Cairt 1** agus i d**Tábla 1** leis na figiúirí a tuairiscíodh ar chlár na dtoghthóirí le haghaidh Chomhairle Contae Chill Mhantáin don tréimhse ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024. Léirítear sna sonraí a tuairiscíodh go raibh méadú foriomlán 11.4% sa tréimhse sin ar an líon daoine a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh. In 2023, bliain nár reáchtáladh aon imeacht toghcháin, bhí an líon daoine ar an gclár seasmhach.


**Cláir le haghaidh imeachtaí toghcháin**

**Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram:** Idir Nollaig 2023 agus Márta 2024, an tréimhse roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, tháinig méadú 3.5% ar líon na dtoghthóirí le haghaidh an imeachta sin.

**Na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha:** Sa tréimhse idir Nollaig 2023 agus na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i Meitheamh 2024, mhéadaigh siad 7.6% agus 7.1% faoi seach.

**An tOlltoghchán:** Idir Nollaig 2023 agus Nollaig 2024 (Olltoghchán ar an 29 Samhain), tháinig méadú 10.0% ar líon na dtoghthóirí ar an gclár le haghaidh thoghcháin na Dála.

### Cairt 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCill Mhantáin – aitheantóirí taifeadta




### Tábla 2: % na dtoghthóirí cláraithe i gCill Mhantáin – aitheantóirí taifeadta

| | Nol-23 | Már-24 | Mei-24 | Nol-24 |
|---|---|---|---|---|
| **DB** | 99.3% | 99.5% | 99.4% | 99.5% |
| **Éirchód** | 97.4% | 97.8% | 98.0% | 98.4% |
| **DB_Éir** | 96.8% | 97.2% | 97.4% | 97.9% |
| **UPSP** | 5.6% | 13.0% | 19.0% | 24.2% |

Léirítear i g**Cairt 2** agus i d**Tábla 2** an t-athrú tuairiscithe ar na sonraí táscaire cruinnis ar leith a taifeadadh le haghaidh toghthóirí ar an gclár. Tacaíonn taifeadadh na dtáscairí cruinnis sin le hiontrálacha dúblacha a shainaithint, is féidir leis an baol a bhaineann leis an toghthóir mícheart a bhaint nuair a fhaigheann duine bás a laghdú, agus is féidir leis cabhrú lena chinntiú go ndéantar aon athrú sonraí a iarrtar ar an toghthóir ceart. Is féidir leis tacú freisin le taifid nach bhfuil feidhm leo níos mó nó taifid dhíomhaoine a shainaithint m.sh. iad siúd a bhog go háit eile nó nach bhfuil sa tír níos mó.

Bunaithe ar na táscairí cruinnis tuairiscithe sin, tugann na sonraí le fios go raibh Comhairle Chontae Chill Mhantáin ar cheann de na húdaráis áitiúla is éifeachtaí i dtaobh sonraí a thaifeadadh le haghaidh gach toghthóra. Tugann sé sin le fios gur dóigh go bhfuil céatadán an daonra incháilithe ar an gclár, ag 92.5%, ina mheastachán níos réalaíche ná na húdaráis áitiúla sin ag a bhfuil táscairí cruinnis níos ísle. Mar is amhlaidh i ngach cás eile, teastaíonn tuilleadh anailíse ar na cláir, iniúchtaí cruinnis a dhéanamh ina measc.

# Léargas ó Fheabhra 2023 go Nollaig 2024

## Na Príomhshonraí

**114,153** — Líon ar an gclár Nol 2024

**123,472** — Daonra measta 18+ mbliana d'aois – CSO Aib 2024

**92.5%** — % measta den daonra ar an gclár Nol 2024

**11,712 +11.4%** — Méadú ar an gclár Fea 2023–Nol 2024

**2.3% (107)** — Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois ar chlár na dtoghthóirí ar feitheamh Nol 2024

## Táscairí cruinnis – Nollaig 2024

| Táscaire | Líon taifeadta ar an gclár | % [Rangú idir lúibíní] | Meáin na n-údarás áitiúil |
|---|---|---|---|
| Dáta breithe | 113,637 | **99.5% [1ú]** | **72.4%** |
| Éirchód | 112,444 | **98.4% [4ú]** | **69.8%** |
| Dáta breithe + Éirchód | 111,863 | **97.9% [1ú]** | **56.0%** |
| UPSP | 27,693 | **24.2% [7ú]** | **22.0%** |

## Gníomhaíochtaí 2023–2024

- Freastal ar sheó talmhaíochta áitiúil, agus dáileadh earraí ann, chomh maith leis an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Feachtais ar na meáin shóisialta
- Fógraí sa nuachtán áitiúil
- Ábhar bolscaireachta cláraithe curtha ar fáil do mheánscoileanna

## Measúnú

**Cruinneas**

Tugann na sonraí a tugadh le fios go bhfuil 92.5% den daonra incháilithe measta i gCill Mhantáin cláraithe le vóta a chaitheamh. I bhfianaise na leibhéal an-ard de tháscairí cruinnis, is cosúil go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is cruinne sa tír. Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin i measc na seacht n-údarás áitiúla is fearr le haghaidh na gceithre tháscaire cruinnis. Tá sí ar an údarás áitiúil is éifeachtaí i gcás dátaí breithe, agus dátaí breithe i dteannta Éirchód, a thaifeadadh do thoghthóirí. Tá Éirchód sannta ag 98.4% de na toghthóirí (is é 69.8% an meán náisiúnta), tá dáta breithe ag 99.5% (is é 72.4% an meán náisiúnta) agus tá dáta breithe i dteannta Éirchóid ag 97.9% de na toghthóirí (is é 56.0% an meán náisiúnta). Tá UPSP bainteach ag 24.2% de na toghthóirí (is é 22.0% an meán náisiúnta).

Tuairiscíodh gur baineadh 4,589 iontráil den chlár idir Nollaig 2022 agus Márta 2024, toghthóirí a fuair bás agus daoine a bhog go háit eile den chuid is mó. In 2024 ar an iomlán, rinneadh 4,986 scrios agus 10,767 nuashonrú ar an gclár sin.

Rinne Comhairle Chontae Chill Mhantáin iarracht mhór chun Éirchóid a bhí in easnamh a ghabháil. Baineadh é sin amach trí úsáid a bhaint as an bhfeidhm tuairiscithe ar bhunachar sonraí an chláir chun toghthóirí gan Éirchóid a shainaithint. Scríobhadh chuig na toghthóirí sin ansin chun Éirchóid agus aitheantóirí eile a iarraidh, agus tuairiscíodh ráta freagartha 94%. Sonraíodh gur cleachtadh sách fadálach a bhí ann ach gur próiseas réasúnta éasca a bhí ann mar sin féin. D'fhéadfadh sé samhail úsáideach a chur ar fáil d'údaráis áitiúla eile.

**Iomláine**

Tháinig méadú 11,712 duine ar chlár Chill Mhantáin idir Feabhra 2023 agus Nollaig 2024. Is méadú 11.4% é sin.

D'fhéadfadh go bhfuil an ráta ard clárúcháin le hais an daonra incháilithe mheasta ag 92.5% ar cheann de na meastacháin is cruinne ar chlárúchán i gcomhthéacs na dtáscairí cruinnis an-ard.

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tar éis leibhéil arda chruinnis a bhaint amach; ba cheart di leanúint ag cothú na leibhéal sin agus cohóirt faoi ghannionadaíocht i measc na dtoghthóirí a shainaithint anois chun iomláine a mhéadú.

Is cosúil go bhfuil an chomhairle i suíomh maith chun tabhairt faoin obair seo a ardaíonn feasacht i measc grúpaí nó ceantair thíreolaíocha atá faoi ghannionadaíocht ar an gclár.

**Soláthar acmhainní**

Thuairiscigh Comhairle Contae Chill Mhantáin gur oibrigh triúr ball foirne go lánaimseartha (ball foirne sealadach amháin ina measc) ar chlár na dtoghthóirí in 2023, agus cúigear in 2024, le triúr ball foirne sealadach ina measc. Earcaíodh foireann shealadach le cistiú a chuir RTRÁO ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. Rinneadh ragobair roimh na himeachtaí toghcháin ar fad in 2024.

Cé go bhfuil ceann de na feidhmeanna toghchórais lena ngabhann an soláthar acmhainní is fearr ag Comhairle Contae Chill Mhantáin, sonraíodh gur dúshlán “millteanach” a bhí i mbainistiú an bhorrtha ar iarratais roimh an olltoghchán mar gheall ar na tréimhsí reachtacha, i dteannta sho-rochtaineacht an chláraithe ar líne don phobal. Comhlíonadh é sin trí acmhainní breise a chur ar fáil ó rannóga eile agus ragobair.

Tuairiscítear gur chaith an chomhairle €132,784 ar an gclár in 2023. Ceadaíodh caiteachas €240,737 le haghaidh costais a bhaineann leis an gclár le haghaidh 2024. Fuair Comhairle Contae Chill Mhantáin thart ar €52,129 i gcistiú ó RTRÁO in 2023 chun tacú le gníomhaíochtaí a bhain leis an gclár. In 2024, tharraing Cill Mhantáin anuas €53,147 den chistiú a bhí ar fáil ó RTRÁO.

**Gníomhaíochtaí**

Anuas ar na tionscnaimh a raibh tionchair acu chun tacú le cruinneas atá thuasluaite, thug Comhairle Contae Chill Mhantáin faoi roinnt gníomhaíochtaí a raibh bonn leathan fúthu chun feasacht a ardú ar an bpróiseas clárúcháin, clárúcháin a mhéadú agus cruinneas a neartú. Bhí feachtais áitiúla agus feachtais ar na meáin shóisialta i gcaitheamh na bliana ina measc siúd, chomh maith le freastal ar sheó talmhaíochta agus ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Bhí an chomhairle ag plé le meánscoileanna, agus chuir sí ábhar bolscaireachta clárúcháin ar fáil lena chur ar thaispeáint i scoileanna. Níor tomhaiseadh tionchair na ngníomhaíochtaí sin.

**Measúnú foriomlán agus moltaí**

Is cosúil go bhfuil clár Chill Mhantáin ar cheann de na cinn is cruinne sa tír. Is léir go bhfuil sé sin amhlaidh mar gheall ar an leibhéal ard tosaíochta a tugadh don chlár agus an obair mhór a rinneadh ar an gclár thar thréimhse ama. Le leibhéil arda de tháscairí cruinnis, is cosúil go bhfuil Comhairle Contae Chill Mhantáin i suíomh maith chun gníomhaíochtaí a dhíriú ar a ráta clárúcháin a mhéadú, agus a chinntiú go gcothaítear an cruinneas. Is léir go dtugann an chomhairle tús áite d'fheidhm chlár na dtoghthóirí dá cuid, agus go ndéanann sí cáilíocht an chláir a bhainistiú agus a chothabháil.

Is léir go ndearnadh iarrachtaí leanúnacha ar éirigh go maith leo ar an iomlán chun cáilíocht a cláir a fheabhsú. Cé go dteastóidh tuilleadh oibre i ndiaidh bunachar sonraí chlár náisiúnta toghthóirí LGERS a bhunú, bunaithe ar na sonraí tuairiscithe is cosúil go dteastóidh níos lú oibre ná in go leor údaráis áitiúla eile.

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil sé seo ar cheann de na cláir is fearr cáilíocht sa tír. I bhfianaise na dtáscairí cruinnis, is féidir roinnt muinín a bheith againn as a ráta clárúcháin tuairiscithe, líon na vótálaithe a chaitheann vóta in imeachtaí toghcháin agus is féidir meastachán a dhéanamh ar líon na ndaoine nach bhfuil cláraithe. Is dóigh go dtarlóidh tuilleadh feabhsúchán nuair a bhunaítear LGERS.

Ba cheart do Chomhairle Contae Chill Mhantáin agus RTRÁO araon a chinntiú go gcuirtear dóthain acmhainní ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal LGERS agus chun na moltaí sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm.

# Aguisín

## Formhaoirseacht ar chlár na dtoghthóirí – an chéad suirbhé bliantúil le comhlánú ag údaráis áitiúla. A eisíodh d'údaráis áitiúla Márta 2024.

### An Réamhrá

Faoi alt 98 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, leasaíodh *an tAcht Toghcháin, 1992* chun ceanglas nua tuairiscithe a áireamh (alt 20A). Déanfaidh gach údarás clárúcháin, ar bhonn bliantúil agus faoin dáta a shonróidh an Coimisiún Toghcháin dó, tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina dtabharfar an méid seo a leanas:

a. faisnéis faoi na gníomhaíochtaí a rinne an t-údarás clárúcháin agus na bearta a chuir sé i bhfeidhm sa bhliain féilire roimhe sin chun cothabháil Cláir Toghthóirí iomláin agus chruinn a chinntiú dá cheantar clárúcháin;
b. faisnéis faoi na gníomhaíochtaí a rinne an t-údarás clárúcháin agus na bearta a chuir sé i bhfeidhm faoi mhír (a) sa bhliain féilire roimhe sin chun a mheas ar chuir na gníomhaíochtaí agus na bearta sin le cothabháil Cláir Toghthóirí iomláin agus chruinn dá cheantar clárúcháin, agus má chuir, cén chaoi a ndearna siad amhlaidh;
c. cibé nithe eile a ordóidh an Coimisiún i dtaobh fheidhmíocht fheidhmeanna an údaráis clárúcháin.

Faoi alt 69(2) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, éilítear ar an gCoimisiún Toghcháin tuarascáil a fhoilsiú agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas gach bliain, ina leagtar amach:

a. an taighde a rinne an Coimisiún faoi fho-alt (1), má rinne;
b. measúnú an Choimisiúin ar stádas agus feidhmiú chlár na dtoghthóirí a ndéanann na húdaráis chlárúcháin cothabháil air, agus aon mholtaí a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun sláine chlár na dtoghthóirí nó an phróisis clárúcháin a chothabháil agus a fheabhsú.

**Leagan amach an tsuirbhé**

- Iarrann an suirbhé seo freagraí ar raon ceisteanna a bhaineann leis na seacht dtéama seo a leanas:
  1. Sonraí Toghlaigh chun bonn eolais a chur faoi chomh hiomlán is atá Clár na dToghthóirí
  2. Cruinneas Chlár na dToghthóirí faoi láthair
  3. Gníomhaíochtaí a rinneadh chun iomláine agus cruinneas an chláir a fheabhsú
  4. Cothabháil Chlár na dToghthóirí
     - Soláthar acmhainní na feidhme toghchórais (idir acmhainní foirne agus acmhainní airgeadais)
     - Oiliúint agus tacaíochtaí a cuireadh ar fáil don fhoireann toghchórais
  5. Slándáil Córas
  6. Dúshláin roimh chothabháil Chlár na dToghthóirí atá iomlán agus cruinn
  7. Cothabháil an chláir le haghaidh na reifreann ar an Teaghlach agus Cúram

- Lorgaítear idir fhaisnéis chainníochtúil agus fhaisnéis cháilíochtúil sna freagraí ón Údarás Clárúcháin.
- Tugtar an rogha faoi Rannóg a Trí chun aird a tharraingt ar réimsí dea-chleachtais agus nuálaíochta i dtaobh chothabháil an Chláir, agus d'fhéadfaí iad sin a phlé mar chás-staidéir i dTuarascáil an Choimisiúin Toghcháin. Tugtar deis sa teimpléad freisin chun na dúshláin a bhaineann le Clár cruinn agus iomláin a chothabháil a shainaithint.
- Déanfar freagraí a fhaightear ó na hÚdaráis Chlárúcháin a sheiceáil ó thaobh stuaime de in aghaidh faisnéis ó fhoinsí eile, a chuirfidh leis na freagraí freisin, ina measc an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, LGMA, CSO agus NCSC.

- Cuirfidh rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara eile bonn eolais faoin Tuarascáil freisin, ina measc ionadaithe poiblí agus Cinn Chomhairimh, chomh maith le taighde ar dhlínsí eile.

**An Dáta chun Freagraí an tSuirbhé a Chur Isteach**
Iarraimid go ndéanfar an suirbhé seo a chomhlánú ina iomláine faoi **dheireadh an lae oibre ar an 22 Aibreán 2024** agus a chur chuig operations@electoralcommission.ie faoin dáta sin leis an líne ábhair **An Chéad Suirbhé Bliantúil ar Chlár na dToghthóirí, Aibreán 2024**.

## Suirbhé Tuairiscithe

- Freagair na seacht gcuid go cuimsitheach.
- Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Coimisiún Toghcháin na freagraí ar an suirbhé a fhoilsiú ina n-iomláine, nó i bpáirt, agus go bhféadfaidh sé sonraí ar fud na nÚdarás Clárúcháin a chomhbhailiú sa Tuarascáil.
- Tiocfaidh na freagraí faoi raon feidhme na Saorála Faisnéise agus d'fhéadfaí iad a fhoilsiú ina n-iomláine nó i bpáirt i ndiaidh an Tuarascáil a fhoilsiú don Oireachtas.

## 1. Sonraí Toghlaigh – Iomláine Chlár na dToghthóirí

**Cuspóir na sonraí:** Tabharfaidh na sonraí a thabharfar léargas ar mhéid agus raon an Údaráis Clárúcháin, agus soláthróidh siad sonraí cláir bonnlíne i dtaobh iomláine an chláir, is é sin, go bhfuil gach duine atá i dteideal iontrála ar chlár na dtoghthóirí cláraithe.

**1.1 Daonra agus Foirmíocht:** Soiléirigh an fhoinse a úsáideadh, agus tabhair naisc leictreonacha má tá siad ar fáil go poiblí, m.sh sonraí CAO ó Dhaonáireamh 2022

| Daonra agus foirmíocht | Figiúr | Foinse na sonraí |
|---|---|---|
| Daonra cheantar an Údaráis Clárúcháin | | |
| Daonra an cheantair Clárúcháin atá 18+ mbliana d'aois | | |
| Daonra an cheantair Clárúcháin atá 16/17 mbliana d'aois | | |
| An líon Dáilcheantar i gceantar an Údaráis Clárúcháin | | |
| An líon Toghlimistéir Áitiúla i gceantar an Údaráis Clárúcháin | | |
| An líon Toghcheantar i gceantar an Údaráis Clárúcháin | | |
| An líon Comhairleoirí | | |
| An líon Teachtaí Dála | | |

**1.2 Miondealú ar na toghthóirí amhail meán oíche ar an 7 Márta 2024:**

| Miondealú ar na toghthóirí | Líon | % de na toghthóirí |
|---|---|---|
| An líon iomlán toghthóirí | | |
| Toghthóirí an Uachtaráin | | |
| Toghthóirí na Dála | | |
| Toghcháin áitiúla | | |
| Toghthóirí Eorpacha | | |
| Vótálaithe Poist – tabhair faisnéis faoi gach catagóir | | |
| Gardaí | | |
| Óglaigh na hÉireann | | |
| Taidhleoirí & céilithe | | |
| Tinneas/Míchumas | | |

| | | |
|---|---|---|
| Slí bheatha | | |
| Scoláirí | | |
| Príosúnaigh | | |
| Anaithnid | | |
| **Vótálaithe Speisialta – tabhair faisnéis faoi gach catagóir** | | |
| Tithe altranais | | |
| Ospidéil | | |
| Ionaid cóireála meabhairshláinte | | |
| **Toghthóirí ar Feitheamh (daoine 16/17 mbliana d'aois)** | | |
| **Má tá siad ar fáil, tabhair na trí náisiúnach is mó in bhur gceantar clárúcháin leis na figiúirí lena mbaineann.** | **1.<br>2.<br>3.** | |

**1.3 An leibhéal gníomhaíochta clárúcháin/athraithe sonraí**

| | Ean–Nol 2022 | Ean–Nol 2023 | Ean–Már 2024 |
|---|---|---|---|
| **An líon clárúcháin ar líne a próiseáladh** | | | |
| **An líon athruithe ar shonraí ar líne a próiseáladh** | | | |
| **An líon iarratais ar pháipéar a próiseáladh** | | | |
| **An líon athruithe ar shonraí ar pháipéar a próiseáladh** | | | |
| **An líon daoine a baineadh den chlár ***<br><br>*Mura bhfuil an figiúr beacht ar fáil, tabhair an meastachán is gaire dó. Má thugtar figiúr measta, sonraigh é sin | | | |

## 2. Cruinneas Chlár na dToghthóirí

**Cuspóir na sonraí:** Tabharfaidh na sonraí forléargas ar chruinneas Chlár na dToghthóirí faoi láthair, is é sin, chomh cruinn agus atá na sonraí ar an gclár

**2.1** Comhlánaigh an tábla seo a leanas:

| Miondealú ar na toghthóirí | Líon | % de na toghthóirí |
|---|---|---|
| **An líon ar an gclár le Dáta Breithe curtha isteach** | | |
| **An líon ar an gclár le UPSP curtha isteach** | | |
| **An líon ar an gclár le hÉirchód curtha isteach** | | |
| **An líon ar an gclár le seoladh ríomhphoist curtha isteach** | | |
| **An líon le huimhir theagmhála** | | |
| **Dáta breithe i dteannta Éirchóid tugtha** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **An líon ar an gclár gan aon áit chónaithe sheasta** | | |
| **An líon iomlán a baineadh den chlár in 2023** | | |
| **Miondealú ar an líon a baineadh den chlár Cúiseanna más eol iad (is féidir líon measta a thabhairt):** | | |
| Fuair bás | | |
| Bhog go ceantar Údaráis Clárúcháin eile | | |
| Chuaigh ar imirce | | |
| Dúblach | | |
| D'iarr go mbainfí iad | | |
| Eile – sonraigh | | |

**2.2** Cé na tuairiscí córasghinte agus foinsí sonraí seachtracha a úsáideann sibh chun cruinneas agus iomláine sonraí a dheimhniú? Comhlánaigh an tábla thíos:

| Foinse sonraí | An cuspóir dár úsáideadh na sonraí, m.sh. faisnéis ar thoghthóirí a fuair bás srl. |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## 3. Gníomhaíochtaí chun cruinneas agus iomláine an chláir a fheabhsú

**Cuspóir na sonraí/na faisnéise:** Léireoidh an fhaisnéis a mhéid a bhfuil na hÚdaráis Chlárúcháin ag déanamh iarracht ghníomhach chun cruinneas na sonraí ar an gclár a neartú, agus a iomláine a mhéadú, trí rannpháirtíocht le grúpaí nach sroichtear i gceart ina measc.

**3.1** Sonraí faoi fheachtais agus gníomhaíochtaí áitiúla, Eanáir 2023 – Márta 2024. Comhlánaigh an tábla thíos le haghaidh gach gníomhaíochta. Cuir tábla(í) breise leis de réir mar is gá.

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht** | |
| **Aidhm na Gníomhaíochta** | |
| **Spriocphobal^** | |
| **Tionchar ar Chlár na dToghthóirí*** | |
| **Caiteachas (cistiú an Údaráis Áitiúil)** | |
| **Caiteachas (cistiú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta)** | |
| **Caiteachas Iomlán (cistiú an Údaráis Áitiúil agus RTRÁO)** | |

^ Ba cheart don Spriocphobal a léiriú cén t-aoisghrúpa nó déimeagrafaic nó cineál toghthóra a raibh an feachtas nó an ghníomhaíocht dírithe orthu. Mar shampla, an raibh feachtas dírithe ar líon na dtoghthóirí gan áit chónaithe sheasta a chlárú, nó ar líon na dtoghthóirí ar feitheamh (daoine 16/17 mbliana d'aois) a chlárú nó an raibh sé dírithe ar an líon daoine a bhfuil Éirchóid nó dátaí breithe in easnamh óna n-iontrálacha a laghdú?

*Ba cheart go n-áireofaí le tionchar líon na n-iarratas nua i rith/i ndiaidh gníomhaíocht feachtais; an líon athruithe ar shonraí pearsanta i rith/i ndiaidh feachtais nó gníomhaíochta; ceisteanna a fuarthas i rith/i ndiaidh feachtais nó gníomhaíochta agus aon tionchar eile a chonacthas.

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht** | |
| Aidhm na Gníomhaíochta | |
| Spriocphobal | |
| Tionchar ar Chlár na dToghthóirí* | |
| Caiteachas (cistiú an Údaráis Áitiúil) | |
| Caiteachas (cistiú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) | |
| Caiteachas Iomlán (cistiú an Údaráis Áitiúil agus RTRÁO) | |

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht** | |
| Aidhm na Gníomhaíochta | |
| Spriocphobal^ | |
| Tionchar ar Chlár na dToghthóirí* | |
| Caiteachas (cistiú an Údaráis Áitiúil) | |
| Caiteachas (cistiú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) | |
| Caiteachas Iomlán (cistiú an Údaráis Áitiúil agus RTRÁO) | |
| An líon ar an gclár gan aon áit chónaithe sheasta | |

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht** | |
| Aidhm na Gníomhaíochta | |
| Spriocphobal^ | |
| Tionchar ar Chlár na dToghthóirí* | |
| Caiteachas (cistiú an Údaráis Áitiúil) | |
| Caiteachas (cistiú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) | |
| Caiteachas Iomlán (cistiú an Údaráis Áitiúil agus RTRÁO) | |
| An líon ar an gclár gan aon áit chónaithe sheasta | |

**3.2** Úsáid Oibrithe Allamuigh

- An bhfostaíonn an tÚdarás Clárúcháin oibrithe allamuigh chun tacú le cruinneas agus iomláine an chláir? Cuir tic sa bhosca cuí

| | |
|---|---|
| FOSTAÍONN | |
| NÍ FHOSTAÍONN | |

3.2.1 Má d'fhreagair tú "Fostaíonn" ar cheist 3.2, tabhair an fhaisnéis seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Bliain | |
| An Líon Oibrithe Allamuigh a fostaíodh | |
| Feidhmeanna eile na nOibrithe Allamuigh más ábhartha, m.sh. Cigirí Ioncaim | |
| Gníomhaíochtaí a rinneadh | |
| Tionchar, úsáid sonraí nuair is féidir, m.sh. méadú ar réimsí sonraí comhlánaithe, iontrálacha nua ar an gclár, srl. | |
| Caiteachas (caiteachas foriomlán ar oibrithe allamuigh i rith 2023) | |

3.2.2 Má d'fhreagair tú "Ní fhostaíonn" ar cheist 3.2, tabhair an fhaisnéis seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An bhliain is deireanaí inar fostaíodh oibrithe allamuigh | |
| An Líon Oibrithe Allamuigh a fostaíodh | |
| Feidhmeanna eile na nOibrithe Allamuigh más ábhartha, m.sh. Cigirí Ioncaim | |
| Gníomhaíochtaí a rinneadh | |
| Tionchar, úsáid sonraí nuair is féidir, m.sh. méadú ar réimsí sonraí comhlánaithe, iontrálacha nua ar an gclár, srl. | |
| Caiteachas | |
| Cúiseanna nár leanadh ag úsáid oibrithe allamuigh | |

**3.3** An bhfuil straitéis cumarsáide nó rannpháirtíochta leis an bpobal i bhfeidhm agaibh le haghaidh 2024 chun cruinneas agus iomláine Chlár na dToghthóirí a neartú?

| | |
|---|---|
| TÁ | |
| NÍL | |

**3.4** Rith an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dhá fheachtas náisiúnta i rith 2023 (Meitheamh agus Samhain). Cén tionchar a bhí ag na feachtais sin ar Chlár na dToghthóirí? Tabhair sonraí sa chás go bhfuil fáil orthu.

| Mí an Fheachtais | Iontrálacha nua ar an gClár | Athruithe ar Shonraí ar an gClár | Tionchair eile |
|---|---|---|---|
| Meitheamh 2023 | | | |
| Samhain 2023 | | | |

**3.5** Rith an Coimisiún Toghcháin feachtais eolais faoi chlárúchán agus reifrinn ón 4 Eanáir go dtí an 7 Márta 2024. Cén tionchar a bhí ag na feachtais sin ar Chlár na dToghthóirí? Tabhair sonraí sa chás go bhfuil fáil orthu.

| Mí an Fheachtais | Iontrálacha nua ar an gClár | Athruithe ar Shonraí ar an gClár | Tionchair eile |
|---|---|---|---|
| Eanáir | | | |
| Feabhra | | | |
| Márta | | | |

**3.6** Cén tionchar a bhí ag aon fheachtais clárúcháin a rith an t-údarás áitiúil ar Chlár na dToghthóirí i rith 2023? Tabhair sonraí sa chás go bhfuil fáil orthu. Cuir rónna breise isteach más gá.

| Mí an Fheachtais | Iontrálacha nua ar an gClár | Athruithe ar Shonraí ar an gClár | Tionchair eile |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**3.7** Céard iad na príomhcheisteanna a tharraing an pobal, ionadaithe áitiúla nó grúpaí ionadaíochta anuas trí chomhfhreagras, cruinnithe nó rannpháirtíocht eile ó Eanáir 2023 go Márta 2024 leis an Údarás Clárúcháin i dtaobh chlár na dtoghthóirí? Comhlánaigh an tábla thíos. Scríobh N/B murar tarraingíodh an cheist anuas. Ná tabhair ainm daoine ar leith.

| An cheist a tarraingíodh anuas: | An líon ceisteanna a tarraingíodh anuas ag: Daoine Aonair | Ionadaithe Poiblí | Grúpaí Ionadaíochta |
|---|---|---|---|
| Feidhmiúlacht *checktheregister.ie* nó *voter.ie* | | | |
| Conas clárú | | | |
| An chaoi le sonraí ar an gclár a athrú | | | |
| Deacrachtaí sonraí a athrú ar *checktheregister.ie* nó *voter.ie* | | | |
| Ceanglas UPSP chun clárú/ sonraí a athrú | | | |
| Ceanglas Dáta Breithe chun clárú/sonraí a athrú | | | |
| Ceanglas Éirchóid chun clárú/ sonraí a athrú | | | |
| Maíomh gur baineadh duine den chlár | | | |
| Iarratas go mbainfí duine den chlár | | | |
| Postvótáil | | | |
| Vótáil speisialta | | | |
| Fadhbanna inrochtaineachta | | | |
| Gan aon áit chónaithe sheasta | | | |
| Iarratas ar leabhrán reifrinn | | | |
| Eolas faoi stáisiúin vótála | | | |
| **Ceisteanna eile: Sonraigh thíos. Cuir rónna leis an tábla más gá.** | **Daoine Aonair** | **Ionadaithe Poiblí** | **Grúpaí Ionadaíochta** |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## Cás-staidéar

Déan cur síos gairid ar ghníomhaíocht nó nuálaíocht a rinne sibh i rith 2023 nó in 2024 go dtí seo chun cruinneas agus/nó iomláine Chlár na dToghthóirí a neartú. Tabhair eolas faoin gcúis ar cinneadh an ghníomhaíocht ar leith sin a dhéanamh, an chaoi a ndearnadh í, cé a bhí páirteach inti, agus tionchar na gníomhaíochta. D'fhéadfaí roinnt samplaí a thugtar a úsáid mar chás-staidéir i dTuarascáil an Choimisiúin. D'fhéadfaí an t-eolas seo a leanas a roinnt:

- Cuspóir na gníomhaíochta
- Nuálaíocht nua, nó seanbhunaithe?
- Réasúnaíocht: Cén fáth ar roghnaíodh an ghníomhaíocht seo?
- Bainistíocht: Cén chaoi ar bainistíodh an ghníomhaíocht? Cé mhéad den fhoireann a bhí páirteach inti? Ar theastaigh sraith scileanna faoi leith?
- Tionchair: Cé na tionchair cháilíochtúla agus chainníochtúla a d'eascair aisti? An raibh aon tionchar nach raibh coinne leo i gceist?
- Ceachtanna a foghlaimíodh: Céard a dhéanfadh sibh ar bhealach eile, dá ndéanfadh? Ar foghlaimíodh aon rud a chuirfidh bonn eolais faoi thionscadail/ghníomhaíochtaí eile? Má cinneadh gur éirigh leis an nuálaíocht nó gníomhaíocht seo, an bhfuil sé i gceist agaibh leanúint léi amach anseo?

| Teideal an Chás-staidéir: |
|---|
| |

## 4. Cothabháil Chlár na dToghthóirí

**Cuspóir na sonraí/na faisnéise:** Tabharfaidh na sonraí agus an fhaisnéis a thugtar le fios a mhéid acmhainní a shanntar ar an bhfeidhm Toghchórais laistigh de na hÚdaráis Chlárúcháin agus tabharfar comhthéacs faoi thaithí na foirne toghchórais, agus na leibhéil tacaíochta a thugtar dóibh ina róil.

Tabhair sonraí ina dtaobh seo a leanas:

**4.1 Acmhainní foirne 2023 agus 2024.** Beidh soláthar sonraí le haghaidh 2023 agus 2024 araon úsáideach chun soláthar acmhainní i mblianta inar tharla imeachtaí toghcháin a chur i gcomparáid le soláthar acmhainní i mblianta nár tharla:

| | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| An Líon Foirne san Údarás Áitiúil<br>• Lánaimseartha (FTE)<br>• Páirtaimseartha | | |
| An líon foirne sa Rannán ina bhfuil an fheidhm Toghchórais (tabhair ainm an Rannáin)<br>• Lánaimseartha (FTE)<br>• Páirtaimseartha | | |
| An líon foirne a oibríonn go lánaimseartha san aonad Toghchórais, .i. caitheann siad 100% dá gcuid ama san aonad Toghchórais | | |
| An líon foirne a oibríonn go páirtaimseartha san aonad Toghchórais agus go páirtaimseartha in aonaid/Rannáin eile | | |
| An líon measta foirne san Údarás Clárúcháin ag a bhfuil taithí ar oibriú ar imeachtaí toghcháin | | |
| Liostaigh na feidhmeanna eile a thagann faoi shainchúram na foirne Toghchórais | | |

**4.2 Tacaíochta oiliúna/Deiseanna líonraithe:** Deiseanna oiliúna agus imeachtaí líonraithe ar fhreastail an fhoireann Toghchórais orthu, atá ábhartha don fheidhm Toghchórais in 2023 agus 2024.

| Imeacht | Eagraí, m.sh. LGMA, RTRÁO | Cuspóir | An líon daoine ón Údarás Clárúcháin a d'fhreastail air |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**4.3 Soláthar acmhainní airgeadais:**

| | 2023 | 2024 (measta) |
|---|---|---|
| Buiséad an Údaráis Áitiúil in 2023 | | |
| Buiséad an Aonaid Toghchórais in 2023 | | |
| Cistiú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | | |
| Cistiú Iomlán ar fáil (Buiséad an Aonaid Toghchórais & Cistiú RTRÁO) | | |

## 5. Slándáil Córas

**Cuspóir na sonraí/na faisnéise:** Féachfaidh na sonraí agus an fhaisnéis a thugtar lena thaispeáint go bhfuil bearta cuí i bhfeidhm chun slándáil an chláir a chosaint

An bhfuil duine aonair (NÁ TABHAIR AINM), ar leibhéal cuí san eagraíocht, freagrach as cothabháil Chlár na dToghthóirí le haghaidh bhur nÚdaráis Clárúcháin? Tabhair faoi deara go mbaineann an cheist seo leis an gclár féin, agus níl leis an teicneolaíocht atá mar bhonn faoin gclár. Tabhair faoi deara freisin nach gcuirfear freagraí ar an rannóg seo den tuairisc ar fáil go poiblí.

| | |
|---|---|
| TÁ | |
| NÍL | |

Má tá, an féidir leat a rá an bhfuil cur amach ag an duine freagrach ar an méid seo a leanas:

| Ceist le deimhniú | Tá/Níl |
|---|---|
| Na sócmhainní teicniúla atá mar bhonn faoi chlár na dtoghthóirí, m.sh. an méid freastalaithe a theastaíonn uaidh agus cá bhfuil siad lonnaithe, a mhéid a bhraitear ar sholáthraithe seirbhíse, srl. | |
| Na bagairtí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chlár na dtoghthóirí | |
| Na bearta atá i bhfeidhm chun na rioscaí le haghaidh chlár na dtoghthóirí a bhainistiú | |
| Nósanna imeachta freagartha ar theagmhais | |
| Chomh minic a thástáiltear na nósanna imeachta freagartha ar theagmhais | |
| Aga athshlánaithe an chórais | |

## 6. Dúshláin roimh chothabháil Chlár na dToghthóirí atá iomlán agus cruinn

**6.1 Tabhair breac-chuntas ar na príomhdhúshláin roimh chothabháil Chlár na dToghthóirí atá iomlán agus cruinn, i gcomhthéacs nua-chóiriú an phróisis clárúcháin (lena n-áirítear clárú ar líne trí *checktheregister.ie*, tabhairt isteach an chláir rollaigh, úsáid UPSPanna, tabhairt isteach réamhchláraithe agus inrochtaineacht níos fearr ar an gclár dóibh siúd atá ag iarraidh fanacht anaithnid nó nach bhfuil áit chónaithe sheasta acu), agus moltaí faoi bhearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. D'fhéadfadh na dúshláin sin ceisteanna a áireamh faoi rannpháirtíocht an phobail; feidhmiúlacht an fheidhmchláir *checktheregister.ie*; feidhmiúlacht iReg; *voter.ie*; srl.**

| Dúshlán | Beart(a) féideartha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

| Tabhair tráchtaireacht anseo |
| --- |
| |

**6.2 Tabhair breac-chuntas ar na tairbhí agus deiseanna don Fhoireann Toghchórais a bhaineann le nua-chóiriú chlár na dtoghthóirí, lena n-áirítear clárú ar líne trí *checktheregister.ie*, tabhairt isteach an chláir rollaigh, úsáid UPSPanna, tabhairt isteach réamhchláraithe agus inrochtaineacht níos fearr ar an gclár dóibh siúd atá ag iarraidh fanacht anaithnid nó nach bhfuil áit chónaithe sheasta acu.**

| Tairbhe/Deis | Tráchtaireacht |
| --- | --- |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Faisnéis Bhreise – Léargais i ndiaidh Imeacht Toghcháin

### 7. Cothabháil Chlár na dToghthóirí le haghaidh Imeacht Toghcháin – na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram ar an 8 Márta 2024

**Cuspóir na sonraí:** Tabharfaidh na sonraí agus an fhaisnéis a thugtar léargais ar éifeachtacht bhainistíocht agus chothabháil chlár na dtoghthóirí le linn ullmhú d'imeacht toghcháin agus roinnfear foghlaim le haghaidh imeachtaí toghcháin amach anseo. **Lorgófar sonraí dá leithéid i ndiaidh gach imeachta toghcháin.**

**7.1** Tabhair na sonraí a leanas mar tháscaire ar na leibhéil gníomhaíochta a bhain leis na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram.

| | Líon/Meastachán |
|---|---|
| An líon iarratas ar chlárú a fuarthas trí Voter.ie/ Check the Register ón 1 Eanáir - 20 Feabhra 2024 | |
| An líon iarratas ar vóta poist a fuarthas faoin 12 Feabhra 2024 | |
| An líon iarratas ar vóta speisialta a fuarthas faoin 12 Feabhra 2024 | |
| An líon iarratas ar pháipéar ar chlárú a fuarthas ón 1 Eanáir - 20 Feabhra 2024 | |
| An líon iarratas ar shonraí a athrú a fuarthas trí Voter.ie/Check the Register ón 1 Eanáir - 20 Feabhra 2024 | |
| An líon iarratas ar pháipéar ar shonraí a athrú a fuarthas ón 1 Eanáir - 20 Feabhra 2024 | |
| An líon iarratas/athruithe sonraí a próiseáladh roimh ullmhúchán an chláir fhoilsithe | |
| An líon iarratas/athruithe sonraí a próiseáladh don liosta forlíontach | |
| An líon iarratas/athruithe sonraí a fuarthas faoin 20 Feabhra ach nár próiseáladh in am lena gcur ar an liosta forlíontach | |
| Maidir lena bhfuil thuas, nuair is féidir, tabhair miondealú ar iarratais agus athruithe ar an gclár nár próiseáladh in am lena gcur ar an liosta forlíontach m.sh. níor próiseáladh X athrú ar sheoladh; níor próiseáladh Y scrios, srl. | |
| An líon foirne breise nár áiríodh sa fhreagra ar cheist 4.1 thuas a sannadh ar an bhfeidhm Toghchórais chun cabhrú le hiarratais ar na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram | |
| Baill foirne a sannadh go lánaimseartha | |
| Baill foirne a sannadh go páirtaimseartha | |
| An líon foirne le rochtain ar chóras iReg | |
| An líon iarratas ó thoghthóirí nach bhfuil áit chónaithe sheasta acu a d'úsáid seoladh an Údaráis Clárúcháin le haghaidh comhfhreagrais | |
| An líon iarratas ó thoghthóirí nach bhfuil áit chónaithe sheasta acu a d'úsáid saoráid Address Point/Address Pal de chuid An Post | |

## 7.2 Cur chuige i leith bhainistíocht agus chothabháil an chláir

| Cé na bearta/na próisis a thacaigh le bainistíocht éifeachtach na n-iarratas breise? Méadóidh an fhaisnéis sin an tuiscint ar an gcur chuige a glacadh chun an ghníomhaíocht bhreise ar Chlár na dToghthóirí roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram a bhainistiú. |
|---|
| |

| Sa chás nár próiseáladh iarratais a fuarthas i rith Eanáir/Fheabhra 2024, cé na cúiseanna a bhí leis sin? |
|---|
| |


## 7.3 Ceachtanna a foghlaimíodh

| Cé na “ceachtanna a foghlaimíodh” i dtaobh bhainistíocht agus chothabháil chlár na dtoghthóirí i rith na n-ullmhúchán do na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram? |
|---|
| |

7.4 **Ceisteanna a tarraingíodh anuas roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, agus ina ndiaidh, a bhain le Clár na dToghthóirí agus ceisteanna bainteacha. Tabhair sonraí thíos faoi na ceisteanna a leagtar amach thíos nuair is féidir, agus más infheidhme, agus tabhair ceisteanna breise a tharraingíodh anuas libh roimh an 8 Márta agus ina dhiaidh. Scríobh N/B sa chás nár tarraingíodh anuas an cheist, nó nach bhfuil faisnéis ar fáil sa chás sin.**

| An cheist a tarraingíodh anuas | An líon uaireanta a thaifead an fhoireann an cheist, más eol é | Tarraingíodh an cheist anuas ach níor taifeadadh an líon uaireanta |
|---|---|---|
| Ní raibh duine ar an gclár, ach chuir siad iarratas ar an gclár isteach in am | | |
| Níor athraíodh sonraí duine, ach chuir siad iarratas ar athrú sonraí isteach in am | | |
| Níor cuireadh duine ar an gclár (sa chás gur ghlac an duine leis go ndéanfaí sin go huathoibríoch) | | |
| Níor baineadh duine a fuair bás den chlár | | |
| Níor athraíodh seoladh ar an gclár (níor athraigh an duine na sonraí, ach ghlac siad leis go n-athrófaí na sonraí go huathoibríoch) | | |
| Níor athraíodh an stádas saoránachta ar an gclár (rinne an duine iarratas ar athrú stádais, ach níor próiseáladh é) | | |
| Níor athraíodh an stádas saoránachta ar an gclár (ghlac an duine leis go n-athrófaí an stádas go huathoibríoch) | | |
| Fuair duine cárta vótaíochta cé nach raibh siad i dteideal vóta a chaitheamh i Reifreann (níor shaoránach Éireannach iad) | | |
| Ní bhfuarthas cárta vótaíochta | | |
| Fuarthas cártaí vótaíochta dúblacha | | |
| Fuarthas cárta vótaíochta do thoghthóir a fuair bás | | |

**Tabhair tuilleadh tráchtaireachta de réir mar is gá faoi cheisteanna a tharraing an pobal anuas faoi Chlár na dToghthóirí.**


ST. JOSEPH'S CO-ED
PRIMARY SCHOOL
Polling Station
STÁISIÚN VÓTÁLA

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Bealtaine 2025
ISBN: 978-1-911722-11-3

**An Coimisiún Toghcháin,**
**Caisleán Bhaile Átha Cliath,**
**Baile Átha Cliath 2,**
**D02 X8X8.**

@ElecCommIRL